# Iniúchadh ar an Tumoideachas do Dhaltaí i Scoileanna Lán-Ghaeilge i gCeantair Mhíbhuntáiste




An Dr. Karen Ní Chlochasaigh
An Dr. Gerry Shiel
agus
An tOllamh Pádraig Ó Duibhir



2020


Instituúid Oideachais, Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath agus an Foras Taighde ar Oideachas

An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolaíochta

DCU Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath Dublin City University

Educational Research Centre Foras Taighde ar Oideachas

# Iniúchadh ar an Tumoideachas do Dhaltaí i Scoileanna Lán-Ghaeilge i gCeantair Mhíbhuntáiste




**An Dr. Karen Ní Chlochasaigh**

**An Dr. Gerry Shiel**

**agus**

**An tOllamh Pádraig Ó Duibhir**


2020


INSTITIÚID OIDEACHAIS, OLLSCOIL CHATHAIR BHAILE ÁTHA CLIATH
AGUS AN FORAS TAIGHDE AR OIDEACHAS

# CLÁR

**Clár** ..... iii

**Táblaí** ..... vii

**Figiúirí** ..... viii

**Príomhthéarmaí agus Giorrúcháin** ..... x

**Réamhrá** ..... xi

Forbhreathnú ar an Tuairisc ..... xi

Buíochas ..... xii

**Achoimre Fheidhmeach** ..... xiii

Léirbhreithniú Litríochta ..... xiii

Gnóthachtáil i Léamh an Bhéarla ..... xiv

Gnóthachtáil sa mhatamaitic ..... xiv

Próifíl Scoileanna, Foirne agus Seomraí Ranga ..... xv

Daltaí agus a dteaghlaigh ..... xvi

Ag Plé le Daltaí a bhfuil Deacrachtaí Foghlama acu ..... xvi

**1 Léirbhreithniú Litríochta** ..... 1

1.1 Réamhrá ..... 1

1.2 Cúlra agus Forbairt na Gaelscolaíochta ..... 1

1.3 Measúnuithe Náisiúnta: Cad a léiríonn siad faoi Ghaelscoileanna agus Scoileanna DEIS? ..... 2

1.4 Tionchar Stádas Socheacnamaíoch ar Chúrsaí Oideachais agus Foghlama Teanga ..... 5

1.5 Lagchumas sa T1 agus Stádas Socheacnamaíoch íseal i gcúrsaí Tumoideachais ..... 7

1.6 Scothroghnachas sa Chóras Tumoideachais ..... 8

1.7 Riachtanas Speisialta Oideachas agus Deacrachtaí Foghlama ..... 9

1.7.1 RSO agus an Comhthéacs Oideachais Bunscoile in Éirinn ..... 9

1.7.2 Deacrachtaí Foghlama / RSO sa Chóras Tumoideachais ..... 12

1.7.3 Deacrachtaí Foghlama / RSO sa Chóras Tumoideachais in Éirinn ..... 13

1.8 Constaicí roimh an Tuismitheoir sa suíomh Tumoideachais ..... 15

1.9 Achoimre ..... 16

**2 Múnla Measúnaithe agus Modheolaíochta** ..... 18

2.1 Réamhrá ..... 18

2.2 Múnla Measúnaithe ..... 18

2.3 Triail Léitheoireachta ..... 18

2.4 Triail Mhatamaitice ..... 19

2.5 Rannpháirtíaocht Scoileanna agus Daltaí ..... 20

2.6 Uirlisí Taighde ..... 21

2.7 Ceistneoir an Phríomhoide/na Scoile ..... 22

2.8 Ceistneoir an Mhúinteora ..... 22

2.9 Ceistneoir an Tuismitheora ..... 23
2.10 Ceistneoirí na nDaltaí ..... 23
2.11 Grúpaí Fócais ..... 24
2.12 Ráta Freagartha ..... 25
2.13 Cur i 2.13 bhFeidhm an Staidéir sna Scoileanna ..... 26
2.14 Anailís ..... 27

**3 Próifíl na nDaltaí agus Tréithe na dTeaghlach ..... 28**

3.1 Réamhrá ..... 28
3.2 Freagróirí na gCeistneoirí ..... 28
3.3 Tréithe na dTeaghlach ..... 29
3.4 Timpeallacht an Bhaile, Tacaíochtaí agus Acmhainní ..... 32
3.4.1 Cleachtais Oideachasúla sa bhaile agus Gníomhú leis an Scoil ..... 32
3.4.2 Acmhainní agus Cleachtais Léitheoireachta sa Bhaile ..... 34
3.4.3 Cleachtais na nDaltaí don Obair Bhaile agus Gníomhaíochtaí Iasmuigh den Scoil ..... 39
3.4.4 Nósanna Léitheoireachta na nDaltaí ..... 41
3.5 Daltaí a bhfuil Deacrachtaí Foghlama nó Riachtanais Speisialta Oideachas acu de réir sonraí na dTuismitheoirí ..... 42
3.5.1 Réimse agus Líon na nDeacrachtaí Foghlama de réir sonraí na dTuismitheoirí ..... 43
3.6 Scolaíocht na bPáistí agus Todhchaí ..... 46
3.6.1 Cleachtais maidir le foghlaim na matamaitice trí Ghaeilge ..... 48
3.7 Tuismitheoirí, Daltaí agus an Ghaeilge ..... 50
3.7.1 Cúlra Oideachais an Tuismitheora ..... 50
3.7.2 Cumas Gaeilge na dTuismitheoirí ..... 50
3.7.3 Úsáid na Gaeilge i measc Tuismitheoirí ..... 51
3.7.4 Fáth Roghnaithe na Scoil Lán-Ghaeilge ..... 51
3.7.5 Cleachtas agus tuairimí na ndaltaí faoi fhoghlaim na Gaeilge ..... 51
3.8 Conclúid ..... 53

**4 Dearcthaí agus Cleachtais na bPríomhoidí ..... 54**

4.1 Réamhrá ..... 54
4.2 Faisnéis Chúlra na Scoileanna agus na bPríomhoidí ..... 55
4.2.1 Próifíl na Scoile ..... 55
4.2.2 Cúlra na bPríomhoidí ..... 56
4.2.3 Gléasanna Ríomhaireachta ..... 57
4.2.4 Tacaíocht do Thuismitheoirí ..... 58
4.3 Deacrachtaí Foghlama ag Daltaí sa Suíomh Lán-Ghaeilge DEIS ..... 59
4.3.1 Líon na nDaltaí le Deacrachtaí Foghlama ..... 59
4.3.2 Freastal ar Riachtanais Dhaltaí le Deacrachtaí Foghlama sa suíomh lán-Ghaeilge DEIS ..... 61
4.3.3 Measúnaithe Síceolaithe ..... 62
4.3.4 Fágáil na Scoile mar gheall ar Dheacrachtaí Foghlama ..... 63

4.3.5 Áiseanna agus Acmhainní do Dhaltaí le Deacrachtaí Foghlama ..... 63
4.4 Tacaíocht, Idirghabháil agus Áiseanna ..... 64
4.4.1 Meánráta na bPostanna Tacaíochta ..... 64
4.4.2 Múinteoir Forbartha Teanga do SLG ..... 66
4.4.3 Daltaí atá ag fáil tacaíochta teanga agus tacaíocht foghlama / acmhainne ..... 66
4.4.4 Idirghabhálacha atá curtha i bhfeidhm ag na scoileanna ..... 68
4.4.5 Áiseanna Tacaíochta trí Ghaeilge ..... 69
4.5 Gnóthachtáil agus Caighdeán Teanga na bPáistí sa T1 agus T2 ..... 70
4.6 Tuismitheoirí agus an Baile ..... 71
4.7 Cleachtas an Tumoideachais sa Suíomh Gaelscoile DEIS ..... 72
4.8 Stádas Socheacnamaíoch (SSE) agus Stádas DEIS na Scoileanna ..... 73
4.9 Conclúid ..... 73

**5 Dearcthaí agus Cleachtais na Múinteoirí ..... 75**

5.1 Réamhrá ..... 75
5.2 Próifíl na Múinteoirí agus na gCleachtas Múinteoireachta ..... 76
5.2.1 Inscne, Stádas agus Taithí na Múinteoirí ..... 76
5.2.2 Cáilíochtaí Breise agus Oiliúint Mhúinteoirí ..... 78
5.2.3 Tréithe Ranga ..... 78
5.2.4 Muinín as Teagasc ..... 79
5.2.5 Múineadh na Matamaitice ..... 80
5.3 Soláthar ar Thacaíochtaí Breise: Tacaíocht Foghlama agus Teanga ..... 81
5.3.1 Na Deacrachtaí Foghlama is mó a fheictear sa seomra ranga lán-Ghaeilge DEIS ..... 81
5.3.2 Tacaíocht Teanga ..... 82
5.3.3 Tacaíocht Foghlama/Acmhainne de réir Ábhair ..... 83
5.3.4 Cúrsaí Measúnaithe i gcás Daltaí le Deacrachtaí Foghlama ..... 83
5.3.5 An Teanga ina dhéantar soláthar ar an Tacaíocht Foghlama ..... 84
5.3.6 Forbairtí tar éis Tacaíocht Foghlama a fháil ..... 85
5.3.7 Cur chuigí maidir le Tacaíocht Foghlama a sholáthar ..... 86
5.3.8 Na Dúshláin is Mó a Chuireann isteach ar Mhúinteoirí ..... 87
5.3.9 Ag Plé le Daltaí le Deacrachtaí Foghlama ..... 88
5.3.10 Ráta an Laghdaithe ..... 88
5.3.11 Foireann agus Acmhainní Tacaíochta Foghlama ..... 89
5.3.12 Trialacha Diagnóiseacha ..... 90
5.3.13 Acmhainní, Scéimeanna agus Idirghabháil ..... 91
5.4 Plé le Tuismitheoirí agus an Baile ..... 93
5.5 An Suíomh Gaelscoile DEIS ..... 94
5.6 Trialacha Caighdeánacha agus Cúrsaí Measúnaithe ..... 96
5.7 Oiliúint Mhúinteoirí ..... 96
5.8 Dearcadh agus Nósanna na nDaltaí maidir le Labhairt na Gaeilge ..... 97
5.9 Caighdeán Teanga na nDaltaí ..... 98

5.10 Conclúid ... 99

**6 Torthaí Gnóthachtála** ... 101

6.1 Réamhrá ... 101
6.2 Gnóthachtáil i Léamh an Bhéarla ... 101
6.3 Gnóthachtáil sa Mhatamaitic ... 103
6.4 Meánscóir de réir Innéacs Míbhuntáiste DEIS ... 106
6.5 Gnóthachtáil i Léamh na Gaeilge ... 110

**7 Conclúidí agus Moltaí** ... 112

7.1 Réamhrá ... 112
7.2 Gnóthachtáil na ndaltaí ... 112
7.2.1 Gnóthachtáil i Léitheoireacht an Bhéarla ... 112
7.2.2 Gnóthachtáil sa Mhatamaitic ... 113
7.2.3 Gnóthachtáil i Léitheoireacht na Gaeilge ... 114
7.2.4 Tionchar SSE ar Ghnóthachtáil ... 115
7.3 Tacaíocht do Dhaltaí i mBaol ... 115
7.4 Oiliúint ar Mhúinteoirí ... 116
7.5 Rannpháirtíocht an Tuismitheora ... 117
7.6 Measúnú Síceolaíochta ... 118
7.7 Acmhainní, Idirghabhálacha agus Scéimeanna ... 118

**Tagairtí** ... 120

**Aguisíní** ... 127

Aguisín A Próifíl na nDaltaí agus Tréithe na dTeaghlach ... 127
Aguisín B Táblaí Gnóthachtála ... 128

# TÁBLAÍ


Tábla 1.1: Staitisticí ar na foghrúpa RSO is coitianta i mbunscoileanna lán-Ghaeilge thar tréimhse deich mbliana ..... 15
Tábla 2.1: Líon na nDaltaí i rang a Trí agus a Sé atá ar na rollaí sna scoileanna rannpháirteacha ..... 21
Tábla 2.2: Líon na bhfaisnéiseoirí a líon isteach na ceistneoirí taighde agus leabhrán trialach na ndaltaí de réir leibhéal ranga ..... 26
Tábla 3.1: Inscne agus aois na ndaltaí a líon an ceistneoir ..... 29
Tábla 3.2: Oideachas na dTuismitheoirí de réir leibhéal ranga agus banda DEIS ..... 29
Tábla 3.3: Meánscór gnóthachtála dhaltaí rang a Trí do léamh an Bhéarla agus don mhata de réir oideachais na dtuismitheoirí agus banda DEIS ..... 30
Tábla 3.4: Meánscór gnóthachtála dhaltaí rang a Sé do léamh an Bhéarla agus don mhata de réir oideachais na dtuismitheoirí agus banda DEIS ..... 30
Tábla 3.5: Meánscóir gnóthachtála rang a Trí Banda 1 agus 2 de réir líon na leabhar sa bhaile ..... 36
Tábla 3.6: Meánscóir gnóthachtála rang a Sé Banda 1 agus 2 de réir líon na leabhar sa bhaile ..... 36
Tábla 3.7: Meánscóir ghnóthachtála dhaltaí rang a Trí i léamh an Bhéarla agus sa mhata de réir minicíocht léitheoireacht dóibh roimh thosú ar scoil ..... 38
Tábla 3.8: Meánscóir ghnóthachtála dhaltaí rang a Sé i léamh an Bhéarla agus sa mhata de réir minicíocht léitheoireacht dóibh roimh thosú ar scoil ..... 38
Tábla 3.9: Céatadán na ndaltaí a raibh deacracht amháin nó ilmhíchumas acu de réir rang leibhéal ..... 44
Tábla 4.1: Meánfigiúirí de ghléasanna ríomhaireachta a bhí ar fáil do dhaltaí i seomraí lárnacha agus seomraí ranga i SLG DEIS Banda 1 agus Banda 2 agus meánchóimheas daltaí agus gléasanna ..... 58
Tábla 4.2: Meánfigiúirí de chláracha bána idirghníomhacha a bhí ar fáil do dhaltaí i seomraí lárnacha agus seomraí ranga i SLG DEIS Banda 1 agus Banda 2 agus meánchóimheas daltaí agus cláracha bána idirghníomhacha ..... 58
Tábla 5.1: Céatadán múinteoirí a bhraith 'an-mhuiníneach' i roinnt réimsí de theagasc na matamaitice, an Bhéarla agus na Gaeilge de réir ábhair ..... 79
Tábla 6.1: Meánscóir dhaltaí i Léamh an Bhéarla, de réir banda DEIS agus rang leibhéal – Measúnú DEIS 2016 go náisiúnta agus SLG DEIS 2017 ..... 101
Tábla 6.2: Meánscóir dhaltaí i Léamh an Bhéarla i SLG DEIS, de réir banda DEIS agus rang leibhéal ar Ghnáth-thrialacha na Scoile – 2016 ..... 103
Tábla 6.3: Meánscóir dhaltaí sa mhatamaitic, de réir banda DEIS agus rang leibhéal - Measúnú DEIS 2016 agus SLG DEIS 2017 ..... 104
Tábla 6.4: Meánscóir Dhaltaí sa Mhatamaitic, de réir Banda DEIS agus Rang Leibhéal ar Ghnáth-thrialacha na Scoile – 2016 ..... 106
Tábla 6.5: Meánscór na scoileanna ag rang a Trí de réir Banda DEIS agus ar an iomlán (SLG DEIS 2017) ..... 109
Tábla 6.6: Meánscór na scoileanna ag rang a Sé de réir Banda DEIS agus ar an iomlán (SLG DEIS 2017) ..... 110

# FIGIÚIRÍ


Figiúr 1.1: Ráta na leitheadúlachta i leith réimse de dheacrachtaí / riachtanais speisialta bunaithe ar shonraí Cosgrove et al. 2014, staidéar GUII ... 10
Figiúr 2.1: Sampla de Triail Léitheoireachta Leibhéal a Sé ... 19
Figiúr 2.2: Sampla de Triail Mhatamaitice Leibhéal a Trí ... 20
Figiúr 3.1: An Teanga is mó a labhraíodh sa bhaile de réir sonraí na dtuismitheoirí ... 31
Figiúr 3.2: An Teanga is mó a labhraíodh sa bhaile de réir sonraí dhaltaí rang a Sé ... 31
Figiúr 3.3: Cleachtais oideachais sa bhaile de réir tuairimí na dtuismitheoirí ... 33
Figiúr 3.4: Cleachtais oideachais sa bhaile de réir ceistneoirí na dtuismitheoirí ... 33
Figiúr 3.5: Céatadán na ndaltaí i rang a Trí a raibh acmhainní éagsúla acu sa bhaile ... 34
Figiúr 3.6: Céatadán na ndaltaí i rang a Sé a raibh acmhainní éagsúla acu sa bhaile ... 35
Figiúr 3.7: Céatadáin na leabhar sa bhaile ag teaghlaigh SLG DEIS agus scoileanna go náisiúnta ... 35
Figiúr 3.8: Sonraí na nDaltaí maidir le minicíocht obair bhaile sa Ghaeilge, Bhéarla agus mhata ... 39
Figiúr 3.9: Céatadán na ndaltaí a d'fhreastal ar ranganna breise tar éis na scoile de réir ábhair agus rang leibhéil ... 40
Figiúr 3.10: Céatadán dhaltaí rang a Trí a rinne gníomhaíochtaí éagsúla sa bhaile roimh agus tar éis na scoile ... 40
Figiúr 3.11: Céatadán dhaltaí rang a Sé a rinne gníomhaíochtaí éagsúla sa bhaile roimh agus tar éis na scoile ... 41
Figiúr 3.12: Céatadán dhaltaí rang a Sé a bhíodh ag léamh téacsanna éagsúla léitheoireachta ... 42
Figiúr 3.13: Céatadán dhaltaí rang a Sé a d'aontaigh nó a d'easaontaigh le ráitis faoin léitheoireacht ... 43
Figiúr 3.14: Céatadán daltaí rang a trí agus a sé a bhfuil RSO acu de réir sonraí na dtuismitheoirí ... 44
Figiúr 3.15: Céatadán dhaltaí a raibh/nach raibh deacrachtaí foghlama acu agus an taitneamh a bhain siad as an scoil ... 46
Figiúr 3.16: An leibheál is airde oideachais ar mhaith le tuismitheoirí dhaltaí rang a Trí agus a sé go mbainfeadh a gcuid páistí amach ... 47
Figiúr 3.17: An leibheál is airde oideachais a cheap tuismitheoirí dhaltaí rang a Trí agus a sé go mbainfidh siad amach ... 47
Figiúr 3.18: An leibheál is airde oideachais ar mhaith le daltaí rang a Sé é a bhaint amach agus an leibhéal oideachais a cheap siad go mbainfidh siad amach ... 48
Figiúr 3.19: Céatadán dhaltaí rang a Sé ar bhain nósanna áirithe leo sa rang matamaitice ... 49
Figiúr 3.20: Céatadán dhaltaí rang a Sé a d'aontaigh/d'easaontaigh le ráitis éagsúla i gcás foghlaim na matamaitice ... 50
Figiúr 3.21: Céatadán dhaltaí rang a Sé a raibh tuairimí éagsúla acu i leith na Gaeilge ... 52
Figiúr 4.1: Ná téamaí is mó aitheanta a chláraíodh tríd an gcóras anailíse cháilíochtúil Nvivo ... 55
Figiúr 4.2: Suíomh na scoile de réir sonraí na bpríomhoidí ... 56
Figiúr 4.3: Máthairtheanga na ndaltaí de réir sonraí na bpríomhoidí ... 57
Figiúr 4.4: Meánchéatadán de bhlianta a bhí caite ag príomhoidí ag feidhmiú mar phríomhoide de réir banda DEIS ... 57
Figiúr 4.5: Straitéisí a úsáidtear chun tacú le tuismitheoirí cabhrú lena leanaí sa bhaile ... 59
Figiúr 4.6: Céatadán na ndaltaí le cineálacha éagsúla deacrachtaí foghlama i SLG DEIS de réir sonraí na bpríomhoidí ... 60
Figiúr 4.7: Céatadán iomlán na ndaltaí ag gach céim de Chontanam Tacaíochta NEPS de réir Banda DEIS de réir na bpríomhoidí ... 60

Figiúr 4.8: Meánráta de phostanna tacaíochta GAM/EAL agus postanna breise do thacaíocht teanga i SLG DEIS, scoileanna go náisiúnta agus scoileanna DEIS go náisiúnta ... 65
Figiúr 4.9: Céatadán na nDaltaí ag fáil tacaíochta teanga don Ghaeilge agus don Bhéarla de réir Banda na Scoile agus Inscne na nDaltaí ... 67
Figiúr 4.10: Céatadán na ndaltaí ag fáil tacaíochta foghlama / acmhainne don Ghaeilge, Bhéarla, mhata de réir banda na scoile agus inscne na ndaltaí ... 68
Figiúr 5.1: Téamaí is mó aitheanta de réir an chórais anailíse cháilíochtúil Nvivo ... 76
Figiúr 5.2: Inscne an mhúinteora de réir rang leibhéil ... 77
Figiúr 5.3: Buaineacht na Múinteoirí de réir Rang Leibhéil ... 77
Figiúr 5.4: Críochnú Oiliúint Réamhsheirbhíse ... 78
Figiúr 5.5: Céatadán mhúinteoirí a bhfuil cáilíochtaí breise acu i SLG DEIS ... 78
Figiúr 5.6: Próifíl Ranga de réir Aonghráid/Ilghráid ... 79
Figiúr 5.7: Múineadh na Mata - Céatadán Múinteoirí ... 81
Figiúr 5.8: Tacaíocht Teanga a fuair céatadán na gcailíní agus na mbuachaillí don Ghaeilge agus don Bhéarla ... 82
Figiúr 5.9: Céatadán na gcailíní agus na mbuachaillí a fuair tacaíocht foghlama/acmhainne don Ghaeilge agus don Bhéarla ... 83
Figiúr 5.10: An teanga ina chuirtear tacaíocht bhreise don léitheoireacht agus don mhata ar fáil .. 84
Figiúr 5.11: Cur chuige maidir le tacaíocht foghlama don mhata, Bhéarla agus Ghaeilge ... 86
Figiúr 5.12: Dúshláin is mó ag múinteoirí SLG DEIS ... 87
Figiúr 5.13: Céatadán na ndaltaí a fhágann SLG DEIS dar leis na múinteoirí ... 89
Figiúr 5.14: Céatadán úsáide a baineadh as scéimeanna mata gach seachtain i SLG DEIS ... 91
Figiúr 6.1: Céatadán na nDaltaí ag nó faoi bhun an 10ú Peircintíl i léamh an Bhéarla, de réir leibhéal ranga agus Banda DEIS – Measúnú DEIS 2016 agus SLG DEIS 2017 (Féach Aguisín B Tábla A6.4 ... 102
Figiúr 6.2: Céatadán na nDaltaí ag nó os cionn an 90ú Peircintíl i léamh an Bhéarla, de réir leibhéal ranga agus Banda DEIS – Measúnú DEIS 2016 agus Gaelscoileanna faoi Mhíbhuntáiste (SLG DEIS) 2017 ... 102
Figiúr 6.3: Meánscóir na gcailíní agus na mbuachaillí – Measúnú DEIS 2016 agus SLG DEIS 2017 ... 103
Figiúr 6.4: Céatadán na nDaltaí ag nó faoi bhun an 10ú Peircintíl sa mhatamaitic, de réir leibhéal ranga agus Banda DEIS– Measúnú DEIS 2016 agus SLG DEIS 2017 ... 104
Figiúr 6.5: Céatadán na nDaltaí ag nó os cionn an 90ú Peircintíl sa mhatamaitic, de réir leibhéal ranga agus Banda DEIS– Measúnú DEIS 2016 agus SLG DEIS 2017 ... 105
Figiúr 6.6: Meánscóir don Mhatamaitic i SLG DEIS de réir inscne ... 106
Figiúr 6.7: Gaol idir Scór na Scoile ar Innéacs Míbhuntáiste DEIS agus Meánscór na Scoile i Léamh an Bhéarla – Rang a Trí – SLG DEIS 2017 ... 107
Figiúr 6.8: Gaol idir Scór an Scoile ar Innéacs Míbhuntáiste DEIS agus Meánscór na Scoile i Léamh an Bhéarla – Rang a Sé – SLG DEIS 2017 ... 108
Figiúr 6.9: Gaol idir innéacs míbhuntáiste DEIS na scoile agus Meánscór na Scoile sa Mhatamaitic –Rang a Trí – SLG DEIS 2017 ... 108
Figiúr 6.10: Gaol idir Innéacs míbhuntáiste DEIS na scoile agus Meánscór na Scoile sa Mhatamaitic – Rang a Sé – Gaelscoileanna faoi Mhíbhuntáiste (SLG DEIS 2017) ... 109
Figiúr 6.11: Meánscóir do Léamh na Gaeilge de réir Banda DEIS, Ranganna 3 agus 6 i SLG DEIS (2016) ... 110
Figiúr 6.12: Céatadán na nDaltaí ag nó faoi bhun an 10ú Peircintíl i Léamh na Gaeilge, de réir Leibhéal Ranga agus Banda DEIS i SLG DEIS (2016) ... 111
Figiúr 6.13: Céatadán na nDaltaí ag nó os cionn an 90ú Peircintíl i Léamh na Gaeilge, de réir Leibhéal Ranga agus Banda DEIS, SLG DEIS (2016) ... 111

# PRÍOMHTHÉARMAÍ AGUS GIORRÚCHÁIN

| | |
|---|---|
| B.Oid | Baitsiléir sa Oideachas |
| CNCM | An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta |
| CNOS | An Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta |
| COGG | An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta |
| DC | Diall Caighdeánach |
| DEIS | Delivering Equality of Opportunity in Schools |
| EAL | English as an Additional Language |
| GAM | General Allocation Model |
| GFA,B,C,D | Grúpa Fócais A, B, C nó D |
| M6 | Múinteoir Rang a Sé |
| M3 | Múinteoir Rang a Trí |
| M3.1 | Múinteoir Rang a Trí a haon |
| M3.2 | Múinteoir Rang a Trí a dó |
| MN | Measúnachtaí Náisiúnta |
| M.Oid | Máistreacht san Oideachas |
| MOS | Múinteoir Oideachas Speisialta |
| MOS.1 | Múinteoir Oideachas Speisialta a haon |
| MOS.2 | Múinteoir Oideachas Speisialta a dó |
| NAIMS | National Assessments of English reading and mathematics in Irish-medium schools |
| NEPS | National Educational Psychological Service/An tSeirbhís Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais |
| NHEA | Neamhoird Hipirghníomhaíochta an Easnaimh Airde |
| Oid | Oideachas |
| PO | Príomhoide |
| ROS | An Roinn Oideachais agus Scileanna |
| RSO | Riachtanais speisialta oideachais |
| SLG | Scoil(eanna) lán-Ghaeilge |

# RÉAMHRÁ

Bhí 13 bunscoil lán-Ghaeilge (SLG) as 145 ar an iomlán, bunaithe i gceantair mhíbhuntáiste i bpoblacht na hÉireann i 2016. Sin thart ar 8% de ghaelscoileanna na tíre ina raibh níos mó ná 2,200 dalta ina iomlán ag freastal orthu. Bhí na scoileanna seo mar chuid den phlean DEIS[1], a chuireann tacaíocht ar fáil chun taithí oideachais na ndaltaí atá faoi mhíbhuntáiste shóisialta a chur chun cinn. Bhí na scoileanna roinnte de réir DEIS Banda 1 (sé scoil) agus DEIS Banda 2 (seacht scoil). Ba sna scoileanna i mBanda 1 a raibh an leibhéal míbhuntáiste is mó. Cuireadh maoiniú ar fáil ag an gComhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta (COGG) i 2016 chun staidéar iar-dhochtúireachta a dhéanamh ar thionchar an tumoideachais ar dhaltaí agus ar ghnóthachtáil dhaltaí i SLG DEIS ina raibh príomhoidí scoile, múinteoirí, daltaí agus tuismitheoirí dhaltaí rang a Trí agus a Sé i ngach scoil páirteach ann. Riaradh trialacha caighdeánaithe i léamh an Bhéarla agus sa mhatamaitic i measc dhaltaí rang a Trí agus a Sé thar na scoileanna ar fad agus cuireadh na torthaí measúnaithe i gcomparáid le measúnachtaí náisiúnta DEIS (Kavanagh, Weir & Moran, 2017) chun léargas a fháil ar conas a bhí ag éirí le daltaí i SLG DEIS i gcomparáid lena bpiaraí i scoileanna DEIS go náisiúnta. Déanann an tuairisc cur síos ar thorthaí measúnaithe i SLG DEIS chomh maith le taithí na ndaltaí, cleachtais na n-oidí agus tréithe na dteaghlach.

Bhí sé mar cuspóir ag an staidéar seo:

- Meán gnóthachtála i léamh an Bhéarla agus sa mhatamaitic i SLG DEIS a fhiosrú agus iad a chur i gcomparáid le meánscóir ghnóthachtála a caighdeánaíodh ar dhaonraí DEIS go náisiúnta;
- Sonraí cainníochtúla agus cáilíochtúla ar ard-chaighdeán a bhailiú i dtaobh cúinsí socheacnamaíocha, teangeolaíocha agus oideolaíocha srl., a chuirfeadh léargas luachmhar ar fáil maidir le staid reatha na SLG DEIS, na cleachtais, riachtanais agus dúshláin a bhaineann leo agus na tacaíochtaí atá ag teastáil uatha;
  Díriú ar dhaltaí a raibh deacrachtaí foghlama nó riachtanais speisialta oideachais acu agus ar na tacaíochtaí a cuireadh ar fáil dóibh dul i ngleic le deacrachtaí agus na dúshláin a ghabhann leo i suíomh lán-Ghaeilge DEIS;[2]
- Faisnéis agus comhairle a chur ar fáil do scoileanna agus do mhúinteoirí chun tacú le pleanáil forbartha scoile agus léargas agus treoir a chur ar fáil maidir leis na mórcheisteanna sainiúla a bhaineann leis an tumoideachas i gceantar míbhuntáiste.
- Feasacht a fhorbairt maidir le sainriachtanais na SLG DEIS agus toscaí a bhaineann le freastal ar léitheoireacht an Bhéarla agus na Gaeilge i suíomh an tumoideachais faoi mhíbhuntáiste.

## Forbhreathnú ar an Tuairisc

Tá 7 gcaibidil ar an iomlán sa tuairisc, anuas ar an achoimre fheidhmeach ag tús na tuairisce. Tá léirbhreithniú déanta i gCaibidil 1 ar a bhfuil ar fáil sa litríocht ina dtugtar athbhreithniú ar na measúnachtaí náisiúnta atá déanta go dtí seo i gcomhthéacs na scolaíochta trí mheán na Gaeilge agus na scolaíochta DEIS go náisiúnta. Déantar scagadh ar stádas socheacnamaíoch agus an tionchar ar chúrsaí oideachais, deacrachtaí teanga sa T1 agus stádas socheacnamaíoch íseal, scothroghnachas sa chóras tumoideachais, agus RSO sa chóras oideachais agus tumoideachais in Éirinn agus thar lear. Déanann Caibidil 2 cur síos ar an modheolaíocht taighde a úsáideadh don staidéar, uirlisí agus anailís taighde agus

1 Delivering Equality of Opportunity in Schools: An Action Plan for Educational Inclusion/Comhionannas Deiseanna sna Scoileanna a Sheachadh: Plean Gnímh do Chuimsiú Oideachais (ROS, 2007, 2017).

2 Cuireadh múnla nua RSO i bhfeidhm ag an ROS don scoilbhliain 2017/18 in áit GAM/EAL agus an próiséas leithdháilte acmhainní ag an gComhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta (CNOS). Ba é an seanmhúnla a bhí i bhfeidhm nuair a rinneadh an taighde don staidéar reatha.

creataí na dtrialacha caighdeánaí. Pléitear le heolas cúlra agus cleachtais bhaile na ndaltaí agus na dteaghlach i gCaibidil 3 chun próifílí na ndaltaí agus tréithe na dteaghlach a chur i láthair. Tugann Caibidil 4 léargas ar dhearcthaí agus cleachtais phríomhoidí a chuimsíonn próifíl agus tréithe na scoileanna agus na bpríomhoidí, deacrachtaí foghlama sa suíomh lán-Ghaeilge DEIS, tacaíocht foghlama, idirghabhálacha agus áiseanna, caighdeán teanga na ndaltaí, plé le tuismitheoirí agus caidreamh leis an mbaile. Is ar dhearcthaí agus chleachtais na múinteoirí atá Caibidil 5 bunaithe a clúdaíonn próifíl an mhúinteora agus an ranga, na deacrachtaí foghlama is coitianta sa suíomh lán-Ghaeilge DEIS, acmhainní, scéimeanna agus idirghabhálacha atá curtha i bhfeidhm, cúinsí an bhaile agus plé le tuismitheoirí, sainriachtanais SLG DEIS, oiliúint mhúinteoirí, caighdeán teanga na ndaltaí agus dearcthaí na ndaltaí maidir leis an nGaeilge. Cuirtear sonraí i láthair i gCaibidil 6 maidir le meánscóir ghnóthachtála na scoileanna agus tugtar comparáidí idir an ghnóthachtáil a dhéanann siad agus gnóthachtáil náisiúnta DEIS. Déantar tátal ar thorthaí an staidéir sa chaibidil dheireannach ina gcuirtear moltaí, comhairle agus treoir ar fáil maidir le conclúidí an taighde.

## Buíochas

Tá an foireann taighde faoi chomaoin ag an gComhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta a chur maoiniú suntasach ar fáil don taighde iar-dhochtúireacht seo. Táimid buíoch d'fhoireann an Fhorais Taighde ar Oideachas agus Institiúid Oideachais Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath. Tá buíochas ar leith ag dul do na scoileanna, na príomhoidí, na múinteoirí, na daltaí agus na tuismitheoirí a ghlac páirt sa staidéar agus a chuir sonraí luachmhara ar fáil.

# ACHOIMRE FHEIDHMEACH

I Méan Fómhair 2016, cuireadh tús le staidéar ar an 13 bunscoil lán-Ghaeilge (SLG) DEIS[3] i bpoblacht na hÉireann ag Institiúid Oideachais Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath agus ag an bhForas Taighde ar Oideachas, Campas Phádraig, Droim Conrach. Ghlac gach scoil páirt sa staidéar (sé sin sé scoil DEIS Banda 1[4] agus seacht scoil DEIS Banda 2) agus rinneadh an múnla taighde a bhunú ar Measúnachtaí Náisiúnta 2010 ar Léitheoireacht Bhéarla agus ar Mhatamaitic i Scoileanna a Bhíonn ag Teagasc trí Mheán na Gaeilge (Gilleece, Shiel, Clerkin agus Miller, 2012), cé go ndearnadh roinnt leasuithe a chuir cúinsí socheacnamaíocha na scoileanna san áireamh. Dearadh ceistneoir taighde do mhúinteoirí, daltaí rang a Trí agus a Sé agus a dtuismitheoirí agus do phríomhoidí scoile. Reáchtáladh grúpaí fócais i gceithre scoil – dhá scoil ag an dá bhanda – agus cuireadh agallaimh ar phríomhoidí scoile sna scoileanna ionadaíocha céanna. Riaradh trialacha i léamh an Bhéarla (*Drumcondra Sentence Reading Test*) agus sa Mhatamaitic i ngach scoil i mí na Bealtaine 2017. Úsáideadh na trialacha céanna chuige seo is a úsáideadh i Measúnachtaí Náisiúnta DEIS (Weir & Denner, 2013; Kavanagh, Weir & Moran, 2017) le go bhféadfaí comparáid a dhéanamh idir scóir na dtrialach sa staidéar reatha agus scóir DEIS go náisiúnta. Ba iad múinteoirí na ndaltaí nó ionadaí ón bhForas Taighde ar Oideachas a rinne an triail a riaradh inar cinntíodh nósanna imeachta ar ardleibhéal.

Rinneadh tuairisciú sna Measúnachtaí Náisiúnta 2010 (Gilleece et al., 2012) ar gnóthachtáil i SLG a bheith níos airde go suntasach ná scoileanna go náisiúnta ach nach raibh na difríochtaí gnóthachtála chomh suntasach céanna nuair a cuireadh stádas soch-eacnamaíoch (SSE) ard na ndaltaí i SLG go ginearálta san áireamh. Léirigh measúnachtaí náisiúnta DEIS idir 2010 agus 2016 dul chun cinn i meánscóir léitheoireachta agus mhata ach go raibh bearnaí gnóthachtála fós ann idir meánscóir náisiúnta agus meánscóir DEIS (Weir & Denner, 2013; Kavanagh et al., 2014; Kavanagh et al., 2017). Eascraíonn an cheist mar sin don staidéar reatha; cá seasann na SLG atá lonnaithe i gceantair mhíbhuntáiste agus a bhfuil stádas DEIS acu?

Go traidisiúnta mhair an pheirspictíocht gur ar mhuintir mheánaicmeacha is mó a bhí SLG ag freastal agus gur ualach breise a bheadh ann do dhaltaí ó chúlraí socheacnamaíocha ísle a bheith ag freastal ar an gcóras tumoideachais (féach, m.sh.,Ó Riagáin, 1979). Tá ardú tar éis teacht ar an rochtain atá ag páistí ó chúlraí socheacnamaíocha ísle ar an tumoideachas in Éirinn, cé go bhféadfadh leis an rogha a bheith níos leithne fós. Toisc an t-athrú seo ó na luathbhlianta agus tuiscintí atá ag teacht ón taighde idirnáisiúnta ar an gceist (Genesee, 1976, 2007, 2014; Bruck, 1985b) tá peirspictíocht eile ann go mbeadh na deacrachtaí céanna ag an bpáiste beag beann ar an scoil a bhfuil siad ag freastal uirthi agus go mbeadh cead rochtana ar an tumoideachas agus ar an dátheangachas á diúltú don pháiste toisc a comhdhéanamh socheacnamaíoch.

## Léirbhreithniú Litríochta

Is minic imní á léiriú sa litríocht idirnáisiúnta faoi thearcghnóthú oideachais dhaltaí ó chúlraí socheacnamaíocha ísle (Demie & Lewis, 2011; Hoff, 2003, 2006; Sirin, 2005) agus tionchar an chomhthéacs shóisialta ar léiriú foghlama an dalta (Chiu & McBride Chang, 2006; OECD, 2010) agus ar mhúnlú forbairt teanga an pháiste (Molloy et al., 2016: 214). Tugann staidéir áirithe le tuiscint cuir i gcás go bhfuil ráta forbartha foclóra níos moille ag páistí le SSE íseal sa tréimhse réamhscolaíochta agus gnóthachtáil ní ba laige níos faide anonn (Hart & Risley, 2003; Peers et al., 2000; Walker et al., 1994). Aithníonn peirspictíocht eile sa litríocht áfach na difríochtaí i stíl teanga dhaltaí le SSE íseal, sé sin go n-úsáidtear réimsí teanga níos teoranta i gcomhthéacsanna sóisialta an lucht oibre nach luíonn le spriocanna acadúla (Bernstein, 1996).

3 Delivering Equality of Opportunity in Schools: An Action Plan for Educational Inclusion; Comhionannas Deiseanna sna Scoileanna a Sheachadh: Plean Gnímh do Chuimsiú Oideachais

4 Is sna scoileanna i mBanda 1 a bhfuil an leibhéal míbhuntáiste is mó.

I réimse an tumoideachais, tá léargais ar fáil maidir le daltaí le heasnaimh sa chéad teanga agus le SSE íseal (Genesee, 2004, 2007; Genesee & Fortune, 2014). Shonraigh staidéar Bruck (1982) gur éirigh chomh maith céanna le daltaí atá faoi bhac teanga a bhí ag freastal ar an gcóras tumoideachais is ar éirigh lena bpiaraí sa ghnáthchóras oideachais ach gur bhain siad amach cumas níos fearr sa dara teanga ag an am céanna. Fuarthas amach i staidéir a chuir SSE san áireamh go raibh daltaí ó chúlraí míbhuntáiste sa suíomh tumoideachais ar chomhleibhéal maidir lena bhforbairt sa T1 is a bhí daltaí ó chúlraí céanna nach raibh ag freastal ar an gcóras tumoideachais (Bruck et al., 2015).

Léiríonn staidéir a dhéanann scrúdú ar éifeacht stádas soch-eacnamaíoch ar ghnóthachtáil agus dhul chun cinn i samplaí náisiúnta (Kavanagh et al., 2014; Weir & Denner, 2013) go gnóthaíonn scoileanna atá mar chuid den Phlean DEIS (ROS 2017), meánscóir níos ísle go suntasach i léamh an Bhéarla agus sa mhata ná an meán náisiúnta. Ní haon eisceacht iad SLG DEIS a mbíonn ag teacht leis an treocht seo in ainneoin go léiríonn SLG go náisiúnta torthaí níos airde go suntasach i léamh an Bhéarla agus sa mhata i gcomparáid le scoileanna go náisiúnta. Tuairiscítear na difríochtaí suntasacha seo i bhfianaise na mbuntáistí a shamhlaítear le pobail mheánaicmeacha: tacaíocht níos treise ón mbaile, fáil ar níos mó leabhar srl. (féach Gilleece et al., 2012).

## Gnóthachtáil i Léamh an Bhéarla

Léirigh torthaí i scoileanna Banda 2 sa taighde reatha go raibh meánscóir níos airde le sonrú ag SLG DEIS ná mar a bhí ag DEIS go náisiúnta ag leibhéal rang a Trí agus rang a Sé, cé nach raibh an difríocht suntasach ach ag leibhéal rang a Trí amháin. I mBanda 1, bhí meánscóir níos ísle ag leibhéal rang a Trí i SLG DEIS ná mar a bhí ag DEIS go náisiúnta ach faoi dheireadh na bunscolaíochta bhí ag éirí níos fearr le daltaí i SLG DEIS ná scoileanna DEIS go náisiúnta. Is cosúil gur moill forbartha sa chóras tumoideachais toisc an páiste a bheith ag plé le dá theanga is cúis leis na torthaí níos ísle i rang a Trí. Téitear i ngleic leis an dátheangachas faoi dheireadh na bunscolaíochta, áfach, ina mbíonn torthaí níos airde á ngnóthú ag daltaí SLG DEIS.

Sonraíodh níos mó daltaí laga a bheith ag nó faoi bhun an 10ú peircintíl i rang a Trí SLG DEIS Banda 1 ná mar a bhí sa sampla DEIS go náisiúnta. Bhí laghdú mór le sonrú faoi rang a Sé, áfach, ina raibh leath an chéatadáin de dhaltaí ag nó faoi bhun an 10ú peircintíl (10.1%) is a bhí ag leibhéal rang a Trí (20.2%). Ní mór mar sin féin aird a thabhairt mar phráinn ar líon ard na ndaltaí laga ag leibhéal rang a Trí i SLG DEIS Banda 1 i léamh an Bhéarla. I mBanda 2, bhí níos lú daltaí ag nó faoi bhun an 10ú peircintíl ag an dá rang leibhéal ná mar a bhí sa sampla náisiúnta DEIS.

Léiríodh níos mó daltaí ag an dá rang leibhéal sa dá bhanda i SLG DEIS a bheith ag nó os cionn an 90ú peircintíl ná mar a bhí ag scoileanna DEIS go náisiúnta i léamh an Bhéarla. Is toradh tábhachtach é seo i gcomhthéacs daltaí SSE íseal i SLG DEIS a d'fhéadfadh deacrachtaí móra a bheith acu ach a bhíonn ag foghlaim go dátheangach agus ag tosú níos déanaí ar léamh an Bhéarla i gcásanna áirithe.

## Gnóthachtáil sa mhatamaitic

Bhí bearna shuntasach go staitistiúil le tabhairt faoi deara idir a ghnóthaíonn daltaí SLG DEIS i Rang a Trí Banda 1 sa mhatamaitic agus daltaí i scoileanna DEIS go náisiúnta ina bhfuil SLG DEIS go mór ar chúl. I rang a 6 Banda 1 tá meánscóir do SLG DEIS píosa beag níos airde ná an meánscóir náisiúnta DEIS. I mBanda 2, tá meánscóir na SLG DEIS ar chúl ag leibhéal rang a Trí agus píosa beag taobh thiar ag leibhéal rang a Sé. Ní raibh aon cheann de na difríochtaí seo suntasach go staitistiúil ach amháin rang a Trí Banda 1. Ní mór a mheabhrú, fiú sa chás ina bhfuil meánscór níos airde ag SLG DEIS ná mar atá ag scoileanna DEIS go náisiúnta, go bhfuil na torthaí fós lag agus ina gcúis bhuartha toisc an meánscóir náisiúnta DEIS a bheith lag agus níos ísle ná an meánscór náisiúnta.

Bhí céatadán níos airde de dhaltaí laga a bhí ag nó faoi bhun an 10ú peircintíl sa mhatamaitic ag an dá rang leibhéal sa dá bhanda ná an meánscóir náisiúnta DEIS. B'fhíor seo ach go háirithe arís ag leibhéal rang a Trí Banda 1 ina raibh dhá oiread an chéatadáin de dhaltaí ag nó faoi bhun an 10ú peircintíl i SLG DEIS (31.4%) ná daltaí i scoileanna DEIS go ginearálta

(15.7%). Ba léiriú é seo ar na fíordheacrachtaí a bhaineann le gnóthachtáil sa mhatamaitic i SLG DEIS agus an géarghá a bhaineann le tacaíocht agus le hidirghabháil a chur ar fáil don uimhearthacht. Bhí meánscór níos ísle ag scoileanna áirithe a d'fhéadfadh an meánscór ar an iomlán a tharraingt síos. Ba léiriú é seo ar an riachtanas d'idirghabháil ar bhonn indibhidiúil i scoileanna áirithe.

Léirigh sonraí go raibh céatadán níos ísle de dhaltaí go suntasach ag nó os cionn an 90ú peircintíl i SLG DEIS ná mar a bhí i scoileanna DEIS go náisiúnta. B'fhíor é seo sa dá bhanda, ach níos feiceálaí fós i mBanda 1 ina raibh 0.8% de dhaltaí i rang a Trí Banda 1 ag an 90ú peircintíl nó níos airde i gcomparáid le 11.1% de dhaltaí sa sampla DEIS go náisiúnta. Is léiriú é seo go bhfuil géar-riachtanais tacaíochta agus idirghabhála don mhatamaitic ag SLG DEIS ag an dá bhanda.

## Próifíl Scoileanna, Foirne agus Seomraí Ranga

Bhí trí cheathrú de SLG DEIS lonnaithe i gcathracha nó i mbruachbhailte Bhaile Átha Cliath, Chorcaí, Luimnigh, na Gaillimhe agus Phort Láirge agus an t-aon cheathrú eile lonnaithe i mbailte nó i gcathracha eile na tíre. Sonraíodh meánráta tinrimh a bheith ard ag thart ar 94% sa dá bhanda. Ní raibh ach 1% de dhaltaí i SLG DEIS a rinne iad féin a aithint mar bhaill den Lucht Taistil ina iomláine agus iad ar fad i mBanda 2.

Sonraíodh thart ar trí cheathrú de ranganna i SLG DEIS ar an iomlán a bheith ina ranganna aonghrád agus thart ar aon cheathrú a bheith ina ranganna ilghrád. Bhí meánmhéid ranga níos ísle sa staidéar reatha SLG DEIS ná mar a bhí sna measúnachtaí náisiúnta do SLG go ginearálta.

Léiríodh go bhfuil ar an meán níos lú blianta de thaithí ag múinteoirí SLG DEIS ná mar atá ag múinteoirí i SLG go ginearálta. Sonraíodh ráta ard buaine i measc múinteoirí an staidéir (os cionn 80%) ach tá an ráta de mhúinteoirí buana a bhí ag feidhmiú ag leibhéal rang a Sé i SLG agus scoileanna Gaeltachta go náisiúnta os cionn 90%. Ba é teastas (anuas ar an mbuncháilíocht mhúinteoireachta) an cháilíocht ba mhó a bhí bainte amach ag múinteoirí an staidéir (35% acu) agus bhí M.Oid./M.A. (Oid.) bainte amach ag 20%. Sonraíodh an ráta ab'ísle de mhuinín i leith daltaí le deacrachtaí foghlama i léamh an Bhéarla a aithint agus a bheith ag plé le daltaí le riachtanais speisialta don mhatamaitic. Bhí muinín an mhúinteora níos airde maidir le daltaí le deacrachtaí foghlama sa Ghaeilge a aithint agus teanga chumarsáide dhaltaí i gcoitinne a fhorbairt. Léiríonn sonraí go raibh meánchéatadán ard de bhlianta ag feidhmiú mar phríomhoide agus mar mhúinteoir ar an iomlán ag príomhoidí SLG DEIS ach go raibh níos mó taithí ag feidhmiú mar phríomhoide ar an meán ag príomhoidí SLG DEIS Banda 1 ná mar a bhí i mBanda 2. Bhí céatadán níos airde de phríomhoidí Banda 1 a raibh cúraimí teagaisc lán-aimseartha orthu. Ba bhaineannaigh iad formhór na múinteoirí a bhí ag teagasc i SLG DEIS, thart ar 70%, ach bhí céatadán níos airde de fhireannaigh ná baineannaigh ag múineadh ag leibhéal rang a Sé.

Léirigh cóimheas gléasanna go raibh píosa beag níos mó teacht ag daltaí Banda 1 (7:1) ná daltaí Banda 2 (9:1) ar gléasanna ríomhaireachta ar an iomlán. Thug príomhoidí le fios go roinntear acmhainní le tuismitheoirí don Bhéarla agus don Ghaeilge agus go gcuirtear seisiúin eolais ar fáil don Bhéarla chun tacú le tuismitheoirí. Léirigh na sonraí gur cuireadh an tacaíocht ba lú ar fáil do thuismitheoirí i gcás na matamaitice maidir le sraith cruinnithe, seisiúin eolais agus acmhainní a roinnt.

Sonraíodh deacrachtaí le múineadh na matamaitice ar nós easpa teanga na ndaltaí, teanga casta na leabhar, cúrsaí téarmaíochta agus easpa acmhainní as Gaeilge. Níor thuairiscigh aon mhúinteoir rang a Trí an mata a mhúineadh trí mheán an Bhéarla amháin agus chuir líon beag mhúinteoirí (9.1%) in iúl go n-úsáidtear an Béarla amháin do mhúineadh na matamaitice ag leibhéal rang a Sé. Thuairiscigh gach múinteoir eile an mhatamaitic a mhúineadh trí mheán na Gaeilge amháin nó go dátheangach.

Thuairiscigh múinteoirí go leor ama a chaitheamh ar ábhar a dhearadh iad féin toisc líon na n-acmhainní Gaeilge a bhí ar fáil agus oiriúnach do leibhéal cumais agus spéiseanna na ndaltaí i SLG DEIS a bheith teoranta agus caighdeán na Gaeilge sna téacsleabhair a bheith róchasta.

## Daltaí agus a dteaghlaigh

Sonraíodh gur fíorbheag iad líon na ndaltaí a bhí ina gcainteoirí T1 Gaeilge a bhí ag freastal ar SLG DEIS, áit nach raibh aon dalta a raibh an Ghaeilge mar phríomhtheanga acu i mBanda 1 agus 0.3% i mBanda 2, atá níos ísle ná mar a bhí sonraithe i SLG go ginearálta (thart ar 3%) (Gilleece et al., 2012). Bhí líon na ndaltaí a thuairiscigh teanga eile seachas an Béarla nó an Ghaeilge a bheith acu mar mháthairtheanga (níos lú ná 1%) i bhfad níos ísle ná an meánráta náisiúnta (9.5%) agus níos ísle ná an meánráta i SLG go ginearálta (níos lú ná 2%) (Gilleece et al., 2012).

Léirigh méanscóir ghnóthachtála na ndaltaí i rang a Trí go raibh scóir níos airde sa mhatamaitic sa chás inar labhraíodh fiú roinnt Gaeilge sa bhaile, cé nach raibh na difríochtaí seo suntasach. Sonraíodh an treocht céanna i rang a Sé don mhata agus do léamh an Bhéarla agus sa chás seo bhí difríocht shuntasach i léamh an Bhéarla ag Banda 1.

Thug tuismitheoirí le fios go raibh níos mó teaghlaigh i SLG DEIS a raibh níos lú ná 50 leabhar clóite sa bhaile acu ná mar a bhí sa mheánráta náisiúnta agus níos lú teaghlaigh ná an meánráta náisiúnta a raibh níos mó ná céad leabhar acu sa bhaile. Léirigh meánscóir gur ghnóthaigh daltaí a bhfuil níos mó ná céad leabhar acu sa bhaile meánscóir ní ba airde sa Bhéarla agus sa mhata ná iad siúd a bhfuil níos lú ná céad leabhar acu sa bhaile.

Tuairiscíodh i bhfad níos lú leabhar Gaeilge sa bhaile ag teaghlaigh SLG DEIS inar mhaígh 2% de theaghlaigh os cionn 50 leabhar Gaeilge a bheith acu sa bhaile. Bhí céatadán níos airde de theaghlaigh gan aon leabhar Gaeilge acu sa bhaile (thart ar 19% de dhaltaí rang a Trí agus a Sé le chéile agus 22% i rang a Sé amháin) i SLG DEIS i gcomparáid leo siúd i SLG go ginearálta (12%).

Bhain 78% de thuismitheoirí dhaltaí rang a Sé úsáid as leabharlann agus 41% de thuismitheoirí dhaltaí rang a Trí. Tuairiscíodh léitheoireacht cúpla uair sa tseachtain a bheith ar an nós léitheoireachta ba choitianta ag teaghlaigh SLG DEIS Banda 1 agus Banda 2 agus gur léadh níos minice don pháiste nuair a bhí siad sna naíonáin. Fuarthas gaol láidir idir ghnóthachtáil na bpáistí i léamh an Bhéarla agus sa mhata agus minicíocht léitheoireachta don pháiste sna luathbhlianta roimh dóibh tosú ar scoil. Ní raibh na figiúirí i measc tuismitheoirí SLG DEIS a léigh don tsiamsaíocht chomh hard leis an meánráta náisiúnta (léitheoireacht Bhéarla). D'aontaigh níos lú tuismitheoirí go láidir gur léigh duine sa bhaile le páiste agus go ndearna duine sa bhaile cleachtadh ar litriú, mata nó scileanna eile i rang a Trí ná i Rang a Sé.

Bhí céatadán níos lú de theaghlaigh i rang a Trí Banda 1 a raibh céim nó níos airde bainte amach acu ná mar a bhí i Rang a Sé Banda 1 nó ag Banda 2. Tá gaol idir oideachas na dtuismitheoirí agus gnóthachtáil a bpáistí de réir sonraí an staidéir a léiríonn go mbaineann iad siúd a bhfuil céim nó níos airde bainte amach ag a dtuismitheoirí meánscóir níos airde amach sa dá ábhar ag an dá bhanda.

Mhair an chuid is mó de dhaltaí SLG DEIS i dteaghlaigh a raibh ar a laghad tuismitheoir amháin i bhfostaíocht lánaimseartha nó pháirtaimseartha (thart ar 86% de theaghlaigh). Sonraíodh difríochtaí fabhracha sna meánscóir a ghnóthaítear i léamh an Bhéarla agus sa mhata sa chás ina mbíonn ar a laghad duine amháin sa teaghlach fostaithe nó ag staidéar ach na difríochtaí a bheith suntasach i mBanda 2 amháin.

## Ag Plé le Daltaí a bhfuil Deacrachtaí Foghlama acu

Tuairiscíodh raon fairsing de dheacrachtaí foghlama a bheith ag 17.5% de dhaltaí sa staidéar, de réir príomhoidí. Tá an ráta seo níos airde go suntasach ná ráta na leitheadúlachta i SLG go ginearálta a thuairiscíonn céatadán 9.4% (Andrews, 2020). Léirigh sonraí na dtuismitheoirí eolas maidir le hilmhíchumas; mar shampla i Rang a Sé sonraíodh 16.1% de dhaltaí le deacrachtaí foghlama; 12.2% díobh siúd a raibh deacracht amháin acu, 3.4% a raibh dhá dheacracht acu agus 0.5% a raibh trí dheacracht nó níos mó acu.

Ba iad na deacrachtaí foghlama ba choitianta a bhí ag daltaí SLG DEIS ná 'Deacrachtaí Foghlama Sainiúla', ar nós diandheacrachtaí disléicse nó dioscalcúile a bhí ag 5.8% de dhaonra na ndaltaí, 'Míchumas Foghlama Ginearálta Éadrom' a bhí ag 2.8% de dhaltaí agus 'Suaitheadh Mothúchánach' a bhí ag 1.8% de dhaltaí. Sonraíodh i measc mhúinteoirí

deacrachtaí iompair ar nós NHEA (Neamhoird Hipirghníomhaíochta an Easnaimh Airde) a bheith coitianta i measc daltaí ach nár bhain deacrachtaí ar nós seo le teanga in aon chor agus go bhfacthas gur éascaigh an dátheangachas deacrachtaí mar seo. Ba mhinic a dhéantaí plé le deacrachtaí 'ard-mhinicíochta' mar seo ag leibhéal an ranga / na scoile (Banks and McCoy, 2011: 65). Bhí 26.8% ag fáil tacaíochta in-ranga agus 53.7% acu ag fáil tacaíochta ar bhonn scoile. Bhraith an chaoi inar cuireadh tacaíocht ar fáil go mór ar acmhainní na scoile agus go minic cuireadh meascán den tacaíocht in-ranga agus lasmuigh de ar fáil ach ní raibh aon chur chuige amháin ann i SLG DEIS.

Ba iad na huirlisí ba mhó a bhí in úsáid ag múinteoirí don mheasúnú in-ranga ná dírbhreathnú, trialacha caighdeánacha, measúnú leanúnach ar léitheoireacht, litriú agus caint ó bhéal agus Féasta Focal[5]. Bhíothas ag brath go láidir ar na trialacha caighdeánacha chun daltaí le deacrachtaí foghlama a aithint ach ní raibh múinteoirí iomlán sásta maidir lena n-úsáid chun forbairt an pháiste a thomhas in-ranga go leanúnach.

Tar éis do pháistí le deacrachtaí foghlama tacaíocht teanga/foghlama a fháil, chonacthas gur tharla forbairt go mall i gcás páistí a raibh diandheacrachtaí acu ach go mbíodh ardú féinmhuiníne agus tuiscint ar ábhar le tabhairt faoi deara i measc na bpáistí.

Ba trí Bhéarla a dhéantaí measúnaithe síceolaíocha i SLG DEIS go ginearálta. Bhí príomhoidí nach mór ar aon ghuth go raibh bearnaí sa chur chuige seo agus nach mór riachtanais iomlána an pháiste a chur san áireamh ar bhonn níos feasaí agus cúramaí sna measúnachtaí. Bhraith taithí na scoile a bheith ag plé le síceolaí go mór ar an scoil agus an síceolaí féin inar tuairiscíodh idir taithí réasúnta sásúil agus an-mhíshásúil sa staidéar. Níor tharla sé go ró-mhinic gur fhág dalta an SLG DEIS mar gheall ar dheacrachtaí foghlama, dar leis na príomhoidí. Sa chás gur fhág ba chuig scoil Bhéarla nó scoil speisialta a ndeachaigh siad den chuid is mó.

Ba chosúil sa chás go raibh an tSeirbhís Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais (NEPS) ar fáil go raibh an scoil sásta ach bhí an scéal duairc agus dáiríre nuair nach raibh na seirbhísí cuí ar fáil.

B'ionann meánráta na bpostanna tacaíochta de réir Banda na scoile ina raibh ar an meán 1.6 post tacaíochta GAM/EAL (*General Allocation Model/English as an Additional Language*). Ba cheist phráinneach í, áfach, nach raibh aon phost tacaíochta teanga, le faomhadh oifigiúil, ag aon scoil sa staidéar. Dar le príomhoidí agus múinteoirí, bheadh a leithéid de Mhúinteoir Tacaíochta Teanga ina mórbhuntáiste do SLG DEIS chun próifíl na Gaeilge sa scoil a fhorbairt chomh maith le cúraimí eile; tacú le hAistear a chur i bhfeidhm, teanga neamhfhoirmiúil, shóisialta na ndaltaí agus fónaic na Gaeilge a fhorbairt sna Naíonáin, idirghabhálacha litearthachta na Gaeilge srl. Ní raibh cothrom na féinne á fháil ag daltaí SLG DEIS gan na tacaíochtaí seo, dar le príomhoidí.

Chuir príomhoidí an-luach ar leanúnachas foirne agus tuiscint na foirne tacaíochta ar an gcomhthéacs scoile ach go raibh dúshláin le Múinteoir Oideachas Speisialta (MOS)[6] oiriúnach a earcú don suíomh agus le foireann tacaíochta sheasmhach a choinneáil. Nuair a bhíodh tuilleadh tacaíochta ón bhfoireann i bhfoirm MOS, bhíodh torthaí a gcuid oibre sofheicthe i ngnóthachtáil na ndaltaí.

Ba fhíorbheag é céatadán na ndaltaí a bhí ag fáil tacaíochta teanga don Ghaeilge (0.5%) i SLG DEIS Banda 1 agus ní raibh aon dalta i SLG DEIS Banda 2 ag fáil tacaíochta teanga don Ghaeilge. Ba mhinic a cuireadh tacaíocht ar fáil trí Ghaeilge don mhata agus ba é cinneadh na scoile í seo ach ba mhór idir tacaíocht don Ghaeilge agus tacaíocht trí Ghaeilge. Ba go dátheangach a cuireadh tacaíocht don léitheoireacht ar fáil don chuid is mó (57.9% de mhúinteoirí) agus cuireadh 36.8% de thacaíocht don léitheoireacht ar fáil trí mheán an Bhéarla amháin. Ba bheag tacaíochta don léitheoireacht (5.3%) a cuireadh ar fáil trí mheán na Gaeilge amháin áfach. A mhalairt a bhí ann don mhata inar cuireadh tacaíocht ar fáil trí

5 Is áis foghlama é Féasta Focal atá bunaithe ar aithint focal agus ar an gcéad 200 focal ardm-hinicíochta sa Ghaeilge d'fhonn freastal ar dheacrachtaí le luathlitearthacht sa Ghaeilge ar bhonn taitneamhach.

6 Múinteoirí oideachais speisialta a thugtar anois ar mhuinteoirí a bhíonn ag plé le daltaí RSO. Roimh 2017, deineadh idirdhealí idir mhúinteoiri oideachais speisialta agus múinteoirí tacaíoichta foghla-ma.

mheán na Gaeilge ag 52.6% de mhúinteoirí agus trí mheán an Bhéarla amháin ag 5.3% de mhúinteoirí. Is go dátheangach a cuireadh tacaíocht don mhata ar fáil ag an gcuid eile – 42.1%.

Ba líonmhaire i bhfad iad líon na ndaltaí a bhí ag fáil tacaíochta foghlama don Bhéarla (15.8%) agus don Mhata (15.9%) i SLG DEIS i gcomparáid le líon beag na ndaltaí a bhí ag fáil tacaíochta foghlama don Ghaeilge (1.7%). Is 0.2% ar an iomlán mar sin atá ag fáil tacaíochta teanga don Ghaeilge agus 1.7% atá ag fáil tacaíochta foghlama don Ghaeilge ach an chuid is mó den tacaíocht foghlama sin i mBanda 2. Bhí céatadáin níos airde de bhuachaillí ag fáil tacaíochta foghlama don Bhéarla agus don mhata ná mar a bhí cailíní, fiú i gcás na Gaeilge, cé nach bhfuil sé suntasach go staitistiúil. Ní raibh oiread is cailín amháin ag fáil tacaíochta teanga don Ghaeilge i rang a Sé ach bhí líon na gcailíní i rang a Trí a bhí ag fáil tacaíochta teanga don Bhéarla níos airde ná líon na mbuachaillí.

Ba chosúil gur cuireadh tacaíocht trí mheán an Bhéarla ar fáil toisc na deacrachtaí a aithníodh le caighdeán Béarla na ndaltaí i gceantair mhíbhuntáiste agus iad ag tosú ar scoil. Chuir múinteoirí fáilte roimh Curaclam Teanga na Bunscoile (ROS, 2019) a chur i bhfeidhm agus na buntáistí a bhaineann le freastal ar an dá theanga go comhtháite ach bhí roinnt amhras fós ar mhúinteoirí maidir le praiticiúlacht an chur chuige seo i SLG DEIS. Úsáideadh go leor scéimeanna agus idirghabhálacha chun treisiú a dhéanamh ar an litearthacht i SLG DEIS: *Literacy Leap, Oxford Reading Tree, Toe by Toe, Reading Recovery, First Steps*.

Dúirt 80% de mhúinteoirí gurb í an aistarraingt ón rang mar ghrúpa an cur chuige ba mhó a úsáideadh i SLG DEIS i rang a Trí agus a Sé don mhata agus don Bhéarla. Bhraith an cur chuige go mór ar an rang, ar an ábhar agus ar an suíomh.

Ba é an dúshlán ba mhó do mhúinteoirí ó thaobh tacaíochta a thabhairt do dhaltaí le deacrachtaí foghlama ná easpa ama ach chuir sé isteach 'go mór' ar mhúinteoirí 'gan an chomhairle sna tuairiscí ó ghníomhaireachtaí mar NEPS a bheith oiriúnach do chomhthéacs an ranga dhátheangaigh' agus chuir 'ísealchumas ag daltaí sa teanga labhartha – Gaeilge' isteach 'go mór' ar 31.6% de mhúinteoirí. Tá léargas ar fáil sna dúshláin seo ar riachtanais na ndaltaí agus ar an ngéarghá a bhaineann le freastal ar chaighdeán phríomhtheanga na scoile sa chaoi ina mbeidh teacht rathúil ag daltaí ar an gcuraclam ina iomláine.

# 1 LÉIRBHREITHNIÚ LITRÍOCHTA

## 1.1 Réamhrá

Tá fianaise ann a léiríonn go gnóthaíonn daltaí i scoileanna lán-Ghaeilge (SLG) in Éirinn meánscóir níos airde go suntasach i léamh an Bhéarla agus sa mhatamaitic i gcomparáid le scoileanna go náisiúnta (Gilleece et al., 2012). Ní mór a chur san áireamh áfach, go bhfuil stádas socheacnamaíoch ard ag SLG go ginearálta agus mar sin go bhfuil na meánscóir ghnóthachtála mar a bheifí ag súil leo (Gilleece et al., 2012: 33). Sa staidéar céanna, léirigh scoileanna lán-Ghaeilge a bhí lonnaithe i gceantair mhíbhuntáiste (Gaelscoileanna DEIS[7] mar a thugtar orthu) scóir níos ísle go suntasach áfach ná SLG go ginearálta. Cuireann an plean DEIS (ROS, 2017) tacaíocht ar fáil chun taithí oideachais na n-óg i gceantair mhíbhuntáiste a fheabhsú. Tá torthaí ísle na SLG DEIS ag teacht le staidéir eile a fhiosraíonn an tionchar a bhíonn ag stádas socheacnamaíoch ar ghnóthachtáil agus ar dhul chun cinn i samplaí náisiúnta (Weir & Denner, 2013; Kavanagh et al., 2015; Kavanagh et al., 2017). Léiríonn na staidéir seo an géarghá a bhaineann le tuilleadh iniúchadh a dhéanamh ar an gceist seo a bhaineann le bearnaí móra gnóthachtála, na dúshláin is mó a mhaireann sa chóras gaelscoile DEIS agus na tacaíochtaí atá de dhíth orthu.

Tá na deiseanna a bhaineann leis an dátheangachas agus leis an tumoideachas i dtéarmaí buntáistí cognaíocha, meiteachognaíocha, eacnamaíocha, sóisialta agus inniúlachta pléite go forleathan sa litríocht dúchais (Ó Ceallaigh & Ní Shéaghdha, 2017; Ó hAiniféin, 2007; Parsons & Liddy, 2009; Harris et al., 2006) agus go hidirnáisiúnta (Lyster et al., 2013; Bialystok et al., 2008a, 2008b; Baker, 2007; Cenoz & Genesee, 1998). Tá ceist na luathlitearthachta pléite mar aon le cleachtais maidir le cé acu teanga ina cheart tús a chur leis an léitheoireacht agus na dúshláin a bhaineann le páistí le deacrachtaí léitheoireachta i ngaelscoileanna (Ní Bhaoill & Ó Duibhir, 2004; Ó Siaghail & Déiseach, 2004; Ní Bhaoill, 2004). Forbraíodh Curaclam Teanga na Bunscoile (An Roinn Oideachais agus Scileanna, ROS, 2019) le freastal ar chomhthéacsanna éagsúla scoile idir T1 agus T2 i mbealach comhtháite. Táthar ag súil leis go n-éascóidh Curaclam Teanga na Bunscoile (ROS, 2019) ar an neamhchinnteacht agus na deacrachtaí a shamhlaítear le tús na léitheoireachta le fada an lá.

Is é cuspóir na caibidle seo áfach ná scagadh a dhéanamh ar mhórthéamaí a bhaineann go dlúth leis an staidéar reatha. Dá bhrí sin pléitear éabhlú na gaelscolaíochta in Éirinn mar chúlra ar stádas socheacnamaíoch na scoileanna atá páirteach sa staidéar, na measúnachtaí náisiúnta agus an fhaisnéis a thugann siad dúinn faoi ghnóthachtáil sa chóras tumoideachais agus DEIS go náisiúnta, impleacht stádas socheacnamaíoch i gcúrsaí oideachais agus sa chóras tumoideachais, forbairt teanga an pháiste atá faoi mhíbhuntáiste sóisialta, agus riachtanais speisialta oideachais (RSO) in oideachas bunscoile na hÉireann agus sa chóras oideachais in Éirinn agus thar lear.

## 1.2 Cúlra agus Forbairt na Gaelscolaíochta

Le dhá scór bliain anuas tá fás agus forbairt as cuimse tagtha ar an ngaeloideachas i bpoblacht na hÉireann. Ba iarrachtaí ón ithir aníos a bhí i mbunú gaelscoileanna sa chéad áit le linn na 70aidí ina raibh tuismitheoirí go príomha ina ngníomhairí bunaithe (Coady & Ó Laoire, 2002). Is minic go raibh siad ina n-úsáideoirí cumasacha Gaeilge iad féin go gairmiúil nó sa bhaile, inar tuairiscíodh i staidéir ag an am Gaeilge a bheith mar chéad teanga baile ag níos mó ná leath de pháistí Ghaelscoileanna (Cummins, 1974 luaite in Coady & Ó Laoire, 2002) agus 51% d'aithreacha a bheith fostaithe i bpostanna stáit ina raibh an cumas sa Ghaeilge ina cháilíocht riachtanach (Ó Riagáin & Ó Gliasáin, 1979).

7 Cuireann Plean DEIS tacar uaillmhianach cuspóirí agus gníomhartha i láthair chun tacú le páistí is mó baol míbhuntáiste oideachasúil (Plean DEIS 2017; Comhionnanas Deiseanna a Sholáthar i Scoileanna, 2017: 11)

Bhí cáil ar na gaelscoileanna in Éirinn sna luathbhlianta seo gur ag freastal ar theaghlaigh meánaicmeacha is mó a bhíodar (Ó Riagáin, 1979). Tharla borradh san éileamh ar an ngaeloideachas ach go háirithe le linn na 80aidí agus tosaíodh de réir a chéile ar scaipeadh rogha an ghaeloideachais i measc réimse ilghnéitheacha teaghlaigh ar fud na tíre. Tá an-tóir ar áiteanna i ngaelscoileanna inniu ina leanann an ghaeloideachas mar rogha choiteann i measc tuismitheoirí (Kavanagh & Hickey, 2013) ach tá próifíl an té a roghnaíonn agus próifíl na scoileanna féin tar éis athrú ó bhonn i gcaitheamh na mblianta. Tá anois rogha agus rochtain ar an ngaeloideachas ar fáil do níos mó páistí ná riamh, páistí ó chúlraí socheacnamaíocha ísle agus páistí le deacrachtaí foghlama san áireamh. É sin ráite, maireann bearna idir an soláthar agus an t-éileamh ar SLG a chiallaíonn gur minic a bhíonn liostaí feithimh ag an mbunleibhéal ar fud na tíre agus ceisteanna faoi sholáthar iar-bhunoideachas chun leanúnachas sa chóras tumoideachais a chinntiú (Ní Thuairisg & Ó Duibhir, 2016). Cruthaíonn na bearnaí seo míthuiscintí i measc an phobail nach bhfuil SLG ar fáil nó nach bhfuil siad oiriúnach do gach dalta (Ní Luasa, 2015) in ainneoin go bhfáiltítear roimh pháiste ó chúlraí éagsúla teangeolaíoch, eacnamaíoch, cumais, cultúir agus creidimh.

As an 145 bunscoil lán-Ghaeilge sna 26 contae i 2016 bhí 13 scoil le stádas DEIS, sé scoil DEIS Banda 1 (DEIS 1) a bhaineann leis na ceantair is boichte ó thaobh stádas socheacnamaíocha de agus seacht scoil DEIS Banda 2 (DEIS 2). Seasann na gaelscoileanna DEIS idir Banda 1 agus Banda 2 do 8% de ghaelscoileanna na tíre ina bhfuil corradh le 2,200 dalta ar an iomlán ag freastal orthu. Tá trí cheathrú de ghaelscoileanna DEIS lonnaithe i gcathracha nó i mbruachbhailte Bhaile Átha Cliath, Chorcaí, Luimnigh, na Gaillimhe agus Phort Láirge agus an chuid eile (25%) lonnaithe i mbailte nó i gcathracha eile. Roinntear na scoileanna seo de réir Banda 1 agus 2, ag brath ar leibhéal míbhuntáiste na scoile. Baintear úsáid as bunachair sonraí ón Daonáireamh (*Small Area Population Statistics SAPS:* An Phríomh-Oifig Staidrimh, 2012) agus ar shonraí dhaltaí ón Roinn Oideachais agus Scileanna (ROS) (*Primary Online Database POD*) chun stádas DEIS a bhronnadh ar scoil agus idirdhealú a dhéanamh idir Banda DEIS na scoile. Agus an fháil fhorleathan seo ar an ngaeloideachas ina mbíonn páistí ó chúlraí socheacnamaíocha ísle, páistí le deacrachtaí teanga agus le deacrachtaí foghlama, ardaítear ceisteanna faoi oiriúnacht an tumoideachais do na páistí seo agus na gnóthachtáil a dhéanann siad.

## 1.3 Measúnuithe Náisiúnta: Cad a léiríonn siad faoi Ghaelscoileanna agus Scoileanna DEIS?

Faoi mar a luadh thuas tá bearnaí móra le sonrú i ngnóthachtáil dhaltaí atá ag freastal ar gaelscoileanna go ginearálta agus a macasamhail atá ag freastal ar ghaelscoileanna DEIS. Féachfar níos mine ar an gceist anseo agus tabharfar léirbhreithniú agus sonraí ó na measúnuithe náisiúnta atá déanta cheana ar léitheoireacht an Bhéarla agus sa mhata i ngaelscoileanna, scoileanna go náisiúnta agus scoileanna a bhfuil stádas DEIS acu.

I 'Measúnachtaí Náisiúnta 2010 ar Léitheoireacht Bhéarla agus ar Mhatamaitic i Scoileanna a Bhíonn ag Teagasc trí Mheán na Gaeilge' (NAIMS '10) fiosraíodh caighdeáin léitheoireachta an Bhéarla agus na matamaitice ag daltaí rang a Dó agus a sé i scoileanna a bhíonn ag feidhmiú trí mheán na Gaeilge agus cuireadh i gcomparáid iad le Measúnachtaí Náisiúnta 2009 (MN '09) a chuaigh roimis. Cé gur cuireadh scoileanna lán-Ghaeilge (SLG) agus Gaeltachta san áireamh i MN '09, ní raibh an sampla suntasach go leor agus éilíodh ar an bhForas Taighde ar Oideachas measúnachtaí náisiúnta a dhéanamh le samplaí ionadaíocha de SLG agus Gaeltachta. Pléifear anseo na sonraí a bhain le SLG amháin toisc fócas an staidéir reatha.

I léitheoireacht an Bhéarla, sonraíodh i NAIMS '10 meánscóir níos airde ag daltaí rang a Dó agus Sé i SLG i gcomparáid le scoileanna go náisiúnta i MN '09. Bhí an toradh seo suntasach ó thaobh staitistice de ag tuairim is aon-tríú de dhiall caighdeánach de dhifríocht ina bhfabhar. Ní mór na torthaí seo a chur i gcomhthéacs SSE na scoileanna rannpháirteacha áfach a léiríonn go mbeifí ag súil le torthaí mar seo toisc meánstádas socheacnamaíoch ard na scoileanna lán-Ghaeilge (Féach Gilleece et al., 2010: 33). Ghnóthaigh níos mó daltaí i SLG an leibhéal is airde sa triail ná mar a ghnóthaigh daltaí i scoileanna Gaeltachta nó i MN '09 agus sonraíodh níos lú daltaí i SLG agus Gaeltachta a bheith faoi bhun an leibhéal gnóthachtála is ísle ná mar a sonraíodh i MN '09. Ag an dá rang leibhéal i SLG, fuair daltaí meánscóir níos airde ó thaobh staitistice de ná daltaí MN '09 ar ghnéithe éagsúla de

thástáil na litearthachta; foclóir, tuiscint, fo-phróisis aisghabháil, infeiriú agus léirmhíniú, comhtháthú & iniúchadh agus breithniú (an cheann deireanach i rang a Sé amháin).

Ó thaobh gnóthachtáil sa mhatamaitic, ghnóthaigh daltaí rang a Dó i SLG meánscóir níos airde go staitistiúil ná daltaí i MN '09, aon-séú de dhiall caighdeánach. Arís mar a luadh thuas ní mór fachtóirí SSE a chur san áireamh anseo agus cé go bhfuil na torthaí mar a bheifí ag súil leo toisc meánstádas SSE, níl na torthaí chomh láidir céanna i gcás na matamaitice is atá i gcás na léitheoireachta (ibid). Sonraíodh meánscóir níos airde go suntasach ag daltaí rang a Dó i SLG ar Uimhreas/Ailgéabar, Tomhais agus Sonraí agus meanscór níos ísle ar Chruth agus Spás ná mar a sonraíodh i measc dhaltaí scoileanna MN '09. Ach faoi rang a Sé, ní raibh daltaí SLG chun tosaigh ach i ngné amháin d'ábhar na matamaitice – sin Uimhreas/Ailgéabar.

Tuairiscíodh an meánstádas socheacnamaíoch (SSE) daltaí agus leibhéal scoile a bheith i bhfad níos airde i SLG ná mar a bhí i scoileanna Gaeltachta ná scoileanna MN '09. Go staitistiúil, sonraíodh an figiúr de dhaltaí le SSE íseal i SLG (20%) a bheith níos ísle ná an meánráta náisiúnta de dhaltaí SSE-íseal (32%) agus iad siúd le SSE-ard a bheith níos airde ag 45% i SLG, i gcomparáid le 30% go náisiúnta (MN '09). Fuarthas comhghaolú láidir idir SSE agus gnóthachtáil i léamh an Bhéarla agus sa mhata inar ghnóthaigh daltaí le SSE-ard nó SSE-meánach meánscóir níos airde ná iad siúd le SSE-íseal. Bhí líon na ndaltaí i SLG a thuairiscigh Gaeilge a bheith mar phríomhtheanga acu an-bheag ag 4% i rang a Dó agus 2% i rang a Sé agus ní raibh difríochtaí suntasacha le sonrú i ngnóthachtáil i measc iad siúd a labhair Gaeilge nó Béarla sa bhaile mar T1. Bhí formhór na ndaltaí i SLG nach raibh cumas ag ceachtar dá dtuismitheoirí Gaeilge a labhairt. Cé go raibh i bhfad níos mó leabhar sa bhaile ag daltaí SLG ná iad siúd i scoileanna Gaeltachta agus go bhfuarthas comhghaolú láidir idir méid na leabhar agus gnóthachtáil i léitheoireacht an Bhéarla, thuairiscigh tuismitheoirí níos lú leabhar Gaeilge a bheith sa bhaile acu ná leabhair Bhéarla. Thairis sin, bhí meánscóir níos airde acu siúd a raibh acmhainní breise acu sa bhaile ar nós foclóra tagartha nó cluichí oideachasúla agus meánscóir níos lú acu siúd a shonraigh teilifís a bheith sa seomra leapa acu, rud a bhí níos coitianta i measc dhaltaí le SSE-íseal. Sonraíodh 8% de dhaltaí rang a Sé i SLG a bheith ag freastal ar scoileanna uirbeacha sa Chlár Tacaíochta Scoile (CTS) faoi DEIS (Banda 1 agus 2) agus meánscóir i bhfad níos ísle i léamh an Bhéarla agus sa mhata ag daltaí rang a Dó agus a sé i scoileanna a bhí sa CTS ná iad siúd nach raibh.

Chuir múinteoirí in iúl i NAIMS '10 go bhfuair 16% de dhaltaí rang a Dó agus 10% de dhaltaí rang a Sé tacaíocht foghlama / acmhainne don Bhéarla. Sonraíodh níos lú ná 1% de dhaltaí SLG tacaíocht foghlama / acmhainne a fháil trí Ghaeilge. Bhí tacaíocht teanga don Bhéarla á fháil ag níos lú 1% de dhaltaí i rang a Sé agus mar an gcéanna le tacaíocht teanga don Ghaeilge, toisc líon beag na ndaltaí a bhí nua chun na tíre a bheith ag freastal ar SLG. Luaigh níos mó ná 60% de phríomhoidí múineadh na matamaitice trí Ghaeilge a bheith ina mórdhúshlán ach sonraíodh i measc mhúinteoirí mata a mhúineadh trí Ghaeilge do 80% de dhaltaí rang a Dó ach bhí an figiúr i bhfad níos ísle i rang a Sé (thart ar 50%). Is meascán den Ghaeilge agus den Bhéarla a bhí in úsáid sna ranganna eile ag an dá rang leibhéal.

I Measúnachtaí Náisiúnta '14 (Shiel, Kavanagh & Millar, 2014) rinneadh iniúchadh ar ghnóthachtáil dhaltaí i scoileanna go náisiúnta, a chuimsíonn SLG agus scoileanna DEIS. Léirítear gur tháinig forbairt shuntasach ar léiriú léitheoireachta dhaltaí i scoileanna DEIS idir MN '09 agus '14 ach go maireann an bearna idir scoileanna uirbeacha DEIS agus scoileanna eile i MN '14, ina raibh dhaltaí rang a Dó i scoileanna DEIS Banda 2 eisceachtúil. Fuarthas comhghaolú suntasach idir SSE agus gnóthachtáil inar ghnóthaigh daltaí ó theaghlaigh SSE-ard ina raibh leibhéil airde oideachais ag tuismitheoirí meánscóir níos airde.

Ach oiread le léitheoireacht an Bhéarla, bhí dul chun cinn le sonrú i ngnóthachtáil matamaitice idir MN '09 agus '14 inar sonraíodh níos lú daltaí faoi bhun leibhéal 1 (an leibhéal is ísle) i rang a Dó agus a Sé. Gurb amhlaidh leis an léitheoireacht chomh maith áfach, tá bearnaí le sonrú fós idir scoileanna DEIS agus scoileanna nach bhfuil stádas DEIS acu. Cruthaíodh 50% de dhaltaí i scoileanna DEIS Banda 1 a bheith faoi leibhéal 1 i gcomparáid le níos mó ná leath den figiúr sin i scoileanna nach bhfuil stádas DEIS acu.

Féachadh ar dhaltaí atá i mbaol agus na tacaíochtaí ar fáil dóibh i MN '14 agus sonraíodh go gcuirtear níos mó tacaíochtaí ar fáil don Bhéarla ná mar a chuirtear ar fáil don mhata. Ba léir seo ach go háirithe i scoileanna DEIS Banda 1 ina bhfuair 19% de dhaltaí rang a Dó tacaíocht foghlama/teanga don Bhéarla agus 7% tacaíocht don mhata.

Tá míbhuntáiste oideachais tar éis a bheith go mór ar an gclár taighde ó bunaíodh an Foras Taighde ar Oideachas sna 60aidí (Kellaghan, 1977; Kelly agus Kellaghan, 1999; Kellaghan et al., 1995; Ryan, 1999; Weir et al., 2002a, 2002b). Is i 2007 a tosaíodh ar iniúchadh neamhspleách a dhéanamh ar an gClár Tacaíochta Scoile[8] mar chuid den chlár DEIS i mbunscoileanna agus iarbhunscoileanna tar éis don Roinn Oideachais agus Scileanna an clár a thabhairt isteach (2006/07). Tháinig an clár DEIS i gcomharbacht ar chláir eile a dhírigh ar mhíbhuntáiste oideachais; *Giving Children an Even Break* (2000), *Breaking the Cycle* (1996) agus *The Disadvantaged Areas Scheme* (1990). An phríomhdhifríocht atá le sonrú sa chlár DEIS i gcomparáid lena chuaigh roimhe ná go bhfuil béim níos treise ar phleanáil ag leibhéal na scoile agus ar ghníomhaíochtaí a spreagann scileanna litearthachta agus uimhearthachta trí chláir ar nós *First Steps* agus *Reading Recovery* a chur i bhfeidhm.

Ó shin i leith tá monatóireacht leanúnach ar DEIS  agus impleacht an chláir ar dhaltaí faoi scrúdú ina léiríonn sonraí gur tháinig ardú suntasach ar ghnóthachtáil dhaltaí i scoileanna uirbeacha DEIS sa léitheoireacht agus sa mhata i rang a Dó agus a cúig idir 2007 agus 2010. Nuair a rinneadh athscrúdú ar an sampla de scoileanna uirbeacha úd i 2013 (Weir & Denner, 2013), sonraíodh gur tógadh ar na sochair a tuairiscíodh idir 2007 agus 2010, ach go háirithe sna ranganna sóisearacha i scoileanna a raibh leibhéil dháiríre mhíbhuntáiste acu. Tuairiscíodh níos lú daltaí sa staidéar a bheith faoi bhun an 10ú peircintíl agus torthaí seasmhacha maidir leis na daltaí úd a sonraíodh ardghnóthachtáil leo sa léitheoireacht agus sa mhata. Is díol spéise í i gcomhthéacs an dá chéim de mheasúnaithe (2010 & 2013) gur tharla forbairtí gnóthachtála in ainneoin fachtóirí a d’fhéadfadh impleacht diúltach a bheith acu ar ghnóthachtáil agus dhul chun cinn, cur i gcás, ardú bochtaineachta, níos lú díolúine i measc dhaltaí laga, freastal níos fearr ar scoil a chiallaíonn go mb’fhéidir go raibh níos mó dhaltaí ar chumas íseal san áireamh sa tástáil, níos mó daltaí le teanga eile seachas an Béarla nó an Ghaeilge acu sa bhaile agus ardú i líon na ndaltaí sna ranganna. Tugann na torthaí seo le fios go raibh ag éirí go han-mhaith le cur i bhfeidhm an chláir sna blianta tosaigh.

Thit an cheathrú bhabhta de mheasúnaithe amach i 2016 arís i scoileanna uirbeacha (Kavanagh, Weir & Moran, 2017) ach anuas ar chúrsaí ghnóthachtála cuireadh san áireamh dearcadh na ndaltaí i leith na scoile, ionchais agus ardmhianta oideachais agus conas mar a chaitheann siad a gcuid ama saor ón scoil. Fuarthas comhghaolú fabhrach i leith caidreamh gníomhach an dalta leis an scoil, mianta dul ar aghaidh sa chóras oideachais agus meonta níos dearfaí le torthaí oideachais. Bhí ardú suntasach le sonrú in ionchais agus mianta dhaltaí dul ar aghaidh sa chóras oideachais idir 2007 agus 2016 agus bhí líon na ndaltaí a shonraigh gur thaitin scoil leo ag teacht leis an treocht náisiúnta de scoileanna nach bhfuil páirteach san CTS (MN ’14). Tuairiscíodh dul chun cinn sa ghnóthachtáil ar bhonn measartha i 2017 i gcomparáid leis an dul chun cinn a tuairiscíodh idir 2010 agus 2013. Ar an iomlán idir 2007 agus 2016 bhí forbairt níos mó le sonrú sa mhatamaitic ná mar a bhí sa léitheoireacht. Sonraíodh scóir níos airde i scoileanna DEIS Banda 2 ná Banda 1, mar a bhí i gcás staidéir eile chomh maith, agus i gcásanna áirithe bhí ráta gnóthachtála na scoileanna i mBanda 2 ag an noirm náisiúnta don chéad uair.

Léiríonn an taighde atá déanta i scoileanna uirbeacha agus scoileanna tuaithe (Weir & McAvinue, 2013) go bhfuil difríochtaí le sonrú idir thréithe socheacnamaíocha agus ghnóthachtáil sa dá chomhthéacs. Is cosúil go bhfuil tionchar ag ról an tuismitheora sa bhaile i gcur chun cinn an oideachais, ar dhaltaí faoin tuath, sa chaoi ina mbíonn teacht acu ar ábhair oideachais agus go gcaitheann siad níos mó ama i mbun gníomhaíochtaí oideachasúla. I gcás daltaí uirbeacha, fuarthas amach go raibh níos mó ama saor místruchtúrtha acu ar ríomhairí srl. a raibh tionchar diúltach ar thorthaí oideachais.

I dtuairisc McCoy et al. (Growing Up in Ireland, 2012c) a dhíríonn ar thionchar baile, scoile agus pobail ar an bhfoghlaim i measc pháistí 9 mbliana d’aois agus na gníomhaíochtaí a mbíonn siad páirteach iontu, tuairiscíodh difríochtaí i ngníomhaíochtaí seach-scoile dhaltaí ó chúlra socheacnamaíoch ísle (a aithníodh de réir cárta leighis a bheith ag an gclann). Tá níos mó seans ann go mbeadh páistí ó chúlraí SSE-ard bainteach le gníomhaíochtaí cultúrtha agus líonrú sóisialta lasmuigh den scoil. Aithníodh daltaí gaelscoile mar an ghrúpa is lú seans a bheith páirteach i ngníomhaíochtaí teilifíse/spóirt ach a bheith rannpháirteach go mór i ngníomhaíochtaí cultúrtha.

8 Clár ina mbíonn scoileanna páirteacha i dteideal réimse de thacaíochta éagsúla ar nós maoiniú breise, clár litearthachta agus uimhearthachta, seirbhís scoile-baile srl. Iarradh ar scoileanna pleananna a fhorbairt i réimsí áirithe deacrachta mar chuid de riachtanais an chláir.

## 1.4 Tionchar Stádas Socheacnamaíoch ar Chúrsaí Oideachais agus Foghlama Teanga

Feictear imní á léiriú le fada an lá sa litríocht idirnáisiúnta faoi thearcghnóthú oideachais dhaltaí ó chúlraí socheacnamaíocha ísle i gcomparáid le daltaí atá faoi phribhléid. Tugtar go leor suntais i réimsí sóisialta agus síceolaíocha don SSE i leith forbairt an pháiste, léiriú acadúil san áireamh (Brooks-Gunn & Duncan, 1997; Bornstein & Bradley, 2003) ina nglactar leis go mbíonn impleacht ag an gcomhthéacs sóisialta ar léiriú foghlama an dalta. Bhain Chiu agus McBride Chang (2006) i staidéar de chuid PISA (Programme for International Student Assessment) (OECD, 2006) tátal as staidéar ar léiriú léitheoireachta i measc 199,097 dalta, ag aois cúig bliana déag, i 43 tír go bhfuil comhghaol dearfach idir SSE an teaghlaigh, SSE teaghlaigh chomhscoláirí, méid na leabhar sa bhaile agus taitneamh a bhaint as an léitheoireacht le léiriú léitheoireachta an dalta indibhidiúil. I staidéar PISA dealraíonn sé go bhfuil tionchar láidir ag SSE dhaltaí agus scoileanna ar léiriú foghlama ach go bhfuil daltaí ann ó chúlraí SSE ísle a sháraíonn bacainní agus go bhfuil an-tionchar ag SSE na scoile fiú i measc siúd le SSE íseal sa bhaile.

Samhlaítear tearcghnóthú go minic le heaspa scileanna teanga ag lucht SSE íseal a chuireann srian lena léiriú foghlama. Tarraingíodh aird ar éagsúlacht chumais teanga pháistí ó chúlraí socheacnamaíocha arda agus ísle ar dtús i Sasana le linn na 60aidí (Bernstein, 1960) agus leanadh den spéis na dhiaidh sin a d'ardaigh ceisteanna agus plé faoi fhorbairt luath teanga an pháiste agus dhíothacht teanga i measc an aicme oibre (Tough, 1977; Tizard agus Hughes, 1984). Chuir White (1982) sna Stáit Aontaithe staidéar meitea-anailíseach i gcrích ar an litríocht a foilsíodh roimh 1980 a bhain le SSE agus léiriú acadúil a léirigh go n-athraíonn tionchar SSE ar an léiriú acadúil go mór ag brath ar fhachtóirí ar nós na modhanna measúnaithe a úsáideadh do staidéir éagsúla agus leibhéal bochtaineachta na rannpháirtithe. Faoin am inar rinneadh staidéar meitea-anailíseach eile ar ailt irisí acadúla a foilsíodh idir 1990 agus 2000 a bhain le SSE agus léiriú acadúil áfach, bhí neamhréireacht le sonrú san anailís, idir staidéir a fuair gaol láidir idir SSE agus léiriú acadúil agus iad siúd nach bhfuair aon nasc suntasach (Sirin, 2005: 417). Ar an iomlán, áfach, tuairiscíodh nasc meánach-láidir a bheith idir SSE agus gnóthachtáil.

Aithnítear sa litríocht na hathruithe a tharla thar na blianta a d'fhéadfadh tionchar a imirt ar thorthaí staidéir a fhiosraíonn an ghaol idir SSE agus léiriú acadúil i dtéarmaí an chaoi ina dhéantar SSE a aithint (McLoyd, 1998; Sirin, 2005). Cuir i gcás go gcuirfí fachtóirí oideachais agus oibre a bhaineann leis an máthair chomh maith leo siúd atá bainteach leis an athair san áireamh a thugann aitheantas d'athruithe sa tsochaí, sé sin próifíl oideachais tuismitheoirí ag athrú. Tosaíodh chomh maith ag cur fachtóirí san áireamh a d'fhéadfadh tionchar a bheith acu ar an ngaol idir SSE agus léiriú acadúil, cuir i gcás eitneagrafaíocht. Aithníonn staidéar Demie agus Lewis (2011) aicme oibre an chine gheal i Sasana mar chohórt a ghnóthaíonn torthaí oideachasúla níos ísle ná grúpaí eitneacha eile, ina mbíonn impleacht ag difríochtaí sóisialta ar na torthaí míshásúla.

Tá tuiscint ann go mbíonn tionchar ag SSE ar mhúnlú forbartha teanga an pháiste a bhíonn ceangailte go láidir le saibhreas sóisialta, eacnamaíocha agus cultúrtha i gcúlra an pháiste (Molloy et al., 2016: 214). Ba é Coleman (1988) ar dtús a chuir an coincheap '*social capital*' i láthair sa teoiric shóisialta agus a rinne anailís ar an tionchar a bhíonn ag saibhreas sóisialta ag leibhéal an teaghlaigh, an phobail agus an oideachais ar fhorbairt an pháiste. Is ionann caipiteal cultúrtha ('*cultural capital*') i gcúrsaí oideachais agus caipiteal i dtéarmaí airgeadais sa tsochaí lasmuigh den scoil (Bourdieu 1991). Áitíonn Hoff (2006) go dtacaíonn gach comhthéacs sóisialta daonna leis an luathshealbhú teanga ach go bhforbraítear ar an sealbhú ag rátaí agus bealaí éagsúla ag brath ar an timpeallacht. Tugann staidéir áirithe le tuiscint go bhfuil ráta forbartha foclóra agus ruthag forbartha níos moille ag páistí le SSE íseal (Hart & Risley, 1992, 2003). I staidéar a rinne scrúdú ar luathshealbhú foclóra trí labhairt na máthar, sonraíodh ráta forbartha foclóra níos tapúla i measc páistí óga SSE ard i gcomparáid le páistí le SSE íseal (Hoff, 2003). Tá nasc faighte idir luathchumas teanga sa tréimhse réamhscolaíochta agus gnóthachtáil níos faide anonn (Walker et al., 1994). I staidéar rídhéanaí Neuman et al. (2017) féachtar ar réimsí srianta teanga sa bhaile, comhthéacs SSE na scoile agus na hacmhainní atá ar fáil do pháistí réamhscoile, a shonraíonn an míbhuntáiste dúbailte (baile agus scoil) a bhaineann le páistí ó chúlraí bochta i gcomparáid lena bpiaraí ó chúlraí nach bhfuil chomh bocht céanna.

Tá peirspictíocht eile ar fáil sa litríocht, áfach, a aithníonn na difríochtaí i stíl agus réimeanna teanga dhaltaí le SSE íseal in áit easnaimh nó díothacht sa T1. Sé sin go n-úsáidtear réimsí teanga níos teoranta i gcomhthéacsanna sóisialta an lucht oibre nach luíonn le spriocanna acadúla. Arís ba é saothar Bernstein (1958, 1960) a rinne céadthrácht ar na difríochtaí teangeolaíocha agus foirm labhartha a mhaireann idir grúpaí sóisialta le stádas éagsúla agus a d'fhorbair teoiric ina dhiaidh sin ar thionchar cumhachtach an chórais oideachais agus 'cóid' sóisialta ar athghiniúint aicmí sóisialta (Bernstein, 2000). Léirítear meas ar réimeanna caighdeánaithe teanga sa tsochaí, réimeanna a bhíonn in úsáid ag lucht gairmiúla nó cumhachtacha i gcomparáid le réimsí neamhchaighdeánaithe a bhíonn in úsáid ag aicmí oibrí (Molloy et al., 2016). Bhaist Bernstein an téarma '*elaborate code*' ar an réim teanga a bhaineann le muintir meánaicmeacha a ligean d'úsáideoirí a bheith solúbtha le húsáid na teanga amhail is go mbaineann cainteoirí an lucht oibre úsáid as cód ar a thugtar '*restricted code*' ina mbíonn siad spléach ar an gcomhthéacs, a chuireann srian ar fhorbairt na teanga. D'áitigh Bernstein go bhfuil an chéad chód thuas níos mó in oiriúint d'éilimh chúrsaí oideachais agus aithnítear in áiteanna eile sa litríocht (Foley & Edwards, 1997; Schleppegrell, 2001) na difríochtaí cumasaithe a bhíonn idir pháistí ó chúlraí meánaicmeacha agus ísealaicmeacha dul i ngleic le héilimh oideachais mar gheall ar phátrúin teanga dúchasacha.

In Éirinn, tugtar go leor suntais don chomhthéacs sóisialta i ngnóthachtáil oideachais agus i bhforbairt pháistí (Sofroniou et al., 2004; McCoy et al., 2012; Ní Chlochasaigh, Ó Duibhir & Shiel, 2018) ina dtugann roinnt staidéar suntas don impleacht, más ann dó, a bhíonn ag stíl teanga an aicme íseal ar thorthaí oideachais. Fuarthas amach i staidéar Cregan (2007) a dhéanann idirdhealú idir dhifríochtaí sa stíl teanga agus a bheith faoi mhíbhuntáiste, go bhfuil níos lú patrúin den stíl litearthachta le sonrú i gcaint pháistí i scoileanna míbhuntáiste ach go bhfuil feasacht an-ard ina measc maidir leis na patrúin teanga a shamhlaíonn scoileanna 'luach' leo. Pléann MacRuairc (2011b) an gradam a shamhlaítear le réimeanna caighdeánaithe teanga i ngort an oideachais ina dhéanann sé iniúchadh ar úsáid agus dearcadh pháistí i leith éagsúlacht stíle teanga. Aithníonn sé 6 chineál stíle éagsúla bunaithe ar phátrúin úsáide na bpáistí, cuir i gcás teanga chrua nó ionsaitheach, agus an chaoi ina léiríonn siad feasacht mheiteachognaíoch maidir leis na stíleanna teanga a tharraingíonn siad chucu féin i gcomhthéacsanna sóisialta ísealaicmeacha i gcomparáid leis an réim teanga a bhíonn in úsáid ag múinteoirí sa scoil. Maidir le cumas teanga, léiríonn taighde déanaí Molloy et al. (2016) an bhaint bheag idir SSE agus cumas teanga labhartha pháistí sna naíonáin shóisearacha i scoileanna a bhfuil agus nach bhfuil stádas DEIS acu, i dtéarmaí ollfhorbairt teanga, ilghnéitheacht foclóra agus forbairt comhréire. Ní mór a thabhairt faoi deara sa staidéar úd, áfach, gur samplaí de shaorchaint chumarsáideach na ndaltaí i scoileanna le nó gan stádas DEIS a úsáideadh don tástáil agus nach trialacha caighdeánaithe a úsáideadh.

Déanann léirbhreithniú déanaí Weir et al. (*Addressing Educational Disadvantage* 2017) scagadh agus iniúchadh criticiúil ar sé straitéis a aithnítear sa litríocht a bheith éifeachtach chun dul i ngleic le míbhuntáiste oideachais agus féachtar ar na straitéisí sin i gcomhthéacs cleachtais agus polasaithe oideachais in Éirinn. Is iad na straitéisí éifeachtacha atá aitheanta ná líon na ndaltaí i ranganna a laghdú, cur ar fáil na réamhscolaíochta, an fhorbairt ghairmiúil, rannpháirtíocht tuismitheoirí, cláir foghlama samhraidh agus ionchais mhúinteoirí. Aithnítear sa léirbhreithniú an t-aitheantas a thugtar sa litríocht ar luath-thionchar SSE i saol an pháiste agus dá bhrí sin an géarghá a bhaineann le hidirghabháil luath, cur i gcás réamhscolaíocht éifeachtach nó cláir tacaíochta a dhíríonn ar thuismitheoirí dhaltaí óga. Anuas air sin, tugtar suntas don éifeacht a bhíonn ag líon na ndaltaí sa rang má bhíonn na hacmhainní cuí ar fáil dóibh agus má dhéantar pleanáil chuí. Pléitear gníomhaíochtaí tuismitheoirí ar nós a bheith ag léamh le páistí sa bhaile agus ag cur chun cinn obair bhaile mar nósanna a mbíonn tionchar fíordhearfach acu ar thorthaí oideachais, thairis gníomhaíochtaí eile ar nós a bheith bainteach le himeachtaí scoile. Níl an nasc idir fhorbairt ghairmiúil mhúinteoirí agus thorthaí oideachais dhaltaí chomh soiléir céanna ach mar sin féin aithnítear forbairt ghairmiúil ardcháilíocht a spreagann foghlaim ghníomhach, rannpháirtíocht chuimsitheach srl. mar chuid den ollstraitéis a bhaineann le dul i ngleic le míbhuntáiste oideachais. Nochtar go mbaineann páistí le SSE-íseal níos mó buntáiste as cláir tacaíochta samhraidh ná aon chohórt eile páistí. Dearbhaíodh go mbíonn ionchais níos lú ag múinteoirí i leith dhaltaí ó chúlraí bochta ná mar a léirítear é i sonraí na dtorthaí.

Díríonn eagrán déanaí den iris SYSTEM (Butler, Sayer & Huang, 2017) ar aicme sóisialta agus foghlaimeoirí óga teanga mar théama ina n-ardaítear ceisteanna reatha tábhachtacha maidir le himpleacht stádas socheacnamaíoch ar shealbhú an Bhéarla mar T2. Féachann Butler agus Le (2017) ar tionchar SSE tuismitheoirí Síneacha ar fhoghlaim Bhéarla a bpáistí thar tréimhse trí bliana. Fuarthas gaol láidir idir SSE an tuismitheora agus tosca atá bainteach le sealbhú an Bhéarla ar nós dearcadh an tuismitheora i leith ról an Bhéarla, leabhair Shíneacha ar fáil sa bhaile, stíl tuismitheora, rannpháirtíocht tuismitheoirí i dtaithí foghlama an pháiste, agus dearcadh agus ionchais tuismitheoirí maidir le cumas an pháiste sa Bhéarla. Rinneadh scrúdú i dtaighde Huang et al. (2017) ar an tomhas go bhféadfaí a dhéanamh ar thorthaí foghlama nó léiriú teanga óigeantacht bunaithe ar SSE an duine óig agus an ionchur a fhaigheann siad sna luathbhlianta. Léirigh na torthaí go mbíonn tionchar ar SSE agus ionchur an pháiste ar léiriú teanga ach go raibh difríochtaí le sonrú sna torthaí ag brath ar ghnéithe teanga ar nós cruinneas, líofacht srl. Pléann Kuchah (2017) cás Cameroon agus na dúshláin a bhaineann le rannpháirtíocht tuismitheoirí Frainciseoirí in oideachas Béarla a bpáistí ceal cumas teanga sa Bhéarla. Ardaíonn Murphy (2017) plé maidir le cumhacht an oideachais mar uirlis i gcothromú sochaíoch nó i bhfocail eile go dtugann cúrsaí oideachais deiseanna saoil do pháistí ó aicmí agus ó chúlraí éagsúla. Tugann Sanjurjo et al. (2017) suntais do SSE i réimsí an FCÁT[9], ábhar nach bhfuil mórán suntais tugtha do roimhe seo sa litríocht in ainneoin an tionchar láidir a d'fhéadfadh a bheith ag SSE ar chúrsaí foghlama trí mheán an dara teanga.

Is ceist tábhachtach í an tionchar a bhíonn ag SSE ar chúrsaí oideachais pháistí atá go mór ar an gclár taighde domhanda, mar atá léirithe thuas. Ní mór féachaint ar an ngaol atá aitheanta idir SSE agus cúrsaí oideachais agus foghlaim teangacha go ginearálta sular dtuigfí an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag aicmí sóisialta ar an gcóras tumoideachais in Éirinn. Díreofar ar cheist phráinneach sa chéad chuid eile a bhaineann le gné ar leith a d'fhéadfadh ról a imirt sa tionchar sin; lagshealbhú an Bhéarla mar chéad teanga agus an toradh iarmhartach ar fhoghlaim trí mheán an dara teanga.

## 1.5 Lagchumas sa T1 agus Stádas Socheacnamaíoch íseal i gcúrsaí Tumoideachais

Sa taighde Cheanadach, tugtar go leor léargas ar dhaltaí atá i mbaol sa chóras tumoideachais, daltaí le heasnaimh sa chéad teanga agus le SSE íseal san áireamh (Genesee, 1992, 2004, 2007; Genesee & Fortune, 2014). Aithnítear an gaol láidir idir scileanna an pháiste sa chéad teanga ag tús na scoile agus rath an pháiste sa dara teanga agus san acadúlacht go ginearálta (Cummins, 2000). Is minic imní á léiriú i measc oideachasóirí, lucht deartha pholasaithe agus tuismitheoirí maidir le hoiriúnacht an tsuímh tumoideachais do pháistí atá i mbaol agus eascraíonn an tuairim go bhfuil an córas dátheangach ag cur ualach ar an bpáiste atá ag streachailt cheana féin (Genesee & Fortune, 2014). De réir na litríochta, d'fhéadfadh dalta a bheith i mbaol ar chúiseanna éagsúla a chuimsíonn ísealchumas go ginearálta, deacrachtaí foghlama nó riachtanais speisialta oideachais, lagchumas sa chéad teanga, SSE íseal agus stádas eithneach. Díreofar sa chuid seo den léirbhreithniú áfach ar thionchar SSE agus lagchumas teanga sa suíomh tumoideachais.

Léirítear i litríocht an tumoideachais, i gCeanada agus lasmuigh de, go mbaineann an dalta tumoideachais cumas níos éifeachtaí amach sa T2 ná daltaí a fhoghlaimíonn an T2 go tánaisteach (Lambert & Tucker, 1965; Swain & Lapkin, 1982; Genesee, 1987). Bhain staidéir Bruck (1978, 1982) tátal amach go n-éiríonn chomh maith céanna le daltaí atá faoi bhac teanga a bhíonn ag freastal ar an gcóras tumoideachais is a n-éiríonn lena bpiaraí sa ghnáthchóras oideachais. Cé go bhforbraíonn siad ar ráta níos moille agus go mbaineann siad amach torthaí níos ísle ná a bpiaraí nach bhfuil faoi mhíchumas teanga, faoi mar a bheadh fíor in aon chóras oideachais, baineann siad amach cumas níos fearr sa dara teanga agus na buntáistí a shamhlaítear leis an dátheangachas. D'áitigh Bruck gur féidir le páistí atá faoi bhac teanga buntáiste a bhaint as an gcóras tumoideachais agus nár cheart nach bhfaighidís an deis toisc srianta teanga a bheith acu sa T1. Thairis sin, thug sí suntas d'oiriúnacht an chórais do dhaltaí faoi bhac teanga toisc an stíl foghlama teanga nádúrtha a éilíonn sé i gcomparáid le foghlaim struchtúrtha de ghlan mheabhair a bhíonn i bhfeidhm sa ghnáthchóras a chruthaíonn fadhbanna do dhaltaí a bhfuil deacrachtaí teanga acu. Aithnítear

9 FCÁT: An Fhoghlaim Chomhtháite Ábhar agus Teangacha. Is cur chuige córasach é FCÁT a chuimsíonn ábhair acadúla na scoile agus sealbhú na sprioctheanga araon (Ó Laoire, 2010).

mar sin na buntáiste a bhaineann leis an tumoideachas do dhaltaí atá faoi bhac teanga agus ní deacrachtaí mar gheall ar freastal ar an gcóras.

Nuair a cuireadh SSE san áireamh, chuir staidéar Tucker et al. (1972) in iúl nach gcuireann sé lagar ar chéad teanga an pháiste freastal ar chóras tumoideachais Francach ach go bhféadfaí scileanna teanga Béarla na ndaltaí tumoideachais a chuir i gcomparáid le daltaí i gcórais oideachais Béarla, nuair a áirítear tosú déanach ar léitheoireacht an Bhéarla i scoil an tumoideachais sna torthaí. Treocht coitianta a mhair i measúnú Béarla dhaltaí ó chúlraí socheacnamaíocha ísle a bhí ag freastal ar an ngnáthchóras oideachais agus ar an gcóras tumoideachais ná gur ghnóthaigh na daltaí sa ghnáthchóras scóir níos airde sa Bhéarla ach nuair a thosaigh na daltaí tumoideachais ar léamh an Bhéarla, is beag difríochta a bhí le sonrú idir an dá ghrúpa. I staidéir eile de chuid Bruck et al. (1975, 2015), fuarthas amach go mbaineann daltaí ó chúlraí socheacnamaíocha íseal sa suíomh tumoideachais an cumas céanna amach maidir lena bhforbairt sa T1 is a bhaineann daltaí ó chúlraí céanna nach bhfuil ag freastal ar an gcóras tumoideachais (Bruck et al., 1975, 2015). Tugann staidéar Holowbow et al. (1991) le fios nach mbíonn baint ag difríochtaí indibhidiúla a bhaineann le SSE le sealbhú scileanna cumarsáide idirphearsanta neamhacadúla cé go mbaineann SSE le sealbhú na litearthachta sa dara teanga. Fuarthas amach go ginearálta áfach go bhfuil páirt-thumadh luath ina modh éifeachtach oideachais do dhaltaí le SSE íseal a d'fhéadfadh a bheith i mbaol chliseadh acadúil murach na deiseanna a chuireann an tumoideachas ar fáil dóibh.

Tá an fhianaise ó na Stáit Aontaithe ag teacht go mór leis an bhfianaise Cheanadach thuas. Sonraíodh i staidéir Lindholm-Leary agus a comhghleacaithe go bhfuil an córas tumoideachais (Béarla agus Spáinnis) éifeachtach do dhá chohórt dhaltaí SSE íseal; iad siúd a bhfuil mórtheanga an Bhéarla mar T1 acu agus daltaí a labhraíonn an Spáinnis mar chéad teanga (Lindholm-Leary agus Howard, 2008; Lindholm-Leary agus Block, 2010). Bhain an dá ghrúpa cumas ard amach sa dá theanga agus d'fhorbair siad ar an mbonn céanna le daltaí ó chúlraí cosúla nach raibh ag freastal ar an gcóras tumoideachais. Tuairiscíodh i staidéar Caldas agus Boudreaux (1999) nárbh constaic í SSE íseal ar léiriú foghlama éifeachtach (Mata agus Béarla) dhaltaí T1 an Bhéarla a bhí ag freastal ar chóras tumoideachais Francaigh sna Stáit Aontaithe.

## 1.6 Scothroghnachas sa Chóras Tumoideachais

Tosaíodh ag ardú suime in oiriúnacht an tumoideachais do gach dalta agus i ndaltaí a d'fhéadfadh a bheith i mbaol sa chóras tumoideachais i gCeanada sna 70aidí toisc an taighde a tháinig roimhe a bheith bainteach go príomha le daltaí meánaicmeacha le hinniúlacht meánach go hard. Ach oiread leis an gcóras tumoideachais in Éirinn sna luathbhlianta mar sin (Ó Riagáin, 1979), bhí an baol ann go bhféachfaí ar an tumoideachas mar chóras scothroghnach a fhreastalaíonn ar theaghlaigh meánaicmeacha amháin (Genesee, 1976). Faoi na 80aidí bhí cáineadh fós ann go raibh an córas tumoideachais Fraincise neamhionadaíoch ar dhaonra dhaltaí ó chúlraí socheacnamaíoch níos leithne ach go raibh an córas deartha ag tuismitheoirí meánaicmeacha chun freastal ar a bpáistí agus ar theaghlaigh eile ó chúlraí meánaicmeacha (Hart & Lapkin, 1988):

> French immersion is seen as a vehicle for upper-middle class parents to pass on their social-class status to their children by providing them with an invaluable, socially differentiating career asset, that is, bilingualism (Hart agus Lapkin 1988: 384).

In Éirinn, tá plé déanta ar scothroghnachas teangeolaíoch ina dhéantar argóint go bhfuil níos mó seans ann go mbeadh Gaeilge ag an té faoi bhuntáiste ná buntáiste a bheith ag an té a labhraíonn Gaeilge (Watson & Nic Ghiolla Phádraig, 2011).

I bhfianaise stair an tumoideachais i gCeanada mar sin, is díol spéise é go léiríonn na staidéir ar dhaltaí atá i mbaol go gnóthaíonn daltaí le SSE íseal cumas chomh maith céanna lena macasamhail sa ghnáthchóras nó daltaí le SSE atá níos airde (Genesee, 1992). Cruthaíodh an córas tumoideachais mar mheán oideachais éifeachtach do dhaltaí ó chúlraí éagsúla a fhreastalaíonn ar riachtanais indibhidiúla dhaltaí. Áiríonn Genesee (1992; 2004) go mbeadh sé mí-eiticiúil páiste a chur as an áireamh don chóras tumoideachais toisc é a bheith i mbaol.

## 1.7 Riachtanas Speisialta Oideachas agus Deacrachtaí Foghlama

Déanfar scagadh sa chuid seo den léirbhreithniú ar an litríocht a bhaineann le cleachtais agus soláthar oideachas speisialta sa chóras oideachais in Éirinn, i gcomhthéacs shealbhú an dara teanga agus i gcás an tumoideachais i gcian is i gcóngar.

### 1.7.1 RSO agus an Comhthéacs Oideachais Bunscoile in Éirinn

Féachfar ar na treochtaí RSO in earnáil an oideachais go ginearálta chun léargais a fháil ar chleachtais agus ar sholáthair an oideachais speisialta beag beann ar chomhthéacs na scoile. Cuirfear ar chumas an léirbhreithnithe ar an mbonn seo comparáid a dhéanamh idir sholáthar an oideachais speisialta go ginearálta agus é sin sa chomhthéacs tumoideachais. Is í An Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta (CNOS) atá freagrach as cuid mhaith den taighde dúchais ar mhórscála atá curtha i gcrích.

Rinneadh anailís i staidéar Banks agus McCoy (2011) ar leitheadúlacht RSO san earnáil oideachais ina n-aithníonn na húdair an méadú drámatúil i méid na bpáistí a bhfuil RSO acu go hidirnáisiúnta mar gheall ar chúrsaí oideachais a bheith ag dul go mór i dtreo an oideachais ionchuimsithigh ag an am, a chiallaigh gur aithníodh níos mó páiste a bhfuil RSO acu. Athraíonn ráta na leitheadúlachta go mór ag brath ar an sainmhíniú a thugtar ar RSO a fhágann go mbíonn bearnaí eolais sa phleanáil a dhéantar don oideachas speisialta. Áiríodh daltaí le teorannú ag aon leibhéal déine de réir sainmhíniú Act ESPEN (*Education for Persons with Special Educational Needs* 2004) in anailís Banks agus McCoy a léiríonn ráta na leitheadúlachta ag 25% ina mbíonn níos mó buachaillí ná cailíní san áireamh san fhigiúir sin. Tuairiscíodh sa staidéar go raibh níos mó seans ann go mbeadh daltaí le deacrachtaí uimhearthachta, litearthachta nó le neamhoird iompair agus mothúchánacha ag freastal ar scoileanna míbhuntáiste (DEIS) agus níos lú seans go mbeidís ag freastal ar ghaelscoileanna. Aithníodh sna sonraí líon mór daltaí, ach go háirithe buachaillí, a bhfuil RSO acu i scoileanna uirbeacha DEIS Banda 1.


Rinneadh iniúchadh ar rannphháirtíocht ghníomhach, dul chun cinn agus torthaí foghlama pháistí RSO i staidéar Douglas et al. (2012) a thugann léargas ar conas mar a bhí ag éirí le páistí RSO sa chóras oideachais ag an am. Déanann na húdair moltaí maidir le freastal ar dhaltaí le RSO bunaithe ar thorthaí an staidéir a chuimsíonn measúnú ionchuimsithigh, measúnaithe ag leibhéil éagsúla cuí do dhaltaí le RSO, agus an straitéis uimhearthachta agus litearthachta a chur in oiriúint trí cuir chuige comhroghnacha measúnaithe do dhaltaí le RSO.

Rinneadh scrúdú i dtaighde Kinsella et al. (2014) ar leithdháileadh acmhainní do pháistí le RSO san earnáil oideachais. Cé gur tuairiscíodh sásaimh i measc príomhoidí scoile agus múinteoirí RSO maidir le héifeacht leithdháileadh acmhainní, áiríodh cúrsaí ama agus riarachán sa phróiseas a bheith iomarcach agus ina gcoimhlint leis an méid ama a chaitear ar an rannphháirtíocht. Sonraíodh míshásamh chomh maith maidir le heaspa rannphháirtíochta scoileanna sa phróiseas i gcás cinntí a dhéanamh agus míchothromaíocht sa soláthar tacaíochtaí do dhaltaí le deacracht foghlama ginearálta éadrom ag leibhéal dian.

Cuirtear faisnéis ar fáil i staidéar Rose et al. (2015) ar chur i bhfeidhm polasaí oideachais ionchuimsithigh. Tuairiscíodh forbairt sa soláthar RSO i mbunscoileanna ag an am ina raibh 91% de scoileanna a d'fhorbair polasaithe RSO agus 82% a chruthaigh pleananna oideachais indibhidiúla. Léiríodh bearnaí móra a bheith sa chóras chomh maith, áfach, i dtéarmaí rochtain tráthúil agus cuí ar mheasúnaithe, infhaighteacht ar thacaíochtaí teiripeacha agus frustrachas i dteacht ar sheirbhísí síceolaíochta. I staidéar Rose et al. (2015) agus Kinsella (2014) sonraíodh daltaí a thógaint amach ón rang ar an gcur chuige is coitianta i scoileanna chun tacaíocht foghlama / acmhainne a chur ar fáil.

Tugann staidéar *Growing Up in Ireland* Cosgrove et al. (2014) eolas ar thaithí agus ar thorthaí oideachais pháistí naoi mbliana d'aois le RSO sa chóras bunoideachais in Éirinn, bunaithe ar eolas ó na páistí iad féin, a dtuismitheoirí, a múinteoirí agus a bpríomhoidí. Aithníodh 8 ngrúpa de pháistí le RSO sa staidéar ag brath ar a riachtanais agus sonraíodh ráta na leitheadúlachta i ngach cás (féach thíos). Bhain 30% de pháistí le níos mó ná grúpa amháin agus mar sin leathnaíodh na grúpaí thar dhá ghrúpa déag ina dtugtar sonraí thíos maidir le céatadán na ndaltaí a sonraíodh na deacrachtaí a bheith acu sa staidéar.

**Figiúr 1.1:** Ráta na leitheadúlachta i leith réimse de dheacrachtaí / riachtanais speisialta bunaithe ar shonraí Cosgrove et al. 2014, staidéar GUII




I gcás scóir thrialacha do léitheoireacht an Bhéarla agus don mhata, léiríonn an staidéar go gnóthaíonn daltaí le RSO scóir níos ísle ná daltaí gan RSO ach go mbíonn an-éagsúlacht le sonrú de réir grúpaí éagsúla deacrachta / riachtanas. Sonraíodh mar shampla scóir níos ísle ag daltaí le suaitheadh mothúchánach / neamhoird iompraíochta agus le deacracht foghlama éadrom, daltaí le deacracht foghlama sainiúil, daltaí le disléicse agus deacrachtaí sóisialta, mothúchánacha nó neamhord iompair (SM / NI). Maidir le hionchais mhúinteoirí, fuarthas amach go bhfuil níos mó seans ann go samhlódh múinteoir dalta le RSO a bheith faoi bhun an mheáin agus i gcás 8% de dhaltaí le RSO go ndearna múinteoirí meas faoina gcumas nuair a cuireadh i gcomparáid iad leis na scóir a ghnóthaigh na daltaí RSO sa triail léitheoireacht. Bhí an toradh céanna le sonrú i measc tuismitheoirí dhaltaí le RSO sa léitheoireacht agus sa mhata. Léiríodh ionchais níos ísle i measc tuismitheoirí maidir lena bpáistí le RSO ag dul ar aghaidh sa chóras oideachais go dtí an tríú leibhéal, 53% a nocht seo i gcomparáid le tuismitheoirí dhaltaí gan RSO a bhí ag 78%. Nochtadh sa staidéar nach dtaitníonn an scoil agus ábhair scoile chomh mór céanna le daltaí a bhfuil RSO acu is a thaitníonn le daltaí gan RSO agus go mbíonn ráta freastail níos ísle le sonrú i measc siúd le RSO. Rinneadh tástáil ar sonas agus folláine na ndaltaí (*The Piers-Harris Measure*) a dhéanann buairt, sonas agus sásamh, cuma fisiciúil agus tréithe fisiciúla, stádas scoile agus intleachtúil agus cáil a mheas. Sonraíodh daltaí le RSO a bheith níos ísle go suntasach sna scóir a bhain le gach gné den tástáil ach amháin sa chuid sin a bhain le cuma fisiciúil agus tréithe fisiciúla ina raibh ach difríocht beag le sonrú i gcomparáid le daltaí gan RSO. Léiríodh sa taighde go dtuairiscíonn daltaí le RSO agus a dtuismitheoirí tromaíocht a bheith déanta orthu níos minice ná daltaí gan RSO. Sonraíodh an tionchar diúltach is láidre mar thoradh ar an tromaíocht i measc dhaltaí SM / NI agus disléicse le SM / NI. Tuairiscíodh níos lú cairde agus sóisialú i measc dhaltaí le RSO ach go háirithe iad siúd le huathachas, deacracht foghlama sainiúil le SM / NI agus míchumas fisiceach / lagú céadfach le SM / NI nó deacracht eile. Fuarthas neamhspleáchas níos ísle i measc dhaltaí le RSO ach go háirithe daltaí le deacracht foghlama sainiúil le SM / NI agus daltaí le huathachas, i gcomparáid leo siúd gan RSO, bunaithe ar thuairisciú a dtuismitheoirí.

Maidir le tréithe na ndaltaí sa staidéar céanna, bhí níos mó buachaillí (59%) ná cailíní (41%) le RSO ach d'athraigh sé seo thar na grúpaí. Ní raibh mórán éagsúlachta le sonrú thar na grúpaí maidir le líon baill teaghlaigh, tír inar rugadh na páistí nó teanga baile ach sonraíodh níos mó seans a bheith ann go mbeadh daltaí le RSO ach go háirithe deacracht foghlama sainiúil le SM / NI, ina gcónaí i dteaghlaigh aon-tuismitheora agus faoi mhíbhuntáiste go minic. I mbun tástáil ar stádas socheacnamaíoch, cuireadh ceithre ghné tástála san áireamh; scóir SSE innéacs, ioncam leasa shóisialaigh an teaghlaigh, oideachas tuismitheoirí agus brú / strus mar gheall ar chúrsaí airgid a bhraith na tuismitheoirí. Fad is a léiríonn torthaí

go maireann daltaí le RSO i dtimpeallachtaí faoi mhíbhuntáiste go ginearálta i gcomparáid lena bpiaraí gan RSO, tá grúpaí áirithe RSO faoi mhíbhuntáiste go mór thar grúpaí eile. Bhí scóir níos airde ar an innéacs SSE, ioncam níos ísle agus spleáchas ar an leas sóisialta, leibhéal íseal oideachais i measc tuismitheoirí le sonrú i measc dhaltaí le RSO ach go háirithe deacracht foghlama ginearálta le SM / NI agus deacracht foghlama sainiúil le SM / NI. Ag am an staidéir, bhí 40% de dhaltaí le RSO ag fáil tacaíocht amháin nó níos mó (teiripe teanga agus urlabhra, measúnú síceolaíochta, tacaíocht bainistíocht iompair, tacaíocht foghlama / acmhainne) dar le tuairisciú a gcuid múinteoirí. De réir sonraí an taighde, bhí níos mó daltaí le RSO ná gan RSO ag freastal ar scoileanna DEIS Banda 1 agus 2, fad is a bhí cothromaíocht le sonrú idir daltaí le RSO agus gan RSO i scoileanna DEIS tuaithe. D'athraigh an leibhéal deacrachta thar na grúpaí RSO i scoileanna le nó gan stádas DEIS; mar shampla bhí 21% de dhaltaí le SM / NI ard-riosca i scoileanna DEIS Banda 1 i gcomparáid le níos lú ná 2% le disléicse. Bhí impleacht stádas na scoile le sonrú i dtéarmaí acmhainní agus slándála inar sonraíodh acmhainní níos fearr ach timpeallacht níos baolaí ag scoileanna DEIS Banda 1. Rinne príomhoidí leibhéal airde de dheacrachtaí uimhearthachta, litearthachta, mothúchánacha agus iompair a thuairisciú i measc dhaltaí le RSO ina bhfuarthas líon ard dhaltaí a bheith ag freastal ar scoileanna ina raibh ráta na leitheadúlachta ard do na deacrachtaí sin.

I gcéim a dó den staidéar céanna *'Educational Experiences and Outcomes of Children with Special Educational Needs*' (Cosgrove et al., 2018), baineadh úsáid as na sonraí taighde ón gcéad chéim nuair a bhí na páistí rannpháirteacha 9 mbliana d'aois agus féachadh ar na páistí an uair seo nuair a bhí siad 13 bliain d'aois d'fhonn dul chun cinn sna réimsí a tháinig chun cinn sa chéad chéim a thomhas. Ag baint úsáide as sonraí an dá staidéar, aithníodh go raibh RSO ag 17.9% de pháistí ag aois 13 bliain agus RSO ag 26.9% de pháistí ag aois 9 nó 13 nó ag an dá aois, go raibh 8.9% de pháistí le deacrachtaí foghlama ag aois 9 nach raibh acu ag aois 13 agus a 6.8% a raibh a mhalairt fíor dóibh, sé sin go raibh RSO acu ag aois 13 nach raibh acu nó nár aithníodh a bheith acu nuair a bhí siad 9 mbliana d'aois. Léiríonn na torthaí go n-athraíonn rangú na ndeacrachtaí/riachtanas thar am, cuir i gcás daltaí a aithníodh deacracht foghlama ginearálta a bheith acu ag aois 9 go n-aithnítear 44% acu anois a bheith rangaithe mar dhaltaí le deacrachtaí foghlama sainiúla nó deacrachtaí teanga agus urlabhra. Maidir le cúrsaí inscne, d'athraigh na sonraí ina leith thar am leis inar sonraíodh 40.6% de dhaltaí le deacrachtaí foghlama ag aois 9 a bheith ina gcailíní, 40.3% ag aois 9 agus 13 agus 48.7% ag aois 13 amháin. Tuairiscíodh tacaíochta foghlama agus teagasc acmhainne a bheith ina dtacaíochtaí is mó úsáide chun tacaíocht a chur ar fáil do dhaltaí le RSO ag aois 9 agus 13. Arís, léiríodh teaghlaigh aon-tuismitheora a bheith níos comónta i gcás pháistí le RSO (27.3%) i gcomparáid le páistí gan RSO (16.3%) ach go háirithe páistí le SM / NI (35.7%), DFG (34.5%) agus le hUathachas (30.6%).

Cuireann staidéir ar nós na cinn CNOS atá pléite thuas léargais ar fáil ar chleachtais agus ar sholáthair maidir le RSO sa chóras oideachais agus eolas ar fáil do lucht deartha polasaithe. San iarracht torthaí oideachais dhaltaí le RSO a fheabhsú, cuireadh múnla nua leithdháileadh múinteoirí speisialta oideachais i bhfeidhm i 2017 agus rinneadh píolótú ar an múnla i 47 scoil, ag leibhéal na bunscoile agus na hiarbhunscoile sa scoilbhliain 2015/16. Sa mhúnla seo, níl an bhéim chéanna ar an gcur chuige diagnóiseach/leighis a bhíodh i bhfeidhm ach níos mó béime ar leithdháileadh riachtanais-bhunaithe a chuireann an fhoghlaim ionchuimsithigh agus teagasc agus foghlaim éifeachtach san áireamh. Cuirtear acmhainní ar fáil don scoil agus déantar cinntí i leith leithdháileadh orthu sa scoil i mbealach solúbtha ag brath ar na daltaí leis na riachtanais is mó. Cuireadh fáilte roimh na bealaí féinriartha, solúbtha agus machnamhacha a chuireann an múnla nua ar fáil do mhúinteoirí agus do scoileanna agus tuairiscíodh dearcadh dearfach i leith an mhúnla i measc na scoileanna a ghlac páirt sa phíolótú (An Chigireacht, ROS, 2016). Sonraíodh dúshláin chomh maith, áfach, i dtéarmaí na dtacaíochtaí a bhíonn de dhíth ó sheirbhísí ar nós NEPS chun oiliúint a chur ar mhúinteoirí i gcur i bhfeidhm an mhúnla agus riaradh an mhúnla i scoileanna. I scoileanna áirithe, níor bhronnadh tuilleadh tacaíochtaí teagaisc a chuireann easpa éifeachta an mhúnla in iúl sna scoileanna sin i gcomparáid le scoileanna a fuair méadú ar a gcuid tacaíochtaí múinteoireachta. Ardaíonn sé seo ceist faoi aidhm an mhúnla a bheith níos cothroime ach is í aidhm an mhúnla ná freastal orthu siúd ag bhí ag feithimh ar mheasúnaithe faoin seanmhúnla ach go háirithe daltaí agus teaghlaigh ó cheantair faoi mhíbhuntáiste.

### 1.7.2 Deacrachtaí Foghlama / RSO sa Chóras Tumoideachais

Tosaíodh ar dtús ag ceistiú oiriúnacht an tumoideachais do gach páiste sa taighde Cheanadach le linn na 70aidí inar aithníodh a laghad fianaise a bhí ann i leith tionchar an tumoideachais ar pháistí faoi mhíbhuntáiste, cuir i gcás páistí a raibh deacrachtaí foghlama acu. Mhair an tuairim choitianta céanna an tráth sin is a mhaireann fós inniu, go gcuirfeadh sé ualach róthrom ar an bpáiste a bhfuil deacracht foghlama / riachtanais speisialta oideachais acu freastal ar an gcóras tumoideachais. Ag an am seo ní raibh aon taighde déanta ar pháistí le deacrachtaí foghlama sa chóras ach amháin páistí le deacrachtaí teanga a léirigh go mbeadh na deacrachtaí teanga céanna ag páistí le srianta teanga beag bean ar an gcóras oideachais ar a raibh siad ag freastal agus nach laghdaíonn ná méadaíonn an taithí tumoideachais ar a gcuid deacrachtaí sa chéad teanga (Bruck, Rabinovitch & Oates, 1975). Thuairiscigh taighde eile de chuid Bruck (1978) go mbaineann páistí le deacrachtaí teanga tairbhe as an tumoideachas agus go raibh ag éirí leo cumas a bhaint amach sa Fhraincis fhad is a bhí a gcuid scileanna sa Bhéarla i mbun forbartha, in ainneoin go raibh siad lag sa chéad áit. Léiríodh go raibh teacht ag na páistí seo ar an gcuraclam trí mheán na Fraincise agus ag sealbhú scileanna léitheoireachta, matamaitice agus litrithe. Is díol spéise é gur tháinig sé chun cinn sa staidéar go raibh forbairtí le feiscint i measc na ndaltaí tumoideachais in ainneoin nach raibh na tacaíochtaí céanna á fháil acu is a bheadh ag daltaí sa chóras oideachais trí Bhéarla. Sonraíodh 24% de dhaltaí i scoileanna Béarla a bheith ag fáil tacaíochta foghlama i gcomparáid le 3% sa chóras tumoideachais Francach. An treocht a bhí ann ag an am chun tacaíocht a sholáthar sa chóras tumoideachais Francach ná go bhfanfadh páistí siar rang amháin nó go mbogfaidís go dtí an córas oideachais Béarla. Dá mba ann do thacaíocht sa chóras tumoideachais Francach is trí Bhéarla a cuireadh ar fáil na seirbhísí ach tuairiscíodh i staidéar Bruck (1975) go raibh an treocht seo ag athrú go mall ag an am.

Cuireadh a mhalairt de chás chun cinn ag Trites (1976, 1978) le linn an ama céanna gur bhain moill forbartha le páistí áirithe agus nach raibh sé de chumas acu forbairt sásúil a dhéanamh sa suíomh tumoideachais dá bharr agus nuair a bogadh iad go dtí an clár Béarla go ndearnadh forbairt ar a gcuid scileanna teanga Béarla. Lean an plé seo sna 80aidí ina raibh easaontú na dtaighdeoirí fós le sonrú idir iad siúd a deir go mbeadh na deacrachtaí céanna ag páistí fiú dá mbeidís ag freastal ar chlár Béarla agus iad siúd a deir nach bhfuil páistí réidh go cognaíoch don luath-thumadh agus go mbeadh tumadh ní ba dhéanaí níos oiriúnaí dóibh. Pléann Wiss (1989) bealaí chun páistí le deacrachtaí foghlama a réamhaithint chun fadhbanna a d'fhéadfadh teacht chun cinn a shárú sa todhchaí agus bogadh córais a sheachaint ach aithníodh go mbeadh an baol ann go ndéanfaí leithcheal ar pháistí faoi stádas mhíbhuntáiste ná inniúlachta ar an mbonn sin (Genesee, 1976, Cummins, 1984). Áitíonn Wiss go ndéanfaí idirdhealú idir pháistí le moill forbartha agus páistí le riachtanas foghlama sainiúil mar b'fhéidir nach mbeadh an luath-thumadh oiriúnach don chéad ghrúpa agus b'fhéidir nach mbeadh na deiseanna céanna don dátheangachas ar fáil don dara ghrúpa muna raibh rogha an tumoideachais ar fáil dóibh. Sa dara cás seo, baineann an cheist leis na tacaíochtaí cuí a bheith ar fáil do pháistí le riachtanais foghlama sainiúla sa suíomh tumoideachais seachas le hoiriúnacht an tsuímh dóibh.

Is é Genesee is mó a rinne scagadh ar dhaltaí i mbaol sa chóras tumoideachais sa taighde Cheanadach (1992; 2004; 2007). Cé nach ndírítear ar dheacrachtaí foghlama *per se* in anailís Genesee, is minic go bhféachann sé ar inniúlacht íseal mar dheacracht a chuireann daltaí i mbaol. Fuarthas amach i staidéar dá chuid féin (Genesee, 1976) gur éirigh chomh maith céanna le daltaí níos lú ná an meán ó thaobh inniúlachta de sa chóras tumoideachais i bhforbairt teanga an Bhéarla agus léiriú acadúil is ar éirigh le daltaí ar inniúlacht níos lú ná an meán i gcláir Bhéarla. Tuairiscíodh torthaí cosúil i staidéar Cummins (1984) ach amháin gur tugadh buntáistí an tumoideachais i gcás forbairt an dara teanga faoi deara i gcás dhaltaí faoi bhun an mheáin ar scór inniúlachta. Scrúdaíodh tionchar inniúlacht acadúil ar luath-thumadh nó tumadh ní ba dhéanaí ina bhfuarthas amach nach mbíonn mórán tionchair ann i gcás scileanna litearthachta sa T2. Ghnóthaigh daltaí ar chumas faoi bhun an mheán scóir chosúla le daltaí ar an meán nó níos airde ná an meán i dtrialacha labhartha agus éisteachta sa luath-thumadh, cé nár ghnóthaíodh sa tumoideachas déanach.

Nochtadh i dtaighde Bruck (1985a), a rinne iniúchadh ar dhaltaí a bhog amach ón gcóras tumoideachais mar gheall ar lagchumas acadúil, go raibh daltaí ann a d'fhan sa chóras in ainneoin go raibh na deacrachtaí acadúla céanna acu ach go raibh meon diúltach i leith an

oideachais agus an tumoideachais ag daltaí a bhog ón gcóras chomh maith le fadhbanna iompair. I staidéar a lean na daltaí (Bruck, 1985b) bhí sé soiléir gur lean na fadhbanna iompair nuair a bogadh na daltaí le deacrachtaí acadúla go dtí clár Béarla.

Bíonn ráta an laghdaithe go mór ar an gclár taighde agus ina ábhar pléigh i gcás an tumoideachais ina sonraítear é a bheith an-ard sa chóras tumoideachais Cheanadach in ainneoin an rath a bhaineann leis an gcóras. Thuairiscigh Stern (1991) gur bhog idir 40 agus 50% de dhaltaí ón suíomh tumoideachais Fraincise go dtí clár Béarla. Ar fhéachaint níos géire ar an scéal sonraíodh gnóthachtáil acadúil bhocht, frustrachas, deacrachtaí tuisceana, labhartha agus léitheoireachta sa Fhraincis agus deacrachtaí le léamh an Bhéarla, fadhbanna iompair agus mothúchánacha agus easpa tacaíochta foghlama sa chlár tumoideachais ar na cúiseanna ba mó le bogadh daltaí ón gcóras go dtí córas nach córas tumoideachais é ag an am (Bruck, 1979; Morrison, Pawley & Bonyun, 1979a; Parkin, Morrison & Watkin, 1987). Fuair Hart, Lapkin & Swain (1989) amach go raibh daltaí a d'astraigh ón gcóras tumoideachais cosúil ó thaobh stádas socheacnamaíoch de le daltaí a d'fhan sa chóras ach go raibh tuismitheoirí na ndaltaí úd i bhfabhar go bhfanfadh a bpáistí sa chóras i gcomparáid le tuismitheoirí na ndaltaí a d'astraigh. Is cosúil go n-aistríonn níos mó buachaillí ná cailíní ón gcóras de réir staidéar áirithe (Hart et al., 1989; Keep, 1993). Tá creideamh láidir le fáil i dtaighde Halsall (1994) ó thuismitheoirí CPF (*Candadian Parents for French*) go mbaineann ráta an laghdaithe sa chóras tumoideachais le heasnaimh sa soláthar RSO sa chóras. Moltar cláir RSO ag an mbunleibhéal d'fhonn éileamh agus ionchais don tacaíocht chuí a fhás tríd an gcóras ar fad go horgánach, oiliúint mhúinteoirí agus bronnadh gradaim ar sármhúinteoireacht a neartú, caidrimh le seirbhísí seachtracha RSO a threisiú agus rannpháirtíocht tuismitheoirí a spreagadh (Halsall, 1994). Pléann Obadia agus Thériault (1997) na straitéisí atá curtha i bhfeidhm ag leibhéal an riartha (múinteoirí tumoideachais, príomhoidí, cúntóirí agus comhordaitheoirí) i scoileanna tumoideachais Cheanadach chun dul i ngleic le ráta an laghdaithe, a chúisíonn buairt i measc cleachtóirí an tumoideachais i gCeanada (toisc an saor-rogha a bhaineann leis). Luaitear plean a fhorbairt chun tacú leis an gclár, béim a leagadh ar thiomantas na dtuismitheoirí agus na ndaltaí, na buntáistí a bhaineann le cloí leis an gclár a phlé mar chuid de na straitéisí a d'fhéadfaí a chur i bhfeidhm san iarracht ráta an laghdaithe a fheabhsú.

Sna Stáit Aontaithe le blianta beaga anuas, feictear béim ar idirghabhálacha a chur i bhfeidhm san iarracht oideachas dátheangach a chur ar fáil do chách – iad siúd le lagú teanga san áireamh. Roinneann Arnett agus Fortune (2004) straitéisí cuidithe chun cabhrú le daltaí atá ag streachailt sa suíomh tumoideachais ar a n-áirítear straitéisí chun tuiscint, próiseáil agus urlabhraíocht a éascú. I staidéar Simon-Cereijido agus Gutiérrez-Clellen (2013) a rinne iniúchadh ar an gclár VOLAR (*The Vocabulary, Oral Language and Academic Readiness programme*) a fhreastalaíonn ar pháistí réamhscoile dátheangacha le lagú teanga, léiríonn na torthaí sochair ardaithe agus forbairt níos treise i measc na bpáistí seo i gcomparáid lena bpiaraí sa chóras réamhscoile aonteangaigh. Tacaíonn na torthaí a shonraítear sa staidéar le hidirghabháil dátheangach ag leibhéal na réamhscoile do pháistí le lagú teanga. Feictear fianaise ag teacht chun cinn chomh maith a léiríonn gur féidir le páistí le deacrachtaí foghlama leas a bhaint as an tumoideachas. Rinne Myers (2009) iniúchadh ar ghnóthachtáil pháistí le deacrachtaí foghlama i gcláir thumoideachais déthreo Spáinnis:Béarla 50:50 agus cuireadh i gcomparáid iad le páistí le deacrachtaí foghlama ar nós moill forbartha, diandheacracht foghlama nó deacracht mothúchánach i scoileanna a bhí ag feidhmiú go haonteangach trí mheán an Bhéarla. Ní bhfuarthas aon mhórdhifríochtaí idir an dá chohórt de dhaltaí le deacrachtaí foghlama (Genesee agus Fortune, 2014). I staidéar eile den chineál céanna (Thomas, Collier agus Collier, 2011) a dhírigh ar dhaltaí i gcláir thumoideachais déthreo 90:10, léirigh torthaí go raibh ag éirí níos fearr le daltaí le deacrachtaí foghlama sa suíomh tumoideachais sa léitheoireacht agus sa mhata ná a bpiaraí nach raibh ag freastal ar an gcóras. Tugann Genesee agus Fortune rabhadh go gcaithfear a bheith cúramach ag plé leis na torthaí seo toisc gur staidéar beag atá ann ach go bhfuil luach le fáil sna torthaí mar sin féin agus ceist dhaltaí le deacrachtaí foghlama sa suíomh tumoideachais á cíoradh.

### 1.7.3 Deacrachtaí Foghlama / RSO sa Chóras Tumoideachais in Éirinn

Cé go bhfuil níos mó aitheantas ná riamh sa taighde dúchais do dhaltaí a bhfuil deacrachtaí foghlama / riachtanais speisialta oideachas acu sa chóras tumoideachais in Éirinn agus fianaise ag teacht chun cinn ina leith, tá gort le treabhadh fós chun mórcheisteanna a

fhreagairt. Tugann an taighde reatha eolas dúinn ar ráta na leitheadúlachta i leith daltaí le deacrachtaí foghlama / RSO i ngaelscoileanna, na tacaíochtaí atá ar fáil dóibh agus de dhíth orthu agus conas atá ag éirí leo sa chóras in ainneoin a gcuid deacrachtaí foghlama. Is tráchtais agus tuairiscí taighde iad na staidéir atá déanta don mhórchuid.

Pléann taighde Uí Chiaruáin (2009) le taithí dhaltaí le disléicse i léamh an dá theanga (Gaeilge agus Béarla) i ngaelscoil agus an teacht atá acu ar an gcuid eile den churaclam dá bharr. Cuireadh san áireamh na tacaíochtaí scoile agus baile a chuirtear ar fáil do triúir dhalta a raibh measúnú oifigiúil disléicse faighte acu mar aon le taithí a dtuismitheoirí, múinteoirí agus múinteoirí speisialta oideachas. Léirigh torthaí an taighde go raibh ag éirí leis an triúir pháistí dul chun cinn a dhéanamh sa dá theanga, cé go raibh an fhorbairt is suntasaí le brath sa Bhéarla agus raon de straitéisí a bheith in úsáid acu chun dul i ngleic le deacrachtaí i léamh an Bhéarla.

I dtuairisc uile-oileánda COGG ar RSO i scoileanna a bhfuil an Ghaeilge mar mheán (COGG agus Pobal, 2010), féachtar ar na polasaithe agus dea-chleachtais a mhaireann nuair a bhíonn scoileanna tras-tíre ag plé le daltaí le deacrachtaí foghlama. Léiríodh ceal treoirlíne agus polasaithe go mbaineann cur chuige i leith RSO sa suíomh tumoideachais go mór ar an scoil féin agus go bhfuil go leor neamhchinnteachta ann. Rinneadh taighde ar na cineálacha tacaíochtaí a chuirtear ar fáil do dhaltaí RSO sa suíomh tumoideachais agus soiléiríodh go gcuirtear an chuid is mó den tacaíocht ar fáil don Bhéarla sa chéad áit agus ansin don mhata, le líon níos lú de thacaíocht don Ghaeilge. Pléitear sa tuairisc na bearnaí atá ann in oiliúint mhúinteoirí, sé sin iad a chumasú chun tacaíocht a sholáthar do dhaltaí le RSO nuair atá an páiste ag freastal ar ghaelscoil. Déantar moltaí sa tuairisc maidir le soláthar do dhaltaí le RSO sa chóras tumoideachais a chuimsíonn tuilleadh oiliúna do mhúinteoirí, sainpholasaithe a dhearadh i leith an tsoláthair sa suíomh tumoideachais, tacaíocht a thabhairt don Ghaeilge agus leithdháileadh acmhainní a thacódh leis an nGaeilge, go mbeadh cleachtais RSO sna scoileanna á meas ag Cigirí.

Tugann taighde Barrett (2016) léargas ar na deacrachtaí foghlama is mó i mbunscoileanna atá ag feidhmiú trí mheán na Gaeilge – deacrachtaí foghlama sainiúla, uathachas agus neamhord comhordaithe forbartha. D'aithin Barrett go leor láidreachtaí a mhaireann maidir le soláthar agus cleachtais RSO sa chóras tumoideachais mar aon le buntáistí an dátheangachais don té le deacracht foghlama, cuir i gcás, éascú ar fhoghlaim na Gaeilge sa mheánscoil nó i gcás foghlaim na tríú teanga. Aithníodh chomh maith áfach na dúshláin a mhaireann do dhaltaí ach go háirithe iad siúd le lagú teanga, cuir i gcás, iad féin a chur in iúl trí Ghaeilge agus easpa tacaíochta ón mbaile toisc a dtuismitheoirí a bheith ar bheagán Gaeilge. Arís sa taighde seo, sonraíodh Béarla ar an ábhar is mó ar a thugtar tacaíocht dó i ngaelscoileanna, le líon beag tacaíochta á soláthar don Ghaeilge, rud a léiríodh míshástacht ina leith i measc mhúinteoirí i staidéar Barrett. Tuairiscíodh an tacaíocht don Ghaeilge a bheith níos coitianta i scoileanna níos mó. Luadh breathnóireacht, triail MIST agus triail Ghaeilge Dhroim Conrach ar na modhanna is mó úsáide chun deacrachta a aithint agus tacú leo agus aistarraingt ón rang a bheith ar an modh is coitianta chun tacaíocht a chur ar fáil. Is trí Ghaeilge don chuid is mó a chuirtear tacaíocht don mhata ar fáil i ngaelscoileanna de réir sonraí an taighde. Mheas rannpháirtithe an taighde go raibh sé tábhachtach go mbeadh líofacht sa Ghaeilge agus tuiscint ar an gcóras tumoideachais ag síceolaithe. Bhraith 59.3% de mhúinteoirí i ngaelscoileanna go raibh dóthain saineolais i soláthar RSO leis an gcuid eile (40.7%) a bhraith go bhfuil tuilleadh oiliúna de dhíth. Chreid 60% de mhúinteoirí nár cheart don pháiste le RSO bogadh go dtí suíomh Béarla ach bhí múinteoirí eile a chreid gur bhraith sé ar riachtanais an pháiste. Tuairiscíodh 1% de dhaltaí gaelscoileanna an Ghaeilge a úsáid sa bhaile.

Maidir le ráta na leitheadúlachta a bhaineann le RSO sa chóras tumoideachais i bpoblacht na hÉireann, tá trí fhoinse eolais luachmhar ar fáil go dtí seo a thugann léargais dúinn ar céatadán na ndaltaí le RSO thar na blianta, athruithe sna cleachtais RSO (measúnaithe, idirghabhálacha luath, ciallú ar théarmaíocht srl.) thar na blianta agus na deacrachtaí RSO is coitianta atá ag daltaí an tumoideachais in Éirinn. Mar a léiríonn Tábla 1.1 thíos, an foinse eolais is luaithe atá againn ná Nic Gabhann (2008) a thuairisc ráta leitheadúlachta 7.83%, nó i bhfocal eile RSO a bheith ag an gcéatadán sin de dhaltaí an tumoideachais ag an am inar rinneadh an taighde. Ar bhriseadh síos an fhigiúir sin de réir fo-chatagóirí de chineálacha deacrachta / riachtanas, féachadh go raibh disléicse ar bharr an liosta sa staidéar (29.9%), inar lean míchumas foghlama ginearálta éadrom imeallach (16.5%),

míchumas foghlama ginearálta éadrom (16%), míchumas foghlama ginearálta meánach (12.2%) agus lagú teanga sainiúil (6%). Tugann Barrett (2016) léargas úr ar na figiúirí seo a léiríonn comhghaolú le Nic Gabhann maidir leis an fo-chatagóir is mó a shonraíonn disléicse arís ar an deacracht foghlama is coitianta i measc dhaltaí an tumoideachais. Mar a pléadh thuas, áfach, sonraíonn Barrett dáileadh níos mó de dhaltaí le neamhord ar speictream an uathachais, neamhord comhordaithe forbartha, suaitheadh mothúchánach agus iompair agus níl taifead sa staidéar ar na deacrachtaí foghlama ginearálta a chur Nic Gabhann i láthair. Tá léargas níos úire fós curtha ar fáil ag Andrews (2020) a léiríonn comhghaolú láidir le Barrett maidir le grúpáil RSO agus a phléann athruithe thar na blianta, dul chun cinn i measúnuithe pháistí agus tuiscint fhorbartha ar sainmhínithe ghrúpaí RSO mar mhínithe ar an easpa comhghaolaithe atá le sonrú idir torthaí Mhic Gabhann (2008) agus Barrett (2016), Andrews (2020). Feictear ardú i ráta na leitheadúlachta i leith RSO i measc dhaltaí an tumoideachais áit ina shonraítear 9.4% i gcomparáid le 7.8% a shonraigh Nic Gabhann deich mbliana roimhe. Cé go raibh níos mó rannpháirtithe i staidéar Mhic Gabhann (12,829) ná mar a bhí ag Andrews, bhí líon na rannpháirtithe fós suntasach (7,494) agus mar sin ní fhreagraíonn líon na rannpháirtithe don éagsúlacht i ráta na leitheadúlachta, de réir Andrews (2020) a thuairiscíonn ardú i ráta na leitheadúlachta mar mhórthoradh an staidéir. Sonraítear sa staidéar mar thorthaí leis, athruithe i riachtanais na ndaltaí, ardú i ráta na leitheadúlachta maidir le disléicse de réir rang leibhéil agus neamhord teanga agus urlabhra sainiúil a bheith ag an bpointe is airde i rang a Dó ach go dtagann moilliú air i rang a Sé.

**Tábla 1.1:** Staitisticí ar na foghrúpa RSO is coitianta i mbunscoileanna lán-Ghaeilge thar tréimhse deich mbliana

| Nic Ghabhann (2008) | Barrett (2016) | Andrews (2020) |
|---|---|---|
| Disléicse (29.9%) | Disléicse (30.9%) | Disléicse (26.5%) agus Diospraicse (14.0%) |
| Deacrachtaí Foghlama Ginearálta Éadroma Imeallacha (16.5%) | Neamhord ar speictream an uathachais (13.5%) | Neamhord ar speictream an uathachais (14.2%) |
| Deacrachtaí Foghlama Ginearálta Éadroma (16%) | Neamhord comhordaithe forbartha (Diospraicse 11.1%) | Suaitheadh mothúchánach agus iompair (8.9%) |
| Deacrachtaí Foghlama Ginearálta Meánacha (12.2%) | Suaitheadh mothúchánach agus iompair (9.4%) | Sain-neamhord urlabhra agus teanga (7.4%) |
| Lagú teanga sainiúil (6%) | Lagú teanga sainiúil (8.6%) | Neamhord Easnamh Airde / Neamhord Hipirghníomhaíochta an Easnaimh Airde (5. 7%) |

Ní mór a mheabhrú i gcomhthéacs na tuairisce seo gur ar scoileanna lán-Ghaeilge go ginearálta a raibh na staidéir thuasluaite bunaithe agus cé go raibh gaelscoileanna DEIS sna samplaí, níl léiriú againn go fóill ar ráta na leitheadúlachta i gcás daltaí le RSO sa suíomh gaelscoile DEIS amháin. Tá eolas againn ó staidéar Mhic Aindriú (2018) inar ghlac trí SLG DEIS páirt sa staidéar gur sonraíodh ráta 5.8% RSO i SLG DEIS Banda 2 amháin agus 6.8% i SLG DEIS Banda 2 eile, fhad is a sonraíodh ráta 6.74% i SLG DEIS Banda 1. Tugann na figiúirí thuas bunús comparáide an-saibhir don staidéar reatha.

## 1.8 Constaicí roimh an Tuismitheoir sa suíomh Tumoideachais

Is minic amhras á léiriú i measc tuismitheoirí ach go háirithe maidir le páistí le deacrachtaí foghlama / riachtanas speisialta oideachais a chur chuig gaelscoil. Pléann Lowry (2012) na mórcheisteanna a bhíonn ag tuismitheoirí go minic i dtaobh páistí le lagú sa chéad teanga sa suíomh tumoideachais agus an bhuairt go ndéanfadh an dara teanga damáiste don chéad teanga. Cuireann Lowry fianaise i láthair chun eolas a thabhairt don tuismitheoir agus laghdú ar an mbuairt a bhraitear, trí thorthaí staidéir a léiríonn gur féidir leis an bpáiste le lagú sa chéad teanga leas a bhaint as an tumoideachas ach go mbraitheann sé go minic ar chúinsí ar nós tacaíocht ón mbaile agus ar scoil. Cé go bhfuil sé níos coitianta páistí le lagú teanga nó RSO a chur chuig scoil aonteangach, léiríonn an taighde atá ann (cé go

bhfuil sé teoranta), go n-éiríonn chomh mhaith céanna le páistí le lagú teanga sa suíomh oideachais dátheangach is a n-éiríonn sa suíomh aonteangach.

Buairt eile a bhíonn ar thuismitheoirí ná an easpa cumas sa Ghaeilge acu féin a bheadh ina constaic mhór cabhrú le páistí sa bhaile agus páirt a ghlacadh sa scoil. Pléann Kavanagh agus Hickey (2013) an tionchar a bhíonn ag rannpháirtíocht tuismitheoirí ar thorthaí oideachais a bpáistí ach na constaicí a bhraitheann tuismitheoirí le rannpháirtíocht nuair a bhíonn a bpáiste ag freastal ar an gcóras tumoideachais. Léiríodh sa staidéar cumas íseal sa Ghaeilge ag tuismitheoirí a bheith ina chonstaic mhór nach bhfuil leigheas 'teagaisc' air ach go leor moltaí chun rannpháirtíocht an tuismitheora a éascú ar nós acmhainní a roinnt ar thuismitheoirí, leagan aistrithe de na leabhair scoile a bheith ar fáil / in úsáid ag tuistí, aitheantas a thabhairt do láidreachtaí an tuismitheora ina c(h)umas teanga, polasaithe scoil a athrú chun fáilte agus ionchais a chur roimh úsáid na Gaeilge ar shuíomh na scoile.

Leagann Nig Uidhir, Ó Cathalláin agus Ó Duibhir (2016) béim ar ról an tuismitheora in oideachas a bpáistí i scoil lán-Ghaeilge ag léiriú na deacrachtaí agus na dea-chleachtais a bhaineann leis an rannpháirtíocht. Ar an iomlán sa taighde sonraíodh sásamh i measc tuismitheoirí maidir leis an rogha tumoideachais dá gcuid páistí ach tháinig treochtaí chun cinn sa staidéar a léirigh dúshláin don scoil agus do thuismitheoirí. Taispeánann torthaí an taighde go bhfuil baint ag próifíl socheacnamaíoch na dtuismitheoirí le rannpháirtíocht an tuismitheora agus gur minic a tharlaíonn sé anois go roghnaítear an scoil lán-Ghaeilge toisc í a bheith áisiúil / cóngarach seachas suim a bheith ag an tuismitheoir sa ghaeloideachas (féach Kavanagh, 2013 chomh maith). Cuireann an staidéar cásanna in iúl de scoileanna ag déanamh iarrachta dul i ngleic leis na deacrachtaí seo trí chláir a chur i bhfeidhm a mheallann tuismitheoirí chun páirt a ghlacadh in oideachas a bpáiste agus i saol na scoile. Molann na húdair go mbeadh tuiscint ag múinteoirí ar na constaicí a bhaineann le rannpháirtíocht an tuismitheora sa chóras tumoideachais in Éirinn.

I gcás taighde Uí Thuairisc agus Uí Dhuibhir (2016) a dhéanann iniúchadh ar an gceist a bhaineann leis an leanúnachas ón mbunscoil go dtí an iar-bhunscoil lán-Ghaeilge, pléitear an imní a bhíonn ar thuismitheoirí nach ndéanfadh an iar-bhunscoil lán-Ghaeilge an freastal cuí ar a bpáiste a bhfuil deacrachtaí foghlama acu agus go bhfeidhmíonn an bhuairt mar chonstaic ar an gcinneadh a dhéanann siad bogadh ar aghaidh go dtí iar-bhunscoil lán-Ghaeilge. Ba léir sa taighde go raibh míthuiscintí le sonrú i measc phríomhoidí maidir leis an eolas atá riachtanach do thuismitheoirí sa chás seo. Molann na húdair go scaipfí eolas cruinn, taighde bhunaithe ar thuismitheoirí agus go gcuirfí le cumas príomhoidí agus múinteoirí é seo a dhéanamh trí oiliúint maidir le RSO sa suíomh tumoideachais a chur orthu ach go háirithe (Ní Thuairisc & Ó Duibhir, 2016).

## 1.9 Achoimre

Is minic imní á léiriú sa litríocht idirnáisiúnta faoi thearcghnóthú oideachais dhaltaí ó chúlraí socheacnamaíocha ísle (Demie & Lewis, 2011; Hoff, 2003, 2006; Sirin, 2005). Tugann staidéir áirithe le tuiscint cuir i gcás go bhfuil ráta forbartha foclóra níos moille ag páistí le SSE íseal sa tréimhse réamhscolaíochta agus gnóthachtáil ní ba laige níos faide anonn (Hart & Risley, 2003; Walker et al., 1994). Aithníonn peirspictíocht eile sa litríocht áfach na difríochtaí i stíl teanga dhaltaí le SSE íseal, sé sin go n-úsáidtear réimsí teanga níos teoranta i gcomhthéacsanna sóisialta an lucht oibre nach luíonn le spriocanna acadúla (Bernstein, 1996).

I réimse an tumoideachais, tá léargais ar fáil maidir le daltaí le heasnaimh sa chéad teanga agus le SSE íseal (Genesee, 2004, 2007; Genesee & Fortune, 2014). Shonraigh staidéar Bruck (1982) gur éirigh chomh maith céanna le daltaí faoi bhac teanga a bhí ag freastal ar an gcóras tumoideachais is ar éirigh lena bpiaraí sa ghnáthchóras oideachais ach gur bhain siad amach cumas níos fearr sa dara teanga ag an am céanna. Fuarthas amach i staidéir a chuir SSE san áireamh go raibh daltaí ó chúlraí míbhuntáiste sa suíomh tumoideachais ar chomhleibhéal maidir lena bhforbairt sa T1 is a bhí daltaí ó chúlraí céanna nach raibh ag freastal ar an gcóras tumoideachais (Bruck et al., 2015).

Léiríonn staidéir a dhéanann scrúdú ar éifeacht stádas soch-eacnamaíoch ar ghnóthachtáil agus dhul chun cinn i samplaí náisiúnta (Kavanagh et al., 2014; Weir & Denner, 2013;) go gnóthaíonn scoileanna atá mar chuid den Phlean DEIS (ROS, 2017), meánscóir níos ísle go

suntasach i léamh an Bhéarla agus sa mhata ná an meán náisiúnta. Tagann gaelscoileanna DEIS leis an treocht seo in ainneoin go léiríonn SLG go náisiúnta torthaí níos airde go suntasach i léamh an Bhéarla agus sa mhata i gcomparáid le scoileanna go náisiúnta (Gilleece et al., 2012).

Tá iniúchadh déanta sa taighde ar na constaicí roimh thuismitheoirí a bpáistí a chur chuig SLG; easpa Gaeilge ag na tuismitheoirí féin (Kavanagh & Hickey, 2013) nó easpa leanúnachais ón mbunscoil go dtí an iarbhunscoil (Ní Thuairisg & Ó Duibhir, 2016). Is minic imní á léiriú ag tuismitheoirí maidir le páistí le deacrachtaí foghlama a bheith ag freastal ar an gcóras tumoideachais (Lowry, 2012; Ní Thuairisg agus Ó Duibhir, 2016) agus an príomh-mholadh atá sa litríocht mar leigheas ar an mbuairt ná múinteoirí a chumasú chun tuismitheoirí a chur ar a suaimhneas trí eolas a scaipeadh orthu agus feasachta a ardú ina measc (Kavanagh agus Hickey, 2013; Ní Thuairisg & Ó Duibhir, 2016; Nig Uidhir, Ó Cathalláin & Ó Duibhir, 2016).

Tugann tuairiscí taighde (Cosgrove et al., 2014, 2018) ar RSO léargas dúinn ar ráta na leitheadúlachta i leith réimse de dheacrachtaí / riachtanais speisialta agus cleachtais maidir le RSO sa chóras oideachais in Éirinn. Cuireann taighde ar RSO sa chóras tumoideachais in Éirinn eolas ar fáil dúinn ar ráta na leitheadúlachta i leith daltaí le deacrachtaí foghlama / RSO i SLG, na tacaíochtaí atá ar fáil dóibh agus de dhíth orthu agus dea-chleachtais sa soláthar RSO (Andrews, 2020; Barrett, 2016; Ní Chiaruáin, 2009; Ní Fhoighil, 2010). Tuairiscíonn taighde déanaí Andrews. céatadán 9.4% de dhaltaí a bhfuil RSO acu i SLG i gcoitinne – a chuimsíonn SLG DEIS go hionadaíoch sa sampla.

Tá fianaise againn ón taighde idirnáisiúnta a léiríonn go bhfuil suíomh an tumoideachais oiriúnach do pháistí le deacrachtaí foghlama nuair a dhéantar an freastal cuí orthu agus moltaí maidir le dea-chleachtais ina leith (Bruck, 1978, 1985a, 1985b; Cummins, 1984; Genesee, 1976; Genesee & Fortune, 2014; Halsall, 1994).

# 2 MÚNLA MEASÚNAITHE AGUS MODHEOLAÍOCHTA

## 2.1 Réamhrá

Déantar cur síos sa chaibidil seo ar na creatlaí measúnaithe agus an mhodheolaíocht a úsáideadh don staidéar ar Tionchar an Tumoideachais ar dhaltaí i scoileanna lán-Ghaeilge faoi mhíbhuntáiste (SLG DEIS). Sa chéad chuid den chaibidil, tugtar eolas maidir leis na measúnaithe a úsáideadh chun gnóthachtáil dhaltaí rang a Trí agus a Sé a thomhas agus tugtar samplaí ina leith. Sa dara cuid, déantar cur sios ar na scoileanna agus na daltaí a ghlac páirt sa staidéar. I gcuid a trí, pléitear na huirlisí taighde a úsáideadh agus ar deireadh cuirtear sonraí i láthair maidir le hanailís.

## 2.2 Múnla Measúnaithe

Is iad trialacha caighdeánaithe do léamh an Bhéarla (*Drumcondra Sentence Reading Test*) agus Triail Mhatamaitice Dhroim Conrach (*The Drumcondra Primary Mathematics Test-Revised*) a úsáideadh i gcomhthéacs mheasúnú DEIS i 2016 a baineadh úsáid astu arís i 2017 don staidéar reatha (SLG DEIS).

## 2.3 Triail Léitheoireachta

Forbraíodh Triail Léitheoireachta Dhroim Conrach (*Drumcondra Sentence Reading Test* – DSRT) ag an bhForas Taighde ar Oideachas i 2002. Is éard atá ann ná triail caighdeánaithe atá forbartha do bhunscoileanna in Éirinn agus atá roinnte de réir sé leibhéal do dhaltaí ó dheireadh rang a haon go dtí deireadh rang a Sé. Cuirtear scóir ar fáil bunaithe ar thorthaí na dtrialach i bhfoirm scóir caighdeánaithe, scóir STen agus peircintíl. Tá dhá fhoirm den DRST ann (Foirm A & B) ach cosúil leis an múnla ar a bhfuil an staidéar reatha bunaithe (Measúnachtaí DEIS 2016) níor baineadh úsáid ach as Foirm A chun measúnú a dhéanamh ar léitheoireacht ag leibhéil rang a Trí agus a Sé.

Is éard atá i bhFoirm A ná 40 ceist ilroghnach foclóra a léann daltaí go ciúin iad féin. Tá ceithre rogha foclóra i ngach aon ceist agus iarrtar ar an dalta an focal is oiriúnaí a roghnú agus an bhearna a líonadh isteach leis an bhfocal sin (féach Figiúr 2.1). I dteannta leis an Leabhrán Trialach féin, cuireadh bileoga do fhreagraí ar fáil do dhaltaí rang a Trí agus rang a Sé chun a gcuid freagraí a líonadh isteach. Is triail iontaofa í an triail sa chaoi is nach bhfuil réamheolas ag múinteoirí nó daltaí faoi agus de réir mar a léiríonn iontaofacht foilsithe faoi – Alfa Crónbach de .92 ag rang a Trí agus .89 ag rang a Sé (Kavanagh, Weir & Moran, 2017: 11). Fiche nóiméad a moladh sa staidéar reatha chun an triail a riaradh ach 35 nóiméad a moladh i Measúnachtaí DEIS nuair a chuireann tú san áireamh scaipeadh na n-ábhar agus an cheist samplach a dhéanamh.

**Figiúr 2.1:** Sampla de Triail Léitheoireachta Leibhéal a Sé

**1.** The film ______________ at half-past seven, and ended at ten o'clock.

**a)** commented **b)** commenced **c)** completed **d)** concluded

**2.** During the famine, many people could not get ______________ food.

**a)** nutritious **b)** famous **c)** honest **d)** self

**3.** They ______________ two seats for the play.

**a)** alerted **b)** riveted **c)** reserved **d)** respected

**4.** The possibility that the man might have been murdered was ______________.

**a)** suspicious **b)** disturbed **c)** undeniable **d)** caused

**5.** The travellers were ______________ on a long journey into the unknown.

**a)** embarking **b)** intending **c)** examining **d)** exceeding

## 2.4 Triail Mhatamaitice

Is triail ghnóthachtála chaighdeánaithe í Triail Mhatamaitice Dhroim Conrach (*The Drumcondra Primary Mathematics Test-Revised* DPMT-R) do bhunscoileanna in Éirinn. Cosúil leis an DSRT, tá an DPMT-R roinnte de réir sé leibhéal a fhreastalaíonn ar dhaltaí ó rang a hAon go rang a Sé. Dearadh an triail in 1997 ach rinneadh uasdátú ar an triail in 2005 de réir athruithe i gcuraclam na bunscoile don mhatamaitic. Tá an triail ar fáil i mBéarla agus i nGaeilge ach cuireadh leagan dátheangach – Béarla ar leathanach amháin agus Gaeilge ar an leathanach eile - ar fáil don staidéar. Arís bunaithe ar an gcur chuige a úsáideadh do mheasúnachtaí DEIS 2016, roghnaíodh 25 mír as 75 mír ar Fhoirm A, leibhéil 3, 5 agus 6 den DPMT-R chun triail a dhearadh don mheasúnú CTS (Clár Tacaíochta Scoile) (Kavanagh et al., 2017: 11). Ní raibh cead ag daltaí rang a Sé áireamhán a úsáid do chuid A ach ligfeadh dóibh úsáid a bhaint as do chuid B; ceist 14 ar aghaidh. Mhair an triail 35 nóiméad ar an iomlán agus 10 nóiméad don ábhar a scaipeadh agus bhailiú anuas air sin.

**Figiúr 2.2:** Sampla de Triail Mhatamaitice Leibhéal a Trí

**1.**

41 + 28 + 29 = ☐ duine

**2.** D'fhreastail 180 duine ar cheolchoirm an chéad oíche, 46 duine an dara hoíche, agus 120 duine an tríú hoíche. Cé mhéad duine a d'fhreastail ar an gceolchoirm san iomlán?

☐ duine

**3.** Fiafraíodh de dheichniúr páistí i Rang a Trí an raibh deartháir nó deirfiúr acu. Féach ar thábla a gcuid freagraí.

| | Íde | Pól | Lil | Rút | Ros | Art | Pat | Tom | Bab | Jim |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Deartháir | ✓ | | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | | ✓ |
| Deirfiúr | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | | | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ |

Cé mhéad páiste a bhfuil deartháir agus deirfiúr acu?

**a.** 4 **b.** 5 **c.** 6 **d.** 10

**4.** Bhí 856 duine ag cluiche ceannais áitiúil peile. D'fhág 287 duine sula raibh an cluiche thart. Cé mhéad duine a d'fhan go raibh an cluiche thart?

☐ duine

## 2.5 Rannpháirtíaocht Scoileanna agus Daltaí

Faoi mar a luadh sa tuairisc cheana, tá 13 scoil lán-Ghaeilge a bhfuil stádas DEIS acu i bpoblacht na hÉireann. Sé scoil DEIS Banda 1 agus seacht scoil DEIS Banda 2 a bhí rannpháirtíocht. Tá sé le nótáil, gurb é seo mar a bhí an dáileadh DEIS ag an am inar rinneadh an staidéar ach tá sé athraithe ó shin ina bhfuil dhá scoil a bhíodh i mBanda 2 anois i mBanda 1. Cloítear leis an dáileadh mar a bhíodh ag am an staidéir sa tuairisc. Sé scoil as trí cheann déag atá lonnaithe i mBaile Átha Cliath, trí cinn i gCorcaigh agus scoil amháin i Luimneach, Ciarraí, Maigh Eo agus Co. Lú. Toisc líon na scoileanna a bheith chomh beag, bhí sé ríthábhachtach agus riachtanach go mbeadh gach scoil sásta páirt a ghlacadh sa staidéar. Tá sonraí na scoileanna uilig ar fáil ar shuíomh na Roinne Oideachais agus Scileanna.[10]

Ba iad ranganna a Trí agus a Sé amháin a bhí páirteach sa staidéar chun go mbeadh sonraí de ghnóthachtáil dhaltaí ag an dá rang leibhéal agus bonn comparáide le scoileanna DEIS go náisiúnta a chuimsíonn rang a Dó go rang a Sé. Chomh maith le torthaí ar na trialacha a úsáideadh i méasúnú DEIS, bhí teacht ar thorthaí na ndaltaí seo sa ghnáth-thrialacha scoile do Léamh an Bhéarla, don mhata agus do léamh na Gaeilge nuair a bhí siad i rang a Dó agus a Chúig. Mar sin bhí an fhéidearthacht ann comparáid a dhéanamh ar scóir na dtrialach a ghnóthaigh na daltaí céanna atá anois i rang a Trí agus a Sé fhad is a bhí siad i rang a Dó agus a Cúig sa scoilbhliain 2015/16.

10 https://www.education.ie/en/Schools-Colleges/Services/DEIS-Delivering-Equality-of-Opportunity-in-Schools-/deis_school_list.xls

Iarradh ar na scoileanna iomlán na ndaltaí ar na rollaí a chur in iúl ar an gceistneoir idir líon na mbuachaillí agus líon na gcailíní. Bhí 2,554 dalta ag freastal ar an 13 SLG DEIS i bpoblacht na hÉireann ina raibh píosa beag níos mó cailíní ag freastal ar na scoileanna ná mar a bhí buachaillí. Is iad a bhí páirteach ná daltaí, múinteoirí agus tuismitheoirí rang a Trí agus a Sé amháin, áfach. Bhí príomhoidí na scoileanna páirteach sa taighde chomh maith agus iarradh ar gach príomhoide an ceistneoir taighde a líonadh isteach agus torthaí na dtrialach ón uair ina raibh daltaí i rang a Dó agus a Cúig a chur ar fáil don staidéar. Anuas air sin, iarradh ar gach scoil a bheith páirteach i riaradh trialacha i léamh an Bhéarla agus sa mhatamaitic i mí na Bealtaine 2017. Chuaigh duine ón bhfoireann taighde nó ionadaí ón bhForas Taighde ar Oideachas amach chun na scoileanna chun na trialacha a riaradh nó tacaíocht a chur ar fáil do mhúinteoirí i riaradh na dtrialach.

Bhraith líon na ndaltaí a bhí ag freastal ar rang a Trí agus a Sé i SLG DEIS go mór ar an gceantar ina raibh an scoil suite, cultúr an cheantair, rogha scoileanna eile sa cheantar, an fhad atá an scoil bunaithe srl. I scoileanna áirithe ní raibh ach rang a Trí nó a Sé amháin agus uaireanta iad measctha le rang leibhéal eile. Bhí an líon is airde, mar shampla, de dhaltaí rang a Trí agus a Sé i scoileanna suite i bpríomhchathair ina raibh 39 dalta ag rang leibhéal a Trí agus 48 dalta ag rang leibhéal a Sé agus an dá leibhéal roinnte de réir 2 rang. Bhí an líon ba lú de dhaltaí rang a Trí agus a Sé i gceann de na scoileanna eile i bpríomhchathair ina raibh seisear i rang a Trí agus seisear i rang a Sé, measctha le rang leibhéil eile. Thuairiscigh príomhoidí ar an iomlán, 315 dalta ag leibhéal rang a Trí agus 262 dalta ag leibhéal rang a Sé. Léiríonn Tábla 2.1 thíos na scoileanna a bhí rannpháirteach (A-M) agus briseadh síos maidir le líon na ndaltaí i ngach aon rang chomh maith le líon na ranganna ilghráid agus an banda DEIS lenar bhain na scoileanna.

**Tábla 2.1:** Líon na nDaltaí i rang a Trí agus a Sé atá ar na rollaí sna scoileanna rannpháirteacha

| Banda | Scoil | Láthair agus Banda DEIS | Líoin na ndaltai – Rang a Trí | Líoin na ndaltai – Rang a Trí | Rang Ilghrá |
|---|---|---|---|---|---|
| 1 | Scoil A | Príomhchathair | 17 | 21 | Níl |
| 1 | Scoil B | Príomhchathair | 17 | 9 | Tá (R3); Níl (R6) |
| 1 | Scoil C | Príomhchathair | 40 | 33 | Níl |
| 1 | Scoil D | Príomhchathair | 6 | 6 | Tá |
| 1 | Scoil E | Príomhchathair | 14 | 10 | Tá |
| 1 | Scoil F | Príomhchathair | 42 | 23 | Níl |
| Fo-iomlán | | | 136 | 102 | |
| 2 | Scoil G | Baile | 16 | 7 | Tá |
| 2 | Scoil H | Príomhchathair | 39 | 48 | Níl* |
| 2 | Scoil I | Baile | 30 | 21 | Níl |
| 2 | Scoil J | Príomhchathair | 30 | 22 | Níl |
| 2 | Scoil K | Príomhchathair | 31 | 24 | Níl |
| 2 | Scoil L | Baile | 12 | 13 | Tá |
| 2 | Scoil M | Príomhchathair | 21 | 25 | Níl |
| Fo-iomlán | | | 179 | 160 | |
| Iomlán | | | 315 | 262 | |

*Tá rang ilghráid ann do cheann de na ranganna ag leibhéal rang a Trí

## 2.6 Uirlisí Taighde

Rinneadh creatlach a dhearadh don taighde reatha a bhí bunaithe ar mhórthaighde na measúnachtaí náisiúnta (An Foras Taighde ar Oideachas) a chuaigh roimhe. Bhí gach scoil sásta páirt a ghlacadh sa taighde a chuimsigh:

i) ceistneoirí príomhoidí agus múinteoirí,

ii) grúpaí fócais a dhéanamh le múinteoirí rang a Trí agus a Sé, múinteoirí tacaíochta foghlama agus múinteoirí oideachas speisialta (MOS),

iii) agallaimh aonair le príomhoidí scoile.

Dearadh na ceistneoirí taighde bunaithe ar mhúnla NAIMS a bhí bunaithe ar an gceistneoir taighde a úsáideadh do mheasúnachtaí náisiúnta 2009. Ag an am inar dearadh na ceistneoirí sin, fuarthas treoir agus comhairle ó léachtóirí ollscoile a raibh taithí agus saineolas ar leith acu ar an teagasc agus ar an bhfoghlaim trí mheán na Gaeilge (Gilleece et al., 2011: 27). Cuireadh míreanna leis an gceistneoir a bhain go sainiúil le foghlaim an Bhéarla agus na matamaitice i scoil a bhíonn ag feidhmiú trí mheán na Gaeilge. Úsáideadh roinnt de na ceisteanna céanna don staidéar reatha ach toisc na scoileanna sa staidéar a bheith faoi mhíbhuntáiste, féachadh chuige go gcuirfí ceisteanna oiriúnacha a bhain leis an gcomhthéacs san áireamh ar an gceistneoir taighde. Tá fáil ar na ceistneoirí taighde ar a bhfuil an ceistneoir don staidéar seo bunaithe faoi Measúnachtaí Náisiúnta ar shuíomh an Fhorais (Foras Taighde ar Oideachas www.erc.ie). Bhain chineálacha éagsúla ceistiúchán leis na ceistneoirí taighde chun pictiúr críochnúil a sholáthar don staidéar (Berg, 2001: 75-77)

## 2.7 Ceistneoir an Phríomhoide/na Scoile

Aon cheist is fiche ar bhí ar ceistneoir na scoile a iarradh ar príomhoidí a chomhlíonadh agus a chuimsigh ceisteanna ar suíomh na scoile, líon na ndaltaí cláraithe ar na rollaí, cúlra an phríomhoide agus próifíl teanga na ndaltaí. Bailíodh sonraí ó na príomhoidí chomh maith ar na hacmhainní atá sa scoil do theagasc an Bhéarla, na Gaeilge agus na matamaitice. Tugadh deis ar an gceistneoir a chur in iúl conas mar a dhéanann an scoil plé le tuismitheoirí chun tacú leo agus iad ag cabhrú lena bpáistí sa bhaile i gcás foghlaim an Bhéarla, na Gaeilge agus na matamaitice. Toisc an bhéim ar dhaltaí le deacrachtaí foghlama sa taighde, bhí cuid iomlán ar an gceistneoir tiomanta do bhailiú eolais ar sholáthar ar thacaíochtaí breise sna scoileanna. Fiosraíodh líon na bpostanna tacaíochta foghlama a bhí ag an scoil, líon na ndaltaí a raibh deacrachtaí ar leith acu, próiseas an mheasúnaithe i scoil lán-Ghaeilge, tacaíocht foghlama, fágáil na scoile maidir le deacrachtaí foghlama agus freastal ar dhaltaí le deacrachtaí foghlama sa scoil. Is i nGaeilge amháin a cuireadh ceistneoir an phríomhoide ar fáil.

## 2.8 Ceistneoir an Mhúinteora

Ba ionann na ceistneoirí a dearadh do mhúinteoirí rang a Trí agus a Sé a chuimsigh ocht gceist is fiche ar an iomlán. Cuireadh ceisteanna ar mhúinteoirí faoi inscne, cúlra, cáilíochtaí agus taithí sa chéad chuid den cheistneoir chun próifíl na múinteoirí a chur le chéile. Sa chéad chuid eile den cheistneoir fiosraíodh cé chomh muiníneach is a bhí múinteoirí maidir le gnéithe áirithe a bhaineann le teagasc na Gaeilge, an Bhéarla agus na matamaitice. Liostaíodh na gnéithe sin ó a-p, 16 mhír ar an iomlán, ina raibh trí rogha ag múinteoirí: An-mhuiníneach/Sách muiníneach/Gan a bheith muiníneach. Dhírigh an chéad chuid eile den cheistneoir ar mhúineadh na matamaitice agus bailíodh sonraí maidir leis an teanga ina mhúintear an mhatamaitic i SLG DEIS agus na dúshláin a bhaineann leis sin, iompú ar an mBéarla do mhúineadh na matamaitice agus na scéimeanna matamaitice is mó a bhíonn in úsáid i SLG DEIS. Cosúil le ceistneoir na bpríomhoidí bhí cuid iomlán ar cheistneoirí na múinteoirí a bhí tugtha do sholáthar ar thacaíochtaí breise ach bhí níos mó béime ar plé le daltaí le deacrachtaí foghlama i gcomhthéacs an tseomra ranga agus na tacaíochtaí foghlama a chuirtear ar fáil dóibh. Tugadh deis do mhúinteoirí líon na ndaltaí le deacrachtaí foghlama ag rang leibhéal a Trí agus a Sé a chur in iúl ar an gceistneoir chomh maith le conas mar a dhéantar deacrachtaí foghlama a mheas sa rang. Tugadh spás do mhúinteoirí ar an gceistneoir a gcuid tuairimí a chur in iúl maidir le héifeacht an chórais chun daltaí le deacrachtaí foghlama a thomhas agus an tacaíocht a chuirtear ar fáil do mhúinteoirí. Cuireadh an cheist céanna orthu maidir le líon na ndaltaí le deacrachtaí foghlama ar leith acu is a cuireadh ar príomhoidí ach an uair seo is leibhéal rang a Trí nó a Sé amháin a bhí i gceist. Bhí ceisteanna ann maidir le measúnú ó shíceolaí, tréimhsí feithimh agus cur chuigí maidir le tacaíocht foghlama a chur ar fáil (in-rang nó lasmuigh de, cuir i gcás). Tugadh liosta

(a-m) de bhacainní ar iarrachtaí freastal ar riachtanais dhaltaí le deacrachtaí foghlama sa seomra ranga do mhúinteoirí ar an gceistneoir inar iarradh orthu a chur in iúl an gcuireann sé isteach orthu 'Go mór', 'Fíorbheagán', 'Méid áirithe' nó 'Ní chuireann in aon chor'. Bhí an deis ag múinteoirí tuairimí breise a chur in iúl ag deireadh an cheistneora. Is i nGaeilge amháin a cuireadh ceistneoirí an mhúinteora ar fáil.

## 2.9 Ceistneoir an Tuismitheora

Cuireadh leagan dátheangach de cheistneoir an tuismitheora ar fáil, Gaeilge ar thaobh amháin agus Béarla ar an taobh eile. Cuireadh ceisteanna ar tuismitheoirí mar gheall ar a p(h)áiste sa chéad chuid den cheistneoir a dhírigh ar thaithí réamhscoile, nósanna léitheoireachta réamhscoile agus sna naíonáin, an chabhair a fhaigheann siad le hobair scoile sa bhaile, mianta agus ionchais maidir leis an leibhéal oideachais a bhainfidh an páiste amach, páirteachas an tuismitheora i saol na scoile agus creideamh agus tuairimí an tuismitheora maidir le hoideachas an pháiste. Bhain an chéad chuid eile leis an mbaile agus cleachtais oideachais sa bhaile, mar shampla, baill teaghlaigh, líon na n-acmhainní oideachasúla, úsáid na leabharlainne phoiblí, teanga an bhaile, cleachtais léitheoireachta sa bhaile agus líon na leabhar. Is ar an tuismitheoir féin a raibh an chéad chuid eile bunaithe ar d'fhiosraigh fostaíocht agus cúlra oideachais an tuismitheora.

Bhí an deis ag tuismitheoirí a chur in iúl más rud é go raibh deacracht ag a p(h)áiste le gnéithe áirithe de fhoghlaim na Gaeilge, an Bhéarla nó na matamaitice de réir na snáitheanna éagsúla – labhairt, scríobh, éisteacht, léitheoireacht sa Ghaeilge agus sa Bhéarla agus ríomhaireacht, coincheapa agus réiteach fadhbanna sa mhata. Iarradh ar tuismitheoirí cumas a bpáistí sa Bhéarla, sa Ghaeilge agus sa mhata a chur in iúl le cabhair an scála seo a leanas – Sármhaith-Maith-Cuíosach-Íseal. Fiosraíodh na hacmhainní atá ar fáil ag páistí chun dul i ngleic leis na deacrachtaí seo ar scoil de réir tuisceana an tuismitheora. I gceist ann féin, bailíodh sonraí ó thuismitheoirí maidir le líon na bpáistí a bhfuil deacrachtaí foghlama áirithe ar leith acu, an ndearnadh measúnú ar an bpáiste ag an té oiriúnach, an ndearnadh deimhniú go bhfuil an deacracht nó neamhord i láthair agus an aois a bhí ag an bpáiste nuair a thug an tuismitheoir suntas go bhféadfadh leis an deacracht nó neamhord a bheith ag an bpáiste. Tugadh deis do thuismitheoirí tuilleadh eolais a chur ar fáil i bhfoirm sonraí cáilíochtúla maidir le héifeacht na dtacaíochtaí atá á chur ar fáil ag an scoil agus an mheasúnú a rinneadh ar an bpáiste. Díríonn an chuid dheireannach den cheistneoir ar úsáid na Gaeilge agus meon ina leith inar cuireadh ceisteanna maidir le líon na leabhar Gaeilge sa bhaile, cúlra oideachais na dtuismitheoirí, Gaeilge labhartha na dtuismitheoirí, cumas sa Ghaeilge ag na tuismitheoirí, nósanna léitheoireachta an tuismitheora a chuimsíonn leabhair Ghaeilge agus ceisteanna faoin todhchaí, mar shampla an mbeidh an páiste ag freastal ar mheánscoil lán-Ghaeilge.

## 2.10 Ceistneoirí na nDaltaí

Cuireadh ceisteanna a raibh cosúlachtaí eatarthu ar dhaltaí rang a Trí agus a Sé ar an gceistneoir taighde. Ag tús an cheistneora do dhaltaí rang a Trí bhain na ceisteanna le cúlra agus próifíl na ndaltaí, cuir i gcás, aois, áit inar rugadh iad, teanga an bhaile srl. Is ar cúrsaí scoile a bhí na ceisteanna a tháinig ina dhiaidh sin bunaithe inar ceistíodh daltaí faoina gcleachtais obair bhaile, meoin i leith na scoile, cleachtais sa bhaile roimh agus i ndiaidh na scoile, cabhair bhreise tar éis na scoile sa Ghaeilge, sa Bhéarla agus sa mhata agus fáil ar acmhainní digiteacha sa bhaile. Sa chéad chuid eile den cheistneoir, díríodh ar an dalta agus a c(h)uid léitheoireachta; cumas sa léitheoireacht dar leis an dalta, cleachtais leis an obair bhaile léitheoireachta agus nósanna leabharlainne. Tugadh liosta de ráitis a bhaineann leis an léitheoireacht agus tuairimí a d'fhéadfadh a bheith ag daltaí, mar shampla, 'Is maith liom a bheith ag léamh trí Bhéarla', 'Ceapann mo mhúinteoir go bhfuil mé go maith ag léitheoireacht na Gaeilge', 'Ceapaim go bhfuil mé go maith ag léitheoireacht an Bhéarla'. Iarradh ar na daltaí a chur in iúl an aontaíonn siad nó easaontaíonn siad leis na ráitis.

Ina dhiaidh sin, cuireadh roinnt ceisteanna ar dhaltaí faoin matamaitic, mar shampla fiosraíodh rudaí a thiteann amach go minic sa seomra ranga matamaitice mar shampla an teanga ina bpléitear an mhatamaitic agus a bheith ag foghlaim mata trí mheán na Gaeilge. Arís tugadh liosta dóibh de ráitis a bhaineann le foghlaim na matamaitice, mar shampla,

'Is maith liom an mhatamaitic a fhoghlaim trí Ghaeilge', 'Tuigim an mhatamaitic níos fearr nuair a bhíonn sé i mBéarla', 'Nílim ró-mhaith ag matamaitic', 'Bím neirbhíseach faoin matamaitic'. Iarradh ar dhaltaí a chur in iúl an é go raibh na ráitis fíor dóibh siúd nó nach raibh.

Is ar fhoghlaim na Gaeilge a bhí an chuid dheireannach den cheistneoir bunaithe, cuir i gcás, cumas sa Ghaeilge dar leis na daltaí féin agus cleachtais obair bhaile maidir leis an nGaeilge. Tugadh liosta de ráitis a bhí bunaithe ar rudaí a d'fhéadfadh le daltaí a rá faoi fhoghlaim na Gaeilge, mar shampla, 'Is maith liom Gaeilge a labhairt ar scoil', 'Bíonn deacrachtaí agam le léamh na Gaeilge', 'Ceapann mo thuismitheoirí go bhfuil mé an-mhaith ag an nGaeilge'. Iarradh ar dhaltaí tuairimí a chur in iúl maidir leis na ráitis trí aontú nó easaontú leo. Tugadh liosta eile de ráitis do dhaltaí mar chuid den cheist dheireannach a dhírigh ar rudaí a thiteann amach sa seomra ranga maidir le foghlaim na Gaeilge agus bhí orthu aontú nó easaontú go dtiteann na nósanna sin amach; 'Déanann na páistí obair bhaile a chéile a sheiceáil', 'Bíonn obair ar siúl i mbeirteanna/i ngrúpaí sa rang', 'Déanaimid deacrachtaí atá againn leis an nGaeilge a phlé sa rang', 'Tugaim míniú don rang ar an tslí ina bhfuair mé an freagra ar cheist' srl.

Bhí an leagan amach céanna ar cheistneoir dhaltaí rang a Sé ach bhí níos mó ceisteanna ann a raibh níos oiriúnaí don leibhéal ranga seo. Mar shampla, cuireadh ceist ar dhaltaí maidir le mianta agus ionchais oideachais, sé sin an leibhéal oideachais ar mhaith leo a bhaint amach agus an leibhéal a mheasann siad go mbainfidh siad amach. Maidir leis an léitheoireacht, cuireadh ceisteanna ar dhaltaí rang a Sé maidir leis na téacsanna a léann siad agus rinneadh forbairt ar na ráitis a bhain leis an léitheoireacht mar shampla, 'Ní maith liom rud éigin a léamh as Gaeilge nuair a bhíonn na focail ródheacair', 'Tá léitheoireacht an Bhéarla níos éasca ná léitheoireacht na Gaeilge', 'Is léitheoir maith mise sa Bhéarla agus sa Ghaeilge'.

Maidir leis an mata, mealladh tuilleadh eolais ó dhaltaí rang a Sé faoi chleachtas maidir le hobair bhaile agus sa seomra ranga ná mar a rinneadh le daltaí rang a Trí. Fiosraíodh na nósanna atá sa rang maidir le teagasc agus foghlaim na matamaitice ina raibh ar dhaltaí a chur in iúl an dtarlaíonn na rudaí 'An t-am go léir', 'Go minic', Anois is arís' nó 'Ní tharlaíonn siad riamh'. Is iad na cineál nósanna a bhí ann ná 'Déanaim meastachán (tomhais) ar an bhfreagra ar shuim sula ndéanaim é', 'Bím ag obair mar bheirt (le duine eile) nó i ngrúpa', 'Bainim úsáid as áiseanna don mhatamaitic (m.sh., scála, miosúr) chun fadhbanna a réiteach', 'Déanaimid ceist mhatamaitice a phlé sula ndéanaimid é muid féin' agus 'Tugaim míniú don mhúinteoir ar an tslí ina bhfuair mé an freagra ar cheist'.

Cosúil le ceistneoir dhaltaí rang a Trí bhain an chuid dheireannach le foghlaim na Gaeilge ach cuireadh san áireamh ceist faoin mbliain seo chugainn agus an é go mbeidh an dalta ag freastal ar mheánscoil lán-Ghaeilge nó nach mbeidh.

## 2.11 Grúpaí Fócais

Tar éis don chéad chéim den obair ghoirt a bheith críochnaithe, sé sin scaipeadh agus bailiú na gceistneoirí, roghnaíodh ceithre scoil chun páirt a ghlacadh i ngrúpaí fócais – dhá scoil DEIS Banda 1 suite i gCathracha agus dhá scoil Banda 2, ceann amháin i mbruachbhaile agus ceann eile i mbaile mór. Roghnaíodh na scoileanna a thabharfaí cuireadh dóibh bunaithe ar phróifíl na scoileanna, sé sin, suíomh, líon na ndaltaí agus stádas DEIS Banda 1 nó 2 sa chaoi is go mbeadh scoileanna ionadaíocha san áireamh.

Féachadh chuige ar a bhfuil molta sa litríocht ar riaradh grúpaí fócais agus agallaimh (Greenbaum 2000; Berg 2001; Bloor 2001; Dörnyei 2007) ó thaobh cur chuige, líon agus próifíl na rannpháirtithe agus cineál ceistiúchán. Is ar láthair na scoile a riaradh na grúpaí fócais inar tugadh cuireadh do mhúinteoir rang a Trí agus a Sé agus do mhúinteoirí oideachas speisialta (MOS) a bheith páirteach iontu. Thug na grúpaí fócais deis plé níos mine a dhéanamh ar mhórcheisteanna a bhí ag eascairt ón gceistneoir agus tuilleadh forbartha a dhéanamh ar théamaí a bhí ag teacht chun cinn san anailís ar nós an teanga ina chuirtear an tacaíocht foghlama nó teanga ar fáil, lagshealbhú na máthairtheanga (Béarla), deacrachtaí litearthachta sa dá theanga (Béarla agus Gaeilge) srl. Ghlac idir triúir agus seisear páirt i ngach grúpa fócais ag brath ar mhéid agus ar fhoireann na scoile. Cé go bhfuil sé seo níos lú ná mar a mholtar sa litríocht (Dörnyei 2007), ní raibh aon dul as toisc

líon na múinteoirí ranga agus MOS a bheith beag. Ní mheastar gur chuir na huimhreacha beaga isteach ar dhinimic na ngrúpaí fócais ach gur tugadh deis cainte agus rannpháirtithe do gach té a ghlac páirt iontu. Cinneadh gan an príomhoide a chur san áireamh sa ghrúpa fócais agus í/é a chur faoi agallamh aonair ar eagla go gcuirfeadh sé isteach ar atmaisféar an ghrúpa fócais. Bhain eisceacht leis seo sa chás ina raibh an príomhoide ag feidhmiú mar mhúinteoir chomh maith.

Fiosraíodh gnéithe den taighde sna grúpaí fócais ar nós deacrachtaí foghlama sa suíomh gaelscoile DEIS, tacaíocht foghlama agus teanga, acmhainní, scéimeanna agus idirghabháil, gnóthachtáil agus caighdeán teanga na ndaltaí, cleachtais an tumoideachais sa chomhthéacs, plé le tuismitheoirí agus leis an gceantar, oiliúint mhúinteoirí, trialacha agus measúnaithe diagnóiseacha. Mhair gach grúpa fócais thart ar 50 nóiméad.

Cuireadh agallamh ar ceathrar príomhoide ar an iomlán, triúir a bhí leo féin agus príomhoide amháin a ghlac páirt sa ghrúpa fócais toisc í a bheith ina múinteoir rang a Sé chomh maith (Tugadh an rogha seo don phríomhoide agus do na múinteoirí). Rinneadh forbairt ar ceistneoir an phríomhoide san agallamh aonair inar leagadh níos mó béime ar ceisteanna ag leibhéal na scoile agus na bainistíochta. Rinneadh forbairt ar an bplé maidir le deacrachtaí foghlama sa scoil ar an iomlán, measúnú síceolaíochta agus seirbhísí seachtracha, gnóthachtáil agus caighdeán teanga na ndaltaí i gcoitinne, tacaíocht, idirghabhálacha agus áiseanna atá ar fáil do dhaltaí uile na scoile, plé le tuismitheoirí i ról an phríomhoide, polasaí maidir le cleachtais an tumoideachais sa scoil agus stádas socheacnamaíoch an cheantair agus a chiallaíonn sé sin don scoil. Mhair gach agallamh a rinneadh le príomhoidí thart ar 40 nóiméad.

## 2.12 Ráta Freagartha

Léiríonn Tábla 2.2 thíos ráta freagartha i gcás na gceistneoirí taighde agus leabhrán trialach na ndaltaí agus ceistneoirí taighde na bpríomhoidí, na múinteoirí agus na tuismitheoirí. Maidir le ceistneoirí na ndaltaí agus leabhrán trialacha na ndaltaí, tá siad ar fad os cionn 90% agus mar sin tá siad inchurtha le rátaí freagartha NAIMS ’10 agus Measúnachtaí Naisiúnta (MN) ’14. Tá an ráta freagartha i leith ceistneoirí na dtuismitheoirí agus na múinteoirí níos lú anseo, ach go háirithe i gcás mhúinteoirí rang a Trí, ná mar a sonraíodh i NAIMS ’10 agus MN ’14 a bhí os cionn 90% sa dá chás. D’fhreagair gach príomhoide scoile an ceistneoir sa staidéar reatha.

Tugadh diolúintí ó na trialacha do sheachtar dalta san iomlán – cúigear i Rang a Trí agus beirt i rang a Sé. Díolmhaíodh seisear toisc go raibh míchumais foghlama ginearálta measartha nó dian acu, agus duine amháin toisc go raibh míchumas fisiceach acu.

**Tábla 2.2:** Líon na bhfaisnéiseoirí a líon isteach na ceistneoirí taighde agus leabhrán trialach na ndaltaí de réir leibhéal ranga

| | Rang a Trí (N = 315) | | Rang a Sé (N = 262) | |
|---|---|---|---|---|
| | N Freagartha | % Freagartha | N Freagartha | % Freagartha |
| Ceistneoir Daltaí | 284 | 90.2 | 251 | 95.8 |
| Leabhrán Trialach na nDaltaí | 286 | 90.7 | 237 | 90.4 |
| Ceistneoir Tuismitheoirí | 224 | 71.1 | 206 | 78.6 |
| | N Ranganna (16) | | N Ranganna (15) | |
| Ceistneoir an Mhúinteora | 9 | 56.3 | 11 | 73.3 |
| N Scoileanna (13) | | | | |
| Ceistneoir an Phríomhoide | | 13 | % = 100 | |

## 2.13 Cur i 2.13 bhFeidhm an Staidéir sna Scoileanna

Ag tús an staidéir i Mí Dheireadh Fómhair 2016, rinneadh teagmháil i bhfoirm scríofa leis an 13 SLG DEIS ag tabhairt cuireadh dóibh a bheith páirteach sa staidéar. Cuireadh foirm chuig na scoileanna i dteannta leis an litir ag lorg sonraí maidir le rang a Trí agus a Sé, líon na ndaltaí, líon na ranganna agus más é gur rang ilghráid a bhí ann. Lorgaíodh eolas ar an bhfoirm chomh maith faoi na trialacha i léamh an Bhéarla, sa Ghaeilge agus sa mhatamaitic a rinne na daltaí fad is a bhí siad i rang a Dó agus a Cúig sa scoilbhliain 2015/16. Cuireadh gach foirm ar ais leis an eolas cuí agus tar éis é sin rinneadh teagmháil indibhidiúil ar an bhfón leis an bpríomhoide scoile chun sonraí agus cur chuige an staidéir a phlé agus ach go háirithe maidir le scaipeadh na gceistneoirí sa scoil. Míníodh do na scoileanna cé chomh tábhachtach is a bheadh sé go mbeadh gach scoil páirteach sa staidéar toisc líon na scoileanna a bheith chomh beag sa chéad áit. Bhí gach scoil sásta páirt a ghlacadh sa staidéar.

Cuireadh amach na ceistneoirí chuig gach scoil ón bhForas Taighde ar Oideachas agus eagraíodh go mbeadh duine ón bhfoireann taighde in ann na ceistneoirí a bhailiú tar éis an ama cuí a thabhairt do na scoileanna na ceistneoirí a líonadh isteach. Cuireadh clár ama na scoilbhliana, ócáidí agus laethanta saoire san áireamh sa scála ama a tugadh. Bailíodh na ceistneoirí taighde agus rinneadh stóráil orthu go sábháilte in oifigí an Fhorais Taighde ar Oideachas.

Scríobhadh chuig príomhoidí ina dhiaidh sin ag gabháil buíochas leo as na hiarrachtaí a rinneadh leis na ceistneoirí agus míníodh go roghnófaí ceithre scoil chun a bheith páirteach sa chéad chuid eile a chuimsigh grúpaí fócais le múinteoirí rang a Trí agus a Sé agus múinteoirí oideachas speisialta agus agallamh le príomhoidí. Eagraíodh dátaí chuige sin (Aibreán agus Bealtaine 2017) agus reachtaíodh na grúpaí fócais agus na hagallaimh sna scoileanna le beirt ón bhfoireann taighde i ngach aon chás.

Iarradh ar gach scoil sa staidéar ina dhiaidh sin trialacha i léamh an Bhéarla agus sa mhatamaitic (mar a pléadh thuas iad faoi mhír 3.2) a riaradh sna scoileanna Bealtaine den scoilbhliain 2016/17 le cabhair ó ionadaí ón bhForas Taighde ar Oideachas. Bhí gach scoil sásta páirt a ghlacadh sa chuid seo den staidéar. Chuir gach scoil cóip ar fáil de thorthaí na dtrialach a rinne na daltaí i léamh an Bhéarla agus sa mhata fad is a bhí siad i rang a Dó agus a Cúig sa scoilbhliain 2015/16.

I ngach cás inar rinneadh teagmháil le scoileanna chun socruithe a dhéanamh nó sonraí a lorg, cuireadh in iúl dóibh go gcloífear go docht le cúrsaí eitice le linn an staidéir, sé sin nach n-ainmneofaí aon scoil nó aon dalta agus go bpléifí le sonraí i bhfoirm comhiomlánaithe sa staidéar.

## 2.14 Anailís

Nuair a tógadh na leabhráin thrialacha ar ais go dtí an Foras Taighde ar Oideachas, ceartaíodh míreanna freagraí ag ceartaitheoirí oilte chun scóir a chur ar fáil agus iad a iontráil. Is ag an bhfoireann taighde féin a rinneadh sonraí na gceistneoirí a iontráil toisc líon na scoileanna a bheith beag agus inláimhseáilte. Beirt ón bhfoireann taighde a rinne an obair seo chun glantacháin agus iontaofacht na n-iontrálacha a chinntiú. Níor cuireadh amach an obair trascríbhneoireacht a rinneadh ar na taifid ghrúpaí fócais agus agallamh ach oiread ach measadh go mbeadh sé ina bhuntáiste don staidéar go ndéanfaí ag an bhfoireann taighde féin é chun treochtaí a aithint ag teacht chun cinn le linn anailíse.

Baineadh úsáid as an gcóras staitistiúil SPSS chun anailís a dhéanamh ar na ceistneoirí a chuir faisnéis chainníochtúil ar fáil don mhórchuid ach roinnt ceisteanna oscailte. Minicíochtaí simplí a rinneadh sa chéad áit le linn anailíse chun próifíl na scoileanna agus na múinteoirí a chur le chéile. Bhíothas in ann ansin anailís chomparáideach a dhéanamh idir gaelscoileanna DEIS Banda 1 agus Banda 2 chun aon mhórdhifríochtaí a aithint ag teacht chun cinn sna sonraí de réir SSE na scoile, sé sin féachaint an raibh deacrachtaí níos láidre ag teacht chun cinn i leith gaelscoileanna DEIS Banda 1 - na gaelscoileanna is boichte sa tír. Chomh maith leis sin, rinneadh comparáid maidir le hinscne na ndaltaí féachaint an raibh aon difríochtaí suntasacha ag teacht chun cinn san anailís agus chun eolas a chur ar fáil sna sonraí maidir le céatadán na gcailíní agus na mbuachaillí a bhain le ceisteanna áirithe. Rinneadh an anailís féin ar SPSS ach tógadh na sonraí isteach in *Excel* ina dhiaidh sin chun cairteanna a dhearadh, mar a chuirtear i láthair iad sa tuairisc seo.

Úsáideadh an bogearra a thacaíonn le sonraí cáilíochtúla NVivo chun anailís a dhéanamh ar na grúpaí fócais agus agallaimh na bpríomhoidí. Rinneadh códú ar an trascríbhneoireacht ó na grúpaí fócais agus na hagallaimh chun téamaí a aithint a bhí ag teacht chun cinn san anailís cáilíochtúil. Nuair a bhí códú déanta ar gach téama a tháinig chun cinn, bhíothas in ann catagóiriú a dhéanamh ar na téamaí ina n-olltéamaí. Cuir i gcás, aon rud a dúradh i leith na tacaíochta foghlama sna grúpaí fócais agus sna hagallaimh, rinneadh códú air sin de réir mar a cuireadh an t-eolas i láthair; an t-ábhar lena bhain an tacaíocht, cur chuige na tacaíochta, líon na n-uaireanta cloig a bhain leis an tacaíocht srl. Bhíothas in ann ansin sa chóras NVivo anailís a dhéanamh ar an gcódú agus ar an gcatagóiriú ar fad trí léaráid a chruthú a thugann léargas cruinn ar na holltéamaí agus na fothéamaí a aithníodh i mbun anailíse. Chabhraigh an anailís téamúil le struchtúr an ailt de réir na dtéamaí is mó a aithníodh i sonraí na múinteoirí agus na bpríomhoidí.

# 3 PRÓIFÍL NA NDALTAÍ AGUS TRÉITHE NA DTEAGHLACH

## 3.1 Réamhrá

Pléitear sa chaibidil seo tréithe na dteaghlach maraon le timpeallacht an bhaile atá ag daltaí rang a Trí agus a Sé i scoileanna lán-Ghaeilge DEIS. Baineadh úsáid as sonraí ceistneora na dtuismitheoirí agus na ndaltaí chun anailís cainníochtúil a dhéanamh ina raibh cúpla ceist oscailte a chur faisnéis cáilíochtúil ar fáil ar cheistneoir an tuismitheora chomh maith. Cuirtear i láthair sa chaibidil ar dtús, roinnt eolais i dtaobh na bhfreagróirí ceistneora agus tréithe na dteaghlach, cuir i gcás cúlra oideachais na dtuismitheoirí agus an teanga is mó a labhraítear sa bhaile. Ina dhiaidh sin, dírítear isteach ar thimpeallacht an bhaile agus na tacaíochtaí agus na hacmhainní sa bhaile a chuimsíonn méid na leabhar atá ar fáil sa bhaile, cleachtais léitheoireachta, cleachtadh oideachais sa bhaile agus idirghníomhú an tuismitheora leis an scoil. Tugtar léargas ó dhearcadh an dalta maidir le cleachtais don obair bhaile, gníomhaíochtaí lasmuigh den scoil, nósanna léitheoireachta agus meonta i leith na léitheoireachta atá ag daltaí an staidéir. Pléitear ansin na sonraí a chuir tuismitheoirí i láthair sa cheistneoir maidir le páistí le deacrachtaí foghlama, réimse na ndeacrachtaí atá acu, méid ilmhíchumas i measc na ndaltaí, na hacmhainní agus tacaíochtaí atá ar fáil dóibh agus sástacht an tuismitheora le measúnuithe síceolaíochta agus leis an bpróiseas measúnaithe. Anuas air sin, déantar plé ar thaithí scoile na ndaltaí, todhchaí na ndaltaí agus an turas oideachais a dhéanfaidh siad. Ar deireadh, cuirtear faisnéis i láthair maidir le húsáid agus cumas na dtuismitheoirí agus na ndaltaí i leith na Gaeilge. Cuirtear críoch leis an gcaibidil le conclúid ghearr.

## 3.2 Freagróirí na gCeistneoirí

I rang a Trí, ba mháthaireacha iad 89% de thuismitheoirí / chaomhnóirí a líon isteach an ceistneoir agus 91% de thuismitheoirí / chaomhnóirí rang a Sé. Níor líon aon chaomhnóir baineann nó fireann aon cheann de na ceistneoirí isteach, cé gur sonraíodh líon bheag, thart ar 2%, de chaomhnóirí baineann agus fireann a bheith ina gcónaí leis na páistí. Maidir le ráta freagartha, d'fhreagair 78% de thuismitheoirí rang a Trí agus 87% de thuismitheoirí rang a Sé an ceistneoir taighde.

Maidir le ceistneoir an dalta, feictear i dTábla 3.1 gur cailíní ab ea iad 60.1% de dhaltaí rang a Trí a líon isteach ceistneoir an dalta agus bhí 39.9% ina mbuachaillí. Sonraíodh figiúr cosúil ag leibhéal rang a Sé ina raibh 57.5% de fhreagróirí an cheistneoirí ina gcailíní agus ba bhuachaillí iad an chuid eile (42.5%). Ó thaobh próifíl aoise, bhí tromlach na ndaltaí a líon isteach ceistneoir an dalta i rang a Trí naoi mbliana d'aois (66.8% de dhaltaí), bhí formhór na ndaltaí eile ocht mbliana d'aois (32.2%) agus céatadán fíorbheag (1.1%) deich mbliana d'aois. An aoisghrúpa is mó a sonraíodh ag leibhéal rang a Sé ná iad siúd ag dhá bhliain déag d'aois (66.8%); bhí 32.2% ag aon bhliain déag d'aois agus an mionlach de fhreagróirí i measc na ndaltaí a bhí trí bliana déag d'aois (1.1%).

**Tábla 3.1:** Inscne agus aois na ndaltaí a líon an ceistneoir

| | Rang 3 | Rang 6 |
|---|---|---|
| Cailíní | 60.1% | 57.5% |
| Buachaillí | 39.9% | 42.5% |
| 8 mbliana d'aois | 32.2% | |
| 9 mbliana d'aois | 66.8% | |
| 10 mbliana d'aois | 1.1% | |
| 11 bliain d'aois | | 32.2% |
| 12 bliain d'aois | | 66.8% |
| 13 bliain d'aois | | 1.1% |

Cuireadh in iúl ar cheistneoir an dalta gur rugadh formhór de fhreagróirí an cheistneora ag leibhéal rang a Trí agus a Sé in Éirinn. Ní raibh ach 1.1% de dhaltaí i rang a Trí agus 2.9% de dhaltaí i rang a Sé a rugadh lasmuigh d'Éireann. Sa chás nár rugadh in Éirinn iad, is faoi aois cúig bliana ar an meán a tháinig na daltaí go hÉireann.

## 3.3 Tréithe na dTeaghlach

Iarradh ar thuismitheoirí an leibhéal is airde oideachais a bhí ag an té a líon isteach an ceistneoir agus a p(h)airtnéir a chur in iúl ar an gceistneoir. Feictear i dTábla 3.2 nuair a dhéantar scrúdú ar an leibhéal is airde go bhfuil an-difríocht le tabhairt faoi deara idir Banda 1 agus 2 maidir le líon na dtuismitheoirí a bhfuil céim nó níos airde bainte amach acu – 35.6% de thuismitheoirí Banda 2 rang a Trí i gcomparáid le 18.2% de thuismitheoirí Banda 1 agus 33.6% de thuismitheoirí Banda 2 rang a Sé i gcomparáid le 22.2% i mBanda 1.

**Tábla 3.2:** Oideachas na dTuismitheoirí de réir leibhéal ranga agus banda DEIS

| | Rang a Trí SLG DEIS Banda 1 % | Rang a Trí SLG DEIS Banda 2 % | Rang a Sé SLG DEIS Banda 1 % | Rang a Sé SLG DEIS Banda 2 % |
|---|---|---|---|---|
| Céim nó níos airde | 18.2 | 35.6 | 22.2 | 33.6 |
| Teastas/Dioplóma | 42.9 | 37.1 | 33.3 | 32.7 |
| Ardteist | 27.3 | 19.7 | 25.9 | 18.6 |
| Idir Theastas/ Teastas Sóisearach | 10.4 | 5.3 | 16.7 | 13.3 |
| Gan scrúdú | 1.3 | 2.3 | 1.9 | 1.8 |

Féachadh chuige ar an ngaol idir oideachas na dtuismitheoirí agus gnóthachtáil na bpáistí de réir ábhair i rang a Trí agus a Sé. Léiríonn Tábla 3.3 thíos atá bunaithe ar rang a Trí amháin, go raibh éagsúlacht i raon na dtorthaí a ghnóthaíonn daltaí i léamh an Bhéarla agus sa mhata de réir leibhéal oideachais a dtuismitheoirí ach go raibh an meánscór is airde sa dá ábhar agus sa dá bhanda acu siúd a raibh céim nó níos airde bainte amach ag a dtuismitheoirí. Chuaigh an treocht sa tslí ina mbeifeá ag súil leis sa dá ábhar i mBanda 2, sé sin go ndeachaigh an meánscór gnóthachtála in airde de réir mar a chuaigh oideachas na dtuismitheoirí in airde. Bhí na difríochtaí idir leibhéal oideachais na dtuismitheoirí suntasach i mBanda 2. A mhalairt a bhí fíor i mBanda 1 san áit nach ndeachaigh an treocht go díreach mar a bheifí ag súil leis agus nach raibh na difríochtaí idir leibhéal oideachais na dtuismitheoirí suntasach, cé go raibh difríocht le sonrú maidir le meánscór ní ba airde a bheith ag daltaí a raibh céim nó níos airde ag a tuismitheoirí sa dá ábhar.

**Tábla 3.3:** Meánscór gnóthachtála dhaltaí rang a Trí do léamh an Bhéarla agus don mhata de réir oideachais na dtuismitheoirí agus banda DEIS. (Féach Aguisín A, Tábla A3.1)

| | Rang a Trí<br>Léamh an Bhéarla<br>SLG DEIS Banda 1 | Rang a Trí<br>Léamh an Bhéarla<br>SLG DEIS Banda 2 | Rang a Trí<br>Mata<br>SLG DEIS Banda 1 | Rang a Trí<br>Mata<br>SLG DEIS Banda 2 |
|---|---|---|---|---|
| | Meánscór (DC) | Meánscór (DC) | Meánscór (DC) | Meánscór (DC) |
| Céim nó níos airde (t) | 97.5 | 108.9 | 93.1 | 105.1 |
| Teastas/Dioplóma | 95.3 | 101.8 | 90.2 | 102.0 |
| Ardteist | 97.8 | 95.2 | 92.5 | 95.2 |
| Gan Scrúdú/ Idir Theastas/ Teastas Sóisearach | 89.6 | 90.8 | 92.8 | 85.7 |

Tá meánscóir atá difriúil go suntasach ón ngrúpa tagartha (t) **i gcló trom**.

B'amhlaidh an scéal i gcás rang a Sé inar sonraíodh an meánscór is airde do léamh an Bhéarla agus don mhata ag an ngrúpa a raibh céim nó níos airde bainte amach ag a dtuismitheoirí. Spéisiúil go leor arís anseo, bhí sé le feiscint go raibh an cohórt de dhaltaí a raibh teastas/dioplóma tríú leibhéal bainte amach ag a dtuismitheoirí thíos leis ó thaobh meánscór gnóthachtála i gcomparáid leis an gcohórt de thuismitheoirí a raibh an Ardteist ar an leibhéal oideachais ab airde acu i mBanda 1. I mBanda 2, arís bhí an meánscór ab airde le sonrú i gcás na ndaltaí a raibh an leibhéal oideachais ab airde ag a dtuismitheoirí. Bhí éagsúlacht in ord na dtorthaí áfach sa chaoi is nach ndeachaigh siad in airde go díreach de réir oideachais na tuismitheoirí. Bhí na difríochtaí ar fad idir leibhéal oideachais agus gnóthachtáil na bpáistí suntasach do léamh an Bhéarla agus don mhata sa dá bhanda ag leibhéal rang a Sé, a thug eolas go raibh difríocht suntasach sna meánscóir a ghnóthaigh daltaí rang a Sé do léamh an Bhéarla agus don mhata bainteach le leibhéal oideachais a dtuismitheoirí.


**Tábla 3.4:** Meánscór gnóthachtála dhaltaí rang a Sé do léamh an Bhéarla agus don mhata de réir oideachais na dtuismitheoirí agus banda DEIS. (Féach Aguisín A, Tábla A3.2)

| | Rang a Sé<br>Léamh an Bhéarla<br>SLG DEIS Banda 1 | Rang a Sé<br>Léamh an Bhéarla<br>SLG DEIS Banda 2 | Rang a Sé<br>Mata<br>SLG DEIS Banda 1 | Rang a Sé<br>Mata<br>SLG DEIS Banda 2 |
|---|---|---|---|---|
| | Meánscór (DC) | Meánscór (DC) | Meánscór (DC) | Meánscór (DC) |
| Céim nó níos airde (t) | 110.7 | 103.9 | 107.7 | 104.9 |
| Teastas/Dioplóma | **95.2** | 97.9 | **89.4** | 96.9 |
| Ardteist | **97.6** | **90.8** | 100.2 | **93.1** |
| Gan Scrúdú/ Idir Theastas/ Teastas Sóisearach | **87.7** | 97.8 | **90.8** | 94.9 |

Tá meánscóir atá difriúil go suntasach ón ngrúpa tagartha (t) **i gcló trom**.


Tuairiscíodh 'Béarla don chuid is mó le roinnt focal/frásaí i nGaeilge' a labhairt sa bhaile ag 66.7% de theaghlaigh rang a Trí agus ag 63.4% de theaghlaigh rang a Sé de réir sonraí na dtuismitheoirí. Níor sonraíodh Béarla amháin a labhairt sa bhaile ach ag 18.5% sa dá rang leibhéal (féach Figiúr 3.1 thíos). Níor fiosraíodh áfach an comhthéacs ina úsáidtear focail agus frásaí Gaeilge sa bhaile agus an é go mbaineann a n-úsáid leis an obair bhaile. Níl teaghlach ar bith sa staidéar a úsáideann Gaeilge amháin agus is fíorbheag iad líon na dteaghlach a úsáideann Gaeilge don chuid is mó le roinnt focal/frásaí i mBéarla, Béarla agus Gaeilge, ach Gaeilge don chuid is mó nó meascán de Bhéarla agus Gaeilge ag an dá rang leibhéal.

**Figiúr 3.1:** An Teanga is mó a labhraíodh sa bhaile de réir sonraí na dtuismitheoirí




De réir sonraí na ndaltaí i rang a Sé, sonraíodh céatadán níos airde (41.3%) de dhaltaí Béarla amháin a labhairt sa bhaile lena dteaghlaigh agus 47.4% a dúirt go labhraíonn siad Béarla don chuid is mó le roinnt Gaeilge. Tuairiscíodh céatadán níos lú de dhaltaí a mhaígh gur labhair siad meascán cothrom de Ghaeilge agus Bhéarla sa bhaile ag 6.1%, i gcomparáid leis an 14.1% de thuismitheoirí rang a Sé a mhaígh seo. Ní mór a chuir san áireamh anseo áfach nach gach tuismitheoir a líon isteach an ceistneoir taighde agus go mbeadh impleachtaí ag sin ar na céatadáin a thuairiscítear anseo. Is beag dalta a chur in iúl go mbíonn Gaeilge don chuid is mó nó Gaeilge amháin á labhairt lena dteaghlaigh sa bhaile. Tuairiscíodh teanga eile a labhairt ag 4.5% de dhaltaí.

**Figiúr 3.2**: An Teanga is mó a labhraíodh sa bhaile de réir sonraí dhaltaí rang a Sé




Maidir le stádas fostaíochta na dtuismitheoirí, mhair an chuid is mó de pháistí i dtithe ina raibh ar a laghad tuismitheoir amháin i bhfostaíocht lánaimseartha nó pháirtaimseartha – thart ar 86% de theaghlaigh (féach Táblaí A.3.3 agus A3.4). Bhí céatadán níos airde de thuismitheoirí a líon isteach an ceistneoir taighde – máithreacha don chuid is mó – ag obair go páirtaimseartha nó go lánaimseartha ná mar atá ina mná/fir tí lánaimseartha nó ná mar atá dífhostaithe, ar shaoire leanúnach tinnis, ar liúntas míchumais nó ina mic

léinn lánaimseartha. Nuair a fhéachadh ar seo i gcomhthéacs gnóthachtáil a gcuid páistí sonraíodh ag leibhéal rang a Trí go bhfuil difríochtaí fabhracha sna meánscóir a ghnóthaíodh i léamh an Bhéarla agus sa mhata sa chás ina raibh ar a laghad duine amháin sa teaghlach fostaithe nó ag staidéar ach na difríochtaí gan a bheith súntasach.

Bhí líon na dteaghlach aon-tuismitheora cosúil sna scoileanna lán-Ghaeilge DEIS Banda 1 agus 2, cé go raibh sé níos ísle i gcás Rang a Sé, DEIS Banda 2. Bhí cárta leighis ag 46.3% de theaghlaigh Rang a Trí agus ag 41.4% de theaghlaigh Rang a Sé. Maidir le meánscóir na ndaltaí de réir cárta leighis a bheith ag an teaglach, ghnóthaigh daltaí rang a Trí agus a Sé meánscóir níos airde i léamh an Bhéarla agus sa mhata sa chás nach raibh cárta leighis ag an teaghlach i gcomparáid leo siúd a raibh cárta leighis acu. Bhí na difríochtaí ag Banda 1 agus 2 i gcás léamh an Bhéarla agus na matamaitice suntasach ag leibhéal rang a Trí agus ní raibh na difríochtaí suntasach ach i mBanda 2 ag leibhéal rang a Sé.

Ag an dá rang leibhéal, bhí 3 nó níos lú siblíní ag mórchuid na dteaghlach (thart ar 92%) agus níos mó ná triúir ag 8% de theaghlaigh. Níor léiríodh aon difríochtaí suntasacha san anailís maidir le líon na bpáistí i dteaghlach agus an meánscór a ghnóthaigh siad ach bhí difríochtaí le sonrú i léamh an Bhéarla agus sa mhata ag rang a Trí agus a Sé i mBanda a 2 inar ghnóthaigh páistí i dteaghlaigh le páiste amháin nó beirt meánscór ní ba airde, cé nach raibh sé suntasach.

## 3.4 Timpeallacht an Bhaile, Tacaíochtaí agus Acmhainní

Déantar cur síos sa chuid seo den chaibidil ar nósanna an bhaile maidir le hobair bhaile, cleachtais léitheoireachta, cleachtadh oideachais, gníomhú leis an scoil agus na hacmhainní atá sa bhaile.


### 3.4.1 Cleachtais Oideachasúla sa bhaile agus Gníomhú leis an Scoil

Fiosraíodh ar an gceistneoir, tuairimí agus braistintí thuismitheoirí maidir le cleachtais éagsúla oideachais a thiteann amach sa bhaile. Feictear i bhfigiúr 3.3 thíos gur labhair céatadán ard de thuismitheoirí lena bpáistí faoin lá scoile ach go n-íslíodh ar an gcéatadán nuair ba ghníomhaíocht maidir le hobair bhaile a bhí i gceist, go háirithe ag rang a Sé. Ní mór a chur san áireamh anseo go mb'fhéidir go mbaineann an titim seo leis an teanga ina dhéantar an obair bhaile, sé sin nach bhfuil dóthain Gaeilge ag tuismitheoirí chun cabhrú leis an obair bhaile nó d'fhéadfadh go mbaineann sé le híde-eolaíocht na dtuismitheoirí i leith obair scoile. Seachas labhairt faoin lá scoile agus dualgas cabhrú leis an obair bhaile (ráiteas i agus e thíos), d'aontaigh thart ar leath nó níos lú de thuismitheoirí go láidir leis na ráitis eile a bhaineann le cumarsáid leis an múinteoir scoile, gníomhú le hobair bhaile agus le dul chun cinn a dhéanamh ar scoil.


Maidir le gníomhú agus duine den teaghlach ag glacadh páirte in oideachas an pháiste sa bhaile, d'aontaigh 75.3% de thuismitheoirí rang a Trí agus 66.3% de thuismitheoirí rang a Sé go láidir go gcabhraíonn duine sa bhaile le hobair bhaile an pháiste (Figiúr 3.6). Tá sé le tabhairt faoi deara gur ardaíodh ar an aontú láidir go léann duine sa bhaile le páiste agus go ndéanann duine sa bhaile cleachtadh ar litriú, mata nó scileanna eile i gcás rang a Sé i gcomparáid le rang a Trí sa dá chás. D'fhéadfadh go mbaineann sé seo le béim níos láidre a chuireann tuismitheoirí ar chúrsaí scoile i rang a Sé. Tá céatadán níos lú de thuismitheoirí a d'aontaigh go láidir go nglactar páirt i saol na scoile, ach amháin i gcás freastal ar ócáidí.

Cuireadh ceist ar thuismitheoirí maidir le ballraíocht de chuid boird bhainistíochta nó cumainn na scoile. Cé gur annamh a cuireadh in iúl go raibh tuismitheoir ina b(h)all de bhord bainistíochta na scoile – thart a 6% – mhaígh duine as gach cúigear go raibh siad ina b(h)all de chumann na dtuismitheoirí nó go raibh ag uair amháin. Ní raibh mórán de dhifríocht le sonrú idir an dá rang leibhéal ach amháin go bhfuil níos mó tuismitheoirí rang a Sé bainteach le cumainn eile ar nós cumann spóirt srl. ná mar atá i rang a Trí.

**Figiúr 3.3**: Cleachtais oideachais sa bhaile de réir tuairimí na dtuismitheoirí




**Figiúr 3.4:** Cleachtais oideachais sa bhaile de réir ceistneoirí na dtuismitheoirí




### 3.4.2 Acmhainní agus Cleachtais Léitheoireachta sa Bhaile

Léiríonn measúnachtaí náisiúnta '14 agus NAIMS '10 an comhghaolú láidir idir tacaíocht ón mbaile, cuir i gcás, teacht ar leabhair sa bhaile, leis an dul chun cinn a dhéantar ar scoil agus gnóthachtáil dhaltaí i léamh an Bhéarla agus sa mhatamaitic. Anuas air sin tá fianaise ann gur féidir le tacaíocht agus gníomhú an tuismitheora an drochthionchar a d'fhéadfadh a bheith ag SSE íseal ar thorthaí oideachasúla an pháiste a mhaolú (Department of Education 2006; Gilleece 2015). Féachtar anseo ar na hacmhainní agus na cleachtais léitheoireachta a bhaineann le teaghlaigh scoileanna lán-Ghaeilge DEIS agus déanfar comparáid lena bhfuil ar fáil i scoileanna go náisiúnta.


Chuir daltaí rang a Trí agus a Sé in iúl ar an gceistneoir taighde cé acu acmhainní a bhí acu sa bhaile i bhfoirm ríomhairí, taibléidí, consól cluichí (m.sh. *Playstation, Wii, Xbox*), idirlíon leathanbhanda, teilifís sa seomra codlata, áireamhán nó fón póca/cliste. Chonacthas i dtuairiscí ar na measúnachtaí náisiúnta roimhe seo (Eivers et al. 2010; Gilleece et al. 2012; Kavanagh et al. 2015) gur fachtóir diúltach é an teilifís sa seomra leapa ar thorthaí gnóthachtála i léamh an Bhéarla agus sa mhatamaitic mar shampla. Pléann Weir et al. 2017 i dtuairisc maidir le dul i ngleic le míbhuntáiste oideachais iomaí taighde go dúchasach agus go hidirnáisiúnta a aithníonn na cleachtais a bhaineann le SSE an teaghlaigh. Cuir i gcás go mbeadh sé níos coitianta don teaghlach SSE íseal níos mó ama a chaitheamh ag breathnú ar an teilifís i gcomparáid le teaghlaigh a bhfuil SSE ard acu agus a mhalairt a bheith fíor i gcás cleachtais na léitheoireachta sa bhaile (Burkham et al. Luaite in Weir et al. 2017: 33). Fuarthas amach sa taighde reatha de réir sonraí na ndaltaí go raibh fón póca/cliste ag 92.3% de dhaltaí rang a Sé agus ag 49.6% de dhaltaí rang a Trí. Bhí ríomhaire nó taibléid ag 92.7% de dhaltaí rang a Sé agus ag 92.1% de dhaltaí rang a Trí. Cé nár fiosraíodh an úsáid a bhaintear as ríomhairí, taibléidí nó fóin chliste ar an gceistneoir taighde do dhaltaí, chuir príomhoidí áirithe sa staidéar tuairimí láidre in iúl nach do chúrsaí oideachais a bhaintear leas as uirlisí digiteacha ach go raibh an úsáid a baineadh astu ag cruthú fadhbanna maidir le sealbhú na máthairtheanga agus scileanna léitheoireachta agus labhartha dá réir. Tuairiscíodh figiúr cosúil i rang a Sé maidir le consól cluichí agus idirlíon leathanbhanda, fhad is a bhí an dá acmhainn seo ag céatadán ní ba ísle de dhaltaí i rang a Trí. Maidir le teilifís sa seomra codlata, cé go raibh céatadán na ndaltaí níos ísle agus figiúr sna seascaidí ag an dá rang leibhéal, bheadh ceist maidir le feidhm na teilifíse sa seomra codlata má raibh ríomhaire nó taibléid ag níos mó ná 92% de dhaltaí rang a Trí agus a Sé.

**Figiúr 3.5:** Céatadán na ndaltaí i rang a Trí a raibh acmhainní éagsúla acu sa bhaile





Iarradh ar tuismitheoirí líon na leabhar sa bhaile a chur in iúl ar an gceistneoir inar tugadh roghanna éagsúla dóibh – gan aon leabhar go dtí os cionn 250 leabhar. Ní raibh leabhair scoile san áireamh sa chomhaireamh. Bhí idir 11 agus 50 leabhar clóite sa bhaile ag an gcéatadán is airde (30%) de theaghlaigh ag an dá rang leibhéal. Bhí timpeall ar 10% de theaghlaigh ann a bhfuil níos lú ná 10 leabhar clóite sa bhaile acu agus bhí níos mó ná 250 leabhar clóite ag thart ar 15% de theaghlaigh. Teaghlach amháin as gach ceithre theaghlach a bhí ann gan aon ríomhleabhar acu sa bhaile agus tuairim is 12% de theaghlaigh

**Figiúr 3.6:** Céatadán na ndaltaí i rang a Sé a raibh acmhainní éagsúla acu sa bhaile




a mhaígh níos mó ná 250 ríomhleabhar a bheith acu sa bhaile. Feictear i bhfigiúr 3.7 thíos nach raibh mórán difríochta le sonrú idir líon na leabhar clóite atá ag teaghlaigh SLG DEIS rang a Sé agus a raibh ag teaghlaigh de réir MN '14. An t-aon difríocht amháin ná go raibh céatadán ní ba airde de theaghlaigh a mhaígh idir 101 agus 250 leabhar clóite a bheith sa bhaile i scoileanna go náisiúnta i gcomparáid le líon níos airde de theaghlaigh a mhaígh idir 11 agus 50 leabhar clóite a bheith sa bhaile i SLG DEIS.

**Figiúr 3.7:** Céatadáin na leabhar sa bhaile ag teaghlaigh SLG DEIS agus scoileanna go náisiúnta




Pictiúir difriúil a cuireadh in iúl maidir le líon na leabhar Gaeilge a bhí sa bhaile inar thuairiscigh tuismitheoirí go raibh 22% de theaghlaigh dhaltaí rang a Sé gan aon leabhar Gaeilge sa bhaile agus 2% a raibh idir 51 agus 100 leabhar Gaeilge acu sa bhaile. Bhí idir 1 agus 10 leabhar Gaeilge ag os cionn 60% de theaghlaigh ag an dá rang leibhéal de réir sonraí na dtuismitheoirí. Tá an figiúr seo ag teacht leis an bhfigiúr a cuireadh in iúl maidir le SLG go náisiúnta (NAIMS '10) ina bhfuil idir 0 agus 10 leabhar Gaeilge ag 64% de theaghlaigh. Bhí céatadán píosa beag níos airde de theaghlaigh i SLG DEIS áfach nach raibh leabhar Gaeilge ar bith acu sa bhaile (thart ar 19% i gcomparáid le 12% i SLG go náisiúnta) agus céatadán ní ba airde de theaghlaigh i SLG go náisiúnta a raibh idir 11 agus 50 leabhar acu (27% i gcomparáid le thart ar 14% I SLG DEIS).

Maidir le hacmhainní sa bhaile, bailíodh eolas ar an gceistneoir maidir leis an úsáid a bhaintear as acmhainní éagsúla sa bhaile idir cluichí oideachasúla (bogearra san áireamh), leabhair thagartha ar nós foclóirí nó ciclipéid agus ríomhairí (*PlayStation* srl. as an áireamh). De réir sonraí na dtuismitheoirí, tá cluichí oideachasúla ag 93% de dhaltaí rang a Trí agus 86.1% de dhaltaí rang a Sé fhad is atá leabhair thagartha ag thart ar 86% de dhaltaí agus ríomhairí ag thart ar 90% de dhaltaí ag an dá rang leibhéal.

Fuarthas comhghaolú idir acmhainní sa bhaile agus meánscóir gnóthachtála do léamh an Bhéarla maidir le leabhair thagartha a bheith d'acmhainn ag páistí sa bhaile. Ghnóthaigh daltaí rang a Trí a bhfuil teacht acu ar leabhair thagartha sa bhaile meánscóir ní ba airde i léamh an Bhéarla agus sa mhata ná iad siúd nach bhfuil teacht acu ar a leithéid, cé nach raibh na difríochtaí suntasach ach i léamh an Bhéarla amháin. Tá difríochtaí cosúla le sonrú arís ag leibhéal rang a Sé i gcás ríomhairí, cluichí oideachasúla agus leabhair thagartha a bheith d'acmhainn ag páistí sa bhaile ach gan na difríochtaí a bheith suntasach don chuid is mó, cé go raibh difríochtaí le tabhairt faoi deara sa chaoi ina raibh meánscóir ní ba airde le sonrú i gcás siúd a bhfuil acmhainní acu sa bhaile.

Tá fianaise láidir ann go bhfuil comhghaolú ann idir líon na leabhar sa bhaile agus an gnóthachtáil a dhéanann daltaí ar scoil (Eivers et al. 2010; McCoy, Cosgrove agus Creaven 2013). Léiríodh difríochtaí suntasacha sa staidéar idir líon na leabhar sa bhaile agus gnóthachtáil na ndaltaí i rang a Trí agus a Sé i léamh an Bhéarla sa dá bhanda DEIS. Sonraíodh difríochtaí suntasacha i gcás na matamaitice chomh maith ach amháin ag rang a Sé Banda 1. Ar an iomlán, léirigh meánscóir gur ghnóthaigh daltaí a raibh níos mó ná céad leabhar acu sa bhaile meánscóir ní ba airde sa Bhéarla agus sa mhata ná iad siúd a bhfuil níos lú ná céad leabhar acu sa bhaile.

**Tábla 3.5:** Meánscóir gnóthachtála rang a Trí Banda 1 agus 2 de réir líon na leabhar sa bhaile

| | Rang a Trí<br>Léamh an Bhéarla<br>SLG DEIS Banda 1<br>% | Rang a Trí<br>Léamh an Bhéarla<br>SLG DEIS Banda 2<br>% | Rang a Trí<br>Mata<br>SLG DEIS Banda 1<br>% | Rang a Trí<br>Mata<br>SLG DEIS Banda 2<br>% |
|---|---|---|---|---|
| | Meánscór | Meánscór | Meánscór | Meánscór |
| Idir 0-100 leabhar | 92.8 | 97.8 | 89.3 | 96 |
| Níos mó ná 100 leabhar | 104.0 | 108.4 | 98.1 | 106.8 |
| Difríochtaí | Difríocht/DF/p | Difríocht/DF/p | Difríocht/DF/p | Difríocht/DF/p |
| Idir ghrúpaí | -3.4 DF (72)<br>p = **.001*** | -5.2 DF (129)<br>p = **.000** | -2.3 DF (72)<br>p = **.024** | -4.2 DF (130)<br>p = **.000** |

*Cló **trom** ar na difríochtaí atá suntasach

**Tábla 3.6:** Meánscóir gnóthachtála rang a Sé Banda 1 agus 2 de réir líon na leabhar sa bhaile

| | Rang a Sé<br>Léamh an Bhéarla<br>SLG DEIS Banda 1<br>% | Rang a Sé<br>Léamh an Bhéarla<br>SLG DEIS Banda 2<br>% | Rang a Sé<br>Mata<br>SLG DEIS Banda 1<br>% | Rang a Sé<br>Mata<br>SLG DEIS Banda 2<br>% |
|---|---|---|---|---|
| | Meánscór | Meánscór | Meánscór | Meánscór |
| Idir 0-100 leabhar | 94.1 | 94.3 | 95.0 | 95.1 |
| Níos mó ná 100 leabhar | 111.4 | 105.3 | 101.4 | 103.9 |
| Difríochtaí | Difríocht/DF/p | Difríocht/DF/p | Difríocht/DF/p | Difríocht/DF/p |
| Idir ghrúpaí | -4.3 DF (48)<br>p = **.000** | -4.8 DF (111)<br>p = **.000** | -1.4 DF (48)<br>p = .170 | -3.4 DF (1312)<br>p = **.001** |

Ag an dá rang leibhéal agus an dá bhanda, mhaígh 78.1% de thuismitheoirí dhaltaí rang a Sé úsáid a bhaint as leabharlann agus 41.4% de thuismitheoirí dhaltaí rang a Trí. Fágann sé sin nár bhain níos mó ná leath de theaghlaigh dhaltaí rang a Trí úsáid as leabharlann phoiblí. Tuairiscíodh i NAIMS '10 70% de theaghlaigh (daltaí i SLG, Gaeltachta agus scoileanna go náisiúnta i MN '09) a bheith ina mbaill de leabharlann phoiblí agus bhí an figiúr sin ní ba airde fós i MN '14 inar sonraíodh 73% de theaghlaigh dhaltaí rang a Dó agus 77% de theaghlaigh dhaltaí rang a Sé a bheith ina mbaill de leabharlann phoiblí. Níor léiríodh difríochtaí suntasacha san anailís idir theaghlaigh a bhain nó nár bhain úsáid as an leabharlann agus an ghnóthachtáil a dhéanann daltaí.

Tuairiscítear go minic i gcás measúnachtaí mar seo, an tionchar nach beag gur féidir le cleachtais an tuismitheora sa bhaile a imirt ar thorthaí oideachais an pháiste (Kavanagh et al. 2015). Ceann de na cleachtais sin ná cleachtais litearthachta sa bhaile idir an léitheoireacht a dhéanann an tuismitheoir féin agus an léitheoireacht a dhéantar leis an bpáiste nó na nósanna léitheoireachta a chothaítear sa bhaile. Rinneadh iniúchadh ar an gceistneoir taighde ar chleachtais léitheoireachta sa bhaile agus na nósanna litearthachta a cothaíodh sa bhaile sna luathbhlianta. Ag rang a Trí, i SLG DEIS Banda 2, bhíodh sé de nós ag 42.9% de theaghlaigh go léadh an tuismitheoir don pháiste gach lá sa tréimhse réamhscoile i gcomparáid le 26.7% i SLG DEIS Banda 1 (Aguisín A, Tábla A3.6). Léigh 58.7% de thuismitheoirí dhaltaí rang a Trí i SLG DEIS Banda 1 dona bpáistí cúpla uair sa tseachtain agus 42.9% de thuismitheoirí DEIS Banda 1. Tuairiscíodh figiúr cosúil maidir le léamh don pháiste cúpla uair sa mhí ag an dá bhanda – thart ar 15%. Ba chéatadán fíorbheag a dúirt gur léigh siad go hannamh don pháiste i scoileanna DEIS Banda 1 agus níos sonraíodh teaghlaigh ar bith sa réimse seo i gcás scoileanna DEIS Banda 2. Ba amhlaidh an scéal nuair a thosaigh páistí rang a Trí ar scoil inar léiríodh an treocht céanna arís de níos mó teaghlach i SLG DEIS Banda 2 a raibh sé de nós ag an teaghlach go léifeadh an páiste do dhuine sa bhaile nuair a bhí siad sna naíonáin – 36.1% i gcomparáid le 28.4% i mBanda 1 (Aguisín A, Tábla A3.5). Tuairiscíodh léitheoireacht an pháiste sna naíonáin cúpla uair sa tseachtain ar an nós léitheoireachta is coitianta ag an dá leibhéal agus céatadán níos lú de theaghlaigh a mhaígh go ndearna an páiste léitheoireacht cúpla uair sa mhí. Go spéisiúil sa chatagóir seo áfach, chuir 14.6% tuismitheoirí dhaltaí rang a Trí i scoileanna Banda 1 agus 22.0% tuismitheoirí Banda 2 in iúl gur go fíor-annamh (cúpla uair sa mhí nó riamh) a léigh a bpáistí dóibh fhad is a bhí siad sna naíonáin (Aguisín A, Tábla A3.6). D'fhéadfadh leis seo a bheith bainteach leis an bhfreagracht a thabhairt don scoil nuair a thosaíonn an páiste ar scoil. Nochtadh patrúin cosúil i gcás tuismitheoirí rang a Sé, sé sin céatadán ní ba airde de theaghlaigh a léigh do pháistí go laethúil roimh thús na scoile agus é níos coitianta i gcás Banda 1 go léadh tuismitheoir don pháiste cúpla uair sa tseachtain seachas gach lá. B'amhlaidh an scéal nuair a bhí daltaí rang a Sé sna naíonáin ach amháin arís cosúil le daltaí rang a Trí, bhí sé níos coitianta gur mhaígh tuismitheoirí gan léitheoireacht a dhéanamh ach go hannamh le páistí i gcás 14.6% de theaghlaigh DEIS Banda 1 agus 14.3% de theaghlaigh DEIS Banda 2.

B'fhéidir an comhghaol is láidre a fuarthas maidir le fachtóirí an bhaile agus an ghnóthachtáil a rinne páistí i SLG DEIS ná an nós léitheoireacht don pháiste sna blianta roimh dóibh tosú ar scoil. Léirigh meánscóir go dtiteann na scóir de réir mar a thiteann an mhinicíocht léitheoireachta don pháiste, sé sin i gcoitinne go gnóthaíonn daltaí rang a Trí agus a Sé ar léadh dóibh roimh thosú ar an scoil meánscóir ní ba airde i léamh an Bhéarla agus sa mhata sa dá bhanda DEIS. Mar a léiríonn, tábla 4.6 agus 4.7 tá na difríochtaí idir na grúpaí ar fad suntasach ach amháin i gcás na matamaitice ag leibhéal rang a Sé Banda 1.

Cuireadh ceist ar an gceistneoir maidir le nósanna léitheoireachta na dtuismitheoirí iad féin, sé sin cé chomh minic is a léann tuismitheoirí dhaltaí rang a Trí agus a Sé páipéir nuachtáin, irisí nó leabhair. Sonraíodh gurb é an rogha léitheoireachta is coitianta i measc tuismitheoirí dhaltaí rang a Trí ná nuachtáin ina léann níos mó ná leath de na tuismitheoirí nuachtáin go laethúil nó cúpla uair sa tseachtain ach 17.9% de thuismitheoirí nach léann nuachtáin ach go hannamh nó riamh. Leabhair ab ea an dara rogha ba choitianta acu ach tá níos lú ná leath de thuismitheoirí a léann go rialta agus 17.9% a léann go hannamh / riamh. I gcás tuismitheoirí rang a Sé, arís ba iad na páipéir nuachtáin agus leabhair an dá rogha is coitianta don léitheoireacht laethúil nó seachtainiúil i gcás níos mó ná leath díobh. Tá céatadán níos ísle de thuismitheoirí a léann irisí go rialta ag an dá rang leibhéal. Cé go bhfuil an céatadán de thuismitheoirí a mhaíonn léitheoireacht a dhéanamh go laethúil nó go seachtainiúil níos airde ná iad siúd nach léann chomh minic céanna, níl an figiúr de nósanna léitheoireachta

**Tábla 3.7:** Meánscóir ghnóthachtála dhaltaí rang a Trí i léamh an Bhéarla agus sa mhata de réir minicíocht léitheoireacht dóibh roimh thosú ar scoil

| | Rang a Trí Léamh an Bhéarla SLG DEIS Banda 1 % | Rang a Trí Léamh an Bhéarla SLG DEIS Banda 2 % | Rang a Trí Mata SLG DEIS Banda 1 % | Rang a Trí Mata SLG DEIS Banda 2 % |
|---|---|---|---|---|
| | Meánscór | Meánscór | Meánscór | Meánscór |
| Léamh don pháiste gach lá | 104.0 | 105.7 | 99.6 | 104.5 |
| Léamh don pháiste cúpla uair sa tseachtain | 94.0 | 99.3 | 90.3 | 98.7 |
| Léamh don pháiste cúpla uair sa mhí | 88.0 | 101.5 | 91.7 | 94.6 |
| Difríochtaí | DF/p | DF/p | DF/p | DF/p |
| Idir ghrúpaí | DF (2,71) p = **.001** | DF (2,129) p = **.021** | DF (2,71) p = **.005** | DF (1312) p = **.023** |

**Tábla 3.8:** Meánscóir ghnóthachtála dhaltaí rang a Sé i léamh an Bhéarla agus sa mhata de réir minicíocht léitheoireacht dóibh roimh thosú ar scoil

| | Rang a Sé Léamh an Bhéarla SLG DEIS Banda 1 % | Rang a Sé Léamh an Bhéarla SLG DEIS Banda 2 % | Rang a Sé Mata SLG DEIS Banda 1 % | Rang a Sé Mata SLG DEIS Banda 2 % |
|---|---|---|---|---|
| | Meánscór | Meánscór | Meánscór | Meánscór |
| Léamh don pháiste gach lá | 107.3 | 103 | 100.3 | 102.4 |
| Léamh don pháiste cúpla uair sa tseachtain | 95.5 | 96.2 | 96 | 96 |
| Léamh don pháiste cúpla uair sa mhí | 87.8 | 90.8 | 91 | 92.3 |
| Difríochtaí | DF/p | DF/p | DF/p | DF/p |
| Idir ghrúpaí | DF (2,47) p = **.000** | DF (2,110) p = **.001** | DF (2,47) p = **.153** | DF (2,110) p = **.012** |


laethúla chomh hard leis an bhfigiúr sna measúnachtaí náisiúnta (MN ’14) a tuairiscíonn go léann 52.2% de thuismitheoirí go laethúil ar mhaithe le siamsa. Maidir le leabhair a léamh i nGaeilge, is fíorbheag iad líon na dtuismitheoirí a chuir in iúl ar an gceistneoir go léann siad féin leabhair Ghaeilge go rialta – 3.1% i gcás rang a Trí agus 4.1% i gcás rang a Sé agus is lú fós é i gcás páirtnéirí – 0.7% i gcás rang a Trí agus 2.2% i gcás rang a Sé a léann leabhair Ghaeilge go rialta.

Léirigh meánscór i léamh an Bhéarla gur ghnóthaigh daltaí rang a Trí agus a Sé sa dá bhanda DEIS ar mhaígh a dtuismitheoirí leabhair a léamh go laethúil, torthaí ní ba airde ná iad siúd nár léigh a dtuismitheoirí chomh coitianta céanna. Ní raibh aon cheann de na difríochtaí seo suntasach áfach.

### 3.4.3 Cleachtais na nDaltaí don Obair Bhaile agus Gníomhaíochtaí lasmuigh den Scoil

Fiosraíodh i rang a Sé cé chomh minic is a dhéanann daltaí obair bhaile de réir na n-ábhar éagsúla. Mar a léiríonn figiúr 3.8 thíos, shonraigh daltaí rang a Sé obair bhaile sa Bhéarla, sa Ghaeilge agus sa mhata dhéanamh go laethúil don mhórchuid, ina raibh an céatadán ab airde le sonrú i gcás na matamaitice. Is beag líon na ndaltaí a mhaígh obair bhaile sna hábhair a dhéanamh uair nó dhó sa tseachain nó go fíorannamh, cé go raibh siad fós ann.

**Figiúr 3.8:** Sonraí na nDaltaí maidir le minicíocht obair bhaile sa Ghaeilge, Bhéarla agus mhata





Bhain ceist ar an gceistneoir le nósanna obair bhaile rang a Trí agus an é go lorgaíonn siad cabhair ó dhuine leis an obair bhaile nó go mbaineann siad úsáid as acmhainní ar nós fo-clóirí, ríomhaire chun cabhrú leo. Mhaígh 56.1% de dhaltaí rang a Trí gur lorg siad cabhair ach ní raibh úsáid acmhainní chomh hard céanna inar chuir 26.4% de dhaltaí in iúl gur bhain siad úsáid as acmhainní sa bhaile chun tacú leo. Ba bheag an chéatadáin é seo nuair a chuir-tear san áireamh go bhfuil ríomhaire/taibléid ag os cionn 92% de dhaltaí rang a Trí agus a Sé, rud a chuir in iúl nach úsáid oideachasúil a baineadh as na hacmhainní don mhórchuid.


Fiosraíodh ar cheistneoir an dalta chomh maith, céatadán na ndaltaí a d'fhreastail ar ranganna breise don Bhéarla, Ghaeilge agus mhata tar éis na scoile. Feictear i bhfigiúr 3.9 thíos, gur ag leibhéal rang a Trí a d'fhreastail an céatadán ab airde de dhaltaí ar ranganna breise ach go háirithe i gcás na matamaitice. Bhí an céatadán ba lú le sonrú i gcás ranganna breise don Ghaeilge ag leibhéal rang a Sé.

Ceistíodh daltaí rang a Trí agus a sé maidir le gníomhaíochtaí roimh agus tar éis na scoile. Bhí ceist bhunúsach ar cheistneoir dhaltaí rang a Trí a rinne fiosrú ar bhain gníomhaíocht áirithe leo nó nár bhain, idir ghníomhaíochtaí oideachasúla (obair bhaile), sóisialta agus sóúla. Bhain ceist ní ba chasta le rang a Sé ina raibh orthu minicíocht na gníomhaíochta a chur in iúl ar an gceistneoir, sé sin an é gur chaith siad níos mó ná dhá uair an chloig ar an ngníomhaíocht, níos lú ná dhá uair an chloig nó ná chaith siad aon am i mbun na gníomhaíochta. Léiríonn figiúr 3.9 agus 3.10 thíos gurb iad na gníomhaíochtaí oideachais is mó a bhain le hobair bhaile sa Bhéarla, sa Ghaeilge agus sa mhata, na gníomhaíochtaí is mó a sonraíodh i measc dhaltaí rang a Trí agus a sé. Chaith daltaí rang a Sé níos lú ná dhá uair an chloig ar na gníomhaíochta oideachasúla seo don mhórchuid ach shonraigh céatadán ní ba airde daoibh níos mó ná dhá uair an chloig a chaitheamh ar an idirlíon nó ag imirt cluichí ar an ríomhaire nó ar an gconsól nó ag féachaint ar an teilifís. Ina dhiaidh sin, rinne céatadán ard de dhaltaí ag an dá rang leibhéal jabanna sa bhaile agus bhídis ag súgradh le cairde agus ag imirt spóirt. Mhaígh 44.7% de dhaltaí rang a Sé agus 30.4% de dhaltaí rang a Trí nár chaith siad aon am leabhar, iris nó greannán a léamh don spraoi agus 42.0% de dhaltaí rang a Sé agus 41.9% de dhaltaí rang a Sé nár chaith siad am ar bith ag súgradh ina gcomhluadar féin.


**Figiúr 3.9:** Céatadán na ndaltaí a d'fhreastal ar ranganna breise tar éis na scoile de réir ábhair agus rang leibhéil




**Figiúr 3.10:** Céatadán dhaltaí rang a Trí a rinne gníomhaíochtaí éagsúla sa bhaile roimh agus tar éis na scoile



**Figiúr 3.11:** Céatadán dhaltaí rang a Sé a rinne gníomhaíochtaí éagsúla sa bhaile roimh agus tar éis na scoile





### 3.4.4 Nósanna Léitheoireachta na nDaltaí

Chuir 60.9% de dhaltaí rang a Trí in iúl go bhfaigheann siad leabhair ón leabharlann phoiblí lasmuigh den scoil. Tugadh ráitis dóibh ar an gceistneoir ina raibh orthu a roghnú an raibh an ráiteas fíor dóibh nó nach raibh. Dúirt 90.1% de dhaltaí rang a Trí go raibh siad níos fearr ag léitheoireacht an Bhéarla ná na Gaeilge. D'aontaigh 95.4% de dhaltaí gur thaitin sé leo a bheith ag léamh trí Bhéarla i gcomparáid le 52.7% de dhaltaí a dúirt gur thaitin sé leo a bheith ag léamh trí Ghaeilge. Bhí an treocht céanna le sonrú maidir le cumas léitheoireachta sa Ghaeilge agus sa Bhéarla inar chuir céatadán ní ba airde de dhaltaí in iúl gur cheap siad go bhfuil siad go maith ag léitheoireacht an Bhéarla (90.6%) ná iad siúd a cheap go bhfuil siad go maith ag léitheoireacht na Gaeilge (63.7%). B'amhlaidh an scéal maidir lena cheap daltaí faoi thuairim a m(h)úinteora i gcás a gcuid inniúlachta i léamh an Bhéarla (90.3%) agus na Gaeilge (74.5%). Tá ríthábhacht ag baint leis an treocht seo atá le sonrú i dtuairimí na ndaltaí maidir lena gcumas agus an taitneamh a bhaineann siad as an léitheoireacht sa dá theanga a ardaíonn ceisteanna i gcomhthéacs a thuairiscítear sa taighde maidir le deacrachtaí le téacsanna léitheoireachta oiriúnacha trí Ghaeilge a fháil, na deacrachtaí a bhíonn ag daltaí i mbun léitheoireachta agus an ganntanas tacaíochta do léitheoireacht na Gaeilge a chuirtear ar fáil.

Ar cheistneoir rang a Sé, chuir na daltaí sonraí ar fáil maidir le minicíocht léitheoireachta de réir cineál téacsanna éagsúla. Mhaígh 62.2% de dhaltaí gur go fíorannamh a léann siad nuachtán ach 54.1% a dúirt gur go laethúil a léann siad ríomhphostanna nó téacsanna ar an idirlíon agus 40.9% a léann scéalta nó úrscéalta go laethúil. Chuir 30% de dhaltaí in iúl go léigh siad leabhair eolais uair nó dhó sa mhí.

Fiosraíodh i gceist eile minicíocht ghníomhaíochtaí léitheoireachta inar chuir 26.7% de dhaltaí rang a Sé in iúl gur léigh siad leabhar ón leabharlann gach lá don obair bhaile, 21.5% a rinne amhlaidh uair nó dhó sa tseachtain, 21.5% uair nó dhó sa mhí agus an chuid eile 30.4% a rinne é seo go fíorannamh. Dúirt 59.1% de dhaltaí nach bhfuair siad leabhair ar iasacht ón leabharlann phoiblí ach go fíorannamh ach 33.3% de dhaltaí a dúirt go bhfuair siad leabhair ó leabharlann na scoile uair nó dhó sa tseachtain.

**Figiúr 3.12:** Céatadán dhaltaí rang a Sé a bhíodh ag léamh téacsanna éagsúla léitheoireachta





Arís tugadh ráitis do dhaltaí rang a Sé maidir lena gcumas sa léitheoireacht agus an taitneamh ar bhain siad aisti. Tá an treocht céanna le tabhairt faoi deara arís anseo is a tugadh suntas do i gcás rang a Trí thuas, inar aontaigh 87.9% de dhaltaí gur thaitin léitheoireacht an Bhéarla leo i gcomparáid le 52.4% de dhaltaí a dúirt gur thaitin léitheoireacht na Gaeilge leo. Níor aontaigh 79.3% de dhaltaí rang a Sé go bhfuil léitheoireacht an Bhéarla neamhshuimiúil fhad is nár aontaigh 58.8% daoibh go bhfuil léitheoireacht na Gaeilge neamhshuimiúil. Ní dhearna 51.4% de dhaltaí léitheoireacht na Gaeilge ach nuair a bhí gá leis i gcomparáid le 19.2% a dúirt a rud céanna i gcomhthéacs an Bhéarla. Bhí thart ar leath de dhaltaí rang a Sé neamhchinnte faoi thuairim a m(h)úinteora faoina gcumas i léitheoireacht an Bhéarla nó na Gaeilge ach bhí céatadán níos lú de dhaltaí faoin tuairim gur cheap an múinteoir go raibh siad go maith ag léitheoireacht na Gaeilge ná an Bhéarla. D'aontaigh 76% de dhaltaí go raibh léitheoireacht an Bhéarla níos éasca ná léitheoireacht na Gaeilge.

## 3.5 Daltaí a bhfuil Deacrachtaí Foghlama nó Riachtanais Speisialta Oideachas acu de réir sonraí na dTuismitheoirí

Cuireadh béim ar an gceistneoir taighde ar dheacrachtaí foghlama nó riachtanais speisialta oideachas a bheith ag páistí i SLG DEIS agus cuireadh ceist a bhaineann le ráta na leitheadúlachta i leith dhaltaí le deacrachtaí foghlama sa suíomh agus mar a dhéantar freastal orthu. Mar a pléadh sa Léirbhreithniú Litríochta is minic daltaí i mbaol, cuir i gcás iad siúd le deacrachtaí foghlama, a bheith faoi chaibidil i gcomhthéacs oiriúnacht an tsuímh dóibh agus conas mar a éiríonn leo i gcomparáid le daltaí nach bhfuil deacrachtaí acu nó daltaí a bhfuil deacrachtaí acu ach atá ag freastal ar shuíomh aonteangach. Bailíodh faisnéis ó thuismitheoirí ar an gceistneoir mar gheall ar líon agus réimse dheacrachtaí agus na tacaíochtaí atá ar fáil dóibh, a phléitear sa chuid seo den chaibidil.

**Figiúr 3.13:** Céatadán dhaltaí rang a Sé a d'aontaigh nó a d'easaontaigh le ráitis faoin léitheoireacht




### 3.5.1 Réimse agus Líon na nDeacrachtaí Foghlama de réir sonraí na dTuismitheoirí


Tugadh liosta de dheacrachtaí foghlama / riachtanais speisialta oideachas do thuismitheoirí agus iarraidh orthu eolas a thabhairt a bhfuil an deacracht áirithe sin ag a p(h)áiste. Feictear i bhfigiúr 3.5 thíos réimse na ndeacrachtaí chomh maith le céatadán na ndaltaí a raibh an deacracht áirithe sin acu i rang a Trí agus a Sé. Ar an iomlán shonraigh tuismitheoirí rang a Trí go raibh deacrachtaí foghlama ag 20.3% agus shonraigh tuismitheoirí rang a Sé deacrachtaí foghlama a bheith ag 21.5% de dhaltaí an rang leibhéil sin. Bhain cúpla cúis leis an bhfigiúr seo a chuireann na tuismitheoirí in iúl a bheith níos airde ná mar a shonraíonn na príomhoidí scoile. An chéad chúis ná nach gcuirtear san áireamh anseo ilmhíchumas, sé sin go bhféadfadh le níos mó ná deacracht amháin a bheith ag an dalta. Is ollradharc ar líon na ndeacrachtaí atá san fhigiúr mar sin seachas líon na ndaltaí a bhfuil deacrachtaí acu. An dara cúis ná go mb'fhéidir gur chuir tuismitheoirí a raibh páistí acu le deacrachtaí foghlama níos mó spéise sa cheistneoir a fhreagairt agus mar sin go n-ardaíodh ar an gcéatadán. Anuas air sin b'fhéidir go raibh ceist faoin deacracht a bheith ag páiste ach nach raibh sé deimnithe go hoifigiúil fós. Feictear go bhfuil sonraí na dtuismitheoirí ag teacht le faisnéis na bpríomhoidí óir is í deacracht foghlama sainiúil an deacracht ba choitianta i measc dhaltaí rang a Trí (4.9%) agus a Sé (6.3%) de réir sonraí na dtuismitheoirí.

Ar fhéachaint níos dlúithe, áfach, bhíomar in ann eolas a fháil maidir le líon na ndaltaí a raibh deacracht amháin, dhá dheacracht srl. acu. Léiríonn Tábla 3.8 líon na ndaltaí a raibh deacracht amháin nó ilmhíchumas ag baint leo, rud atá an-choitianta de réir na litríochta ar dheacrachtaí foghlama. Tuairiscíonn staidéar Cosgrove et al. (2014: 3) ilmhíchumas a bheith ag 30% de shampla náisiúnta. Feictear sa bhriseadh síos seo go raibh 10.2% de dhaltaí i rang a Trí agus 16.1% de dhaltaí i rang a Sé a raibh deacracht/deacrachtaí acu nuair a chuirtear ilmhíchumas san áireamh. Bhí an céatadán de dhaltaí i rang a Trí (29%) agus i rang a Sé (24%) ag teacht leis an bhfigiúr a tuairiscíodh go náisiúnta (Cosgrove et al. 2014).

**Tábla 3.9:** Céatadán na ndaltaí a raibh deacracht amháin nó ilmhíchumas acu de réir rang leibhéal

| | Rang a Trí | Rang a Sé |
|---|---|---|
| Deacracht amháin | 7.2 | 12.2 |
| Dhá dheacracht | 1.3 | 3.4 |
| Trí dheacracht nó níos mó | 1.7 | 0.5 |

**Figiúr 3.14:** Céatadán daltaí rang a Trí agus a sé a bhfuil RSO acu de réir sonraí na dtuismitheoirí




De réir stádas DEIS na scoile, sonraíodh go raibh líon na ndeacrachtaí foghlama ní ba airde i SLG DEIS Banda 1 (27.3%) ná mar a bhí i mBanda 2 (16.4%) ag rang leibhéal a Trí agus gurab amhlaidh a bhí an scéal i rang a Sé ina bhfuil líon na ndeacrachtaí ag 36.4% i mBanda 1 i gcomparáid le 11.7% i mBanda 2.

Ceistíodh na tuismitheoirí chomh maith mar gheall ar measúnaithe síceolaíochta agus deimhniú a bheith faighte maidir le deacrachtaí foghlama a bpáistí. Bhí ísliú le sonrú sna céatadán anseo ina raibh, cuir i gcás, 15.5% de dhaltaí rang a Trí a raibh measúnú déanta ar an bpáiste ag an té oiriúnach (m.sh. síceolaí, teiripeoir urlabhra) agus 13.4% de dhaltaí a raibh deimhniú déanta go raibh an deacracht nó neamhord i láthair.

Tugadh deis do thuismitheoirí ar an gceistneoir tuilleadh eolais (cáilíochtúil) a thabhairt maidir le:

- fáil ag an bpáiste ar na tacaíochtaí riachtanacha ar scoil chun deacracht nó neamhoird a éascú;
- sástacht leis an tacaíocht atá ar fáil ón scoil agus
- sástacht leis an measúnú síceolaíochta a rinneadh ar an bpáiste (comhoibriú ón scoil, an méid ama a thóg sé don mheasúnú srl.)

De réir anailís NVivo, léirigh an mhórchuid de thuismitheoirí go raibh fáil ar na tacaíochtaí riachtanacha cuí ar scoil chun an deacracht nó neamhoird a éascú agus sástacht maidir leis an tacaíocht atá curtha ar fáil ag an scoil. Luaigh tuismitheoirí cásanna ina dtugann an múinteoir ranga cabhair bhreise, ina bhfuil an-iarracht déanta ag an scoil dul i ngleic leis an deacracht agus athruithe dearfacha le feiscint tar éis don pháiste tacaíocht ó chúntóir ranga nó múinteoir oideachas speisialta a fháil. Ar na cúiseanna is mó nach raibh tuismitheoirí sásta leis an tacaíocht bhí easpa uaireanta teagmhála tacaíochta, easpa teagmhála idir an tuismitheoir agus an múinteoir tacaíochta foghlama agus nach bhfuil dóthain tacaíochta ar fáil cé go bhfuil atá ar fáil sásúil. Maidir leis an bpróiseas measúnaithe, bhí tuismitheoirí idir dhá chomhairle ar an iomlán, cé go raibh níos mó tuismitheoirí ann a raibh sásta leis an bpróiseas. Luadh sampla amháin den treoir leanúnach agus tacaíocht éifeachtach a chur an scoil ar fáil tríd an bpróiseas. Ar an lámh eile, ba iad liostaí feithimh ró-fhada, moill ar thaobh na scoile de chun an deacracht a aithint agus gan an tarna rogha ach íoc as go príobháideach chun seirbhís shásúil a fháil na cúiseanna is mó nach raibh tuismitheoirí sásta leis an bpróiseas measúnaithe.

Ní mór a chur san áireamh sna céatadáin sonraithe thuas, nach gcuirtear san áireamh sa 10.2% ag rang leibhéal a Trí nó sa 16.1% ag rang leibhéal a Sé, na daltaí úd a bhíonn ag streachailt nó a bhíonn ar chúl nach bhfuil deacracht foghlama acu ach atá ar ísealchumas agus a fhaigheann tacaíocht sa léitheoireacht cuir i gcás. Fiosraíodh ar an gceistneoir na deacrachtaí a bhí ag gach dalta, ní hamháin daltaí a raibh deacrachtaí foghlama acu, sna scileanna éagsúla a bhaineann le hábhair éagsúla. Dar le sonraí na dtuismitheoirí, ba iad na réimsí is mó a raibh deacrachtaí ag a bpáistí leo ná 'mata – réiteach fadhbanna', 'mata – coincheapa' agus 'mata – ríomhaireacht' ag an dá rang leibhéal. Sa dara háit, fadhbanna ag daltaí le litriú, scríbhneoireacht agus léitheoireacht na Gaeilge dar lena dtuismitheoirí ach ní raibh na fadhbanna chomh mór céanna nuair is éisteacht nó labhairt na Gaeilge a bhí i gceist. B'amhlaidh an scéal maidir leis an mBéarla, a bhí ar an ábhar is lú ó thaobh fadhbanna de, inar shonraigh tuismitheoirí fadhbanna le litriú, scríbhneoireacht agus léitheoireacht an Bhéarla ach gan na fadhbanna a bheith chomh coitianta céanna i gcás na héisteachta nó na labhartha sa Bhéarla ach oiread. Cuireadh tuilleadh ceisteanna ar thuismitheoirí maidir leis an deacracht a phlé le múinteoir, iarracht a bheith déanta ag an scoil chun dul i ngleic leis an bhfadhb agus a gcuid sástachta ina leith. Dhealraigh sé gur ísligh na céatadáin píosa beag de réir gach ceist a thugann le fios as an méid áirithe de fhadhbanna a sonraíodh ar an iomlán, nár pléadh i gcónaí iad leis an múinteoir ranga fiú nuair a thug an tuismitheoir faoi deara é agus ní i gcónaí go raibh tuismitheoirí sásta leis an iarracht a bhí déanta ag an scoil dul i ngleic leis an deacracht. Tóg mar shampla, an deacracht ba mhó a bhí ag daltaí rang a Sé de réir sonraí a dtuismitheoirí, sé sin an mata- réiteach fadhbanna. De réir na faisnéise, bíonn na deacrachtaí seo ag 23.9% de dhaltaí rang a Sé, bhí an deacracht pléite ag 22.4% (laghdú fíorbheag) de thuismitheoirí leis an múinteoir, bhí iarracht déanta ag an scoil i gcás 21% de dhaltaí agus tá 18.5% de thuismitheoirí sásta leis an iarracht sin.


Bhain ceist eile ar an gceistneoir leis an bhfáil ar acmhainní[11] ar scoil atá ag daltaí chun dul i ngleic le deacrachtaí a d'fhéadfadh a bheith acu sa mhata, sa Bhéarla nó sa Ghaeilge; Tacaíocht ó Mhúinteoir Tacaíochta Foghlama nó Múinteoir Acmhainne / Tacaíocht Bhreise ón Múinteoir Ranga. De réir tuisceanna na dtuismitheoirí, bhí fáil ag daltaí rang a Trí ar Tacaíocht Foghlama ag 24.2% de dhaltaí don mhatamaitic, 21.5% de dhaltaí don Bhéarla agus 21.1% don Ghaeilge agus is lú na tacaíochta breise ón múinteoir a sonraíodh i gcás gach ábhar – thart ar 14%. B'amhlaidh an scéal i gcás rang a Sé, sé sin gur tuairiscíodh níos mó tacaíocht foghlama ná tacaíocht ón múinteoir ranga ach go raibh na céatadáin a sonraíodh i gcás tacaíocht foghlama don mhata níos airde ag 29.8% agus níos lú don Ghaeilge ag 17.6%. Soiléiríodh thuas go raibh deacrachtaí ag an gceathrú cuid de dhaltaí rang a Sé le réiteach fadhbanna sa mhata de réir tuisceanna a dtuismitheoirí agus is léir anseo go bhfuil fáil ag céatadáin ard de dhaltaí atá ag streachailt leis an mata ar tacaíocht foghlama don mhata i rang a Sé. Ní raibh céatadáin na dtacaíochtaí chomh hard céanna don Bhéarla nó don Ghaeilge i rang a Sé ach ní raibh céatadáin na ndeacrachtaí chomh láidir céanna ach oiread.

11 B'shin na téarmaí a bhí in úsáid ag an am inar dearadh an ceistneoir taighde do thuismitheoirí. Tá an téarma athraithe ó shin go dtí Múinteoir Speisialta Oideachas MOS.

## 3.6 Scolaíocht na bPáistí agus Todhchaí

Cuireadh ceist ar dhaltaí rang a Trí ar an gceistneoir ar thaitin an scoil leo. Chuir 59.1% de dhaltaí in iúl ar an gceistneoir gur thaitin an scoil leo, fhad is a chuir 14.2% in iúl nár thaitin agus nach raibh an chuid eile (26.7%) cinnte faoin bhfreagra. Pléadh i ngrúpaí fócais na múinteoirí, MOS agus in agallamh na bpríomhoidí mar chuid den taighde seo an ríthábhacht a bhaineann le páiste a bheith socraithe agus sásta ar scoil chun torthaí ardchaighdeán oideachais agus saoil a bhaint amach. Tuigtear ó thuairisc Cosgrove et al. (2014) a rinne iniúchadh ar shonas agus ar dhea-bhail pháistí a bhfuil deacrachtaí foghlama acu, go raibh leibhéal ní ba ísle le sonrú i measc dhaltaí RSO ná mar a bhí i gcás daltaí gan RSO. Tá torthaí an staidéir ag teacht leis an toradh seo ina mbaineann daltaí a bhfuil deacrachtaí foghlama acu taitneamh níos lú as an scolaíocht ná mar a bhain iad siúd gan deacrachtaí foghlama, faoi mar a léiríonn figiúr 3.15 thíos.

**Figiúr 3.15:** Céatadán dhaltaí a raibh/nach raibh deacrachtaí foghlama acu agus an taitneamh a bhain siad as an scoil




Iarradh ar thuismitheoirí cur síos ar scála a dhéanamh ar chumas a bpáistí sa Bhéarla, sa Ghaeilge agus sa mhata. Thug tuismitheoirí rang a Trí ráta ní ba lú dá bpáistí don mhata ag maíomh go bhfuil 19.5% de dhaltaí cuíosach ag an mata agus 35.3% acu sármhaith ag an mata i gcomparáid le 52.3% de dhaltaí a mheas a tuismitheoirí go raibh siad sármhaith ag an mBéarla. Tá sé seo spéisiúil i gcomhthéacs na ndeacrachtaí teanga leis an mBéarla a bhíonn ag daltaí ach go háirithe sna blianta sóisearacha. Maidir leis an nGaeilge, cheap an céatadán is mó de thuismitheoirí go raibh a bpáistí go maith (46.4%) agus 41% a cheap go raibh siad sármhaith. I gcás tuismitheoirí dhaltaí rang a Sé, arís thug siad ráta níos lú do chumas a bpáistí sa mhata ná mar a thug siad don Ghaeilge nó don Bhéarla – 21% a dúirt go raibh a bpáistí 'cuíosach' sa mhata i gcomparáid le 9.8% a dúirt go raibh a bpáistí 'cuíosach' ag an nGaeilge. Thug céatadán níos lú tuismitheoirí ráta 'sármhaith' dá bpáistí don mhata (33.7%) i gcomparáid le 49.8% a dúirt go bhfuil a bpáistí 'sármhaith' sa Bhéarla. Dúirt níos mó tuismitheoirí rang a Sé go bhfuil a bpáistí 'íseal' sa mhata (6.8%) ná mar a dúirt tuismitheoirí rang a Trí (2.7%).


Fiosraíodh ar an gceistneoir taithí réamhscoile na bpáistí ar líon a dtuismitheoirí an ceistneoir isteach. Bhí líon beag de dhaltaí nach raibh aon taithí réamhscoile acu – 3.6% i rang a Trí agus 6.3% i rang a Sé. Chaith an chuid eile de na daltaí i rang a Trí bliain amháin (47.5%) nó dhá bhliain (48.9%) sa réamhscoil agus an chuid eile de dhaltaí rang a Sé bliain amháin (50.2%) nó dhá bhliain (43.4%) sa réamhscoil. Dúirt 46.9% de thuismitheoirí dhaltaí rang a Trí go raibh na réamhscoileanna inar fhreastail a gcuid páistí orthu mar chuid de Chláir an Túis Luaith[12] agus 23.4% de thuismitheoirí dhaltaí rang a Sé a dúirt an rud céanna.

Bhain dhá cheist ar an gceistneoir leis na mianta a bhí ag tuismitheoirí maidir leis an leibhéal oideachais a bhainfidh a gcuid páistí amach agus na hionchais a bhí acu faoin leibhéal oideachais a bhainfidh siad amach. Ba mhaith le formhór na dtuismitheoirí go


12 Is ionann Clár an Túis Luaith agus tionscadal réamhscoile bliana a chuirtear ar fáil i 40 bunscoil i gceantair ainmnithe míbhuntáiste uirbeacha timpeall na tíre

bhfreastalódh a p(h)áiste ar choláiste / ollscoil – 99.6% i rang a Trí agus 97.6% i rang a Sé. Bhí difríocht bheag le sonrú idir mianta oideachais tuismitheoirí dá bpáistí agus a n-ionchais dóibh ina raibh céatadán níos lú de thuismitheoirí a mheas go mbainfeadh a p(h)áiste an ollscoil/coláiste amach ach a cheap go mbeadh an Ardteist ina buaicphointe oideachais dó/di. Aon tuismitheoir déag ar an iomlán (nó 4.9% de thuismitheoirí) i rang a Trí a thomhais go mbeadh an Ardteist ar an leibhéal is airde oideachais a bhainfeadh a p(h)áiste amach. Ar fhéachaint níos géire, ní tuismitheoirí dhaltaí le deacrachtaí foghlama ach triúir as an aon déag a mhaígh seo. I bhfocal eile, ní hiad na tuismitheoirí a raibh páistí le deacrachtaí foghlama acu is mó a mheas nach mbainfeadh a p(h)áiste an ollscoil amach. Cheap formhór tuismitheoirí dhaltaí le deacrachtaí foghlama (78.2%) go bhfreastalóidh a p(h)áiste ar choláiste/ollscoil agus ní raibh a fhios ag 8.7% acu cad a tharlóidh. I rang a Sé, as an naonúr a mheas go mbeadh an Ardteist ar an leibhéal is airde oideachais a bhainfeadh a p(h)áiste amach, bhí beirt acu siúd a raibh deacracht foghlama acu agus seachtar nach raibh aon deacracht foghlama acu. As na tuismitheoirí a raibh daltaí le deacrachtaí foghlama acu cheap formhór acu (81.8%) go bhfreastalóidh siad ar choláiste / ollscoil.

**Figiúr 3.16:** An leibhéal is airde oideachais ar mhaith le tuismitheoirí dhaltaí rang a Trí agus a sé go mbainfeadh a gcuid páistí amach





**Figiúr 3.17:** An leibhéal is airde oideachais a cheap tuismitheoirí dhaltaí rang a Trí agus a sé go mbainfidh siad amach.




Fiosraíodh an cheist chéanna maidir le mianta agus le hionchais oideachais le daltaí rang a Sé amháin ar an gceistneoir taighde. Is ionann mianta oideachais agus an leibhéal oideachais ar mhaith leo a bhaint amach agus ionchais oideachais agus an leibhéal a cheap siad go

mbainfidh siad amach. Ba mhaith leis an líon ab airde de dhaltaí rang a Sé go rachadh siad chomh fada leis an gcoláiste nó an ollscoil (83.5%) agus as an gcéatadán sin ceapann 71.6% go mbainfidh siad an mhian seo amach. Cé go raibh an ráta seo ard go leor i sonraí na ndaltaí, ní raibh sé chomh hard lena chuir a dtuismitheoirí in iúl ina leith. Bhí céatadán i bhfad níos ísle de dhaltaí a deir gur mhaith leo nó gur cheap siad go mbeadh an bhunscoil nó an iarbhunscoil ina buaicphointe oideachais dóibh ach bhí céatadán de na daltaí seo fós ann a raibh a gcuid mianta agus ionchais oideachais níos lú ná mar ag a gcuid tuismitheoirí dóibh. Bhí céatadán áirithe de dhaltaí chomh maith nach raibh cinnte faoina gcuid mianta agus ionchais oideachais rud a bheifí ag súil leis is dócha maidir leis an aoisghrúpa seo – aon bhliain déag go trí bliana déag d’aois.

**Figiúr 3.18:** An leibhéal is airde oideachais ar mhaith le daltaí rang a Sé é a bhaint amach agus an leibhéal oideachais a cheap siad go mbainfidh siad amach





### 3.6.1 Cleachtais maidir le foghlaim na matamaitice trí Ghaeilge

Fiosraíodh nósanna ranga i leith foghlaim na matamaitice le daltaí rang a Trí inar nocht 88.1% de dhaltaí go ndéantar ceist mhatamaitice a phlé i nGaeilge sula ndéantar é mar shaorchleachtadh sa rang. Meabhraítear anseo an bhéim atá ar chúrsaí teanga i ngach ábhar i suíomh an tumoideachais agus an géarghá a bhaineann le tuiscint an dalta ar an gceist mhatamaiticiúil a éascú tré an tacaíocht teanga a chur ar fáil. Is cosúil gur ar an múinteoir ranga faoi láthair a thiteann an fhreagracht sin cheal tacaíocht teanga fhoirmiúil don Ghaeilge.

Mar a rinneadh i gcás na léitheoireachta, tugadh liosta de ráitis do dhaltaí rang a Trí faoin matamaitic agus iarradh orthu a chur in iúl an raibh na ráitis fíor dóibh nó nach raibh. Rinneadh 94.6% de dhaltaí rang a Trí a chur in iúl gur theastaigh uatha go n-éireodh go han-mhaith leo sa mhata. Cheap 71% daoibh go raibh siad níos fearr ag an mata nuair a bhíonn sé i mBéarla ach taitníonn sé le 63.7% daoibh an mata a fhoghlaim trí Ghaeilge. Chuir céatadán níos ísle de dhaltaí in iúl go mbíodh siad neirbhíseach faoin mata (35.9%) agus iad siúd a cheap nach raibh siad rómhaith ag an mata (34.3%).

Ar cheistneoir rang a Sé, fiosraíodh nósanna sa rang matamaitice de réir minicíochta, sé sin cé chomh minic is ar bhain siad úsáid as áireamhán, ríomhaire agus araile. Mar is léir ó fhigiúr 3.19 thíos, chuir 43.9% de dhaltaí rang a Sé in iúl go ndearna siad ceist mhatamaitice a phlé an t-am go léir sula ndearna siad é sa rang agus 30.9% daoibh a mhaígh gur thug an múinteoir cabhair an t-am go léir sa chás ina raibh deacracht le téarmaíocht Ghaeilge na matamaitice. Nocht 77.8% de dhaltaí nár bhain siad úsáid riamh as ríomhaire don mhatamaitic agus 55.1% a thug le fios nár iarr siad riamh ar an múinteoir téarmaíocht Ghaeilge na matamaitice a aistriú go Béarla. Is go minic de réir na sonraí a thugann 36.4% de dhaltaí rang a Sé míniú don mhúinteoir ar an tslí ina bhfuair siad freagra ar an gceist mhatamaitice. Shonraigh 55.1% de dhaltaí go mbíodh siad ag obair i ngrúpaí nó i mbeirteanna anois is arís sa rang mhatamaitice agus 50.6% daoibh a rinne meastachán (tomhais) ar an bhfreagra ar shuim sula ndearna siad é.


**Figiúr 3.19:** Céatadán dhaltaí rang a Sé ar bhain nósanna áirithe leo sa rang matamaitice




Maidir le nósanna don obair bhaile i gcás na matamaitice, ba léir gurb amhlaidh an cleachtas sa bhaile is a bhí ar scoil sa chaoi is nár bhain 71% de dhaltaí úsáid as ríomhairí don obair bhaile matamaitice riamh agus nár bhain 51.2% daoibh úsáid as áireamhán riamh. Lorg 64.6% de dhaltaí cabhair leis an obair bhaile ó dhuine sa bhaile anois is arís le líon beag (6.2%) a chuir in iúl é go ndearna siad é seo go minic, cé gur iarr 10.7% daoibh ar dhuine sa bhaile an obair a sheiceáil an t-am go léir.

Faoi mar a rinneadh le rang a Trí, tugadh liosta de ráitis faoi fhoghlaim na matamaitice do rang a Sé ina raibh orthu a gcuid tuairimí a chur in iúl faoin ráiteas, sé sin aontú nó easaontú leis. D'aontaigh 70.6% de dhaltaí go láidir gur bhain siad úsáid as réamheolas chun teacht ar thuiscint maidir le coincheap nua sa mhatamaitic agus 59.4% daoibh a d'aontaigh go láidir gur smaoinigh siad ar na bealaí eile le freagra a fháil ar fhadhb. Níor aontaigh 63.2% de dhaltaí go mbíonn siad buartha mar gheall ar obair bhaile a dhéanamh don mhata. D'easaontaigh 53.9% de dhaltaí go mbíodh siad buartha mar gheall ar an mata a fhoghlaim trí Bhéarla sa mheánscoil, áit inár aontaigh 25.5% daoibh go mbíodh siad agus nach raibh an chuid eile daoibh cinnte. Níor aontaigh 46.4% de dhaltaí nach raibh siad go maith ag an mata, ráta a bhí ní ba airde ná iad siúd a d'aontaigh nach bhfuil siad go maith (25.6%).

**Figiúr 3.20:** Céatadán dhaltaí rang a Sé a d'aontaigh/d'easaontaigh le ráitis éagsúla i gcás foghlaim na matamaitice




## 3.7 Tuismitheoirí, Daltaí agus an Ghaeilge

### 3.7.1 Cúlra Oideachais an Tuismitheora

Don mhórchuid níor fhreastail tuismitheoirí dhaltaí rang a Trí nó rang a Sé ar bhunscoil nó iarbhunscoil lán-Ghaeilge ach ar scoileanna a bhíonn ag teagasc trí mheán an Bhéarla. É sin ráite, bhí líon áirithe de thuismitheoirí inar fhreastail an tuismitheoir a líon isteach an ceistneoir nó a p(h)áirtí ar bhunscoil nó iarbhunscoil lán-Ghaeilge. I rang a Trí d'fhreastail 3.1% de fhreagróirí agus 7.6% dá bpáirtnéirí ar bhunscoil lán-Ghaeilge agus 0.9% de fhreagróirí agus 0.9% de pháirtnéirí ar iarbhunscoil lán-Ghaeilge. Ag leibhéal rang a Sé, d'fhreastail 3.9% de fhreagróirí agus 7.3% dá bpáirtnéirí ar bhunscoil lán-Ghaeilge agus 1.5% de fhreagróirí agus 2% dá bpáirtnéirí ar iarbhunscoil lán-Ghaeilge. Is cosúil go bhfuil treocht i láthair i gceantair áirithe míbhuntáiste go bhfreastalaíonn páistí iardhaltaí ar an scoil chéanna inar fhreastail a dtuismitheoirí.

### 3.7.2 Cumas Gaeilge na dTuismitheoirí

Fiosraíodh ar an gceistneoir an bhfuil Gaeilge labhartha ag tuismitheoirí agus sonraíodh go bhfuil Gaeilge labhartha ag 43.2% de fhreagróirí agus ag 52.8% dá gcéilithe/bpáirtithe. Tá difríocht bheag le sonrú idir tuismitheoirí a bhfuil Gaeilge labhartha acu agus an ráta a bhronnann siad ar a bpáiste agus an tuismitheoir nach bhfuil Gaeilge labhartha acu sa chaoi ina mheasann céatadán níos lú de thuismitheoirí a bhfuil Gaeilge labhartha acu go bhfuil a p(h)áiste 'cuíosach' sa Ghaeilge i gcomparáid leo siúd nach bhfuil cumas Gaeilge labhartha acu. Ní mór a mheabhrú gur féintuairisciú ar chumas a bhí i gceist anseo agus nach mbaineann sé le gníomh nó le húsáid teanga, mar a fiosraíodh i gceisteanna eile.

Nuair a ceistíodh leibhéal cumais na dtuismitheoirí, mhaígh freagróirí rang a Trí go bhfuil cumas íseal ag 39.7% acu féin agus ag 55.1% dá gcéilithe/bpáirtithe. Mheas 40.2% acu go bhfuil siad 'cuíosach' agus go bhfuil 32.9% a gcéilithe/bpáirtithe 'cuíosach' ó thaobh chumais de. Níor cheap ach 4.1% acu go bhfuil siad 'sármhaith' ag an nGaeilge. Don chuid is mó, mhaígh tuismitheoirí dhaltaí rang a Trí go bhfuil siad in ann roinnt abairtí simplí a chur le chéile sa Ghaeilge (34.7%) agus go bhfuil 41.6% dá gcéilithe/bpáirtithe ar an gcumas céanna. Dúirt 11.2% acu gan aon Ghaeilge a bheith acu, 4.7% acu a bheith in ann don chuid is mó de chomhráite agus 2.4% acu a bheith ar cumas an chainteora dúchais. I rang a Sé, rinne tuismitheoirí féintuairisciú orthu féin a bheith 'cuíosach' ag an nGaeilge i gcás

44.3% acu féin agus 30.5% dá gcéilithe/bpáirtithe. Cheap 32.3% acu go bhfuil cumas íseal acu féin sa Ghaeilge agus ag 58.5% dá gcéilithe/bpáirtithe. Is beag an tuismitheoir a mheas sárchumas sa Ghaeilge a bheith acu (5% de fhreagróirí). Arís don chuid is mó, ba é 'roinnt abairtí simplí' an cumas is coitianta a tuairiscíodh i measc tuismitheoirí rang a Sé, le 21.2% a chuir in iúl nach bhfuil aon Ghaeilge acu féin agus 23.6% a bhfuil 'corrfhocal' acu. Is cosúil go bhfuil níos lú Gaeilge ag an té a líon isteach an ceistneoir ná a chéile/pháirtí agus óir is í mná don mhórchuid a líon isteach an ceistneoir, ardaíonn sé roinnt ceisteanna maidir le hinscne agus cúlra nach raibh ar cumas an cheistneora a iniúchadh.

### 3.7.3 Úsáid na Gaeilge i measc Tuismitheoirí

Iarradh ar thuismitheoirí a gcuid cleachtas maidir le húsáid na Gaeilge a chur in iúl. D'admhaigh an chuid is mó de thuismitheoirí gan an Ghaeilge a úsáid chomh minic sin - 32.2% i rang a Trí agus 28.3% i rang a Sé. Labhair 10.7% de fhreagróirí ceistneoirí rang a Trí Gaeilge go laethúil sa chóras oideachais (múinteoirí iad féin is cosúil) agus 12.7% go laethúil lasmuigh den chóras oideachais (sa bhaile, sa suíomh oibre, go sóisialta srl.). Tá céatadán níos airde de thuismitheoirí nár labhair Gaeilge riamh i rang a Sé (18%) i gcomparáid le 7.8% i rang a Trí. Chomh maith leis sin, tá céatadán níos lú de thuismitheoirí i rang a Sé a chuir in iúl gur labhair siad Gaeilge go laethúil laistigh (2.9%) nó lasmuigh (3.9%) den chóras oideachais.

Maidir le cleachtais léitheoireachta thuismitheoirí rang a Trí agus a Sé, is fíorannamh a léigh 73.3% de thuismitheoirí rang a Trí leabhar i nGaeilge agus 79.4% de thuismitheoirí rang a Sé. Ba é an cleachtas 'rialta' is treise a tuairiscíodh i measc tuismitheoirí rang a Sé ná 'labhairt le múinteoir an pháiste i nGaeilge' (9.2%) agus an cleachtas is mó a tuairiscíodh i rang a Trí ná 'labhairt le do pháiste i nGaeilge' (9.8%). Chuir 73.8% de thuismitheoirí rang a Sé in iúl gur labhair siad Gaeilge lena bpáiste 'anois is arís'. Ba chosúil gur samhlaíodh úsáid na Gaeilge is mó leis an gcóras oideachais agus le leanaí atá ar scoil. Mhaígh 49% de thuismitheoirí rang a Trí áfach gur bhreathnaigh siad ar chlár Gaeilge teilifíse 'anois is arís'.

### 3.7.4 Fáth Roghnaithe na Scoil Lán-Ghaeilge

Maidir le fáth roghnaithe na bunscoile lán-Ghaeilge dá p(h)áiste, luadh ar na cúiseanna roghnaithe is mó cúiseanna oidhreachta ar nós labhairt na teanga dúchais, an cultúr agus an teanga a chur chun cinn agus cúiseanna teangeolaíochta ar nós cumas labhartha sa Ghaeilge, eolas ar an nGaeilge, foghlaim na Gaeilge a éascú, suim an pháiste sa Ghaeilge a spreagadh, suim sa teanga ag an tuismitheoir féin, teangacha eile sa bhaile agus an tuismitheoir ag foghlaim na teanga. Ní cúiseanna oidhreachta nó teangeolaíochta amháin a luadh áfach ach cúiseanna nach mbaineann le teanga ar nós ranganna níos lú a bheith ag an scoil, timpeallacht agus éiteas na scoile, áiseanna maithe sa scoil, scoil mheascaithe, rogha difriúil agus gan neamhnáisiúnaigh a bheith sa scoil. De réir na litríochta, is cúiseanna coitianta iad na cúiseanna atá luaite anseo (Féach Kavanagh 2013; Kavanagh agus Hickey 2013). Na cúiseanna eile is mó luadh ná taithí oideachais na dtuismitheoirí, cuir i gcás sa chás inar fhreastail an tuismitheoir féin ar scoil lán-Ghaeilge nó ina raibh drochthaithí ag an tuismitheoir leis an nGaeilge i scoil lán-Bhéarla agus buntáistí an tumoideachais agus an dátheangachais, mar shampla, an luath-thumadh. Ina dhiaidh sin luadh teist na scoile, áisiúlacht (i gcóngar don bhaile nó tuismitheoir ag múineadh sa scoil) agus oideachas / deiseanna níos fearr a bhronnadh ar an bpáiste (ná mar a bhí ag an tuismitheoir féin is cosúil). Sna háiteanna deireannacha luadh ceangal leis an scoil nó leis an nGaeilge, sé sin cairde nó gaolta sa scoil, tuismitheoir ag múineadh sa scoil, ceangal leis an nGaeltacht nó Gaeilge sa bhaile chomh maith le spreagadh uirliseach na dtuismitheoirí chun go bhfaigheadh daltaí torthaí níos fearr nó níos mó pointí san Ardteist.

Chuir 60.6% de thuismitheoirí rang a Trí agus 76.9% de thuismitheoirí rang a Sé in iúl go mbeidh a gcuid páistí ag freastal ar iarbhunscoil lán-Ghaeilge amach anseo. Tá fáil ag 76.2% de theaghlaigh ar iarbhunscoil lán-Ghaeilge sa cheantar máguaird.

### 3.7.5 Cleachtas agus tuairimí na ndaltaí faoi fhoghlaim na Gaeilge


Ar cheistneoir rang a Trí, fiosraíodh leis na daltaí a gcuid tuairimí maidir lena gcumas sa Ghaeilge. Cheap an líon ba airde (50.4%) de dhaltaí go raibh siad ceart go leor agus 42.4% daoibh a cheap go raibh siad an-mhaith. Bhí líon beag de 7.2% a cheap nach raibh siad go maith ag an nGaeilge.

Faoi mar a rinneadh le léamh an Bhéarla agus an mhatamaitic, iarradh ar rang a Trí a rá an raibh ráitis áirithe i leith foghlaim na Gaeilge fíor dóibh nó nach raibh. Chuir 90.1% de dhaltaí in iúl gur cheap a dtuismitheoirí go bhfuil siad an-mhaith ag an nGaeilge, 82.4% ar bhfearr leo léamh i mBéarla ná i nGaeilge agus 76.1% daoibh ar thaitin an Ghaeilge leo. Ba chéatadán ní ba ísle (19.6%) a dúirt gur úsáid siad Gaeilge sa bhaile nó gur mhaith leo a bheith ag féachaint ar chlár Gaeilge ar an teilifís. Nocht 32.7% de dhaltaí rang a Sé deacrachtaí a bheith acu le léamh na Gaeilge.

Maidir le nósanna maidir le foghlaim na Gaeilge ar scoil, dúirt 97.5% de dhaltaí go gur chabhraigh an múinteoir leo nuair nár thuig siad rud éigin sa Ghaeilge agus 88.6% daoibh go ndearna an múinteoir an obair bhaile a sheiceáil. Thug 77.5% de dhaltaí le fios go mbíonn obair ghrúpa / bheirte ar siúl sa rang, 66.7% a dúirt gur thug siad míniú ar an tslí ina bhfuair siad an freagra ar cheist agus 56.7% a nocht go ndearna siad deacrachtaí leis an nGaeilge a phlé sa rang. Tugann na figiúirí seo le fios go bhfuil an fhoghlaim idirghníomhach agus chumarsáideach agus an fheasacht teanga chun cinn i seomraí ranga SLG DEIS in an-chuid cásanna ach go bhféadfaí neartú ar an iarracht seo i ngach scoil. Ba lú an chéatadáin a bhí le sonrú maidir le húsáid a bhaint as acmhainní chun cabhrú le foghlaim na Gaeilge (24.2%) nó úsáid a bhaint as an ríomhaire do fhoghlaim na Gaeilge (17%). Ba bheag den phiarcheartú a tuairiscíodh áit inar mhaígh 25.9% de dhaltaí gur cheartaigh siad obair bhaile a chéile.

I rang a Sé, chuir daltaí tuairimí in iúl maidir le húsáid agus foghlaim na Gaeilge. D'aontaigh 72.4% de dhaltaí go raibh siad níos fearr ag labhairt na Gaeilge ná léamh na Gaeilge, 72% daoibh a cheap go raibh Gaeilge mhaith acu agus thaitin sé le 70.9% daoibh Gaeilge a labhairt ar scoil. D'easaontaigh 75.8% go mbíodh deacrachtaí acu le labhairt na Gaeilge agus 71.8% daoibh gur úsáid siad Gaeilge sa bhaile. Ar lámh amháin, ba ráitis iad seo ar fad a chuir meon dearfach i leith labhairt na Gaeilge in iúl, cé go n-ardaítear ceist faoi bhraistintí maidir le cumas sa léitheoireacht agus an teorainn a bhaineann le labhairt na Gaeilge ar scoil.

**Figiúr 3.21:** Céatadán dhaltaí rang a Sé a raibh tuairimí éagsúla acu i leith na Gaeilge



Ceistíodh daltaí rang a Sé maidir leis an iarbhunscoil ar a bheidh siad ag freastal. De réir na sonraí bhí 72.6% de dhaltaí le bheith ag freastal ar iarbhunscoil lán-Ghaeilge an bhliain i ndiaidh dóibh an ceistneoir a líonadh isteach agus 73.8% acu a dúirt gur mhaith leo. I gcás 9.6% daoibh níl aon iarbhunscoil lán-Ghaeilge in aice leo agus mar sin níl an rogha acu dul ar aghaidh.

## 3.8 Conclúid

Cuireadh i láthair sa chaibidil seo próifíl na ndaltaí agus tréithe na dteaghlach de réir mar a léiríodh sna ceistneoirí taighde iad. Pléadh timpeallacht agus tacaíochtaí an bhaile, cleachtais léitheoireachta agus oideachais sa bhaile, gníomhaíocht an tuismitheora leis an scoil, cumas agus úsáid na Gaeilge chomh maith le mianta agus ionchais na dtuismitheoirí maidir le todhchaí oideachais a bpáistí. Cuireadh léargas ar fáil maidir leis na fachtóirí baile is mó a mbíonn tionchar acu ar ghnóthachtáil leanaí scoile, cuir i gcás, líon na leabhar sa bhaile, nósanna léitheoireachta a chothaítear roimh don pháiste tosú ar scoil agus fachtóirí soch-eacnamaíoch an teaghlaigh ar nós oideachas na dtuismitheoirí agus cárta leighis a bheith ag an teaghlach. Cuireadh sonraí i láthair maidir le líon agus raon deacrachtaí foghlama de réir sonraí na dtuismitheoirí agus braistintí thuismitheoirí mar gheall ar na tacaíochtaí atá ar fáil. Cuireadh tuairimí dhaltaí in iúl maidir le foghlaim an Bhéarla, na matamaitice agus na Gaeilge agus na nósanna a bhíonn acu i leith na foghlama sa rang agus lasmuigh de.

# 4 DEARCTHAÍ AGUS CLEACHTAIS NA BPRÍOMHOIDÍ


## 4.1 Réamhrá

Déanfar plé téamúil sa chaibidil seo ar thuairimí na bpríomhoidí agus cleachtais na scoileanna i SLG DEIS na tíre. Tá an chaibidil bunaithe ar sonraí a bailíodh ó phríomhoidí na scoileanna seo i bhfoirm cheistneoirí agus agallaimh. Dá bhrí sin, cuirfear sonraí cáilíochtúla agus cainníochtúla i láthair sa chaibidil in éineacht le táblaí eolais agus tagairtí ó bhéal nuair is cuí. Roinnfear an chaibidil seo de réir téamaí a aithníodh in anailís na sonraí agus tabharfar faisnéis chúlra chun comhthéacs a thabhairt don chaibidil agus do na téamaí a phléifear inti.

Tá seacht bpríomhchuid sa chaibidil ina bhfuil fothéamaí ag baint le gach príomhthéama. Sa chéad chuid cuirtear próifíl na scoileanna agus na bpríomhoidí i láthair a chuimsíonn tréithe ar nós suíomh na scoile, banda DEIS na scoileanna, líon na ndaltaí idir chailíní agus bhuachaillí atá ag freastal ar na scoileanna agus araile. Dírítear sa dara cuid ar dheacrachtaí foghlama sa suíomh lán-Ghaeilge DEIS. Is ollthéama é seo i gcomhthéacs an staidéir ach tarraingeofar anseo ar thuairimí na bpríomhoidí ina leith agus ar an bhfaisnéis a chuir siad ar fáil maidir le cineálacha agus líon na ndeacrachtaí foghlama atá sna scoileanna chomh maith leis na dúshláin a áirítear agus a sháraítear. Tugtar léargas sa tríú cuid ar na tacaíochtaí foghlama atá ar fáil sna scoileanna, na hidirghabhálacha a chuirtear i bhfeidhm agus na háiseanna atá ann chun freastal ar dhaltaí i SLG DEIS. Sonraítear sa cheathrú cuid, gnóthachtáil na ndaltaí sna scoileanna agus caighdeán teanga na ndaltaí sa T1 agus sa T2 trí dhearcadh na bpríomhoidí. Pléitear ról an tuismitheora, an baile agus an ceantar sa chúigiú cuid de réir mar a chuirtear i láthair é i dtaithí an phríomhoide. Tugtar léiriú sa séú cuid ar conas mar a cleachtaíodh an tumoideachas sa suíomh DEIS agus cur chuigí na scoileanna. Sa seachtú cuid, féachtar ar stádas socheacnamaíoch na scoileanna i dtéarmaí na ndúshlán agus na mbuntáistí a aithnítear le freastal ar scoil lán-Ghaeilge i gceantar míbhuntáiste.

Is ar na sonraí a bailíodh sna ceistneoirí ó gach scoil sa staidéar a dhéantar an chéad chuid den chaibidil seo a bhunú chun léargas a fháil ar phróifíl na scoileanna. Is de réir anailíse NVivo ar shonraí cáilíochtúla an staidéir a aithníodh na téamaí atá leagtha amach thuas agus ar a bhfuil na codanna eile den chaibidil seo bunaithe. Is léiriú é Figiúr 4.1 ar cé chomh minic is a rinneadh códú ar an téama áirithe. Dá mhéid is atá an chuid is ea is mó uaire a rinneadh tagairt don téama sin faoi fhothéamaí éagsúla. Mar shampla, léiríonn an chuid oráiste an méid uaire go ndearnadh tagairt trí chódú do dheacrachtaí foghlama sa suíomh lán-Ghaeilge DEIS. Déanfar struchtúrú ar an gcaibidil de réir na dtéamaí is mó a aithníodh agus a rinneadh tagairt dóibh.

**Figiúr 4.1:** Ná téamaí is mó aitheanta a chláraíodh tríd an gcóras anailíse cháilíochtúil NVivo




## 4.2 Faisnéis Chúlra na Scoileanna agus na bPríomhoidí

### 4.2.1 Próifíl na Scoile


I gceistneoir na bpríomhoidí, iarradh ar fhaisnéiseoirí i sé SLG DEIS Banda 1 agus i seacht SLG DEIS Banda 2 sonraí a chur ar fáil i dtaobh phróifíl na scoile agus na bpríomhoidí.

Maidir le suíomh SLG DEIS, thug príomhoidí eolas ar na ceistneoirí faoi shuíomh na scoile a bheith lonnaithe i gcathair, i mbaile mór, i mbaile nó i sráidbhaile / faoin tuath. De réir clár DEIS na Roinne Oideachais don scoilbhliain 2016/17 tá 328 de scoileanna DEIS na tíre lonnaithe i gceantair uirbeacha/i mbailte agus 312 scoil suite faoin tuath. Is amhlaidh an léargas a chuirtear ar fáil sa staidéar reatha ar shuíomh SLG DEIS agus an pictiúr a cuireadh ar fáil i NAIMS '10 ar shuímh na scoileanna lán-Ghaeilge go ginearálta. Léirítear sa dá chás go bhfuil líon na SLG ar an iomlán agus suímh SLG DEIS atá suite i gcathracha nó i mbailte níos líonmhaire ná iad atá lonnaithe i mbailte móra nó i sráidbhaile / faoin tuath. Léiríonn Figiúr 4.2 go bhfuil trí cheathrú de SLG DEIS na tíre lonnaithe i gcathracha.

Lorgaíodh eolas ó phríomhoidí maidir le meánráta tinrimh ag an scoil iomlán don tréimhse 1 Meán Fómhair go 30 Samhain 2016. Tuairiscíodh an meánráta tinrimh don chéad cheathrú den bhliain acadúil a bheith ag 94.0% i scoileanna Banda 1 agus píosa beag níos airde ag 94.6% i scoileanna Banda 2. Tá an figiúirí seo an-chosúil leis na h-ardrátaí tinrimh a sonraíodh i NAIMS '10 i SLG i gcoitinne agus leis na rátaí tinrimh atá curtha ar fáil i Measúnachtaí Náisiúnta '14 (Kavanaghet al., 2015). Léiríonn MN '14 go raibh an meánráta tinrimh beagáinín níos ísle i scoileanna DEIS Banda 1 ach nach raibh an difríocht suntasach. Léirítear sa staidéar seo go raibh na rátaí tinrimh do SLG DEIS ar chomhráta le scoileanna na tuaithe in MN 2014 nach raibh stádas DEIS acu. Cé nach raibh aon cheann de na difríochtaí seo ró-mhór, tá sé fiúntach a léiriú nach bhfuil SLG DEIS thíos leis ó thaobh tinrimh na ndaltaí de.

I gcás daltaí a rinne iad féin a aithint mar bhaill de phobal an Lucht Taistil, ní raibh ach 1% de dhaltaí sna SLG DEIS ina iomláine agus iad ar fad i SLG DEIS Banda 2. Tá an figiúr seo ag teacht go hiomlán le NAIMS '10 i gcás daltaí na dTaistealaithe i rang a Sé i scoileanna lán-Ghaeilge. Sa staidéar reatha, níor aithin dalta ar bith i mBanda 1 iad féin mar bhaill den Lucht Taistil. Tá sé seo spéisiúil i gcomhthéacs sonraí MN '14 a shonraigh go raibh níos mó daltaí a rinne iad féin a aithint mar bhaill den Lucht Taistil i scoileanna DEIS Banda 1 ná aon chineál scoil eile. Is léir nach amhlaidh an cás i SLG DEIS Banda 1.

**Figiúr 4.2:** Suíomh na scoile de réir sonraí na bpríomhoidí





Is mór na difríochtaí a bhí le sonrú i líon iomlán na ndaltaí atá cláraithe ar rollaí na scoile ag brath ar shuíomh na scoile. Bailíodh sonraí maidir le líon na gcailíní agus na mbuachaillí atá cláraithe ar na rollaí sin agus léiríonn an anailís go raibh níos mó cailíní ná buachaillí ag freastal ar SLG DEIS Banda 1 ach nach raibh an difríocht inscne chomh suntasach céanna i scoileanna Banda 2. Féachtar ar inscne mar athróg arís níos déanaí sa chaibidil nuair atá soláthar ar thacaíochtaí breise á bplé.

Fiosraíodh i gceistneoirí na bpríomhoidí faoi chéad teanga na ndaltaí idir Gaeilge, Béarla agus teanga eile. Is fíorbheag líon na ndaltaí a raibh Gaeilge acu mar mháthairtheanga de réir tuairiscí na bpríomhoidí i SLG DEIS. Cé gur bheag é líon na ndaltaí a thuairiscigh go raibh an Ghaeilge mar phríomhtheanga baile acu i rang a Dó (4%) agus a Sé (2%) i SLG sa staidéar NAIMS '10, is lú agus is neamhshuntasaí fós líon na ndaltaí a bhfuil Gaeilge mar phríomhtheanga acu i SLG DEIS, áit nach bhfuil aon chainteoir Gaeilge T1 i mBanda 1 agus 0.3% i mBanda 2. Anuas air sin, is beag iad líon na ndaltaí a thuairiscigh teanga eile a bheith acu mar phríomhtheanga seachas an Ghaeilge agus an Béarla. Tá sé seo i bhfad níos lú ná an meánchéatadán náisiúnta tras-scoileanna a léiríonn go bhfuil 9.5% de dhaltaí i rang a Dó agus 10% de dhaltaí i rang a Sé a bhfuil teanga eile acu mar phríomhtheanga seachas an Béarla nó an Ghaeilge, mar a léirítear i MN '14. Cé gur mionlach iad líon na ndaltaí i rang a Dó agus rang a Sé i SLG a raibh teanga eile acu mar phríomhtheanga seachas Gaeilge nó Béarla ag níos lú ná 2% (Gilleece et al., 2012: 57), bhí níos lú ná 1% de dhaltaí i SLG DEIS a raibh teanga eile acu mar phíomhtheanga seachas Gaeilge nó Béarla.


### 4.2.2 Cúlra na bPríomhoidí

I gcás chúlra na bpríomhoidí, iarradh orthu eolas a roinnt ar an gceistneoir maidir le líon na mblianta a bhí caite acu ag feidhmiú mar phríomhoide agus mar mhúinteoir ar an iomlán (blianta mar phríomhoide scoile san áireamh). Bhí réimse leathan de bhlianta gníomhacha mar phríomhoide le sonrú ó scoil go scoil leis an uasmhéad de bhlianta ag feidhmiú mar phríomhoide ag 29 bliain agus an t-íosmhéad ag aon bhliain amháin. De réir Banda na scoile, léiríonn na figiúirí go raibh meánchéatadán ard de bhlianta ag feidhmiú mar phríomhoide agus mar mhúinteoir ar an iomlán ach go raibh príomhoidí Banda 1 ag feidhmiú sa ról sin ar feadh tréimhse níos faide ná mar atá príomhoidí Banda 2. I measc na bpríomhoidí sin i mBanda 1 agus i mBanda 2, bhí 40% de phríomhoidí Banda 1 a raibh cúraimí teagaisc lán-aimseartha orthu agus 28.6% i mBanda 2.

**Figiúr 4.3:** Máthairtheanga na ndaltaí de réir sonraí na bpríomhoidí




**Figiúr 4.4:** Meánchéatadán de bhlianta a bhí caite ag príomhoidí ag feidhmiú mar phríomhoide de réir banda DEIS




### 4.2.3 Gléasanna Ríomhaireachta

Lorgaíodh sonraí ó phríomhoidí maidir leis na gléasanna ríomhaireachta a bhí ar fáil do dhaltaí i SLG DEIS. Sonraíodh go raibh níos mó gléasanna ríomhaireachta ar an meán (11.6) ar fáil do dhaltaí i SLG DEIS Banda 1 ná mar a bhí ar fáil i DEIS Banda 2 (6.4), nuair a bhí na gléasanna ríomhaireachta ar fáil i seomra lárnach ar nós seomra ríomhairí nó leabharlann. A mhalairt a bhí fíor i gcás gléasanna ríomhaireachta a bheith ar fáil sa seomra ranga ina raibh ar an meán 16.3 gléas ríomhaireachta ar fáil do dhaltaí Banda 2 agus ar an meán 12.4 gléas ríomhaireachta ar fáil do dhaltaí Banda 1. Bhí toradh beag fabhrach ar an gcóimheas gléasanna in aghaidh daltaí i gcás SLG DEIS Banda 1 (7:1) i gcomparáid le Banda 2 (9:1).

**Tábla 4.1:** Meánfigiúirí de ghléasanna ríomhaireachta a bhí ar fáil do dhaltaí i seomraí lárnacha agus seomraí ranga i SLG DEIS Banda 1 agus Banda 2 agus meánchóimheas daltaí agus gléasanna

| | DEIS Banda 1 | DEIS Banda 2 |
|---|---|---|
| Gléasanna Ríomhaireachta i seomra lárnach | 11.6 | 6.4 |
| Gléasanna Ríomhaireachta sa seomra ranga | 12.4 | 16.3 |
| Meánfhigiúr na ngléasanna ríomhaireachta | 24 | 22.7 |
| Meánchóimheas daltaí agus gléasanna | 7:1 | 9:1 |

Bhí pátrúin cosúil leis seo le feiscint anseo is a bhí le feiscint sna measúnachtaí Náisiúnta (2015: 38) ina raibh níos mó gléasanna ríomhaireachta in aghaidh an dalta le fáil sna scoileanna beaga (4.8:1) agus sna scoileanna meánacha (7:1) ná mar a bhí sna scoileanna móra. I gcás leath de na scoileanna sa staidéar, ní raibh gléas ríomhaireachta ar bith ar fáil i seomra lárnach ach is sna seomraí ranga a bhí siad ar fad.

Ar an meán, tuairiscíodh go raibh níos mó clár bán idirghníomhach ar fáil don teagasc i SLG DEIS Banda 1 (9.2) ná mar atá i mBanda 2 (6.0). Ní raibh clár bán idirghníomhach ar bith ar fáil in aon sheomra lárnach in aon cheann de na scoileanna sa staidéar. Níor sonraíodh mórán de dhifríochta sa chóimheas cláracha bána idirghníomhacha sa sampla náisiúnta de scoileanna DEIS i MN '14 ach is léir sa staidéar reatha go bhfuil toradh níos fabhraí i gcás na scoileanna i mBanda 1 (cóimheas 19.1) ná mar atá i mBanda 2 (cóimheas 32.1). Léiríonn na figiúirí a chuirtear i láthair anseo i gcás na SLG DEIS Banda 2 go raibh níos lú clár bán idirghníomhach ar an meán ar fáil sna scoileanna seo i gcomparáid leis an meán náisiúnta (Kavanagh et al., 2015: 38) agus go raibh níos lú clár bán idirghníomhach in aghaidh an dalta (32:1) ar fáil i gcomparáid le scoileanna DEIS Banda 2 go ginearálta a thuairiscíonn cóimheas 28:1.


**Tábla 4.2:** Meánfigiúirí de chláracha bána idirghníomhacha a bhí ar fáil do dhaltaí i seomraí lárnacha agus seomraí ranga i SLG DEIS Banda 1 agus Banda 2 agus meánchóimheas daltaí agus cláracha bána idirghníomhacha

| | DEIS Banda 1 | DEIS Banda 2 |
|---|---|---|
| Cláracha Bána Idirghníomhacha i seomra lárnach | 0.0 | 0.0 |
| Cláracha Bána Idirghníomhacha sa seomra ranga | 9.2 | 6.0 |
| Meánchóimheas daltaí agus clár bán idirghníomhach | 19:1 | 32:1 |

### 4.2.4 Tacaíocht do Thuismitheoirí

Fiosraíodh i gceistneoir an phríomhoide na cineálacha straitéisí atá curtha i bhfeidhm i SLG DEIS chun tacú le tuismitheoirí cabhrú lena bpáistí sa bhaile le Gaeilge, Béarla agus Mata. Tugadh rogha de chineálacha éagsúla straitéisí ar an gceistneoir (féach Figiúr 5.5). Ar na straitéisí is mó a bhí curtha i bhfeidhm sna scoileanna luadh 'Acmhainní a roinnt don Ghaeilge', 'Acmhainní a roinnt don Bhéarla' agus 'Ceardlann / Seisiún eolais don Bhéarla'. Tá sé le tabhairt faoi deara go bhfuil na straitéisí tacaíochta tuismitheora a cuireadh ar fáil don mhatamaitic níos lú i ngach aon réimse – sraith cruinnithe, ceardlann / seisiún eolais agus acmhainní a roinnt. Bhí sé seo ar aon dul le measúnachtaí náisiúnta '14 a léirigh gur fhreastail níos lú daltaí i rang a Dó agus rang a Sé ar scoileanna a roinneann acmhainní don mhata le tuismitheoirí (2015: 41).

**Figiúr 4.5:** Straitéisí a úsáidtear chun tacú le tuismitheoirí cabhrú lena leanaí sa bhaile




Déanfar tuilleadh plé faoi seo thíos nuair a bheith tuismitheoirí agus an baile faoi chaibidil mar théama aitheanta ag an taighde.

## 4.3 Deacrachtaí Foghlama ag Daltaí sa Suíomh Lán-Ghaeilge DEIS


Déanann an chuid seo cur síos ar dheacrachtaí foghlama ag daltaí i SLG atá lonnaithe i gceantar míbhuntáiste agus na riachtanais a mbíonn acu. Féachfar ar na dúshláin a bhaineann le deacrachtaí foghlama sa suíomh tumoideachais, buairt an tuismitheora daltaí le deacrachtaí foghlama a chur agus a choinneáil i SLG san áireamh. Pléifear measúnaithe síceolaithe, na tacaíochtaí agus na háiseanna atá ar fáil don scoil mar aon le haon chur chuige ar leith atá curtha i bhfeidhm ag an scoil chun freastal ar riachtanais na ndaltaí le deacrachtaí foghlama.

### 4.3.1 Líon na nDaltaí le Deacrachtaí Foghlama

Lorgaíodh eolas ar an gceistneoir do phríomhoidí maidir le líon na ndaltaí atá ag freastal ar SLG DEIS a bhfuil deacrachtaí foghlama aitheanta acu agus atá ag Céim I, Céim II nó Céim III de chontanam tacaíochta NEPS (*an tSeirbhís Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais*). Is ionann Céim I den chontanam agus tacaíocht ranga amháin ón múinteoir ranga a chur ar fáil don dalta. Is éard atá i gceist le Céim II ná tacaíocht ar bhonn scoile a chur ar fáil don dalta le deacracht foghlama, ón múinteoir tacaíochta / acmhainne. Nuair a bhíonn an dalta ag Céim III, cuirtear tacaíocht bhreise ar fáil ó NEPS.


Léiríonn Figiúr 4.6 na cineálacha éagsúla deacrachtaí foghlama a bhí mar chuid den fhiosrúchán agus céatadán na ndaltaí i SLG DEIS a raibh an chineál áirithe deacracht foghlama acu. Tugann an t-eolas seo le fios dúinn go raibh deacrachtaí foghlama sainiúla ar nós diandheacrachtaí disléicse nó dioscalcúile ar na deacrachtaí ba mhó a bhí ag daltaí i SLG DEIS (5.8%) agus feictear chomh maith go raibh míchumas foghlama éadrom ar 2.8% den daonra sna scoileanna seo. Ní hionadh go dtuairiscítear na deacrachtaí áirithe seo a bheith ar na cinn ab airde/minicí a bhí le tuairisciú ag SLG DEIS. Déantar catagóiriú ar dheacrachtaí foghlama sainiúla agus ar mhíchumas foghlama ginearálta éadrom mar dheacrachtaí foghlama 'ard-mhinicíochta' ar a rinneadh plé leo ag leibhéal na ranga / scoile go minic (Banks and McCoy, 2011: 65). Ar an iomlán, tugann an fhaisnéis figiúr tábhachtach dúinn go bhfuil deacracht foghlama de chineál éigin, éadrom nó trom, ag 17.5% de dhaltaí atá ag freastal ar scoileanna lán-Ghaeilge i gceantair mhíbhuntáiste faoi láthair.

**Figiúr 4.6:** Céatadán na ndaltaí le cineálacha éagsúla deacrachtaí foghlama i SLG DEIS de réir sonraí na bpríomhoidí




Ar iniúchadh níos doimhne, is féidir linn léargas a fháil ar na céimeanna de chontanam NEPS ar a raibh na daltaí seo ar fad suite, trí fhéachaint ar na sonraí a chuir na príomhoidí scoile ar fáil. Ní mór a lua anseo, áfach, nach raibh na príomhoidí scoile ar fad iomlán cinnte faoi chéimeanna NEPS a bhí i gceist ar an gceistneoir agus gur tháinig sé chun cinn go soiléir go raibh bearnaí ann idir a bhí ar fáil i dtreoirlínte NEPS faoin gcur chuige tacaíochta céimniúil a bhí curtha i bhfeidhm i bprionsabal agus a raibh ag titim amach i roinnt de na scoileanna sa staidéar. Cuireadh mínithe ar fáil ar an gceistneoir maidir le cad a bhí i gceist leis na céimeanna NEPS go léir agus mar sin measadh na torthaí a bheith iontaofa ach measadh chomh maith an pointe thuas a bheith tábhachtach do na torthaí agus mar léiriú ar an gcleachtas sna scoileanna.

**Figiúr 4.7:** Céatadán iomlán na ndaltaí ag gach céim de Chontanam Tacaíochta NEPS, de réir Banda DEIS de réir na bpríomhoidí



Léiríonn Figiúr 4.7 go raibh difríocht an-mhór idir céatadán iomlán na ndaltaí a raibh deacracht foghlama acu i SLG DEIS Banda 1 (29.1%) agus Banda 2 (10.8%). Léirigh staidéar Banks agus McCoy (2011: 106-107) go raibh líon ní ba airde de dhaltaí i scoileanna DEIS, ach go háirithe i scoileanna uirbeacha DEIS Banda 1, ná mar a bhí i scoileanna go náisiúnta. Léiríodh sa staidéar chomh maith go raibh deacrachtaí litearthachta agus uimhearthachta ag céatadán ní ba mhó de dhaltaí i scoileanna uirbeacha Banda 1 ach go háirithe. Anuas air sin, sonraíodh sa staidéar céatadán ní ba airde go suntasach de dhaltaí a raibh Neamhord Mothúchánach agus Iompair (EBD) acu i scoileanna uirbeacha DEIS Banda 1 ná mar a bhí i scoileanna uirbeacha DEIS Banda 2 nó scoileanna tuaithe DEIS.

### 4.3.2 Freastal ar Riachtanais Dhaltaí le Deacrachtaí Foghlama sa suíomh lán-Ghaeilge DEIS

Bhí sainriachtanais ag baint le daltaí le deacrachtaí foghlama sa suíomh lán-Ghaeilge DEIS, ní hamháin ó thaobh foghlama de ach ó thaobh na teanga de chomh maith toisc go bhfuil siad in ainm is a bheith ag fáil oideachas iomlán trí mheán na Gaeilge. Cé go raibh go leor daltaí a raibh na sainriachtanais seo acu, is léir ón bhfaisnéis a bailíodh in agallaimh na bpríomhoidí nach raibh aon chur chuige amháin ann chun freastal ar dhaltaí le deacrachtaí foghlama i SLG DEIS agus go raibh go leor ceisteanna agus éiginnteacht sna scoileanna faoin mbealach ab fearr chun dul i ngleic leis seo.

Ardaítear an cheist go minic ar cheart tacaíocht foghlama a chur ar fáil don dalta le deacrachtaí foghlama i mBéarla nó i nGaeilge agus ba chosúil nach raibh na scoileanna iomlán soiléir faoi seo, cé go raibh tréaniarrachtaí ar siúl acu chun freastal ar na daltaí mar a mheas siad ba chuí. Bhíodh amhras ann faoin gcur chuige ab fhearr i leith an pháiste ach ba mhinic i gcás páiste a bhí in íseal éirim gur tugadh tosaíocht don Bhéarla toisc gur measadh é a bheith níos éasca don pháiste é seo a dhéanamh agus go raibh tábhacht ar leith ag baint leis an mBéarla i saol an pháiste. Ní hionann sin agus a rá gur ceapadh nach raibh an suíomh oiriúnach do na páistí seo, ach a mhalairt. An tuairim coitianta a bhí le cloisteáil sna hagallaimh bunaithe ar thaithí na bpríomhoidí ná nach ndéanfadh sé aon difríocht dá mbeadh an páiste ag freastal ar scoil Bhéarla mar go mbeadh na deacrachtaí fós acu beag beann ar an scoil nó príomhtheanga na scoile:

> Má tá páiste in íseal éirim beidh siad in íseal éirim in aon teanga agus má tá *dyslexia* ag an páiste, tá *dyslexia* ag an páiste agus níl níos lú nó níl mó páiste le *dyslexia* ag na scoileanna Béarla is atá ag na Gaelscoileanna agus bíonn na fadhbanna céanna acu…Tá na deacrachtaí céanna ag na múinteoirí ansin agus atá ag na múinteoirí anseo ach sin an deacracht is mó dúinn. (PO: Agallamh A[13])

Ní bhaineann an cheist mar sin le hoiriúnacht an tsuímh do dhalta le deacrachtaí foghlama ach le freastal cuí a dhéanamh ar shainriachtanais na ndaltaí sa suíomh. Luadh sna hagallaimh faoin ionadh a bhíonn ar dhaoine nuair a chloiseann siad go bhfuil páiste le deacrachtaí ar nós uathachais ag freastal ar Ghaelscoil. Rinneadh plé ar chás amháin ina raibh seisear i scoil amháin le huathachas a bhfuil tuiscint acu ar an nGaeilge agus cumas labhartha éigin acu ar fad sa Ghaeilge.

Tríd is tríd sna hagallaimh agus ar na ceistneoirí, d'admhaigh na príomhoidí gurbh í ceann de na fadhbanna ba mhó a bhí acu ná cabhrú le daltaí le fadhbanna foghlama trí mheán na Gaeilge agus an easpa treorach a cuireadh ar fáil i leith seo. Dar leis na príomhoidí, chuirfeadh sé go mór le taithí an dalta le deacrachtaí foghlama dá mbeadh creatlach go bhféadfadh leis na scoileanna leanúint:

> Dá mbeadh cláracha oiriúnacha ar fáil don páiste le deacrachtaí foghlama, sa Ghaeilge agus traenáil curtha ar fáil ina gcur i láthair, b'fhéidir go gcuirfeadh sé le muinín na bpáistí, agus iad ag tabhairt faoi léitheoireacht srl. trí mheán na Gaeilge (Ceistneoir na bPríomhoidí).

Fuarthas léargas sna hagallamh agus na ceistneoirí a rinne na príomhoidí faoin gcur chuige a bhí curtha i bhfeidhm i SLG DEIS nuair a bhídís ag plé le daltaí le deacrachtaí foghlama in-ranga nó lasmuigh den rang. Ba léir gur bhraith an cur chuige go huile is go hiomlán le rogha agus achmhainní na scoile, sé sin nach raibh aon chóras ar leith amháin a moladh nó

13 Seasann PO: Agallamh X do na hagallaimh le priomhoidí

a leanadh. Scoileanna áirithe b'fhearr leo go mór dá mbeadh cuntóir riachtanas speisialta in ann suí isteach sa rang le páiste le huathachas cuir i gcás ach bhí scoileanna eile i bhfábhar na ndaltaí le deacrachtaí foghlama a thabhairt amach ón rang ina n-aonar nó i ngrúpaí beaga. Meabhraítear go han-mhinic sa litríocht a bhaineann le riachtanas speisialta oideachais nach leor don dalta le deacracht foghlama a bheith comhtháite sa scoil phríomhshrutha (integration) ach nach mór don scoil athrú go radacach chun freastal ar riachtanais gach dalta trí cur chuige ionchuimsithe (inclusive) a chur i bhfeidhm. Sa chur chuige comhtháite tá an baol ann go mbeidh ar dhaltaí le riachtanais speisialta luí isteach ar na struchtúir atá cutha i bhfeidhm cheana féin ag an scoil seachas creat ionchuimsithe a bheith ag an scoil chun an taithí oideachais agus teacht ar an gcuraclam céanna do gach dalta, beag beann ar a gcuid riachtanas (Féach Banks & McCoy, 2011: 15-16). Ardaíonn sé seo ceist maidir le daltaí le deacrachtaí foghlama agus le riachtanais speisialta i SLG DEIS agus conas mar a dhéantar freastal orthu go cuimsitheach sa chaoi céanna is a dhéantar le daltaí eile nach bhfuil deacrachtaí foghlama nó riachtanais speisialta acu. Bhí an dearcadh céanna ag na príomhoidí a ghlac páirt sa staidéar seo go raibh sé de cheart ag daltaí le deacrachtaí foghlama an teacht céanna a bheith acu ar an gcuraclam is a bhí ag gach dalta agus go ndéanfaí freastal cuí orthu i bpríomhtheanga acadúil agus chumarsáide na scoile amhail is a rinneadh i gcás daltaí eile na scoile nach raibh deacrachtaí foghlama acu.

Dar ndóigh braitheann an freastal seo agus na hathruithe gur féidir le scoileanna a chur i bhfeidhm go mór ar na hacmhainní atá acu, ach go háirithe acmhainní daonna. Mhínigh cuid de na príomhoidí go mbíodh an múinteoir / na múinteoirí tacaíochta foghlama faoi an-chuid brú ag iarraidh freastal ar na daltaí a raibh diagnóis oifigiúil faighte acu, chomh maith leis na daltaí laga agus tacú le cláir litearthachta le ranganna iomlána.

### 4.3.3 Measúnaithe Síceolaithe

Fiosraíodh dearcadh na bpríomhoidí maidir le próiseas an mheasúnaithe síceolaíochta a bhaineann le daltaí a measadh deacrachtaí foghlama a bheith acu. Tuairiscigh na príomhoidí go léir a ceistíodh gur i mBéarla a rinneadh na trialacha measúnaithe ar fad ina gcuid scoileanna. Bhí tuairimí éagsúla le sonrú i gcaint na bpríomhoidí maidir leis an gcur chuige seo. Mheas príomhoide amháin nach ndéanfadh sé mórán de dhifríocht cén teanga ina ndearnadh an measúnú ach bhí na príomhoidí eile a cheistíodh agus a chuir faisnéis ar fáil sna ceistneoirí den tuairim go raibh bearnaí sa chur chuige seo. Dá dtagadh síceolaí isteach sa SLG is i mBéarla a dhéantaí na measúnuithe ar fad. 'Cruthaíonn sé sin saghas meon is dócha gur sa Bhéarla a theastaíonn an tacaíocht', a dúirt príomhoide amháin. Bhí an méid seo le cur in iúl ag príomhoide eile ar an gceistneoir, 'má dhéantar measúnú ar pháiste Ghaelscoile i mBéarla, tá sé á dhéanamh sa dara teanga foghlama an pháiste'. Cé go raibh sainriachtanais ag baint le daltaí le deacrachtaí foghlama a bhí ag freastal ar SLG DEIS, chuir na príomhoidí in iúl sa cheistneoir nár pléadh leo ar an mbonn sin cé gur tuigeadh go raibh cás ar leith i gceist. Ní dhearnadh an riarachán a bhain leis na measúnuithe trí phríomhtheanga na scoile ach oiread.

Léirigh príomhoide eile a cuid míshástachta mar gheall ar an bhfreagracht a thit ar an scoil cruthú go raibh géarghá le measúnuithe síceolaithe, nuair nach raibh cáilíochtaí síceolaíochta ag an bhfoireann. Bhí an príomhoide céanna den tuairim go gcabhródh sé le tuismitheoirí ainm agus tuiscint a bheith acu ar dheacracht foghlama ach nach raibh an t-airgead ag tuismitheoirí an cheantair a bheith ag íoc as síceolaí go príobháideach chun an tuiscint seo a fháil. Bhí na príomhoidí ar aon ghuth go raibh liosta feithimh fada ann a mhéadaigh ar an bhfadhb seo. 'Ní bhfuair páistí i scoileanna lán-Ghaeilge cothrom na féinne mar go raibh sé fíor-dheacair measúnú a fháil déanta ar pháistí (i scoil faoi mhíbhuntáiste)', a scríobh príomhoide amháin ar an gceistneoir.

Arís, bhí éagsúlacht tuairimí le sonrú maidir le síceolaithe ag teacht chun na scoile. 'Is trí Bhéarla a dhéanann na síceolaithe déileáil leis an scoil', a chuir príomhoide amháin in iúl ar an gceistneoir agus i gcás scoile eile ní raibh aon síceolaí NEPs acu le dhá bhliain. Ba é an t-ábhar ba mhó a phléigh príomhoidí maidir le síceolaithe ag teacht chun na scoileanna do mheasúnuithe ná an moladh a thugaidís do thuismitheoirí an pháiste sin bogadh go dtí scoil Bhéarla amhail is gurb í an Ghaeilge ba chúis leis na deacrachtaí a bhí ag an bpáiste:

> Agus rud a tharla go minic roinnt blianta ó shin a bhris mo chroí ná, bheifeá marbh ag iarraidh cabhrú le leanaí agus ansan bheadh an tástáil síceolaíoch-ta agus ansin d'fhéadfadh rud éigin teacht ó síceolaí you know go raibh na deacrachtaí teanga seo go léir ag an leanbh so bheadh sé níos fearr i ng-náthscoil. Agus ansan d'fhág leanaí agus you know agus is rud diúltach é sin (PO: Agallamh B).

Má bhí easpa feasachta ar an ábhar seo agus buairt ar thuismitheoirí go raibh an dara teanga ag déanamh dochar don pháiste, bhí an baol ann go mbogfaí an páiste ón suíomh ina raibh siad, fiú má bhí siad socraithe agus sásta ann, agus go leanfadh na fadhbanna é go dtí an scoil nua. Ba threocht é seo a bhí le feiscint i gcás an tumoideachais i gCeanada nuair a lean fadhbanna a bhí ag páistí tar éis dóibh bogadh amach ón gcóras tumoideachais go dtí scoil Bhéarla (Bruck, 1985b). Sin na cineálacha scéalta a chuir príomhoidí an taighde seo in iúl agus tá tábhacht nach beag ag baint le hardú feasachta agus suntas a thabhairt do chásanna mar seo. Thuairiscigh scoil DEIS Banda 1 amháin go raibh múinteoir teagmhála baile agus scoile acu agus gur chabhraigh an ról sin go mór leis na fadhbanna seo a réiteach. An gnáthchleachtas ag na scoileanna sa staidéar ná gan moladh do thuismitheoirí páistí a bhogadh amach ón scoil go dtí scoil Bhéarla.

Ar an taobh eile, bhí scoileanna ann a bhí dóchasach go raibh an scéal ag athrú agus go raibh níos mó tuisceana léirithe ag síceolaithe i leith daltaí le deacrachtaí foghlama sa suíomh lán-Ghaeilge agus nárbh í an Ghaeilge ba chúis leis na fadhbanna foghlama. Bhí scoileanna áirithe sa taighde a mheas NEPS a bheith an-tuisceanach do Ghaelscoileanna. 'Tá feabhas tagtha ar dhearcadh na síceolaithe maidir leis an oideachas trí Ghaeilge. Breathnaítear go géar ar dhul chun cinn iomlán an pháiste sula mholtar é/í a aistriú go scoil Béarla', a rinne príomhoide amháin a thuairisciú. Rinne príomhoide eile a thuairisciú go mbíodh aon síceolaí ó NEPS a bhí acu riamh sa scoil an-thacúil agus go raibh Gaeilge ag an síceolaí a bhí acu ag an am sin. Ba chosúil go raibh an taoide ag casadh anseo do roinnt de na scoileanna sa staidéar ach go raibh an tuiscint stairiúil go mbeadh sé níos fearr don pháiste bogadh go scoil Bhéarla fós beo i dtaithí scoileanna áirithe.

### 4.3.4 Fágáil na Scoile mar gheall ar Dheacrachtaí Foghlama

De réir tuairisce na bpríomhoidí ar an iomlán, ní raibh sé an-choitianta go bhfágfadh daltaí le deacrachtaí foghlama an scoil. Sna cásanna inar tharla sé, ba mhinic gur tháinig an moladh ó gníomhairí seachtracha ar nós NEPS nó ón HSE seachas mar mholadh ón scoil féin, mar a pléadh thuas. Bhíodh buairt ar thuismitheoirí a cheap go mbeadh seans níos fearr ag an bpáiste dá mbeadh siad ag plé le teanga amháin agus ba mhinic go mbíodh an bhuairt nó an lagmhisneach sin faoi deara an cinneadh a rinneadh. Tharla sé chomh maith, ach go háirithe i gcás scoil amháin, gur fhill na daltaí ar an scoil;

> Thóg cúpla tuismitheoirí páistí amach thar na blianta ach thángadar thar n-ais, fuair siad an-deacair é socrú isteach [sa scoil eile]. D'fhág cailín amháin i rang a 5 agus tháinig sí ar ais i rang a 6, níor shocraigh sí isteach (PO: Agallamh A).

Más rud é gur fhág daltaí, ba go dtí scoil Bhéarla nó scoil speisialta áitiúil a bhog siad go minic. Sonraíodh sa taighde chomh maith gur mar gheall ar urlabhraíocht teanga, disléicse, deacrachtaí tuisceanna a d'fhág siad an scoil, sa chás inar fhág siad.

### 4.3.5 Áiseanna agus Acmhainní do Dhaltaí le Deacrachtaí Foghlama

An acmhainn is luachmhaire a d'fhéadfadh a bheith ag aon SLG DEIS agus iad ag iarraidh freastal ar dhaltaí le deacrachtaí foghlama ná daonchumhacht, dar le príomhoidí na scoileanna sa staidéar. Bhíodh torthaí le feiscint ar na cláir a cuireadh ar siúl sna scoileanna le daltaí le deacrachtaí foghlama agus le riachtanais speisialta ach bhraith sé sin go mór ar na múinteoirí tacaíochta foghlama a bheith ar fáil.

Luadh an múnla do dhaltaí le riachtanais ísealmhinicíochta a mheastar i measc príomhoidí a bheith an-éifeachtach. Ar an gcéad dul síos thug sé deis do thuismitheoirí a bheith ag plé le múinteoir ranga amháin agus le múinteoir oideachas speisialta amháin. Chomh maith leis sin, bhí na múinteoirí tacaíochta foghlama in ann freastal ar na daltaí le riachtanais ísealmhinicíochta trí idirghabhálacha éagsúla a chur ar siúl cuir i gcás, gairdín céadfach (*Sensory Garden*), grúpa do scileanna sóisialta agus an clár cairdis (*Friends Programme*).

Cé go raibh na cláir a cuireadh i bhfeidhm le daltaí le deacrachtaí foghlama ard agus ísealmhinicíocht éifeachtach, dar le príomhoidí na nGaelscoileanna DEIS, ní raibh na hacmhainní ar fáil i nGaeilge. Mar shampla, an córas *Toe by Toe* a úsáidtear le daltaí le disléicse agus atá dírithe ar fhoclóir bheaga an-simplí, chabhródh sé go mór dá mbeadh a leithéid ar fáil i bpríomhtheanga na scoile, a mhol duine de na príomhoidí. Bhí go leor daltaí le deacrachtaí foghlama sna ranganna, a dúirt príomhoide amháin, agus bhí go leor achmhainní ar fáil ar-líne ach ba i mBéarla a bhí siad. Bhí bearna mhór mar sin idir líon na ndaltaí le deacrachtaí foghlama a bhí ag freastal ar scoileanna lán-Ghaeilge DEIS agus líon na n-acmhainní a bhí ar fáil as Gaeilge chun freastal cuí a dhéanamh ar na daltaí sin. Lorg na príomhoidí scoile tuilleadh acmhainní trí mheán na Gaeilge agus tuilleadh tacaíochta do na daltaí úd.

## 4.4 Tacaíocht, Idirghabháil agus Áiseanna

Tarraingeofar sa chuid seo ar an bhfaisnéis a cuireadh ar fáil i gceistneoirí agus in agallaimh na bpríomhoidí maidir le soláthar ar thacaíocht bhreise i SLG DEIS.


### 4.4.1 Meánráta na bPostanna Tacaíochta

Léiríodh go raibh meánráta an-chosúil de phostanna tacaíochta GAM/EAL sa dá bhanda in SLG DEIS (Figiúr 5.8). Bhí an méid sin níos lú ná an meánráta náisiúnta (2.4) mar a sonraíodh é i MN ’14, idir scoileanna móra, meánacha agus beaga. Bhí an ráta níos lú fós sa staidéar seo ná mar a sonraíodh sna measúnachtaí céanna de réir stádas DEIS a shonraigh go raibh ar an meán 3.4 post ag scoileanna DEIS 1 agus 2.9 post ar an meán ag scoileanna DEIS 2. B’fhéidir go mbaineann sin le líon na ndaltaí in SLG DEIS a bheith níos lú ar an meán, áfach.

Maidir le postanna breise do thacaíocht teanga, tá sé soiléir ó Fhigiúr 3.8 nach raibh aon phostanna tacaíochta teanga, le faomhadh oifigiúil, le tuairisciú ag aon scoil sa staidéar. Is féidir linn an pictiúr gruama seo a chur i gcomparáid leis an meánráta náisiúnta íseal a bhí ag 0.4 thar scoileanna go léir agus an meánráta níos airde de 1.2 post ar an meán i scoileanna DEIS Banda 1 agus 0.6 i scoileanna DEIS Banda 2. Bhí an meánráta de phostanna tacaíochta teanga sa staidéar seo de SLG DEIS 1 agus 2 ag teacht leis an bpictiúir a sholáthraítear i gcás scoileanna tuaithe nach bhfuil stádas DEIS acu – scoileanna nach bhfuil aon phostanna tacaíochta teanga le faomhadh oifigiúil acu ach oiread. D’fhéadfaí a rá toisc líon beag na ndaltaí a raibh teanga eile acu seachas an Béarla nó an Ghaeilge mar phríomhtheanga atá ag freastal ar SLG DEIS, nach raibh an géarghá céanna ag baint le postanna tacaíochta teanga a chruthú sna scoileanna seo is a bheadh ag scoileanna DEIS a raibh go leor daltaí nua chun na tíre ag freastal orthu. Ní mór solas a chaitheamh ar an ábhar seo, áfach, nuair ba T2 na ndaltaí í an Ghaeilge do fhormhór na ndaltaí sa staidéar seo ar an gcaoi céanna is atá Béarla ina T2 ag daltaí nach Éireannaigh iad atá i dteideal tacaíocht teanga a fháil i scoileanna Béarla. Dírítear ar an gceist phráinneach seo níos déanaí sa chaibidil nuair atá caighdeán teanga na ndaltaí Éireannacha atá ag freastal ar scoileanna lán-Ghaeilge DEIS sa Bhéarla agus sa Ghaeilge faoi chaibidil.

Bhí príomhoidí uile an staidéir ag éileamh tuilleadh acmhainní daonna i bhfoirm múinteoirí tacaíochta foghlama agus bhí na héilimh sin ag fás as dúshláin agus deacrachtaí a bhíonn le sárú go laethúil sa suíomh Gaelscoile DEIS. Ba léir in agallaimh na bpríomhoidí go raibh go leor éilimh ar am na múinteoirí tacaíochta foghlama sna scoileanna agus ba mhinic go mbíodh ilchúraimí ar an múinteoir oideachais speisialta – freastal ar ilranganna, rang na naíonáin a roinnt, tacú le múinteoirí ranga idirghabháil a chur i bhfeidhm srl. anuas ar an obair a dhéanaidís sa rang agus lasmuigh den rang le páistí aonair:

**Figiúr 4.8:** Meánráta de phostanna tacaíochta GAM/EAL agus postanna breise do thacaíocht teanga i SLG DEIS, scoileanna go náisiúnta agus scoileanna DEIS go náisiúnta




> Bíonn an múinteoir oideachais speisialta faoi an-chuid brú, go háirithe ag iarraidh Reading Recovery a dhéanamh ar maidin agus ansan freastal ar dhaoine atá i dteideal acmhainn agus ansan ag dul timpeall go dtí na daoine laga nach bhfuil i dteideal aon rud oifigiúil (PO: Agallamh B).

Nuair a bhí líon na múinteoirí tacaíochta foghlama níos airde, bhí sé le feiscint i gcás torthaí na dtrialacha caighdeánaí ach go háirithe. I gcás Gaelscoil DEIS Banda 1 amháin bhí sé le tuairisciú acu gur fhás an scoil ach nár fhás líon na múinteoirí tacaíochta foghlama dá réir. Bhí cúpla bliain an-mhaith acu ina raibh seisear mhúinteoirí oideachas speisialta (MOS) acu agus bhí siad cóngarach don chuar náisiúnta sa Bhéarla, rud a bhí an-dearfach don scoil agus do fhorbairt na scoile. Ina dhiaidh sin, thit líon na MOS do thriúir agus thosaigh na torthaí ag titim siar arís. Mar a mhínigh príomhoide na scoile úd, bhí impleachtaí dáiríre ag a leithéid ar an scoil iomlán:

> Thosaigh gach rud ag dul ar clé arís agus ní raibh an t-am céanna ag na múinteoirí ranga le tabhairt do na páistí níos cumasaí agus sin é an rud nach dtuigtear go minic le tacaíocht foghlama. 'Sé an t-am ag na múinteoirí chun an caighdeán a ardú sa rang mar go bhfuil daoine eile ann chun an obair a dhéanamh leis na páistí níos laige, iad a bhaint amach nó an múinteoir ag teacht isteach chun tacú … thit an caighdeán arís agus ba trua. Ní thógann sé mórán, dhá bhliain agus titeann rudaí siar (PO: Agallamh A).

Bhí cur chuige curtha i bhfeidhm sa scoil chéanna go mbíodh an MOS ag obair leis na páistí ar ardéirim chomh maith nuair a bhí foireann ann chun a leithéid a chur i ngnímh anuas ar fhreastal a dhéanamh ar na daltaí a bhí faoi bhun an 10ú peircintíl. Chonacthas an-chuid buntáistí agus éifeacht leis an gcur chuige, dar le príomhoide na scoile. Bhí treocht sa scoil leis go mbíodh iarscoláirí ag filleadh ar an scoil mar chúntóirí riachtanas speisialta agus go mbíodh Gaeilge acu ón scoil.

Dar le príomhoidí an staidéir, bhíodh deacrachtaí móra ann le MOS, Múinteoirí Acmhainne nó Cúntóirí Riachtanas Speisialta a choimeád agus bhíodh troid i gceist. Thuairiscigh siad faoin gcoimhlint a bhíodh ann maidir le scóranna maithe sna trialacha caighdeánacha agus gearradh siar ar acmhainní agus tacaíocht ar nós líon na múinteoirí acmhainne dá bharr, a chuir brú uafásach ar an scoil. Bhíodh brú agus troid ann múinteoirí acmhainne a choimeád agus go mbeadh Cúntóir Riachtanas Speisialta ag gach páiste le huathachas. Bhí sé ríthábhachtach sa suíomh DEIS go mbeadh sé ar chumas na foirne tacaíocht a chur ar fáil do pháistí a bhí ag teacht ó chúlraí faoi mhíbhuntáistí agus go mbeadh seasmhacht agus tuiscint i measc na foirne:

> Is dócha caithfidh an dearcadh ceart a bheith ag an bhfoireann maidir le páiste faoi mhíbhuntáiste. Nach mbeidh rudaí 100% agus gan a bheith róbhuartha as obair bhaile agus go mbaineann siad taitneamh as a bheith ar scoil, gur áit deas sábháilte taitneamhach í (PO: Agallamh C).

### 4.4.2 Múinteoir Forbartha Teanga do SLG

Rinneadh go leor plé in agallaimh na bpríomhoidí ar an tábhacht a bhain le ról an mhúinteora oideachais speisialta, an impleacht a bhí ag líon na MOS i ngach scoil agus an t-éileamh a mbíodh orthu. Chomh maith leis sin ardaíodh na fadhbanna a bhí aitheanta i SLG i gceantair DEIS maidir le caighdeán teanga na ndaltaí sa T1 agus sa T2 arís is arís eile le linn na n-agallamh. Mar thoradh ar an bplé seo, d'eascair plé ar mhúinteoir forbartha teanga mar ról a d'fhéadfadh freastal ar na sainriachtanais agus dúshláin atá aitheanta ag na scoileanna seo.

Ba léir ón bhfaisnéis a chuir na príomhoidí ar fáil go gcuirfidís fáilte mhór roimh tuilleadh béime ar an bhforbairt teanga, óir is í sin bunsprioc na scoile lán-Ghaeilge, agus go mbeadh tuilleadh tacaíochta foghlama trí Ghaeilge ina buntáiste mhór don scoil dá mbeadh treoir agus eolas curtha ar fáil. Ba léir go raibh na scoileanna ag déanamh a ndícheall freastal ar a gcuid daltaí de réir mar a mheas siad a bheith ceart is cóir. Ba léir chomh maith, áfach, go raibh easpa treorach agus eolais curtha ar fáil dóibh maidir le tacaíocht foghlama a chur ar fáil i bpríomhtheanga na scoile agus mar sin fágadh go mbíodh bearnaí agus neamhchinnteacht sa chóras. Chuirfeadh na príomhoidí mórfháilte roimh threoir agus tacaíocht maidir le tacaíocht foghlama trí Ghaeilge agus duine ar leith ag an scoil a chuirfeadh an saineolas seo ar fáil don fhoireann.

Chuirfeadh príomhoidí an staidéir mórfháilte roimh mhúinteoir forbartha teanga a chruthú mar ról i nGaelscoileanna DEIS agus d'aithin siad láithreach na rólanna go bhféadfadh leis an duine sin a chomhlíonadh chun freastal ar dhúshláin na scoile. Chonaic príomhoide amháin féidearthacht leis an gclár *Aistear* a chur i bhfeidhm ar bhonn níos éifeachtaí toisc go bhféadfadh le múinteoir forbartha teanga, teanga shóisialta agus neamhfhoirmiúil na Gaeilge a fhorbairt sna naíonáin. An deacracht a bhain leis sin ná nach raibh an teanga ag na páistí ag tús na scoile agus go gcaití an teanga a mhúineadh ar dtús.

Bheadh an té a cheapfaí ina mhúinteoir tacaíochta teanga in ann obair aonair ar fhónaic agus fuaimeanna a dhéanamh le páistí sna naíonáin agus iad a thástáil go rialta leo chomh maith mar go mbaineann deacracht leis seo a dhéanamh sa bhaile, dar leis an bpríomhoide. Bheadh go leor féidearthachtaí le cúrsaí litearthachta agus grúpaí léitheoireachta a bhunú chun léitheoireacht na Gaeilge a fhorbairt.

Dar le príomhoide amháin, bheadh a leithéid de ról an-chabhrach chun an fhís a bhí acu mar SLG a fhorbairt agus próifíl na Gaeilge sa scoil a ardú. Bhí go leor fadhbanna iompair sna scoileanna seo agus bhíodh sé deacair ar mhúinteoirí freastal ar an teanga ag an am céanna mar bhí rud éigin níos tromchúisí ar siúl ach dá mbeadh ról na teanga ag múinteoir ar leith d'fhéadfadh leis an duine sin a bheith i mbun géaréisteachta le linn an lae scoile.


Tá an ceart ag páistí a bhíonn ag streachailt le deacrachtaí teanga sa Ghaeilge, tacaíocht teanga a fháil don teanga sin sa chaoi céanna is a bhfaigheann daltaí atá ag streachailt leis an mBéarla tacaíocht sa Bhéarla / trí mheán an Bhéarla. Níl cothrom na féinne á fháil ag na daltaí i SLG DEIS, dar le príomhoide amháin sa staideár.

### 4.4.3 Daltaí atá ag fáil tacaíochta teanga agus tacaíocht foghlama / acmhainne

Iarradh ar phríomhoidí a líon isteach na ceistneoirí figiúirí a chuir ar fáil maidir le líon na gcailíní agus na mbuachaillí a bhí ag fáil tacaíochta teanga don Ghaeilge agus don Bhéarla. Bhí céatadán an-bheag de dhaltaí i SLG DEIS 1 ag fáil tacaíochta teanga don Ghaeilge (0.5% de dhaltaí) agus ní raibh aon dalta i SLG DEIS 2 ag fáil tacaíochta teanga don Ghaeilge. A mhalairt de scéal a bhí le tuairisciú i gcás tacaíocht teanga don Bhéarla a bhí níos airde de réir céatadán i mBanda 2 (2.4%) ná mar a bhí i mBanda 1 (0.9%) agus ina raibh níos mó ná dá oiread buachaillí ag fáil tacaíochta (3.4%) ná mar a bhí cailíní (1.5%) (Féach Figiúr 5.9).

Ba mhór idir tacaíocht teanga a chur ar fáil don Ghaeilge agus trí Ghaeilge agus rinneadh an t-idirdhealú seo in agallaimh na bpríomhoide chun an scéal a shoiléiriú. Cé gur fíorbheag tacaíocht teanga a chuirtear ar fáil don Ghaeilge, ba mhinic a chuirtear tacaíocht ar fáil don mhata trí mheán na Gaeilge i scoileanna an staidéir. Ba chinneadh na scoile féin é a leithéid a dhéanamh agus ba mhinic chomh maith a rinne siad cinneadh iompú ar an mBéarla sna

**Figiúr 4.9**: Céatadán na nDaltaí ag fáil tacaíochta teanga don Ghaeilge agus don Bhéarla de réir Banda na Scoile agus Inscne na nDaltaí




blianta sinsearacha do mhúineadh na matamaitice agus tacaíocht foghlama don mhata nuair a bhíodh na páistí ag dul aghaidh go dtí meánscoil Bhéarla. Ba léir ó fhaisnéis na bpríomhoidí gur cur chuige indibhidiúil na scoile a bhí sna cur chuigí seo agus nach raibh treoirlínte cinnte ar fáil dóibh maidir leis an gcur chuige ab fhearr nó a bhí inmholta.


Táthar ag súil go gcabhródh an curaclam nua teanga, Curaclam Teanga na Bunscoile (ROS, 2019) leis an easpa cinnteachta maidir le cé acu teanga ar cheart tacaíocht teanga a chur ar fáil i scoileanna atá ag feidhmiú trí mheán na Gaeilge. Déantar an argóint gur chuma cén teanga ina gcuirtear tacaíocht ar fáil ach bhí lón machnaimh curtha ar fáil do SLG maidir le T1 agus T2, sé sin go bhféadfaí tacaíocht teanga a chur ar fáil don Ghaeilge a thrasnódh go dtí an Béarla. Bhí an curaclam agus na laethanta oiliúna a bhí curtha ar fáil do mhúinteoirí an curaclam a chur i bhfeidhm ag ardú ceisteanna mar seo, dar le príomhoidí an staidéir.

Rinne príomhoide amháin plé ar an gcóras a chruthaigh an meon go gcuirfí tacaíocht ar fáil trí mheán an Bhéarla. Sula raibh trialacha caighdeánacha Dhroim Conrach ar fáil don Ghaeilge, rinneadh na trialacha don Bhéarla agus cuireadh tacaíocht ar fáil i mBéarla do pháistí a bhí faoi bhun an 10ú peircintíl. Nuair a fuair páistí SLG na scóranna céanna don Ghaeilge anois sna trialacha Gaeilge, níor cuireadh  an tacaíocht ar fáil i nGaeilge. Mhínigh príomhoide C gur cuireadh an tacaíocht teanga ar fáil don Bhéarla go stairiúil sa scoil agus measadh é a bheith ina phríomhghá d'fhorbairt an pháiste. Leanadh leis an gcur chuige céanna ach bhí ceisteanna ann faoin gcur chuige ab éifeachtaí do dhaltaí an tumoideachais a bhí ag freastal ar SLG i gceantair mhíbhuntáistí agus na riachtanais teanga a bhí acu.

I gcás tacaíocht foghlama / acmhainne a fháil don Ghaeilge, Bhéarla agus Mhata, léiríonn Figiúr 4.10 gur líonmhaire i bhfad iad líon na ndaltaí a bhí ag fáil tacaíochta foghlama / acmhainne don Bhéarla (15.8%) agus don Mhata (15.9%) i SLG DEIS i gcomparáid le líon beag na ndaltaí a bhí ag fáil tacaíochta foghlama / acmhainne don Ghaeilge (1.7%). Tá sé suntasach ón bhfigiúr chomh maith go raibh níos mó buachaillí ag fáil tacaíochta foghlama / acmhainne don Bhéarla agus don Mhata ná mar a bhí cailíní agus fiú i gcás na Gaeilge, cé nach bhfuil an difríocht ró-mhór. Tarlaíonn sé seo in ainneoin go raibh níos mó cailíní ná buachaillí cláraithe ar rollaí na scoileanna. B'ionann é sin is a rá go raibh píosa beag níos mó cailíní (1,166) ná buachaillí (1,010) ag freastal ar SLG DEIS Banda 1 agus 2. I Measúnachtaí Náisiúnta '14 ní raibh difríochtaí móra le sonrú idir líon na mbuachaillí agus na gcailíní a bhí ag fáil tacaíochta foghlama / acmhainne don Bhéarla nó don Mhata.

Tá sé le feiscint i bhfigiúr 4.10 go bhfuil níos mó daltaí idir bhuachaillí agus chailíní ag fáil tacaíochta foghlama / acmhainne i DEIS 1 ná mar atá i DEIS 2. Tá sé seo ag teacht le treochtaí náisiúnta a léiríonn go bhfuil baint nach beag ag stádas socheacnamaíoch scoile le teacht ar thacaíocht foghlama / acmhainne (NA '14: 45).

**Figiúr 4.10:** Céatadán na ndaltaí ag fáil tacaíochta foghlama / acmhainne don Ghaeilge, don Bhéarla, agus don mhata de réir banda na scoile agus inscne na ndaltaí




### 4.4.4 Idirghabhálacha atá curtha i bhfeidhm ag na scoileanna

Ba léir ón bhfaisnéis a chuir príomhoidí sa staidéar ar fáil gurbh é ceann de na dúshláin ba mhó a bhain le SLG DEIS ná go raibh siad ag iarraidh dá thrá a fhreastal:

i) príomhaidhm na scoile a chomhlíonadh agus oideachas trí mheán na Gaeilge a chur chun cinn ar bhealach spreagúil agus taitneamhach

ii) freastal ar caighdeán lag na ndaltaí i bpríomhtheanga an tsaoil agus an teaghlaigh

D'fhéadfadh le mórdheacrachtaí teanga sa Bhéarla a bheith ag páiste ag tosú ar scoil agus chonaic príomhoidí staidéar an cás seo go rómhinic. Bhraith na scoileanna ansin go mbíodh sé mar dhualgas orthu freastal ar phríomhtheanga an pháiste mar phráinn, fhad is go raibh siad ag cur taithí an tumoideachais ar fáil don pháiste ag an am céanna.

Rinneadh plé in agallaimh na bpríomhoidí ar na hidirghabhálacha a bhí curtha i bhfeidhm sna scoileanna. Bhí spéis ag scoil amháin sa staidéar sa réamhghabháil seachas san idirghabháil a thugann aitheantas d'fhadhbanna roimh thosú ar scoil agus a dhéanann iarracht tuismitheoirí a mhealladh ar bord. An aidhm ná nach mbeadh ar an scoil ansin an méid céanna ama a chaitheamh ar an mBéarla a fhorbairt dá mbeadh na páistí ag teacht isteach ar caighdeán níos airde. Bhí an scéim *Happy Talk* tosaithe ag an scoil áirithe seo chun freastal ar na fadhbanna is mó a bhí aitheanta sa dúthaigh agus bhí dhá cheacht déag faighte ag tuismitheoirí. Luaigh an príomhoide céanna an scéim *Read, Write, Ink* le Ruth Misken a mhol sí go láidir toisc go spreagann sé na daltaí a bheith ag léamh. Téann an scéim sin ar aghaidh ó fónaic go dtí na leibhéil tuisceanna (*comprehension levels*) atá céimithe ar na leibhéil difriúla, a mhínigh príomhoide na scoile. Bhain an scoil úsáid as na boscaí tuisceanna (*comprehension boxes*) ó *Prime Ed* don tuiscint chomh maith agus as *Peer Tutoring*. Ó thaobh DEIS de, bhain an scoil úsáid as na scéimeanna *First Steps* agus *Reading for Understanding* agus rinne siad treisiú ar na seánraí a eascraíonn ó na scéimeanna sa Bhéarla agus sa Ghaeilge, rud atá molta ag an gcuraclam nua teanga (CNCM 2015).

Ag am an agallaimh, bhí an scoil páirteach i scéim ar a thugtar *Excel at Read* i gcomhpháirt leis an gcarthanacht SUAS a oibríonn le comhlachtaí áirithe chun cabhrú le páistí i gceantair mhíbhuntáiste. Don scéim áirithe seo, chuir comhlacht áitiúil oibritheoirí ar fáil chun obair le páistí duine ar dhuine ar an ríomhaire a thug tacaíocht bhreise dóibh agus spreag sé iad, dar leis an bpríomhoide scoile. Anuas air sin, chuir siad *Literacy Liftoff* agus *Reading Recovery* i bhfeidhm agus bhí na daltaí a bhí fós lag ag dul ar aghaidh ag baint úsáide as na léitheoirí grádaithe. Bhíodh na páistí laga go léir ag déanamh *Lexia Learning* ach go háirithe na daltaí a raibh disléicse orthu.

Bhí cuid de na páistí laga fós ar STen 2/3 do na trialacha caighdeánacha Béarla ach bhí an réimse scóir sa scoil idir 3-8 agus bhí siad i mbun iarrachta i gcónaí é sin a ardú. Bhí

dul chun cinn le feiscint i gcaighdeán Béarla agus i scóranna sna trialacha caighdeánacha Béarla mar thoradh ar na hidirghabhálacha a rinneadh sa scoil chun freastal ar an mBéarla agus ar na deacrachtaí teanga a mbíodh ag na daltaí ar theacht isteach chun na scoile. Toisc go mbíodh an méid sin béime ar an mBéarla, áfach, fágadh  nach mbíodh an t-am an fuinneamh céanna a chaitheamh ar an Mata. Bhí sé ar intinn ag an scoil thuasluaite gearradh siar píosa beag ar an mBéarla agus casadh i dtreo an mhata toisc deacrachtaí a bheith léirithe maidir le foghlaim na matamaitice. Bhí na scéimeanna *Maths Recovery* agus *Ready Steady Maths* tosaithe sa scoil faoi stiúir múinteora oilte sna scéimeanna a chur i bhfeidhm agus chonacthas go raibh feabhas ag teacht ar na daltaí cheana féin.

Bhí sé an-soiléir do phríomhoide na scoile thuas (PO: Agallamh D) go raibh feabhas ollmhór ag teacht ar na daltaí, ach go háirithe iad siúd le deacrachtaí foghlama, mar gheall ar na hidirghabhálacha a bhí ar siúl sa scoil. Mhol an príomhoide obair na gcúntóirí riachtanas speisialta agus a gcuid nuálaíochta ó thaobh smaointe de cosúil le 'Sensory Garden' a bhunú sa seomra acmhainne, grúpa do scileanna sóisialta agus clár cairdis a bhunú.

Thug scoil eile cuntas ar na hidirghabhálacha a bhí curtha i bhfeidhm acu chun freastal ar chúrsaí litearthachta agus luaigh siad na scéimeanna *Reading Recovery* agus *Literacy Lift-Off*. Tosaíodh ar an gclár *Reading Recovery* a chur i bhfeidhm chun freastal ar dhaltaí a raibh deacrachtaí foghlama agus litearthachta acu. Bhíodh ceisteanna á ardú go minic i measc tuismitheoirí sa scoil maidir le hoiriúnacht an tsuímh SLG do dhaltaí le deacrachtaí foghlama. Tar éis an-chuid taighde a dhéanamh ar an ábhar, d'fhorbair an fheasacht i leith na faidhbe seo i measc na foirne agus tosaíodh ar clár ar leith a chur ar fáil sa scoil, clár feasachta chun tacaíocht a thabhairt do dhaltaí le fadhbanna litearthachta agus an teanga a mbíonn de dhíth orthu a dhéanamh leo. Bhí an clár *Literacy Lift-Off* ar siúl ag an scoil sna naíonáin don Bhéarla agus don Ghaeilge agus measadh é a bheith an-éifeachtach toisc go mb'fhéidir na daltaí a chur i ngrúpaí agus stáisiúin éagsúla a bhunú sa rang chun freastal ar riachtanais na ndaltaí agus dul i ngleic le fadhbanna litearthachta.

Ardaíodh na fadhbanna céanna sa scoil seo maidir le bearnaí agus laigí sa mháthairtheanga ag tús na scoile mar dhúshlán nach beag do SLG i gceantair DEIS:

> Ní i gcónaí go mbíonn smacht acu ar an máthairtheanga, ní iad go léir ach cuid acu. So cad a dhéanann tú, sin iad na daoine a bhíonn againn mar iarratasóirí d'aisghabháil na litearthachta. Sin iad na daoine nach n-éiríonn sa chóras leo even leis an aisghabháil dul go dtí an spriocphointe, tá an-chuid teanga de bhéal de dhíth orthu fós sa mháthairtheanga (PO: Agallamh B).

D'fhéadfaí a mhaíomh go mbíonn gach SLG ag iarraidh freastal ar an T1 agus T2 ach ní mór na fadhbanna sóisialta a chur san áireamh agus cláracha litearthachta ar leith á gcur le chéile ag SLG DEIS.

### 4.4.5 Áiseanna Tacaíochta trí Ghaeilge

Cé go bhfuil feabhas ag teacht ar líon na n-áiseanna tacaíochta atá ar fáil don Ghaeilge, tá spás ann do tuilleadh forbartha, dar le príomhoide scoile sa staidéar. Tráth dá raibh, ní raibh ach aon scéim amháin ann do léitheoireacht na Gaeilge ach bhí an t-uafás áiseanna ann don Bhéarla a thug deis do scoileanna a bheith ag feidhmiú ag leibhéil éagsúla agus an-chuid dul siar a dhéanamh, de réir mar a d'oir dá gcuid daltaí. Ní raibh sé sin ar fáil don Ghaeilge fós a dúirt príomhoide amháin, a mhol go mba cheart go mbeadh 4-5 leabhair bheaga (*Readers*) ar fáil ar an gcaighdeán céanna le go bhféadfadh múinteoirí agus páistí an-chuid dul siar agus cleachtadh a dhéanamh sular bhog siad ar aghaidh go dtí an chéad cheacht eile.

Rinneadh plé sna hagallaimh ar an claonadh i dtreo radharc fhocail a bheith ar fáil i nGaeilge agus Féasta Focal a bheith in úsáid sna scoileanna. Cé go mba chéim chun tosaigh í sin, mhol príomhoide amháin go mbeadh treoir curtha ar fáil do mhúinteoirí ar cad iad na príomhfhocail i bhFéasta Focal agus gan an pacáistiú ar an scéim a bheith chomh páistiúil i gcomparáid lena macasamhail Bhéarla – *Dolch 220*. Theastaigh liosta focal mar seo go géar, dar leis an bpríomhoide, a thug bunchloch léitheoireachta na Gaeilge. Dá mbeadh na príomhfhocail ar eolas ag daltaí, fiú iad siúd ar ísealchaighdeán léitheoireachta, bheidís in ann píosaí beaga léitheoireachta a léamh sa Ghaeilge a spreagfadh iad chun na léitheoireachta.

## 4.5 Gnóthachtáil agus Caighdeán Teanga na bPáistí sa T1 agus T2

Tá sé pléite cheana féin sa chaibidil seo atá bunaithe ar dhearcthaí na bpríomhoidí a bhí ag feidhmiú i SLG DEIS, go raibh fadhb an-dáiríre ag na scoileanna seo maidir le caighdeán teanga na bpáistí nuair a bhíodar ag teacht isteach sna scoileanna seo i gceantair mhíbhuntáiste agus go raibh sé le feiscint go soiléir i meánscóir ghnóthachtála don Bhéarla. Bhí cás ar leith ag baint leis na scoileanna seo toisc go raibh dhá chomhthéacs ar leith ar baint leo: i) gur scoileanna iad atá ag feidhmiú trí mheán na Gaeilge; agus ii) gur scoileanna DEIS iad a bhí i lonnaithe i gceantair mhíbhuntáiste. Caithfear na fadhbanna sóisialta agus cúlraí baile atá aitheanta leis na ceantair seo a chur san áireamh agus na riachtanais a bhain le daltaí na scoileanna seo á meas. Níorbh hionann a gcásanna féinigh agus cásanna SLG eile sa tír nó scoileanna DEIS eile na tíre, dar leis na príomhoidí a ghlac páirt sa taighde.

Mar a pléadh thuas, an dúshlán is mó a bhí ag na scoileanna a ghlac páirt sa taighde ná an caighdeán íseal teanga sa Bhéarla a bhíodh ag daltaí ag tosú ar scoil i gceantair mhíbhuntáiste. Nocht príomhoide amháin an tuairim a bhí bunaithe ar a cuid taithí sa scoil go raibh leanaí áirithe ag teacht isteach sa scoil nach raibh aon taithí acu ar scéal a bheith léite dóibh. Ní gach duine acu agus céatadán ró-ard, thart ar 60%, dar leis an bpríomhoide. Ní bhíodh sé ar a gcumas ag na leanaí sin labhairt fúthu féin nó a mbéal 'a mhúscailt i gceart chun fuaimeanna a rá'. (PO: Agallamh D)

Bíodh an-theacht ag leanaí óga ar uirlisí teicneolaíochta ó aois an-óg agus is é an t-am a chaith siad ar na scáileáin ba chúis leis na fadhbanna urlabhraíochta a chonacthas sna scoileanna agus le heaspa chumarsáide, dar leis an bpríomhoide i SLG DEIS (D). Chonacthas sna scoileanna gurb é an iPad an príomhbhronntanas a fuair páistí don Nollaig, fiú iad siúd sna Naíonáin.

> Tá plé déanta le fada an lá ar chúrsaí litearthachta sa T1 agus T2 i SLG agus cathain ar cheart tús a chur le léamh an Bhéarla. Is minic tuismitheoirí a bheith buartha mar gheall ar thosú mall ar léamh an Bhéarla agus moltaí lántumadh a bheith míréadúil sna ceantair ina raibh na scoileanna bunaithe; deacrachtaí sealbhaithe an Bhéarla, easpa tacaíochta agus teanga sa bhaile srl. Bhraith scoil amháin go mbeadh faillí á ndéanamh acu muna mbeadh aon Bhéarla ar siúl acu go dtí rang a Dó, mar a mholtar sa churaclam é.
>
> Tá a fhios agam go mbíonn tuairimí ann agus fiú amháin tá sé sa churaclam nua, you know go bhfanfá go dtí rang a dó anois chun aon rud a dhéanamh ó thaobh an Bhéarla de, ní oibreodh sé sin inár gcás ó thaobh oideachais na bpáistí de agus cheapfaimis go mbeadh faillí á déanamh mar táimid i gcónaí ag obair ag déanamh suas an saghas bearna atá ann ó thaobh an luathlabhairt agus an luathlitearthacht sa Bhéarla, sa mháthairtheanga, so i gcás tír atá go hiomlán you know don chuid is mó ag feidhmiú tré mheán an Bhéarla, ní bheadh ár bpáistí in ann a bpoitéinsiúil iomlán a bhaint amach sa saol sin, dá mbeimis ag cleachtadh go hiomlán an tuairim gur féidir fanacht go dtí rang a Dó ó thaobh an Bhéarla (PO: Agallamh D).

Ní mór na coinníollacha agus na riachtanais a bhaineann le SLG DEIS agus a gcuid daltaí a chur san áireamh ag gach staid pleanála sa scoil. Ní hionann SLG DEIS agus aon SLG eile sa tír nó aon scoil DEIS eile sa tír. Tá riachtanais sainiúla ag baint leis na scoileanna seo nach mór aird a tharraingt orthu agus feasacht a ardú ina leith.

Maidir le caighdeán teanga sa Ghaeilge, bhí sé le tuairisciú ag príomhoidí scoile go raibh caighdeán réasúnta sa Ghaeilge ag daltaí na SLG DEIS ach go mbíodh na gnáthfhadhbanna acu mar a bhíonn in aon scoil atá ag feidhmiú trí mheán na Gaeilge: tionchar an Bhéarla ar an gcaint (comhréir na cainte) agus tionchar ón taobh amuigh go ginearálta. Dar le sonraí na bpríomhoidí, léirigh na torthaí do na trialacha caighdeánacha Gaeilge cuar an-chosúil leis na torthaí a fhaigheann na scoileanna don Bhéarla. Dar le príomhoide amháin áfach, ní léiriú ar chumas na ndaltaí sa Ghaeilge atá sna trialacha seo ach tástáil ar an gcumas léitheoireachta Gaeilge.

Is ar clé den chuar náisiúnta a bhíonn na torthaí Gaeilge, de réir tuairisc scoil amháin .i. taobh thiar den mheán náisiúnta. Nocht príomhoide na scoile sin tuairim gur i dteanga atá an laige seachas sa Ghaeilge nó sa Bhéarla iontu féin.

Bhí sé le tuairisciú sna scoileanna ar fad a ghlac páirt sna hagallaimh go n-éiríodh go maith le daltaí na scoile ó thaobh na Gaeilge de nuair a théidís ar aghaidh go dtí an mheánscoil, fiú nuair ba ghnáthmheánscoil Bhéarla a bhíodh i gceist. Chuir sé ionadh ar na príomhoidí ar fhilleadh do na daltaí go mbíodh cumas agus scileanna cumarsáide forbartha acu go mór sa Ghaeilge.

Bhí na scoileanna ar fad ar aon intinn go raibh na scrúdaithe caighdeánacha Dhroim Conrach don Ghaeilge ar ardchaighdeán agus dian ó thaobh marcála de. Bhíodh díspreagadh ann i measc mhúinteoirí agus leanaí nuair nár éirigh leo torthaí níb fhearr a bhaint amach sa Ghaeilge.

An dúshlán ba mhó a bhain le caighdeán teanga na bpaistí sa T1 agus sa T2 i gceantair DEIS ná an easpa tacaíochta ón mbaile. Níor labhair tromlach na dtuismitheoirí Gaeilge sa bhaile lena bpáistí agus cé gur cuireadh ranganna Gaeilge do thuismitheoirí ar fáil agus rinneadh iarracht nuair a thosaigh leanaí ar scoil, laghdaíodh ar an iarracht nuair a chuaigh na páistí ar aghaidh tríd an gcóras. Bhí sé le tuairisciú i gcás an Bhéarla i scoil amháin gur éirigh go maith le forbairt foclóra suas go dtí rang a 2 nó a 3 nuair a mhúintí í ach gur tháinig moill ar an bhforbairt nuair a bhítí ag brath go mbeadh na leanaí ag léamh go neamhspleách sa bhaile agus 'ag cur lena teanga ar bhealaí eile' (PO: Agallamh A). Labhair príomhoide eile faoi chás amháin ina raibh cailín ag streachailt go mór ó thaobh deacrachtaí foghlama de ach spéisiúil go leor bhí sí in ann cumarsáid a dhéanamh sa teanga a shealbhaigh sí ar scoil thar teanga an bhaile. Ba shampla é seo d'easpa teanga an bhaile a bhí le feiscint i gceantair mhíbhuntáiste, dar leis an bpríomhoide.

## 4.6 Tuismitheoirí agus an Baile

Aithnítear go raibh go leor deacrachtaí ag muintir na gceantar ina bhfuil na SLG DEIS a ghlac páirt sa taighde seo bunaithe. Tuigeadh go mbíodh na clainne sna ceantair ag streachailt agus ag iarraidh saol níb fhearr a chur ar fáil dá gcuid leanaí. Bhí iarracht ar siúl ag na scoileanna oiliúint agus eolas a chur ar fáil do thuismitheoirí ionas go mbeidís in ann tuilleadh a dhéanamh lena bpáistí sa bhaile agus caidreamh scoile-baile a neartú. Ba i bhfoirm cruinnithe a cuireadh eolas ar fáil do thuismitheoirí den chuid is mó agus eagraíodh cruinniú leis an múinteoir oideachais speisialta dá mheastaí deacracht foghlama a bheith ag an bpáiste.

Bhíodh tuismitheoirí go mór i bhfábhar páistí a chur chuig Gaelscoil ar chúiseanna éagsúla, dar leis na príomhoidí scoile. I gceantair mhíbhuntáiste áirithe bhíodh an-éileamh ar na SLG agus bhíodh meon an-dearfach ar an mbaile i leith na teanga. I gceantair mhíbhuntáiste eile bhíodh tuismitheoirí tógtha le héiteas na scoile, cuir i gcás, go raibh nósanna pearsanta ag an scoil go mb'fhéidir an chéad ainm a thabhairt ar mhúinteoir agus go raibh meon muinteartha sa scoil. Mhínigh príomhoide na scoile úd, gur bhain sé seo níos mó leis an drochthaithí a bhí ag na tuismitheoirí fad is a bhí siad féin ar scoil agus go raibh siad ag lorg taithí éagsúil dá bpáistí féin. Bhí sé coitianta, áfach, go mbeadh cuid de na tuismitheoirí tar éis freastal ar an SLG DEIS iad féin agus go raibh siad ag iarraidh go rachadh a gcuid páistí chuig an scoil chéanna chomh maith. Bhí an treocht seo tar éis teacht ar an saol ach go háirithe le deich mbliana anuas. I scoil eile, bhí beirt mhúinteoirí mar iarscoláire agus beirt mar chúntóirí riachtanas speisialta a d'fheidhmigh go mór mar mheán spreagtha do na daltaí sa scoil sin, de réir chuntais an phríomhoide.

Bhí sé le tuairisciú ach go háirithe i SLG DEIS Banda 1, go mbíodh an-chuid fadhbanna baile ag daltaí. Ba mhinic a mbíodh comhrá ag príomhoidí scoile le tuismitheoirí a bhíodh buartha mar gheall ar oideachas trí mheán na Gaeilge a bheith dian ar an bpáiste, anuas ar na deacrachtaí sa bhaile agus na deacrachtaí foghlama a d'fhéadfadh a bheith ag an bpáiste sin. Bhíodh cúram ar an scoil sa chás sin, comhairle a chur ar an tuismitheoir agus é/í a chur ar a suaimhneas.

Bhraith líon na ndaltaí a chuaigh ar aghaidh chuig meánscoil Ghaeilge ar an gceantar féin agus Gaelcholáiste áitiúil a bheith ar an mbaile nó cóngarach dó. Thuairiscigh scoil amháin a raibh an-rogha sa cheantar ó thaobh meánscoileanna de, go dtéann 75% de dhaltaí ar aghaidh chuig meánscoil lánGhaeilge. Théadh daltaí le deacrachtaí foghlama ar aghaidh chuid meánscoileanna Béarla de ghnáth ach ní i gcónaí. Uaireanta, bhíodh an dalta féin ag iarraidh leanúint ar aghaidh leis an oideachas trí mheán na Gaeilge nó bhíodh an tuismitheoir

ag iarraidh go mbeadh ‘seans difriúil ag an bpáiste sa saol ná mar a bhí acu féin’ (PO: Agallamh D). I gceantair eile, nuair nach mbíodh aon rogha an dalta a chur ar aghaidh chuig Gaelcholáiste ar an mbaile, chinn tuismitheoirí iad a chur chuig meánscoil Bhéarla áitiúil agus mheas an príomhoide go mbíodh na tuismitheoirí faoin tuairim go minic go raibh go leor Gaeilge ag na páistí ón mbunscoil.

## 4.7 Cleachtas an Tumoideachais sa Suíomh Gaelscoile DEIS

Ba léir ón bhfaisnéis a bailíodh sa taighde, nach raibh aon chur chuige amháin i bhfeidhm i SLG DEIS maidir le cur i bhfeidhm an tumoideachais. Bhraith an cleachtas go mór ar riachtanais na ndaltaí agus triail a bhaint as cur chuige a bhí éifeachtach don scoil:

> Ar bhealach an próiseas nó an córas anseo, d’fhás sé. Cruthaíonn tú do chuid fhéin de réir mar a théann tú ar aghaidh. Is muid fhéin a chruthaigh an chuid is mó de. De réir mar a tháinig na riachtanais, chruthaigh tú rud éigin chun an bhearna sin a líonadh. (PO: Agallamh A)

Bhí sé do nós ag scoileanna áirithe tumoideachas iomlán a chur i bhfeidhm sna Naíonáin Bheaga ó Mheán Fómhair go dtí an Cháisc agus tosú ar fhónaic agus léitheoireacht an Bhéarla i ndiaidh na Cásca. I rith an lae scoile i scoil amháin, mhol an príomhoide lántumadh Gaeilge ón lón mhór ar aghaidh ionas go mbeadh na daltaí tumtha go hiomlán sa T2 sular rachaidís amach i saol an T1. Díríodh ar an mBéarla don chéad uair i scoil eile i dtreo dheireadh na bliana sna Naíonáin Bheaga nuair a thosaigh siad ar rannta beaga. Go stairiúil sa scoil, ní dhearna siad aon Bhéarla go dtí rang a haon ach chruthaigh sé seo a bheith an-deacair do na daltaí agus mar sin bogadh siar é go dtí deireadh rang na Naíonán.

D’admhaigh príomhoide eile go raibh an cheist seo casta nuair a bhí tú ag plé le tuismitheoirí a bhíodh buartha mar gheall ar thús na léitheoireachta sa Bhéarla a bheith rómhall agus le páistí a bhíodh ar chaighdeán íseal sa Bhéarla. Le cúpla bliain anuas bhí an scoil ag díriú ar an nGaeilge agus ar an mBéarla go comhthreomhar lena chéile nuair a thosaigh leanaí ar scoil mar cheap siad go raibh orthu a leithéid a dhéanamh chun tuismitheoirí a mhealladh agus chun freastal a dhéanamh ar na deacrachtaí teanga a bhí ag na páistí ón gceantar. Bhí athrú ag teacht ar an gcur chuige sin áfach:

> Dheineamar athbhreithniú air agus anois táimid sásta mar mhúinteoirí agus mar bhord bainistíochta gan an Béarla a thosú go dtí deireadh Naíonáin Mhóra agus tumoideachas iomlán a chur i bhfeidhm … Má tánn tú chun a bheith dian mar gheall air agus teastaíonn uait é a dhéanamh i gceart, an tumoideachas a bhí á déanamh againn ní raibh sé á déanamh i gceart. (PO: Agallamh B)

Fuarthas locht sa scoil ar a bheith ag iarraidh díriú ar an nGaeilge agus ar an mBéarla ag an am céanna. Chonacthas dóibh go raibh na daltaí i rang a 6 ag fulaingt mar thoradh ar an gcur chuige agus nach raibh líofacht acu sa Ghaeilge in aon chor.

Phléigh príomhoide amháin an drámaíocht mar chleachtas agus mhodh éifeachtach chun muinín agus teanga a fhorbairt sa suíomh tumoideachais. Rinne gach scoil tagairt don tábhacht a bhain leis na páistí a bheith sona sa scoil thar aon ní eile agus taitneamh a bhaint as an teanga, as an taithí agus as an bhfoghlaim. Bhí sé mar chuid láidir den phopchultúir go mbíodh amhráin Ghaeilge cáiliúla ann a raibh an-impleacht acu ar phróifíl na teanga i measc na n-óg. Bhí sé mar chuid den dhea-chleachtas i SLG DEIS go mbíodh siad ag iarraidh tarraingt ar seo chun an Ghaeilge a chur chun cinn agus féinmhuinín na ndaltaí in úsáid an teanga a neartú.

Bhí bearnaí san oideachas a bhí á chur ar fáil faoin tumoideachas i gcoitinne, de réir dearcadh na bpríomhoidí, a d’fhág go raibh easpa leanúnachais ó scoil go scoil maidir le cleachtais agus go leor ceisteanna fágtha faoi dhea-chleachtais.  B’fhíor go raibh níos mó tuisceanna ag na scoileanna féin ar a raibh de dhíth ar dhaltaí na scoile agus go raibh níos mó seilbhe acu ar a gcuid ábhar féin a chuir siad le chéile ach bhí an t-uafás oibre i gceist leis sin agus thit an-chuid freagrachta ar an scoil agus ar an múinteoir. Bheadh sé inmholta dá mbeadh soiléiriú maidir le dea-chleachtais bunaithe ar a raibh ag titim amach

sna scoileanna ag an am. Bheadh sé an-chabhrach leis dá mbeadh teimpléid nó pacáistí ar fáil ar-líne go bhféadfadh le múinteoirí a leanúint agus a chur in oiriúint do riachtanais na bpáistí ina ranganna, faoi mar a mhol príomhoide amháin.

Ó thaobh oiliúint mhúinteoirí de, bhí na cúrsaí oideachais agus traenála do thacaíocht foghlama ar fad ar fáil i mBéarla a chruthaigh an meon gur i mBéarla a theastaigh an tacaíocht agus an t-oideachas, de réir chuntais phríomhoide amháin. Ní raibh cúrsa ar leith ar fáil don Ghaelscolaíocht ag an am, ach thit na dualgais ar na SLG ina ndearna mic léinn an oideachais a socrúcháin scoile, na hábhair mhúinteoirí a chur faoi oiliúint do thodhchaí an Ghaeloideachais. Bhí glaoch le sonrú i measc na bpríomhoidí i gcomhair tuilleadh laethanta traenála. Phléigh príomhoide amháin an chaoi inar spreag an lá oiliúna maidir leis an gCuraclam Nua do Theangacha an-chuid cainte ar an T1 agus T2 a chur lón machnaimh ar fáil do mhúinteoirí na scoile.

Fiosraíodh sna hagallaimh an mbíodh aon teagmháil ag na Gaelscoileanna DEIS a ghlac páirt sa taighde lena chéile. Chuir na príomhoidí in iúl go mbíodh siad ag plé le scoileanna eile sa cheantar amháin, scoileanna DEIS eile nó SLG eile. Tá SLG DEIS na tíre scaipthe a chruthaíonn deacrachtaí teacht le chéile. Bheadh sé inmholta go láidir, áfach, go gcruthófaí naisc idir na scoileanna, i measc na bpríomhoidí ach go háirithe agus líonrú a dhéanamh lena chéile ar mhaithe le tacaíocht agus dea-chleachtais a roinnt.

## 4.8 Stádas Socheacnamaíoch (SSE) agus Stádas DEIS na Scoileanna

Ba mhinic ionadh ar dhaoine nuair a luadh Gaelscoil agus stádas DEIS sa chomhthéacs céanna, dar le príomhoide SLG DEIS, toisc nár samhlaíodh an dá rud le chéile. Mhair an miotas go traidisiúnta agus maireann fós gur i gceantair bhuntáiste amháin a mbíonn SLG lonnaithe. Sonrófaí go minic i measc an phobail an mhíthuiscint nár cheart do dhalta ó cheantar míbhuntáiste nó páiste le deacrachtaí saoil nó foghlama freastal ar SLG toisc go gcuirfeadh sé tuilleadh brú ar an dalta sin. Ní thugtar aitheantais do na buntáistí tánaisteacha a d'fhéadfadh tumoideachas a imirt ar shaol an dalta sin i dtéarmaí féinmhuiníne, bróid, ómóis áite agus buntáistí an dátheangachais.

Fiú i measc na foirne scoile, bhíodh tréimhse socrú isteach ann sna scoileanna ina mbíodh fíorléargais á fháil ag múinteoirí ar na deacrachtaí agus dúshláin a bhain le suíomh DEIS agus SLG i gceantar míbhuntáiste. Ba acusan a bhíodh an tuiscint, áfach, mar chonaic siad an fíorbhochtannas i gcuid de na ceantair ina raibh SLG DEIS na tíre lonnaithe agus fadhbanna baile nach raibh mórán aitheantais á tabhairt dóibh lasmuigh de bhallaí na scoile. Bhí géarchéim ar siúl sna ceantair sin ach go háirithe maidir le fadhbanna tithíochta:

> Tá tsunami anseo agus níl aon phlean ann dul i ngleic leis. Tá an fhadhb tithíochta ann faoi láthair agus chuir siad flyer chugainn 'How to ensure your child goes to school when you're homeless'. Ní ligfeadh an náire dom í a chur abhaile. (PO: Agallamh A)

Chonacthas d'fhoireann na scoile thuas go raibh fadhbanna móra sa cheantar idir fadhbanna foghlama, brú sa bhaile, meánaois an tuismitheora titithe go mór ach bhí géarthuiscint acu go raibh tuismitheoirí na háite ag lorg oideachais agus níos tábhachtaí fós, saol sona agus cúram dá bpáistí ón scoil.

## 4.9 Conclúid

Baineadh leas as an mbogábhar NVivo leis na téamaí a pléadh sa chaibidil seo a eagrú agus a chódú. Ba de réir sonraí na bpríomhoidí a rinneadh plé ar na téamaí seo sa chaibidil chun dearcadh agus cleachtais na bpríomhoidí a ghlac páirt sa taighde i leith na dtéamaí aitheanta a chur i láthair.

Cuireadh próifíl SLG DEIS le chéile bunaithe ar shonraí na bpríomhoidí ar na ceistneoirí taighde. Trí cheathrú de SLG DEIS a bhí lonnaithe i gcathracha nó i mbruachbhailte Bhaile Átha Cliath, Chorcaí, Luimnigh, na Gaillimhe agus Phort Láirge agus an t-aon cheathrú eile lonnaithe i mbailte nó i gcathracha eile na tíre. Sonraíodh meánráta tinrimh a bheith

ard ag thart ar 94% sa dá bhanda. Ní raibh ach 1% de dhaltaí i SLG DEIS a rinne iad féin a aithint mar bhaill den Lucht Taistil ina iomláine agus iad ar fad i mBanda 2. Sonraíodh líon neamhshuntasach de chainteoirí T1 na Gaeilge i SLG DEIS; 0.03% i mBanda 2 agus gan aon chainteoir T1 i mBanda 1. Ba bheag iad líon na ndaltaí a raibh teanga eile seachas an Ghaeilge nó an Béarla acu mar T1 ach oiread – 0.8% ar an iomlán.

Léirigh cóimheas gléasanna go raibh píosa beag níos mó teacht ag daltaí Banda 1 (7:1) ná daltaí Banda 2 (9:1) ar gléasanna ríomhaireachta ar an iomlán. Thug príomhoidí le fios gur roinneadh acmhainní le tuismitheoirí don Bhéarla agus don Ghaeilge agus gur cuireadh seisiúin eolais ar fáil don Bhéarla chun tacú le tuismitheoirí. Léirigh na sonraí gur cuireadh an tacaíocht ba lú ar fáil do thuismitheoirí i gcás na matamaitice maidir le sraith cruinnithe, seisiúin eolais agus acmhainní a roinnt.

Sonraíodh réimse leathan de dheacrachtaí foghlama a bheith ag daltaí i SLG DEIS, de réir sonraí na bpríomhoidí, ina raibh deacrachtaí ardmhinicíochta / deacrachtaí foghlama sainiúla ar nós diandheacrachtaí disléicse nó dioscalcúile ar na deacrachtaí is mó a bhíodh ag daltaí i SLG DEIS (5.8%). Tuairiscíodh ráta na leitheadúlachta a bheith ag 17.5% i SLG DEIS de réir sonraí na bpríomhoidí. Léiríodh go bhfuil níos mó daltaí a bhfuil deacrachtaí foghlama acu i SLG DEIS Banda 1 (29.1%) ná mar atá i DEIS Banda 2 (10.8%) – figiúirí atá ag teacht le staidéar Banks agus McCoy (2011) ar riachtanas speisialta oideachas.

Pléadh sa chaibidil na cur chuigí a bhíodh ag SLG DEIS freastal ar dhaltaí RSO agus gur athraigh sé seo ó scoil go scoil ag brath ar acmhainní na scoile agus riachtanais na ndaltaí. Ba trí Bhéarla a rinneadh measúnaithe síceolaíochta sna scoileanna agus ní raibh gach scoil sásta leis an gcur chuige seo toisc 'go gcruthaíonn sé meon gur sa Bhéarla a theastaíonn an tacaíocht'. Bhí an plé a rinne scoileanna áirithe le síceolaithe agus le NEPS sásúil nó ag dul i bhfeabhas ach bhí taithí scoileanna eile míshásúil sa chás nach raibh síceolaí acu le fada nó ina raibh síceolaí acu nár thuig an córas agus a mhol do thuismitheoirí páiste a raibh deacrachtaí foghlama acu a bhogadh go suíomh Béarla. Ní minic a tharla sé gur fhág páiste an SLG DEIS mar gheall ar dheacrachtaí foghlama, áfach.

B'ionann meánráta na bpostanna tacaíochta de réir Banda na scoile ina raibh ar an meán 1.6 post tacaíochta GAM/EAL (General Allocation Model/English as an Additional Language). Ba cheist phráinneach í, áfach, nach raibh aon phost tacaíochta teanga, le faomhadh oifigiúil, ag aon scoil sa staidéar. Dar leis na príomhoidí, bheadh a leithéid de Mhúinteoir Tacaíochta Teanga ina mórbhuntáiste do SLG DEIS chun próifíl na Gaeilge sa scoil a fhorbairt.

Ba fhíorbheag é céatadán na ndaltaí a bhí ag fáil tacaíochta teanga don Ghaeilge (0.5%) i SLG DEIS Banda 1 agus ní raibh aon dalta i SLG DEIS Banda 2 ag fáil tacaíochta teanga don Ghaeilge. Ba líonmhaire i bhfad iad líon na ndaltaí a bhí ag fáil tacaíochta foghlama don Bhéarla (15.8%) agus don Mhata (15.9%) i SLG DEIS i gcomparáid le líon beag na ndaltaí a bhí ag fáil tacaíochta foghlama don Ghaeilge (1.7%).

Ba chosúil gur cuireadh tacaíocht trí mheán an Bhéarla ar fáil toisc na deacrachtaí a aithníodh le caighdeán Béarla na ndaltaí i gceantair mhíbhuntáiste agus iad ag tosú ar scoil.

# 5 DEARCTHAÍ AGUS CLEACHTAIS NA MÚINTEOIRÍ

## 5.1 Réamhrá

Dírítear sa chaibidil seo ar dhearcthaí na múinteoirí i SLG DEIS de réir mar a cuireadh i láthair iad i gceistneoirí taighde agus i ngrúpaí fócais a eagraíodh mar dhlúthchuid den taighde. Léirítear próifíl na múinteoirí mar chohórt mhúinteoirí Gaelscoile DEIS agus tugtar léargas ar chleachtais na múinteoirí sna scoileanna sin. Is de réir téamaí a aithníodh san anailís taighde a dhéantar an chaibidil seo a leagadh amach agus plé ar na téamaí is mó a tháinig chun cinn i bhfaisnéis na múinteoirí. Tacaítear leis an bplé tré tháblaí eolais agus tagairtí a sholáthar de réir mar is cuí.

Tá naoi bpríomhchuid sa chaibidil seo agus tá cuid de na codanna roinnte de réir téamaí níos sainiúla a aithníodh faoin máthairthéama. Sa chéad chuid cuirtear próifíl na múinteoirí i láthair a chuireann san áireamh tréithe gairmiúla an mhúinteora; inscne, stádas agus taithí an chleachtóra, muinín as teagasc agus araile. Pléitear soláthar ar thacaíochtaí breise sa dara cuid a chuimsíonn na deacrachtaí foghlama ba choitianta a chonacthas sa suíomh lán-Ghaeilge DEIS de réir taithí an mhúinteora mar aon le tacaíochtaí foghlama agus teanga a cuireadh ar fáil do dhaltaí agus na trialacha diagnóiseacha a úsáideadh. Anuas air sin pléitear na hacmhainní, na scéimeanna agus na hidirghabhálacha a cuireadh i bhfeidhm i scoileanna lán-Ghaeilge (SLG) DEIS chun freastal a dhéanamh ar dhaltaí a raibh deacrachtaí foghlama acu chomh maith le teanga agus litearthacht na ndaltaí go léir a chur chun cinn. Tuigtear nach beag an bhaint a bhíonn ag tuismitheoirí agus cúinsí an bhaile leis an scéal agus cé go bhfuil caibidil iomlán dírithe ar thréithe an teaghlaigh, tugtar spléachadh ar an gceist anseo sa tríú cuid de réir taithí an mhúinteora. Pléitear an comhthéacs Gaelscoile DEIS sa cheathrú cuid, na sainriachtanais a bhain leo agus na cur chuigí ab fhearr ó thaobh an tumoideachais a mbíodh á gcleachtadh iontu, de réir tuiscint agus léargais an mhúinteora. Déantar scagadh ar na trialacha caighdeánacha agus cúrsaí measúnaithe sa chúigiú cuid ina gcuirtear tuairimí na múinteoirí ina leith in iúl. Sa seachtú cuid, pléitear oiliúint mhúinteoirí agus na fachtóirí is mó a d'aithin múinteoirí an staidéir a bheith ríthábhachtach nó in easnamh ina gcuid oiliúna. Tugtar léiriú ar dhearcadh na ndaltaí maidir le labhairt na Gaeilge de réir mar a cuireadh in iúl é don mhúinteoir sa seachtú cuid den chaibidil agus ar chaighdeán teanga na ndaltaí sa T1 agus T2 sa cuid dheireannach.

Ba ar shonraí na gceistneoirí atá an fhaisnéis a cuirtear ar fáil maidir le próifíl na scoileanna sa chaibidil seo bunaithe. Tháinig na téamaí aitheanta eile chun solais le linn anailíse NVivo ar na grúpaí fócais a rinne múinteoirí i gcás ceithre scoil sa staidéar (Dhá SLG DEIS Banda 1 agus Dhá SLG DEIS Banda 2). Is de réir na n-olltéamaí a aithníodh agus atá léirithe i bhFigiúr 5.1 a bhfuil an chaibidil seo leagtha amach. Chomh maith leis sin, tá na téamaí is mó a tháinig chun cinn le linn na ngrúpaí fócais ar taispeáint san fhigiúr de réir méid na coda a léiríonn minicíocht an téama sin de réir na hanailíse. Tá sé le tabhairt faoi deara i bhfigiúr 5.1 go bhfuil Tacaíochta Foghlama agus Teanga ar na téamaí ba mhó a aithníodh nuair a rinneadh códáil ar fhaisnéis na múinteoirí a bailíodh sna grúpaí fócais. Déantar plé ordlathach ar na téamaí aitheanta sa chaibidil tar éis próifíl na múinteoirí a thabhairt mar chúlra eolais.

**Figiúr 5.1:** Na Téamaí is mó a aithníodh de réir an chórais anailíse cháilíochtúil NVivo




## 5.2 Próifíl na Múinteoirí agus na gCleachtas Múinteoireachta


Díríonn an chuid seo ar fhachtóirí éagsúla a bhain le cúlra na múinteoirí ó rang a Trí agus rang a Sé a ghlac páirt sa taighde. Cuireann an fhaisnéis seo léargas ar fáil ar phróifíl na múinteoirí agus ar a gcleachtais mhúinteoireachta sna suímh tumoideachais i gceantair mhíbhuntáiste ina raibh siad ag feidhmiú.

### 5.2.1 Inscne, Stádas agus Taithí na Múinteoirí

Fiosraíodh inscne an mhúinteora ar an gceistneoir taighde agus fuarthas amach gur baineannaigh iad 70% de na múinteoirí a líon isteach an ceistneoir. Ar scagadh níos mó a dhéanamh de réir an rang leibhéil, soiléiríodh go raibh ráta níos airde de fhireannaigh ag feidhmiú sna ranganna sinsearacha, sé sin i rang a Sé (36.4%) i gcomparáid le rang a Trí (22.2%), mar atá léirithe i bhFigiúr 5.2 thíos.

Tá sé seo ag teacht le Measúnachtaí Náisiúnta '10 (NAIMS '10) a shonraigh tromlach na ndaltaí i SLG agus Scoileanna Gaeltachta go Náisiúnta á múineadh ag múinteoirí baineann agus le Measúnachtaí Náisiúnta '14 (MN '14) a léirigh an treocht chéanna maidir le múinteoirí fireannacha a bheith níos airde i rang a Sé (32%) i gcomparáid le rang a Dó (9%), cé go raibh an difríocht a bhí le sonrú i gcás MN '14 níos suntasaí ná mar a bhí sé sa chás seo. Tá sé feiceálach go raibh líon na bhfear níos ísle ná líon na mban i dtéarmaí inscne na múinteoirí a bhíodh ag feidhmiú go náisiúnta agus sa chomhthéacs Gaelscoile DEIS ach go raibh an ráta i measc na bhfear níos airde i gcás rang a Sé ná rang ní ba shóisearaí.


**Figiúr 5.2:** Inscne an mhúinteora de réir rang leibhéil




Múineadh páistí i SLG DEIS ag foireann teagaisc a raibh stádas buan ina ngairme ag 85% acu. Ní raibh ach 5% de fhoirne na scoileanna fostaithe go sealadach ach rinne an chuid eile (10%) suas méid na n-ionadaithe a bhí fostaithe ag an scoil nuair a bailíodh na sonraí. Feictear briseadh síos na bpostanna buana, sealadacha agus ionadaíocha de réir rang leibhéil i bhfigiúr 5.3 a léiríonn ráta níos airde go himeallach de mhúinteoirí a bhfuil stádas buan acu i measc mhúinteoirí rang a Trí agus rang a Sé. Ní raibh aon mhúinteoir sealadach ag feidhmiú i rang a Trí i measc múinteoirí sa staidéar.

Bhí an ráta ard buaine anseo ag teacht le NAIMS '10 agus le MN '14, cé go raibh ráta níos ísle le sonrú anseo maidir le líon na múinteoirí buana a bhíodh ag feidhmiú ag an leibhéal sinsearach – rang a Sé. Sonraíodh i MN '14 go raibh os cionn 90% de mhúinteoirí náisiúnta le stádas buan ag múineadh ag leibhéal rang a Sé agus b'amhlaidh an scéal i NAIMS '10 i gcás SLG agus scoileanna Gaeltachta go náisiúnta.


**Figiúr 5.3:** Buaine na múinteoirí de réir rang leibhéil




Bhí os cionn dhá bhliain déag agus suas go sé bliana déag de thaithí mhúinteoireachta ag 63.2% de na múinteoirí a ceistíodh sa taighde. Bhí os cionn seacht mbliana de thaithí agus suas go haon bhliain déag ag 21.1% de na múinteoirí agus bhí idir dhá bhliain agus sé bliana de thaithí ag 15.8% de na múinteoirí. Ba mhinic teist a bheith ar SLG mar gheall ar óige na foirne a bhíodh ag feidhmiú iontu go minic agus dá bhrí sin ardaíodh plé maidir le taithí na múinteoirí. Léirítear anseo, áfach, go raibh an ráta is airde le sonrú i measc na múinteoirí a raibh idir dhá bhliain déag agus sé bhliana déag de thaithí acu (63.2%). I bhfocail eile, ba lú iad líon na múinteoirí a raibh blianta de thaithí níos lú acu. É sin ráite, léirigh MN '14 go raibh os cionn 20 bliain de thaithí mhúinteoireachta ag 21.3% de mhúinteoirí a ceistíodh go náisiúnta. Léirigh sé seo go raibh próifíl níos óige ag múinteoirí sa staidéar

seo i gcomparáid leis an sampla náisiúnta. Trí bliana déag de thaithí mhúinteoireachta ar an meán a sonraíodh a bheith ag múinteoirí rang a Sé i NAIMS '10 i gcomparáid le 10.9 bliain de thaithí mhúinteoireachta ag múinteoirí an staidéir seo. Cé nach raibh sé suntasach léirigh sé go raibh meántréimhse taithí mhúinteoireachta níos ísle i SLG DEIS ná mar a bhí i SLG go náisiúnta.


**Figiúr 5.4:** Críochnú Oiliúint Réamhsheirbhíse – Múinteoirí ranganna 3 agus a 6 le chéile




### 5.2.2 Cáilíochtaí Breise agus Oiliúint Mhúinteoirí

Tá Máistreacht san Oideachas gnóthaithe ag 20% de mhúinteoirí ó SLG DEIS agus teastas bainte amach ag 35% acu anuas ar an mbuncháilíocht mhúinteoireachta. Níl céim dochtúireachta ag aon mhúinteoir a d'fhreagair ceistneoir an mhúinteora.

**Figiúr 5.5:** Céatadán mhúinteoirí a bhfuil cáilíochtaí breise acu i SLG DEIS – Múinteoirí ranganna 3 agus a 6 le chéile





### 5.2.3 Tréithe Ranga

Léiríodh sna sonraí go raibh thart ar trí oiread an mhéid ranganna aonghráid ná ranganna ilghráid i SLG a bhí lonnaithe i gceantair mhíbhuntáiste. De réir sonraí na gceistneoirí, bhí 20.6 dalta i rang a Trí ar an meán agus 16.4 dalta ar an meán i rang a Sé. Sna ranganna ilghrád, sonraíodh ar an meán 23.6 dalta a bheith i rang a Trí ilghrád agus 22 dalta ar an meán i rang a Sé ilghrád. Fuarthas amach i measúnachtaí náisiúnta '14 go raibh ranganna ar an iomlán níos lú i scoileanna DEIS Banda 1 agus i scoileanna DEIS tuaithe ná mar a bhí

sa sampla náisiúnta. Tá na figiúirí atá á gcur i láthair anseo maidir le SLG DEIS á léiriú gurb amhlaidh a bhí an scéal sa chás seo ina raibh meánrátaí de dhaltaí ranga níos ísle á sonrú ag SLG DEIS ná mar a bhí sonraithe i scoileanna go náisiúnta (MN '14: 61). Tá an ráta atá tuairiscithe anseo i measc SLG DEIS maidir le meánmhéid daltaí i rang a Trí agus a Sé níos ísle leis ná an meánmhéid a bhí sonraithe i SLG go náisiúnta i NAIMS '10 ina raibh 26.6 dalta ar an meán i ranganna ilghrád agus 26 dalta ar an meán i ranganna aonghráid.

**Figiúr 5.6:** Próifíl Ranga de réir Aonghráid/Ilghráid




### 5.2.4 Muinín as Teagasc

Fiosraíodh muinín an mhúinteora as teagasc na Gaeilge, an Bhéarla agus na matamaitice ar an gceistneoir taighde, cé acu a mhothaíonn siad; 'an-mhuiníneach', 'sách muiníneach' nó 'gan a bheith muiníneach' maidir le nithe éagsúla a bhaineann le teagasc na n-ábhar. Bhí oibriú le daltaí ardghnóthachtála agus le daltaí le deacrachtaí foghlama san áireamh anseo. Bhí an-éagsúlacht trasna na n-ábhar le sonrú i bhfaisnéis na múinteoirí ar an gceistneoir.

**Tábla 5.1:** Céatadán múinteoirí a bhraith 'an-mhuiníneach' i roinnt réimsí de theagasc na matamaitice, an Bhéarla agus na Gaeilge de réir ábhair

| | Mata | Béarla | Gaeilge |
|---|---|---|---|
| Réasúnú matamaiticiúil a fhorbairt / Teanga chumarsáide na ndaltaí a fhorbairt | 60 | 70 | 70 |
| Oibriú le daltaí a bhfuil riachtanais speisialta maidir le foghlaim an mhata, léamh an Bhéarla, léamh na Gaeilge acu | 30 | 50 | 45 |
| Daltaí le deacrachtaí foghlama sa mhata, i léamh an Bhéarla, na Gaeilge a aithint | 60 | 35 | 80 |
| Tuiscint/Léitheoireacht/Scríbhneoireacht na ndaltaí ardghnóthachtála a shíneadh | 65 | 60 | 55 |

Feictear thuas gur mhaígh múinteoirí ranganna Trí agus Sé (le chéile) a bheith níos muiníne (80%) ó thaobh daltaí le deacrachtaí foghlama i léitheoireacht na Gaeilge a aithint ná mar a bheadh don mhata (60%) agus ach go háirithe i leith léitheoireacht an Bhéarla (35%). Bhí ardrátaí muiníne ag múinteoirí maidir le teanga chumarsáide na ndaltaí a fhorbairt agus maidir le conas múineadh do dhaltaí réasúnú go matamaiticiúil. Thit muinín an mhúinteora maidir le hoibriú le daltaí a raibh riachtanais speisialta acu i leith an mhata agus léamh an Bhéarla agus na Gaeilge ina raibh muinín an mhúinteora ag an bpointe ab ísle i gcás an mhata ag 30%. Bhí muinín ag níos mó ná leath de mhúinteoirí sa staidéar maidir lena bheith ag plé le daltaí ardghnóthachtála trasábhar ach bhí sé ag an bpointe ab ísle i gcás na Gaeilge. Is ábhar spéise iad na torthaí seo nuair a mheastar iad i gcomhthéacs an cineál scoile agus na tacaíochtaí breise a cuireadh ar fáil inti. Bhí an mhuinín ba lú ag múinteoirí i gcás daltaí le deacrachtaí foghlama i léamh an Bhéarla a aithint, cé gur cuireadh


tacaíocht do léitheoireacht an Bhéarla ar fáil sna scoileanna seo agus shamhlófaí mar sin go mbeadh múinteoirí níos muiníní i gcás daltaí a raibh an tacaíocht seo uatha a aithint. Bhí muinín an mhúinteora i gcás daltaí le deacrachtaí foghlama i léitheoireacht na Gaeilge i bhfad níos airde cé nár cuireadh aon tacaíochtaí breise ar fáil do dhaltaí i léamh na Gaeilge. Bhí ráta muiníne níos ísle curtha in iúl chomh maith maidir lena bheith ag plé le daltaí le riachtanais speisialta i gcás foghlaim na matamaitice agus seans gur bhain sé seo le dúshláin a shamhlaigh múinteoirí le teagasc na matamaitice trí mheán na sprioctheanga, rud a phléitear thíos sa chéad chuid eile.

### 5.2.5 Múineadh na Matamaitice

Tá fianaise ann go mbíonn tionchar dearfach ag an dátheangachas ar fhoghlaim na matamaitice sa chóras tumoideachais in Éirinn (Ní Ríordáin & O'Donoghue, 2009). Fós féin, léirítear buairt i measc roinnt tuismitheoirí maidir le páistí ag foghlaim sainfhoclóir na matamaitice trí Ghaeilge agus go mbeadh torthaí níos ísle á ngnóthú ag a bpáistí sa mhatamaitic ag an dara nó an tríú leibhéal nuair a bheidís ag plé leis an matamaitic trí Bhéarla (Ó Duibhir, Nig Uidhir, Ó Cathalláin, Ní Thuairisg & Cosgrove, 2015). Is mór an chonstaic í chomh maith easpa cumais sa Ghaeilge a bheith ag tuismitheoirí chun páirt ghníomhach a ghlacadh i ngníomhaíochtaí matamaiticiúla sa bhaile (Kavanagh, 2013). B'fhéidir gur fíre fós é seo i gcás SLG DEIS ina bhfuil rátaí níos ísle de theaghlaigh le Gaeilge ag freastal ar na scoileanna. Cé go raibh 6.9% de dhaltaí bunscoile na tíre ag foghlaim na matamaitice trí mheán na Gaeilge de réir Ní Riordáin agus O'Donoghue (2009), thuairiscigh siad nach ndearna ach 1.5% de dhaltaí iarbhunscoile an scrúdú matamaitice don Ardteist trí mheán na Gaeilge ag an am. Baineann sé seo, dar leo, le heaspa soláthair sa chóras tumoideachais ar an dara leibhéal dar ndóigh ach ciallaíonn sé sin go mbíonn céatadán áirithe de dhaltaí SLG ag leanúint ón mbunscoil go dtí iarbhunscoil Bhéarla nó go roghnaíonn siad an scrúdú deireanach sa mhatamaitic ag leibhéal na hiarbhunscolaíochta a dhéanamh trí Bhéarla.

Fiosraíodh ar an gceistneoir mar sin cad iad na bealaí is coitianta agus an rogha teanga a bhíodh ag múinteoirí rang a Trí agus rang a Sé i gcás mhúineadh na matamaitice, chun impleachtaí na pointí thuasluaite a thomhas. Spéisiúil go leor níor thuairiscigh aon mhúinteoir rang a Trí an mata a mhúineadh trí mheán an Bhéarla amháin agus chuir líon beag mhúinteoirí (9.1%) in iúl go n-úsáidtear an Béarla amháin do mhúineadh na matamaitice ag leibhéal rang a Sé. Is léir ó fhaisnéis cáilíochtúil na múinteoirí ar na ceistneoirí gurb amhlaidh a bhí an scéal toisc daltaí rang a Sé a bheith ag bogadh ar aghaidh go dtí meánscoil Bhéarla agus an téarmaíocht mhatamaiticiúil a bheith riachtanach dóibh dá bharr. Bhíodh cuid acu buartha faoi easpa tuisceana na ndaltaí ar an mata mura thuig siad an teanga agus faoi na scrúduithe caighdeánaithe matamaitice a dhéantar as Béarla. É sin ráite, tá líon na múinteoirí a mhúin mata trí mheán na Gaeilge amháin ag leibhéal rang a Sé ag 63.6% agus ag 27.3% dóibh siúd a mhúin an mata le meascán den Bhéarla agus den Ghaeilge. Cuireadh an dara bhealach seo i bhfeidhm chun tuiscint na ndaltaí ar an gcoincheap matamaiticiúil a chinntiú, de réir sonraí na múinteoirí. Seans gur bhraith sé chomh maith ar a raibh na daltaí ag dul ar aghaidh chuig Gaelcholáiste tar éis na bunscoile. Mhúin níos mó ná leath de mhúinteoirí rang a Trí an mata trí mheán na Gaeilge amháin agus d'úsáid an chuid eile acu meascán de Ghaeilge agus Bhéarla (44.4%). Sa chás inar múineadh mata trí mheán na Gaeilge amháin ba í easpa teanga na ndaltaí agus teanga na leabhar agus cúrsaí téarmaíochta agus foclóra ba mhó a chúisigh fadhbanna dar le múinteoirí rang a Trí. Ba iad na fadhbanna céanna a chuir isteach ar mhúinteoirí rang a Sé leis an mata a mhúineadh trí mheán na Gaeilge ach gur luaigh siad easpa acmhainní trí Ghaeilge mar mhórfhadhb chomh maith.

**Figiúr 5.7:** Múineadh na Mata - Céatadán Múinteoirí




Bailíodh eolas ar na ceistneoirí ar na scéimeanna ba mhó a úsáideadh do mhúineadh na matamaitice go seachtainiúil sna scoileanna. Sonraíodh gur baineadh úsáid as Matamaitic Beirte ag 33.3% de mhúinteoirí, *Maths Recovery* ag 13.3% agus *Maths for fun* ag 6.7%. Níor bhain aon mhúinteoir sa staidéar úsáid as *Ready Steady Go Maths*. Mhaígh 40% de mhúinteoirí gur bhain siad úsáid as scéimeanna eile ar nós múineadh i stáisiúin de réir ábaltachta.

## 5.3 Soláthar ar Thacaíochtaí Breise: Tacaíocht Foghlama agus Teanga

Díríonn an chuid seo den chaibidil ar an tacaíocht bhreise a cuireadh ar fáil i SLG DEIS, an teanga inar cuireadh an tacaíocht sin ar fáil, uirlisí measúnaithe a úsáideadh, cur chuigí a cuireadh i bhfeidhm agus ar an bplé a rinneadh le daltaí a raibh deacrachtaí foghlama acu.

### 5.3.1 Na Deacrachtaí Foghlama is mó a fheictear sa seomra ranga lán-Ghaeilge DEIS

Sula mbreathnaítear ar an gcineál tacaíochta a cuireadh ar fáil do dhaltaí le deacrachtaí foghlama sa suíomh Gaelscoile DEIS, tugtar léargas ar ráta na leitheadúlachta i gcás na ndeacrachtaí a sonraíodh i gcuntais na múinteoirí. An deacracht foghlama ba coitianta a luadh i measc na múinteoirí a bhíodh ag daltaí scoile ná disléicse, go mbíodh na fadhbanna céanna ag daltaí leis an mBéarla agus leis an nGaeilge agus go ndeachaigh an litriú dian orthu. Léargas spéisiúil a chuir múinteoir rang a Sé i nGaelscoil DEIS Banda 1 ar fáil ná ina rang féin go mbíodh daltaí a raibh deacrachtaí foghlama acu níos mó ar a gcompord cur suas le héiginnteacht sa Ghaeilge ná mar a bhíodh na daltaí nach raibh aon deacrachtaí acu, toisc go raibh taithí acu ar an éiginnteacht, dar leis an múinteoir.

Sonraíodh deacrachtaí iompair ar nós NHEA (Neamhoird Hipirghníomhaíochta an Easnaimh Airde) a bheith coitianta i measc daltaí a mbíodh ag freastal ar SLG DEIS. Phléigh múinteoir oideachas speisialta i SLG DEIS Banda 2 nach í an teanga ba chúis le fadhbanna in aon chor ach deacrachtaí eile ar nós iompar an pháiste. I bhfocail eile, bheadh na fadhbanna céanna ag an bpáiste beag beann ar an teanga ina raibh siad ag foghlaim. Dar leis an múinteoir seo ba mhinic gur éascaigh an dátheangachas na fadhbanna a bhíodh ag an bpáiste nuair a bhíodh sé/sí ag freastal ar an dá theanga ag an am céanna. Tá go leor plé déanta ar bhuntáistí an dátheangachais/an tumoideachais sa litríocht idir bhuntáistí cognaíocha, meiteachognaíocha, cultúrtha, eacnamaíocha agus gnóthachtála (Ó Ceallaigh, 2013). Tá plé déanta chomh maith maidir leis na buntáistí sláinte a bhaineann leis an dátheangachas (Bialystok, 2007; Mehisto & March, 2011) agus bhí blaiseadh den tuiscint sin le sonrú i gcaint an mhúinteora tacaíochta foghlama nuair a dúirt sí go mbíodh cothromú ar an dá theanga á déanamh in intinn an pháiste, dar léi (Grúpa Fócais C).


Deacracht eile a luadh i measc na múinteoirí ná uathachas a bheith ar pháistí i SLG DEIS, idir iad siúd a raibh diagnóis acu agus iad a bhí fós ag lorg diagnóise. Chuir scoil amháin sonraí ar fáil go raibh ceathrar sa scoil a raibh diagnóis faighte acu agus cúpla duine a raibh imní orthu fúthu ach nach raibh sé aitheanta ag tuismitheoirí go fóill go mb'fhéidir go mbeadh diagnóis ag teastáil. Dar leis na múinteoirí sa scoil seo a ghlac páirt sa ghrúpa fócais bhí na páistí seo an-éirimiúil agus bhí próifílí éagsúla acu ar fad ach nár chuir an dátheangachas isteach ar an bhfoghlaim. Bhain an deacracht ba mhó a fheictear i measc páistí le huathachas le cumarsáid, i gceachtar den dá theanga ach bhí sé tugtha faoi deara ag na múinteoirí gur tharla athrú suntasach i rang a Trí nó a Ceathair inar tháinig forbairt ar an gcumarsáid (Grúpa Fócais C).

Chuir sonraí cáilíochtúla na múinteoirí eolas ar fáil dúinn mar sin gurb iad an disléicse, fadhbanna iompair ar nós NHEA agus uathachas na deacrachtaí foghlama/riachtanais speisialta ba mhó a chonacthas i measc dhaltaí i nGaelscoileanna DEIS. Tháinig sé chun solais i gcaint na múinteoirí go mbítí ag brath go láidir ar na scrúduithe caighdeánacha in an-chuid cásanna chun daltaí le deacrachtaí foghlama a aithint.

### 5.3.2 Tacaíocht Teanga

Chonacthas cheana i bhfaisnéis na bpríomhoidí a choitianta is atá sé sa suíomh Gaelscoile DEIS tacaíocht teanga a chur ar fáil don Bhéarla seachas don Ghaeilge. Cuireadh an léargas sin ar fáil de réir Banda DEIS agus inscne na ndaltaí i gCaibidil 4. Is de réir rang leibhéil atá an t-eolas a bailíodh ó mhúinteoirí rang a Trí agus rang a Sé á cur i láthair anseo i bhfigiúr 5.8. Feictear anseo arís a lú béime is a chuirtear ar thacaíocht teanga don Ghaeilge agus an bhéim ollmhór a chuirtear ar thacaíocht don Bhéarla ag an dá rang leibhéal agus i measc bhuachaillí agus chailíní. Ón líon beag daltaí a fhaigheann tacaíocht teanga don Ghaeilge, is buachaillí iad formhór acu - 2.3% de dhaonra na ndaltaí ag rang a Trí agus a Sé i gcomparáid le 0.57% de dhaonra na ndaltaí atá ina gcailíní. Níl oiread is cailín amháin in aon rang a Sé in aon SLG DEIS ag fáil tacaíochta teanga don Ghaeilge, de réir tuairiscí a gcuid múinteoirí. Spéisiúil go leor tá níos mó cailíní ná buachaillí i rang a Trí ag fáil tacaíochta teanga don Bhéarla (11.3% i gcomparáid le 8.1% de dhaonra dhaltaí rang a Trí).

**Figiúr 5.8:** Tacaíocht Teanga a fuair céatadán na gcailíní agus na mbuachaillí don Ghaeilge agus don Bhéarla




Maidir le tacaíocht teanga in-ranga a thabhairt, admhaíonn na múinteoirí go raibh sé deacair freastal ar an tacaíocht teanga ó bhéal inti féin sa seomra ranga ach amháin má bhí struchtúr i bhfeidhm ar nós stáisiúin ina mbíodh béim ag stáisiún amháin ar an bhforbairt teanga labhartha. Is don Bhéarla a bhíodh an tacaíocht teanga ó bhéal curtha ar fáil áfach agus ní don Ghaeilge.


### 5.3.3 Tacaíocht Foghlama/Acmhainne de réir Ábhair

Bhí na torthaí maidir le tacaíocht foghlama/acmhainne don Ghaeilge i gcomparáid leis an mBéarla comhfhreagrach leis an méid a cuireadh in iúl thuas maidir le tacaíocht teanga don Ghaeilge agus don Bhéarla. Sé sin, go bhfuair céatadán níos suntasaí de dhaltaí i SLG DEIS tacaíocht foghlama/acmhainne don Bhéarla ó mhúinteoir tacaíochta/acmhainne ná mar a fuair siad don Ghaeilge, i rang a Trí agus rang a Sé. Anuas air sin, ní bhfuair aon bhuachaill i rang a Trí ná aon chailín i rang a Sé tacaíocht foghlama/acmhainne don Ghaeilge.

Is díol spéise í go raibh céatadán na ndaltaí atá ag fáil tacaíochta foghlama/acmhainne don mhata ag an dá leibhéal i measc chailíní agus bhuachaillí níos airde ná céatadán na ndaltaí a bhí ag fáil tacaíochta foghlama/acmhainne don Bhéarla. A mhalairt de threocht a tuairiscíodh i NAIMS '10 agus i MN '09 maidir le scoileanna a bhíonn ag teagasc trí mheán na Gaeilge, ina raibh céatadáin níos airde daltaí ag fáil tacaíochta teanga/foghlama don Bhéarla ná mar a bhí ag fáil tacaíochta foghlama don mhata. Mar a léirítear thíos, bhí líon na ndaltaí a bhí ag fáil tacaíochta foghlama don mhata ag an bpointe ab airde i gcás rang a Sé agus tá seans ann go raibh sé seo bainteach leis an bplé a rinneadh thuas maidir le deacrachtaí le mata agus páistí ag bogadh ar aghaidh go dtí an mheánscoil.

Tuairiscíodh chomh maith i NAIMS '10, go raibh céatadán ní ba airde de dhaltaí i scoileanna a bhíonn ag teagasc trí mheán na Gaeilge ag fáil tacaíochta ná líon na ndaltaí a measadh a bheith faoi bhun an 12ú peircintíl. Níor cuireadh tacaíocht don Ghaeilge san áireamh ansin, áfach, ach tacaíocht don Bhéarla agus don mhata amháin. Tá léargas úr anseo a léiríonn an-mhíchothromaíocht maidir le TF/TA don Ghaeilge agus don Bhéarla cé gur mhaígh príomhoidí agus múinteoirí na scoileanna go bhfuair na daltaí scóranna cosúil lena chéile i dtrialacha caighdeánaithe sa Ghaeilge is a fuair siad sa Bhéarla.

**Figiúr 5.9:** Céatadán na gcailíní agus na mbuachaillí a fuair tacaíocht foghlama/acmhainne don Ghaeilge agus don Bhéarla




Níor thug múinteoirí an staidéir mórán suntais do líon na mbuachaillí a bheith níos airde don tacaíocht foghlama ná líon na gcailíní. Mheas cuid acu, áfach, go mb'fhéidir go raibh sé níos feiceálaí nuair a bhí buachaill ag titim siar toisc go mbíodh sé trioblóideach sa rang uaireanta.

### 5.3.4 Cúrsaí Measúnaithe i gcás Daltaí le Deacrachtaí Foghlama

Fiosraíodh chomh maith le ceist oscailte ar an gceistneoir conas a chuirtear san áireamh gurb í Gaeilge teanga foghlama an dalta nuair a bhíonn an dalta le deacrachtaí foghlama á mheas ag múinteoir tacaíochta/acmhainne. Bhí an-éagsúlacht le sonrú san eolas a chuir múinteoirí rang a Trí agus a Sé i SLG DEIS ar fáil anseo. Cuid acu a nocht gur i

mBéarla a rinneadh an measúnú agus gur cuireadh béim ar an mBéarla do litearthacht agus uimhearthacht, d'úsáid cuid eile acu measúnú caighdeánach trí Ghaeilge agus cuid acu a chuir meascán den dá theanga i bhfeidhm, cuir i gcás go mbíodh an Béarla in úsáid ag an múinteoir tacaíochta agus Gaeilge ag an múinteoir acmhainne. Chuir an éagsúlacht seo i gcur chuigí na múinteoirí bearnaí sna cleachtais in iúl maidir leis an gceist seo agus cé go raibh obair an-mhaith ar siúl bhí éiginnteacht le sonrú i bhfaisnéis na múinteoirí maidir le freastal ar theanga foghlama an pháiste le deacracht foghlama sa tacaíocht foghlama/acmhainne. Ní mór féachaint níos mine ar an gceist seo.


Maidir leis na huirlisí a úsáideadh chun measúnú in-ranga a dhéanamh ar dhaltaí a measadh deacracht foghlama a bheith acu sa suíomh lánGhaeilge, luaigh múinteoirí rang a Trí agus a Sé, dírbhreathnú an mhúinteora, tascanna deartha ag an múinteoir féin, trialacha caighdeánacha, measúnú leanúnach ar léitheoireacht, litriú agus caint ó bhéal agus féasta focail chun measúnú a dhéanamh ar an nGaeilge.

Bhí míshástacht mhúinteoirí rang a Trí agus Sé le sonrú don mhórchuid maidir lena gcuid sástachta i leith na tacaíochta a cuireadh ar fáil don mhúinteoir chun torthaí oideachasúla agus forbairt oideachasúil dhaltaí le deacrachtaí foghlama a thomhas. Ba léir, i bhfaisnéis na múinteoirí, go mbítí ag brath go láidir ar na trialacha caighdeánacha chun daltaí le deacracht foghlama a thomhas ach go mbíodh deacrachtaí le forbairt daltaí a thomhas. San áit inar chuir múinteoirí sástacht in iúl, ba chosúil go raibh siad ag caint ar iarrachtaí na scoile go hinmheánach agus an tacaíocht a cuireadh ar fáil do dhaltaí sa scoil. B'éard a bhí i gceist leis an gceist seo, áfach, ná an tacaíocht a cuireadh ar fáil don mhúinteoir ó sheirbhísí seachtracha.

### 5.3.5 An Teanga ina dhéantar soláthar ar an Tacaíocht Foghlama

Ceistíodh ar an gceistneoir cé acu teanga inar cuireadh tacaíocht ar fáil don léitheoireacht agus don mhata. Mar is léir ón bhfigiúr thíos is go dátheangach a cuireadh tacaíocht ar fáil don léitheoireacht don chuid is mó (57.9%) ach cuireadh 36.8% de thacaíocht don léitheoireacht ar fáil trí mheán an Bhéarla amháin. Ba bheag tacaíochta don léitheoireacht (5.3%) a chuirtear ar fáil trí mheán príomhtheanga na scoile amháin. A mhalairt de scéal a bhí ann don mhata inar cuireadh tacaíocht ar fáil trí mheán na Gaeilge ag 52.6% de mhúinteoirí agus trí mheán an Bhéarla amháin ag 5.3% de mhúinteoirí. Ba go dátheangach a cuireadh tacaíocht don mhata ar fáil ag an gcuid eile – 42.1%.

**Figiúr 5.10:** An teanga ina chuirtear tacaíocht bhreise don léitheoireacht agus don mhata ar fáil




Dar le cuntais na múinteoirí sna grúpaí fócais, bhíodh sé an-dúshlánach freastal ar na daltaí ar fad le riachtanais speisialta i suíomh faoi mhíbhuntáiste agus toisc caighdeán an Bhéarla a bheith lag acu, ba trí Bhéarla a cuireadh an tacaíocht ar fáil. Táthar ag súil le Curaclam Teanga na Bunscoile (ROS, 2019) a chur i bhfeidhm an dá theanga a neartú ar bhealach comhtháite. Ba léir áfach go raibh amhras ar mhúinteoirí faoin gcur chuige ab fhearr anseo, in ainneoin moltaí an Churaclaim agus go mbíodh mórcheisteanna ann cé acu ar cheart

dóibh díriú ar an máthairtheanga nó ar phríomhtheanga na scoile don soláthar tacaíochta. Bhí sé ríshoiléir sna grúpaí fócais gur bhain múinteoirí a raibh Máistreacht nó cúrsa iarchéime bainte amach acu leis an gcineál smaointeoireachta go dtraschuirtear scileanna ón T2 go dtí an T1 agus go mbíodh tionchar ag na múinteoirí seo ar an bhfoireann ina iomláine. É sin ráite áfach, bhí tuairim eile ann i scoileanna a bhí faoi mhíbhuntáiste, gur cheart díriú ar shaibhriú na máthairtheanga nuair a bhí caighdeán fíorlag ag daltaí ann. Bhí cuntas ó ghrúpa fócais B, SLG DEIS Banda 2:

Múinteoir Oideachais Speisialta:

> Bhuel rinne mé roinnt mhaith staidéar breise nuair a bhí an curaclam nua á fhorbairt, rinne mé mo mháistreacht ag an am agus bhí mé ag féachaint ar shealbhú dara teanga sna Naíonáin agus *yeah* rith sé liom nuair a léigh mé faoi traschur scileanna, *so* creidim go láidir sa mhéid atá sa churaclam nua ach tá múinteoirí eile ann nach gcreideann go dtraschuireann na scileanna agus gur bhfearr freastal ar an dteanga baile i gcónaí. Ní chothaíonn sé coimhlint ar an bhfoireann. (GFB MOS)

Múinteoir Rang a Trí:

> Ní chothaíonn sé coimhlint ach tá bearna ann. (GFB M3)

D'aithin múinteoir oideachais speisialta i scoil eile na féidearthachtaí a bhain le traschur scileanna ach na dúshláin a bhí aitheanta acu leis toisc go mbíodh an fhoghlaim trí Ghaeilge an-dian ar dhaltaí le disléicse srl. agus go ndearnadh an cinneadh mar sin an tacaíocht a chur ar fáil trí Bhéarla. Ardaítear ceist oiliúna anseo agus an áit atá ag cúrsa bunchéime/ iarchéime chun ceisteanna mar seo a chíoradh, a chuirfeadh le cumas an mhúinteora oideachais speisialta dul i ngleic le dúshláin mar seo.

### 5.3.6 Forbairtí tar éis Tacaíocht Foghlama a fháil


Fiosraíodh tuairimí na múinteoirí ar an gceistneoir maidir leis an bhforbairt a thug siad faoi deara tar éis do dhaltaí le deacrachtaí foghlama tacaíocht bhreise a fháil. Gan aon amhras, b'é bua na tacaíochta ba mhó a luaigh múinteoirí rang a Trí agus a Sé ná ardú féinmhuiníne an pháiste mar aon le forbairt ar thuiscint an pháiste ar an ábhar. Luadh chomh maith go bhfuair na daltaí úd scóranna níos b'airde sna trialacha caighdeánacha agus go mbíodh feabhas le feiscint sa litriú. Nocht múinteoirí áirithe go mbíodh dearcadh ní b'fearr acu i leith na foghlama go ginearálta, gur chuir siad suim ní ba mhó san ábhar nó i gcúrsaí acadúil agus go mbíodh a gcuid rannpháirtíochta ní b'fhearr sa rang dá bharr.

Lorgaíodh eolas ó na múinteoirí sna grúpaí fócais cé acu an mbíodh forbairt nó nach mbíodh mórán forbartha le feiscint i leith an dalta le deacrachtaí foghlama a fuair tacaíocht foghlama sa suíomh Gaelscoile DEIS. Bhí éagsúlacht le sonrú i bhfaisnéis na múinteoirí a chur in iúl go mbíodh an fhorbairt seo thar a bheith mall má bhí deacrachtaí móra ag an dalta (GFA) (GFB) ach go mbíodh féinmhuinín an pháiste forbartha go mór ina dhiaidh nó ag deireadh na bliana (GFB). I scoileanna áirithe, DEIS Banda 1 a bhíodh i gceantair fíormhíbhuntáiste, bhíodh múinteoir tacaíochta sóisialta, mothúchánacha agus iompair acu a bhíodh thar a bheith éifeachtach chun féinmhuinín an pháiste a neartú agus ba ansin a chonacthas an fhorbairt ba mhó i gcás féinmhuinín an pháiste. Bhíodh sé seo níos tábhachtaí ná haon tacaíocht foghlama, dar le múinteoirí na scoileanna sin. Faoi mar a dúirt múinteoir amháin, 'Muna bhfuil na páistí sona ar scoil, níl siad chun aon rud a fhoghlaim' (GFA). É sin ráite, bhíodh ról ag gach múinteoir i scoil faoi mhíbhuntáiste chun freastal iomlánaíoch a dhéanamh ar pháistí toisc páiste ar ísealmhuinín ag teacht isteach sa scoil. Rinne múinteoir tacaíochta foghlama i scoil DEIS Banda 1 tagairt do chúrsa a rinne sí inar moladh dóibh mantra a dhéanamh leis na páistí go laethúil chun ardú ar a gcuid muiníne agus an rud a dúirt siad ná '*I am getting better and better at my reading every day*'. Dar le múinteoir tacaíochta foghlama eile sa ghrúpa bhíodh an deis a fuair dalta le deacrachtaí foghlama sa tacaíocht foghlama thar a bheith luachmhar chun scéalta a insint nó píosa beag cainte a dhéanamh – rud nach bhfaighidís i ngrúpa níos mó toisc méid an ghrúpa nó cumas an pháiste le deacracht foghlama cuimhneamh ar a theastaigh uaidh a rá muna bhfaigheann sé an deis láithreach. Nuair a thagadh na daltaí sin ar ais sa rang chonacthas go mbíodh siad níos mó ar a gcompord chun labhairt os ard, ceisteanna a chur srl.

### 5.3.7 Cur chuigí maidir le Tacaíocht Foghlama a sholáthar

B'iomaí cur chuige go bhféadfaí a úsáid agus tacaíocht teanga nó acmhainne á chur ar fáil do dhaltaí le deacrachtaí foghlama. Sna scoileanna a bhí páirteach sa taighde seo, nochtadh ina measc gurb é an aistarraingt ón rang mar ghrúpa an cur chuige ba choitianta i SLG DEIS ag leibhéal rang a Trí agus a Sé don mhata agus don Bhéarla, nuair a mhaígh 80% de mhúinteoirí gur bhain siad úsáid as an gcur chuige seo in aghaidh an ábhair. Bhí tacaíocht in-ranga coitianta chomh maith don mhata, áit inar nocht 65% de mhúinteoirí gur bhain siad úsáid as an gcur chuige seo chun tacaíocht a chur ar fáil don mhata i gcomparáid le 35% de mhúinteoirí a luaigh aistarraingt ón rang mar dhuine aonair mar chur chuige do thacaíocht a chur ar fáil don mhata. B'ionann céatadán na múinteoirí (55%) a chuir tacaíocht in-ranga agus aistarraingt ón rang mar dhuine aonair in iúl do thacaíocht a chur ar fáil don Bhéarla, sé sin nach raibh aon difríocht le sonrú sna céatadáin maidir leis a dá chur chuige don Bhéarla cé go raibh difríocht mhór le sonrú idir an dá chur chuige don mhata. Is léir ó Fhigiúr 5.11 thíos gur baineadh níos mó daltaí ón rang go hindibhidiúil chun tacaíocht a chur ar fáil don Bhéarla ná mar a baineadh chun tacaíocht a chur ar fáil don mhata. Scéal eile ar fad a bhí ann don Ghaeilge ina bhfuil sé ríshoiléir ón bhfigiúr thíos, atá bunaithe ar shonraí na múinteoirí, gur beag an tacaíocht a chuirtear ar fáil don Ghaeilge. Nocht 45% de mhúinteoirí nach mbíodh fáil ar aon thacaíocht bhreise i leith na Gaeilge i gcomparáid le 10% a deir sin i gcás an Bhéarla agus 0% i gcás na matamaitice. Bhí ráta na múinteoirí a mhaígh nach raibh gá le tacaíocht a chur ar fáil d'aon dhalta i bhfad ní ba ísle ag 10%. Sa chás inar cuireadh tacaíocht ar fáil don Ghaeilge ba sa rang a cuireadh ar fáil í don mhórchuid (30% de mhúinteoirí).

**Figiúr 5.11:** Cur chuige maidir le tacaíocht foghlama don mhata, Bhéarla agus Ghaeilge





Tháinig tuilleadh sonraí chun cinn sna grúpaí fócais maidir le ceist na gcur chuigí i leith tacaíochta foghlama. Bhraith an cur chuige go mór ar an rang, ar an ábhar agus ar an suíomh. Más rud é gurb é cur chuige na scoile buíon teagaisc a chur ar siúl, de ghnáth sa chur chuige sin thagadh an múinteoir acmhainne isteach sa rang agus cuireadh stáisiúin ar bun. Sa chur chuige seo, bhíodh sé d'acmhainn ag an múinteoir agus an múinteoir acmhainne am a chaitheamh le gach páiste sa rang agus mar sin measadh éifeacht a bheith bainteach leis an gcur chuige. I gcásanna eile, bheadh sé níos oiriúnaí an dalta a tharraingt amach ón rang ina (h)aonar, cuir i gcás daltaí le huathachas nó meascán den dá chur chuige a chur ar fáil don dalta nár mhaith leo a bheith ag fágáil an t-am ar fad nó a bheith ar an imeall. Chuir múinteoir tacaíocht foghlama amháin i SLG DEIS Banda 2 an tuairim go mb'fhiú an tacaíocht aonair a thabhairt don pháiste ar feadh tréimhse agus iad a shní isteach leis an ngrúpa ranga tar éis na tacaíochta indibhidiúil a fháil. Uaireanta eile ní bhíodh sé indéanta mar gheall ar easpa foirne dalta a thógaint amach ina (h)aonar fiú nuair a bhí gá leis. Rogha na scoile / an mhúinteora a bhí ann agus soiléiríodh sa staidéar nach raibh aon mhúnla nó treoir curtha ar fáil maidir leis an gcinneadh seo a dhéanamh. Léirigh múinteoirí áirithe mearbhall a bheith orthu maidir leis an gcur chuige ab'fhearr a roghnú dá ndaltaí nuair a dúirt siad nach raibh siad iomlán cinnte an mbíodh na daltaí ag

foghlaim óna chéile nó an mbíodh dóthain dúshláin ann do dhaltaí cumasacha sna grúpaí measctha ó thaobh cumais de. Rud amháin a bhí cinnte ná go raibh buntáistí ag baint leis an dá chur chuige, sé sin gur bhraith an dalta le deacrachtaí foghlama comhtháite sa rang nuair a cuireadh tacaíocht in-ranga ar fáil ach go mbíodh an fócas indibhidiúil ag teastáil lasmuigh den rang chomh maith. Cur chuige eile a luadh sa chuntas seo ná go ndeachaigh an múinteoir oideachas speisialta leis an ngrúpa láidir nuair a roinneadh an rang de réir grúpa ísealchumas, cumas meánach agus ardchumas agus gur measadh an cur chuige seo a bheith an-éifeachtach nuair ab'fhéidir é a chur i bhfeidhm ag brath ar acmhainní (GFA).

### 5.3.8 Na Dúshláin is Mó a Chuireann isteach ar Mhúinteoirí

Iarradh ar mhúinteoirí ar an gceistneoir cé chomh mór is a chuir dúshláin áirithe isteach orthu sa seomra ranga agus iad ag iarraidh freastal ar dhaltaí le deacrachtaí foghlama. An dúshlán ba mhó a chuir isteach ar mhúinteoirí de réir sonraí na gceistneoirí, ní nach ionadh, ná easpa ama. I ndiaidh deacrachtaí ama, tháinig easpa tacaíochta ó thuistí, spreagadh íseal i measc dhaltaí le deacrachtaí foghlama agus ganntanas nó neamhleor ábhar foghlama go mór chun solais sa chéad cheithre háit. Ba é sin nuair a cuireadh na dúshláin a bheith ag cur isteach orthu 'go mór' agus 'méid áirithe' san áireamh áfach. Má fheictear níos mine ar na colúin ghorma thíos a chuireann in iúl na dúshláin a chuir isteach ar mhúinteoirí 'go mór' amháin, cuirtear scéal difriúil in iúl. Feictear gur chuir sé isteach 'go mór' ar mhúinteoirí 'gan an chomhairle sna tuairiscí ó ghníomhaireachtaí mar NEPS a bheith oiriúnach do chomhthéacs an ranga dhátheangaigh' a d'ardaigh mórcheist maidir leis an tslí ina mbítí ag déanamh freastal ar an gcomhthéacs Gaelscoile DEIS agus ar na daltaí a raibh deacrachtaí foghlama acu a bhí ag freastal orthu. Chuir 31.6% de mhúinteoirí in iúl gur chuir 'Ísealchumas ag daltaí sa teanga labhartha – Gaeilge' isteach 'go mór' orthu, rud a ardaíonn mórcheist eile i bhfianaise a bhfuil curtha in iúl thuas maidir le ganntanas tacaíochtaí breise a chuirtear ar fáil don Ghaeilge sna scoileanna seo.

**Figiúr 5.12:** Na Dúshláin is Mó a Chuireann Isteach ar Mhúinteoirí - % Múinteoirí




Rinneadh tuilleadh iniúchadh ar na dúshláin seo i ngrúpaí fócais na múinteoirí agus tháinig sé chun solais go mbíodh deacrachtaí traschuraclam acu siúd a mbíodh deacrachtaí teanga acu sa Ghaeilge agus gur ardaigh an fhadhb seo easpa muiníne i measc na ndaltaí úd agus easpa suime dá bharr. Ní hé go mbíodh na daltaí seo lag go ginearálta ach 'bíonn siad 100% caillte' dar le múinteoir rang a Trí i SLG DEIS Banda 2 amháin. Bhíodh na bearnaí sa teanga acu soiléir i gcás scrúdaithe ábhair, ar nós stair, nuair ba léir gur bhain na torthaí ísle le

teanga agus ní le hábhar. Bhí an baol ann go bhféadfadh le gach ceacht athrú ina cheacht teanga dá mbeifí ag iarraidh freastal ar an bhfadhb seo sa seomra ranga féin:

> Táim ag déanamh tabac faoi láthair don OSPS agus de ghnáth ba cheart go dtógfadh an cheacht sin 20 nóiméad ach táim tar éis dhá cheacht a dhéanamh agus táim ag múineadh teanga dóibh. (GFD M6)

Ceal tacaíochta teanga a chur ar fáil in-ranga nó lasmuigh de is beag seans go réiteofar an fhadhb seo. Bheadh múinteoirí an staidéir ag moladh go láidir go gcuirfí tuilleadh béime ar an tacaíocht teanga don Ghaeilge dá mbeadh níos mó acmhainní acu sna scoileanna.


### 5.3.9 Ag Plé le Daltaí le Deacrachtaí Foghlama

Pléitear go minic i dtuairiscí a bhaineann le riachtanais speisialta oideachais an fócas a bhaineann le cur chuige comhtháite nó cuimsithe i bpolasaithe riachtanais speisialta oideachais (Féach Banks & McCoy 2011; Cosgrove *et al.* 2014), cur chuige a chuireann le cumas an dalta faoi mhíchumas. Fiosraíodh ar an gceistneoir an bpléitear le daltaí le deacrachtaí foghlama mar chohórt ar leith sa scoil, sé sin ina n-aonar mar ghrúpa agus ní go comhtháite. Ní mór a chur in iúl anseo nach raibh gach múinteoir iomlán soiléir mar gheall ar an gceist seo agus b'fhéidir go raibh gá le tuilleadh eolais ar a raibh i gceist anseo sa cheist féin. É sin ráite, chuir roinnt mhaith múinteoirí sonraí úsáideacha ar fáil maidir leis an gceist agus bhí dhá chineál chur chuige le sonrú – iad siúd a mhaígh gur pléadh leo mar chohórt ar leith mar gheall ar easpa tacaíochta ach a luaigh na bealaí inar ndearnadh plé leo sa scoil (cruinnithe foirne agus cruinnithe le tuismitheoirí, plean oibre, idirdhealú, sos gluaiseachta) agus iad siúd a pléadh leo ar bhealach chomhtháite sa rang agus sa scoil. Arís, ní mór a mheabhrú go mb'fhéidir nach raibh faisnéiseoirí iomlán cinnte faoin gceist seo.

### 5.3.10 Ráta an Laghdaithe

Tuairim choitianta a mhaireann mar gheall ar SLG i gceantair mhíbhuntáiste ná nach n-oireann an suíomh tumoideachais do dhaltaí atá ag streachailt nó go bhfuil sé ag cur ualach orthu. Mar a pléadh i gcaibidil 1 den tuairisc, tá ráta an laghdaithe (*attrition rate*) tar éis a bheith go mór ar an gclár taighde i leith an tumoideachais ach go háirithe i gCeanada agus in Éirinn (Ní Thuairisg & Ó Duibhir, 2016). Bheifí ag súil leis mar sin go mbeadh ráta fágála na scoile ard i measc dhaltaí an staidéir seo toisc na deacrachtaí a bhíodh os a gcomhair sa seomra ranga agus sa saol ach ní mar sin a tuairiscíodh i gcoiteanna i measc scoileanna sa staidéar. Seisear mhúinteoirí a mhaígh go bhfágann daltaí a bhfuil deacrachtaí foghlama acu an SLG ach go háirithe sna meánranganna agus má bhí diandheacrachtaí disléicse acu. I dtaithí seisear mhúinteoirí eile ní tharlaíodh sé chomh minic sin ach 'uaireanta' nó 'corruair' agus bhraith sé go mór ar chumas Gaeilge an pháiste nó fadhbanna teanga eile, nuair a bhí uathachas ar an bpáiste nó má fuair siad áit i scoil speisialta sa cheantar. De réir taithí cúigear mhúinteoirí eile, ní fhágadh daltaí a raibh deacrachtaí foghlama acu an SLG go minic. Sa chás inar fhág daltaí a raibh deacrachtaí foghlama acu an suíomh lán-Ghaeilge, ba go scoileanna Béarla nó scoileanna speisialta an cheantair a ndeachaigh siad, de réir faisnéis na múinteoirí a ghlac páirt i gceistneoir an taighde. Is léir ón bhfaisnéis thuas, gur mór idir na scoileanna éagsúla sa staidéar agus go bhfuil treochtaí éagsúla ag teacht chun cinn ó scoileanna éagsúla, sé sin go raibh sé coitianta i scoileanna áirithe gur fhág daltaí le deacrachtaí foghlama go minic, gur tharla sé anois is arís i scoileanna eile agus nár tharla sé go minic i scoileanna eile. D'fhéadfadh sé seo a bheith bainteach le cúinsí éagsúla an bhaile mar shampla teacht ar scoil speisialta, cé chomh dian is a bhí deacrachtaí an pháiste, meon an tuismitheora srl. Léiríonn figiúr 5.13 go mbaineann sé le stádas DEIS nuair a léirítear gur chuir níos mó múinteoirí in iúl gur fhág daltaí le deacrachtaí foghlama an SLG DEIS Banda 1 i gcomparáid leis an gcéatadán céanna de mhúinteoirí a mhaígh go bhfágadh daltaí an scoil uaireanta mar gheall ar dheacrachtaí foghlama i SLG DEIS Banda 2. Tá sé le tabhairt faoi deara thíos chomh maith go bhfuil líon na múinteoirí a mhaígh nár fhág daltaí níos airde i gcolún DEIS Banda 2 ná mar a bhí le sonrú i gcás DEIS Banda 1.

**Figiúr 5.13:** Céatadán na ndaltaí a fhágann SLG DEIS dar leis na múinteoirí




Chuir scoil DEIS Banda 2 amháin léargas ar fáil sa ghrúpa fócais mar gheall ar fhágáil na scoile do dhaltaí le deacrachtaí foghlama, nár tharla sé ach corruair i gcás daltaí a raibh fíordheacrachtaí disléicse acu. Chuir múinteoirí an ghrúpa in iúl go raibh an-bhaint ag meon nó seasamh na dtuismitheoirí leis an scéal go mbíodh siad 'den tuairim go raibh sé ag cur lena ndeacrachtaí a bheith ag foghlaim trí Ghaeilge'. Go minic, áfach, bheartaigh na tuismitheoirí an dalta a fhágáil sa scoil mar nach raibh siad ag iarraidh 'an ceangal a chailliúint', sé sin nuair a bhí páistí gaolta lena chéile ar scoil nó nuair a d'fhreastail an tuismitheoir féin ar an scoil. Bhíodh páistí mar sin níos sona ar scoil a chuir go mór leis an bhfoghlaim agus ní bhíodh an tuismitheoir ag iarraidh cur isteach air sin in ainneoin na ndeacrachtaí foghlama, de réir faisnéis na múinteoirí. Chuir an scoil an-luach ar thaithí iomlán agus sonas an pháiste ar scoil agus thacaigh siad le tuismitheoirí gan an páiste a bhogadh ón suíomh mar gheall ar dheacrachtaí foghlama amháin. I dtaithí na múinteoirí, ba mar gheall ar dheacrachtaí eile seachas deacrachtaí foghlama nó teanga a d'fhág daltaí, sa líon beag cáis inar fhág siad (Grúpa Fócais A).

### 5.3.11 Foireann agus Acmhainní Tacaíochta Foghlama

An acmhainn is luachmhaire a d'fhéadfadh a bheith ag aon Ghaelscoil i gceantar míbhuntáiste ná acmhainní daonna, dar le múinteoirí an staidéir. Fiú i SLG DEIS Banda 1 nuair a measadh líon na múinteoirí oideachais speisialta ar an bhfoireann tacaíochta a bheith sách ard, ní mar sin a chonacthas é i measc na foirne a bhíodh ag plé le héilimh agus riachtanais a gcuid daltaí le deacrachtaí foghlama go laethúil:

> Cinnte tá ganntanas tacaíochta, níl ach ceathrar lánaimseartha ar an bhfoireann tacaíochta. Leis an méid riachtanaisí atá ann tá bearna mhór ann (GFA M3.2).

Phléigh na múinteoirí sa ghrúpa seo an ról a bhíodh ag na trialacha caighdeánacha ar aithint dhaltaí le deacrachtaí foghlama agus daltaí ar cheart dóibh measúnú a fháil:

> Tá na measúnaithe ag athrú. *I mean* ní raibh uathachas ar bharr cloigeann ag daoine nuair a thosaigh mise agus anois tá … Tuigimid anois is dócha agus tuigeann an comhphobal leighis agus oideachais go bhfuil i bhfad níos mó i gceist le fadhbanna foghlama ná fadhb le rud ar leith, tá a lán rudaí éagsúla fite fuaite lena chéile agus braitheann sé ar a lán rudaí agus bíonn gach páiste difriúil … Tá an tuiscint ag athrú agus an lipéad a chuirimid ar rudaí ach tá an méid céanna páistí ós ár gcomhair amach le riachtanaisí speisialta (GFA M6).

Ní hamháin go raibh glaoch i gcaint na múinteoirí i gcomhair tuilleadh tacaíochta ach ba léir go raibh tuiscint acu ar an gcineál tacaíochta a bhí de dhíth sa suíomh:

> Níos mó daoine, sin é an rud is mó atá uainn, múinteoirí, ba cheart go mbeadh múinteoirí breise ag Gaelscoileanna ach go háirithe do Ghaelscoileanna DEIS, múinteoirí breise cosúil lena bhfuil acu sna Gaeltachtaí. Ba cheart go mbeadh múinteoir le saineolas ar an tumoideachas ar teanga agus ábhar … go mbeadh corp eile agus a bhfuil saineolas acu ar a bhfuil ar siúl againn (GFB MOS).

Aithnítear sa mhéid thuas, na sainchúinsí agus riachtanais a bhaineann le suíomh Gaelscoile DEIS agus na tacaíochtaí cuí agus sainiúla atá de dhíth ar na scoileanna sin. Tá fís ag scoileanna áirithe, dá mbeadh tuilleadh tacaíochta ar fáil, go mbeadh níos mó féidearthachtaí ann freastal ar an nGaeilge sa tacaíocht anuas ar an mBéarla nó go comhtháite leis an mBéarla, faoi mar atá leagtha síos i gCuraclam na Bunscoile ROS, 2019). Dar le múinteoir oideachais speisialta amháin, bheadh an-chuid deiseanna ann ag leibhéal na Naíonán leis an lántumadh a chur i bhfeidhm go héifeachtach dá mbeadh freastal comhtháite ar an dá theanga agus an tacaíocht chuí curtha ar fáil do shealbhú an dá theanga sna ranganna sóisearacha.

Ó thaobh acmhainní de don tacaíocht foghlama, bhain múinteoirí úsáid as ábhair ar-líne ach don chuid is mó ba ábhair lámhdhéanta a d'úsáid siad toisc iad a bheith níos oiriúnaí do na daltaí agus do riachtanais na ndaltaí. Bunaithe ar a cuid taithí ag cur tacaíochta do léitheoireacht an Bhéarla ar fáil, mhol múinteoir oideachais speisialta i suíomh DEIS Banda 1 na léitheoirí '*High Lows*' a bhí ar fáil chun léitheoireacht an Bhéarla a chur chun cinn i measc dhaltaí a raibh spéis acu sa léitheoireacht nó i dtopaicí áirithe ach a bhí ag streachailt leis an léamh dá gcaighdeán. B'éard a bhí sna léitheoirí mar sin ná topaicí a mhúsclódh suim sa léitheoir ach an leibhéal teanga a bheith níos ísle ná an leibhéal ar a raibh an páiste ag feidhmiú.

### 5.3.12 Trialacha Diagnóiseacha

Pléadh sna grúpaí fócais nach raibh aon triail aonair ann as Gaeilge go bhféadfadh SLG DEIS úsáid a bhaint astu. Lorgaíodh a leithéid chun freastal níos fearr a dhéanamh ar dhaltaí a raibh deacrachtaí foghlama i SLG DEIS.

Bhraith an síceolaí scoile ar an scoil féin agus bhí easpa comhsheasmhachta le sonrú i gcuntais na múinteoirí maidir le hinniúlacht sa teanga agus tuiscint ar an gcomhthéacs agus ar riachtanais na ndaltaí a bheith ag síceolaithe. I gcás scoileanna áirithe bíonn siad thar a bheith sásta leis an síceolaí ach tá scoileanna eile nach raibh aon síceolaí acu ag an am inar rinneadh na grúpaí fócais agus scoileanna eile ina raibh síceolaithe ag teacht agus ag imeacht. Chuir scoil amháin scéal díomách in iúl maidir leis an gcás ina raibh siad anois gan aon síceolaí:

> Níl aon síceolaí againn le bliain go leith anuas anois … Bhí duine againn le fada fada agus thuig sí an suíomh agus bhí sí go hiontach, ba iarmhúinteoir í agus d'éirigh sí as. Tá fear faighte againn agus tá sé go maith ach bíonn sé chomh gnóthach, bíonn sé deacair teacht air. Tháinig bean isteach le déanaí agus rinne sí ceithre cinn de mheasúnaithe … ach ní raibh, níor thuig sí an suíomh ná faic mar sin, ní raibh sí láidir ó thaobh na páistí *really*. Ní raibh an bá aici do na páistí agus bhí sí nach mór ag caitheamh anuas ar na tuistí (GFA MOS.1).

Nuair a chuir síceolaí tacaíocht ar fáil sa scoil, ba trí Bhéarla a cuireadh an tacaíocht ar fáil. I dtaithí na múinteoirí chomh maith mhol cuid de na síceolaithe nár cheart do pháistí le deacrachtaí foghlama fanacht sa suíomh Gaelscoile. D'aithin múinteoirí gur easpa tuisceana ar an gcomhthéacs agus ar an scoil a bhí i gceist anseo agus bhí ag ardú ar a gcuid muiníne é seo a chur in iúl bunaithe ar an eolas agus taithí atá acu féin:

> Braitheann sé an bhfuil taithí acu orainn agus eolas acu faoin scoil, agus ní ghlaoimid ar ais ar na daoine sin mar níl an tuiscint acu. Ní fiú a bheith ag botheráil leo, éalaímid ó na daoine sin ach tá na daoine sin ann, cinnte. Níor athraigh sé sin ach cloiseann tú é go han-tapaidh uatha (GFA MOS.1).
>
> Duine dos na daoine a bhfuil aithne agam air tá sé báúil don Ghaeilge agus síceolaí eile bhíos ag caint léi inné agus ní bheadh sí chomh báúil bheadh sí á

rá b'fhéidir nach n-oirfeadh suíomh mar seo do dhuine éigin a bhfuil fadhbanna teanga acu. Ní féidir é sin a rá a dúras, ní dhéarfainn é sin blianta ó shin ach anois is féidir liom *no no* níl tú i gceart é sin a rá. Is an easpa tuisceana sin atá ag an-chuid daoine amuigh sna scoileanna agus bhí sé agamsa bhí an easpa feasachta, ní raibh sé sin ar eolas agamsa ach oiread. (GFB M6)

Dúshláin eile a d'aithin na múinteoirí i SLG a bhí lonnaithe i gceantair mhíbhuntáiste ná nach n-aithníonn na tuismitheoirí sa bhaile go bhféadfadh deacracht foghlama a bheith ag an bpáiste. Mhínigh múinteoir amháin an deacracht a bhain le teiripeoir urlabhartha a fháil do pháiste nuair a tháinig sé chun cinn go raibh deacrachtaí teanga ag an bpáiste:


Bíonn agus feicim arís an míbhuntáiste idir ceantar faoi mhíbhuntáiste agus ceantar meánaicmeach. Go minic ní thugann na tuistí faoi deara go mbíonn fadhb ann, b'fhéidir go bhfuil fadhbanna ag na tuistí iad féin. Ar scoil, tugann an fhoireann faoi deara go bhfuil tacaíocht ag teastáil agus faoin am sin bíonn an liosta feithimh don HSE do teiripeoir urlabhra chomh fada, cúpla bliain. (GFA M3.2)

Ar an iomlán thuairiscigh múinteoirí a bheith sásta leis an tseirbhís a chuireann NEPS (*National Educational Psychological Service*) ar fáil. Phléigh scoil amháin an cás ina raibh síceolaí acu ó NEPS a thuig an comhthéacs go han-mhaith agus a rinne iarracht a cuid Gaeilge féin a fheabhsú. Bhí siad in amhras faoin gcur chuige diagnóiseach nach bhfaigheann páiste ach an gnáth-thacaíocht muna bhfuil siad sa dara peircintíl – atá an-íseal ar fad.

### 5.3.13 Acmhainní, Scéimeanna agus Idirghabháil

Bhain ceist 13 ar an gceistneoir taighde leis na scéimeanna a mbaintear úsáid astu go seachtainiúil do mhúineadh na matamaitice. Léiríonn figiúr 4.14 thíos gur bhain 40% de mhúinteoirí an staidéir úsáid as stáisiúin agus idirghabháil eile do mhúineadh na matamaitice i rang a Trí agus a Sé agus gur chuir 33.3% acu Matamaitic Beirte i bhfeidhm ina gcuid ranganna. Mhaígh 13.3% de mhúinteoirí gur bhain siad úsáid as *Maths Revovery* go seachtainiúil sa seomra ranga, seans go mbeadh an céatadán seo níos airde dá mbeadh na bunranganna san áireamh.

**Figiúr 5.14:** Céatadán úsáide a baineadh as scéimeanna mata gach seachtain i SLG DEIS




Úsáideadh téacsleabhair don mhórchuid sa seomra ranga i gcás mhúineadh na matamaitice agus cé go raibh na téacsleabhair ar nós 'Gafa le Mata' aistrithe go Gaeilge, ní raibh na hábhair ar-líne ar fáil ach i mBéarla amháin. Fágadh ansin, gur ar an múinteoir sa SLG DEIS a thit an fhreagracht a c(h)uid ábhar féin a dhearadh an-chuid den am.

B'amhlaidh an scéal maidir le scéimeanna do léamh na Gaeilge nuair a bhítí ag roghnú scéim oiriúnach don rang. Ba mhinic, de réir faisnéise na múinteoirí, caighdeán Gaeilge na scéimeanna a bheith ar leibhéal ró-ard do dhaltaí i SLG DEIS agus bhíodh ar an múinteoir

na heiseamláirí teanga a shimpliú. Cé go raibh an scéim 'Séideán Sí' go hiontach ó thaobh saibhreas teanga de, dar leis na múinteoirí, ní bheadh sé ar chumas na ndaltaí sna scoileanna sleachta ón scéim a léamh sa bhaile ina n-aonar agus ba chonstaic ollmhór é sin nuair a bhí tréaniarracht á déanamh léitheoireacht na Gaeilge a chur chun cinn. Ba chosúil nár úsáideadh scéim ar leith sna scoileanna ach go mbítí ag brath go mór ar chumas agus eolas an mhúinteora scéim a bhí in oiriúint don rang ó thaobh teanga agus topaic de a roghnú, rud nach raibh ann dar leo féin. Uaireanta más leabhar a bhí beartaithe do scoil Bhéarla a bhí in úsáid, níorbh mór dul suas leibhéal chun freastal ar chumas na ndaltaí. Uaireanta eile baineadh úsáid as meascán de leabhair nó scéimeanna ag brath arís ar leibhéal teanga na ndaltaí agus an scil teanga a bhíothas ag iarraidh a chleachtadh sa rang. Cuir i gcás, go mbaintí úsáid as 'Séideán Sí' do na scileanna éisteachta agus scríbhneoireachta a fhorbairt ach go n-úsáidtí léitheoirí eile ar nós 'Tonnta agus Gleannta' chun an léitheoireacht a chleachtadh ionas nach gcuirfí lagmhisneach ar na daltaí nach raibh sé ar a gcumas acu sleachta ar chaighdeán ard a léamh. Bhí sé tugtha faoi deara i scoil amháin áfach, nuair a rinneadh an bunús sa teanga a threisiú le daltaí ó na Naíonáin ar aghaidh agus nuair a cuireadh dúshlán rompu le scéim ar ardchaighdeán i rang a Trí nó mar sin gur éirigh go hiontach leo. Ba chur chuige córasach tras-scoile a bhí de dhíth mar sin, de réir cuntais na scoile úd. Thacaigh scoil eile leis an méid sin ina raibh sé feicthe acu go ndeachaigh scéimeanna Gaeilge ar ardchaighdeán dian ar na daltaí ar dtús ach go ndeachaigh siad i dtaithí orthu tar éis tamaill má cloíodh leis an iarracht.

Ní hamháin na scéimeanna a bhí ar chaighdeán ró-ard ó thaobh teanga de agus bhí sé de thuairim ag an-chuid de na múinteoirí a ghlac páirt sna grúpaí fócais go raibh caighdeán teanga na leabhar i gcoitinne ró-ard chun freastal ar chumas na ndaltaí i SLG DEIS. Ba mhinic go mbíodh ar an múinteoir an teanga a shimpliú nó a aistriú go dtí an réim teanga a úsáideadh sa scoil go laethúil, sé sin an teanga a thuigfeadh na páistí.

Rinneadh plé i SLG DEIS Banda 2 amháin ar an dea-chleachtas a bhí ar siúl i leith na hidirghabhála do léitheoireacht na Gaeilge agus an Bhéarla i ranganna na Naíonán. Déanann siad '*Literacy Liftoff*' agus '*Jolly Phonics*' leis na Naíonáin ach tosaíonn siad leis an nGaeilge ar dtús agus dhírigh siad ar an mBéarla níos déanaí sna Naíonáin Mhóra. Lántumadh i léitheoireacht na Gaeilge a bhí i gceist sna Naíonáin Bheaga ina dhéantaí '*Literacy Liftoff*' trí Ghaeilge i ngrúpaí a bhí dáilithe de réir cumais agus ar feadh tréimhse d'ocht seachtaine. Baineadh úsáid as sé ghné d'fheasacht na Luathlitearthachta (NigUidhir 2006) mar áis mheasúnaithe chun réamhthástáil a dhéanamh ar na daltaí. Cuireadh an idirghabháil i bhfeidhm le tacú ón múinteoir oideachais speisialta agus ón gCuntóir Ranga. Bhíodh ceithre stáisiúin nó ionad teagaisc ina gcuimsíodh; stáisiún ar théacs nua a léamh, ceann d'athléamh a dhéanamh ar théacs a bheadh déanta ag an rang roimhe sin, ionad teagaisc scríbhneoireachta ina ndearna siad éisteacht agus taifead fuaime i bhfocal agus stáisiún d'fheasacht ar fhóineolaíocht agus na focail ardmhinicíochta. B'é seo torthaí na hiarrachta i bhfocal an mhúinteora féin:

> Dheineamar é sin thar thréimhse ocht seachtaine gach uile lá ar feadh uair an chloig, múinteoir tacaíocht foghlama atá oillte in aisghabháil na litearthachta chomh maith liomsa agus tá na torthaí *just* dochreidte. D'fhreastail sé ar na cumais éagsúla. Mar thosaigh mé amach go randamach le dhá ghrúpa, trí seachtaine ina dhiaidh san d'aistrigh mé na grúpaí de réir cumais agus tháinig feabhas i bhfad níos fearr orthu. Sin an tslí ina chuamar i ngleic leis an luathlitearthacht (GFB MOS).

Bhí an éifeacht agus na torthaí foghlama a bhain leis na stáisiúin teagaisc tugtha faoi deara i scoil eile a thuairiscigh cumas cainte agus léitheoireachta na ndaltaí a bheith forbartha. Cuireadh béim ar struchtúir chainte agus bunrialacha gramadaí ag na stáisiúin. D'oir sé go mór do na daltaí ceacht de chúig nóiméad déag a dhéanamh ag an stáisiún agus bogadh ar aghaidh go dtí an chéad stáisiún eile chun díriú ar rud éigin úr. Cuirfeadh múinteoirí i scoileanna eile fáilte roimh an fhéidearthacht a leithéid d'idirghabháil a chur i bhfeidhm ina scoil mar chonaic siad na buntáistí a bhain leis ach go háirithe ó thaobh freastal a dhéanamh ar dhaltaí i ngrúpaí beaga (GFD). Faoi mar a bhí, díríodh ar léitheoireacht an Bhéarla agus ar an mata don idirghabháil i bhformhór na scoileanna agus ní ar léitheoireacht na Gaeilge. Phléigh múinteoirí oideachais speisialta i scoil amháin sa staidéar an fhéidearthacht a bheadh ann an múnla céanna a bheadh in úsáid d'idirghabháil do léamh an Bhéarla a thrasnú go dtí léamh na Gaeilge.

Mhol múinteoirí sa staidéar go mbeadh scéim léitheoireachta ar leibhéal níos oiriúnaí ann do dhaltaí i SLG DEIS. Ní i gcónaí go mbíodh na scéimeanna nó léitheoirí in oiriúint do na daltaí ó thaobh ábhar suime de ach oiread agus mhol na múinteoirí arís go mbeadh acmhainní ar fáil a spreagadh suim sna daltaí, mar shampla, acmhainní a d'fhéadfaí a úsáid ar an gclár bán idirghníomhach. D'fhág na dúshláin seo ar fad go mbíodh amhras ar mhúinteoirí go minic mar gheall ar na scéimeanna a roghnaigh siad, meascán de scéimeanna a d'úsáid siad nó má chonaic siad torthaí laga ar a gcuid iarrachtaí le léitheoireacht na Gaeilge sa rang. Rinne múinteoirí áirithe an moladh go mba cheart léitheoirí céimiúla a bheith ann don Ghaeilge ina mbeadh teacht ar na focail ardmhinicíochta chéanna go minic sa téacs. Toisc na bearnaí, bhí sé ag tarlú go raibh scoileanna áirithe ag filleadh ar na seanleabhair 'Soilse' toisc na deacrachtaí a shamhlaíonn siad leis na scéimeanna a bhí ar fáil dóibh.

Maidir le scéimeanna do léamh an Bhéarla, arís bhraith an scéim a cuireadh i bhfeidhm go mór ar an rang agus ar an múinteoir ach ba iad na cinn ba mhó a luadh sna grúpaí fócais ná '*Oxford Reading Tree'* suas go deireadh rang a ceathair, '*Literacy Leap'* ó rang a Trí ar aghaidh, '*Toe by Toe'* agus *'Snip'*. Bhí an-éifeacht ag baint leis na scéimeanna don idirghabháil, dar leis na múinteoirí a ghlac páirt sna grúpaí fócais agus chonacthas dul chun cinn i measc na bpáistí, cé go mbíodh an dul chun cinn sin mall ach seasta. Shocraigh scoil amháin ar leabhair cháiliúla ar nós David Walliams a úsáid 'chun suim na ndaltaí a spreagadh mar ní raibh suim acu san '*Oxford Reading'* tar éis pointe áirithe' (GFA). Chonacthas an-dul chun cinn tar éis idirghabháil ar nós '*Reading Recovery'* a chur i bhfeidhm sna ranganna sóisearacha. Chuirfeadh múinteoirí na ngrúpaí fócais an-fháilte roimh a leithéid d'idirghabháil do léitheoireacht na Gaeilge ach meastar gur mórthogra a bheadh i gceist leis sin. Bhí na múinteoirí den tuairim chomh maith go mbeadh na stáisiúin a eagraíodh d'fhoghlaim na matamaitice a chur chun cinn an-éifeachtach i gcás léitheoireacht an Bhéarla a neartú ach nach mbíodh sé indéanta i gcónaí díriú ar an dá ábhar toisc easpa foirne. Sna cásanna ina tharla sé sonraíodh é a bheith thar a bheith éifeachtach mar idirghabháil. Luadh an clár '*First Steps*' mar cheann a thaitin le múinteoirí a úsáid sa suíomh Gaelscoile DEIS mar idirghabháil don Bhéarla toisc go raibh sé eagraithe agus soiléir ó thaobh cad a bhí le déanamh go ceimiúil.

Ní hamháin gur tharla sé i gcás na scéimeanna Gaeilge go mbíodh siad ró-ard ó thaobh caighdeán de don SLG DEIS, dar leis na múinteoirí ach tharla sé leis na scéimeanna do léitheoireacht an Bhéarla freisin go mbíodh na daltaí ag streachailt le caighdeán na leabhar. Luaigh múinteoir rang a Sé amháin na scéimeanna '*Better Reading'* agus '*English Zone'* ach *'Streets Ahead'* a bheith ar caighdeán níos airde a chruthaigh deacrachtaí leis an teanga do na daltaí.

Bhraith úsáid na scéimeanna go láidir ar an bhfoireann tacaíochta foghlama a bheith ar fáil chun tacú leis an scéim a chur i bhfeidhm. Ní mór go mbeadh an traenáil chuí curtha ar fáil don fhoireann chomh maith, rud a thógann roinnt mhaith ama, dar leis na múinteoirí oideachas speisialta sa staidéar.

## 5.4 Plé le Tuismitheoirí agus an Baile

Ba minic go tradisiúnta tuismitheoirí Gaelscoile ag tógáil an cinneadh páiste a chur chuig Gaelscoil ar bhealach tiomanta (Ní Thuairisg & Ó Duibhir, 2016; Ó Duibhir, 2018) ach chonacthas go raibh an tírdhreach sin ag athrú agus nach i gcónaí ar mhaithe leis an teanga a cuireadh páiste chuig an nGaelscoil in aon chor (Kavanagh, 2013). Tuigtear an tionchar nach beag a bhíonn ag tuismitheoirí agus an baile ar oideachas agus torthaí oideachais an pháiste (Kavanagh agus Hickey, 2013). Fiosraíodh sa staidéar mórcheisteanna a bhain le ról an tuismitheora nuair a bhí an páiste ag freastal ar SLG DEIS. Díríodh ar an ábhar seo i gcaibidil 3 ach cuirtear sonraí i láthair anseo de réir mar a tháinig siad chun cinn i bhfaisnéis na múinteoirí. Mar sin is trí dhearcadh an mhúinteora a bhí ag plé le tuismitheoirí a ghlactar leis na sonraí seo a leanas.

Ceann de na ceisteanna ba mhó a phléadh i measc mhúinteoirí maidir le tuismitheoirí dhaltaí a raibh deacrachtaí foghlama acu ná conas freastal ar bhuairt an tuismitheora a bhí neamhchinnte ar cheart dá bpáiste freastal ar SLG nuair a bhí deacrachtaí foghlama nó riachtanais speisialta aige/aici. Rinne múinteoir oideachais speisialta amháin sa staidéar plé ar an gceist seo á ardú ag tuismitheoirí go mion minic agus gur spreag sé í chun cúrsa

Máistreachta a dhéanamh chun na freagraí a bhaint amach. Dúirt sí go raibh sí i bhfad níos mó ar a compord ag freagairt ceisteanna na dtuismitheoirí agus ag freastal ar na daltaí a raibh deacrachtaí foghlama acu. Pléadh cás i scoil DEIS Banda 1 faoi mháthair a bhí ag iarraidh a hiníon a aistriú go scoil Bhéarla toisc an bhuairt a bhí uirthi nach mbeadh a hiníon in ann léamh as Béarla. I dtaithí na múinteoirí áfach bhíodh tuismitheoirí tuisceanach nuair a cuireadh comhairle orthu mar gheall ar an gceist seo.

Fiú i measc tuismitheoirí dhaltaí nach raibh aon deacrachtaí foghlama acu, fós bhíodh tuistí buartha faoina bpáiste ag foghlaim go dátheangach agus bhíodh go leor ceisteanna acu faoin gcóras tumoideachais agus ach go háirithe cathain a bheadh a gcuid páistí ag tosú ar fhoghlaim an Bhéarla agus an mbeadh siad in ann d’fhoghlaim na matamaitice trí Ghaeilge.

D’eascair na fadhbanna seo go minic as easpa feasachta i measc na dtuismitheoirí agus easpa eolais ar an teanga iad féin. Chiallaigh sé sin nach mbíodh tuismitheoirí in ann cabhrú leis an obair bhaile a chruthaigh an-chuid deacrachtaí nuair nach ndéantaí treisiú sa bhaile ar an méid a foghlaimíodh ar scoil. Ba mhionlach iad na tuismitheoirí a rinne iarracht an teanga a fhoghlaim, cé gur cuireadh ranganna do thuismitheoirí ar fáil chun tacú leo (GFA). Nocht scoil eile DEIS Banda 1 an easpa tacaíochta go ginearálta a tháinig ón mbaile nár bhain leis an teanga ar chor ar bith (GFD). Bhí sé le tabhairt faoi deara anois chomh maith go mbíodh roinnt mhaith tuistí ina n-iarscoláirí ar an scoil agus dá bharr sin go mbíodh Gaeilge acu, rud a d’éascaigh an fhadhb.

Tuairiscíodh an teagmháil leis an mbaile a bheith ar fheabhas sna scoileanna, rud a bhí fíorthábhachtach i gceantair mhíbhuntáiste chun caidreamh baile-scoile a bhunú is a neartú. Cabhraigh sé seo le tuismitheoirí a mhealladh chun tacú lena bpáiste agus leis an obair bhaile. Luadh an córas ‘*Forward Together’* a rinneadh leis na tuismitheoirí tar éis triail a dhéanamh leis na daltaí agus deacrachtaí a aithint agus measadh é a bheith an-éifeachtach i measc na múinteoirí. Níorbh mhór a bheith cúramach agus discréideach ag labhairt le tuismitheoirí, áfach, gan an iomarca brú a chur orthu, de réir comhairle múinteoir amháin (GFA).

Maidir le cúinsí an bhaile, tháinig an-chuid daltaí isteach i SLG DEIS ó Naíonraí sa cheantar nó ar an láthair chéanna leis an scoil. D’aithin múinteoirí an staidéir an bua a bhain leis seo ó thaobh leanúnachais agus luathshealbhú na teanga de ach d’ardaigh múinteoir amháin imní mar gheall ar shealbhú míchruinn na teanga mar a chonacthas é ag titim amach sa suíomh ina raibh sí lonnaithe. Mhol an múinteoir seo tuilleadh oiliúna a bheith ann do stiúrthóirí Naíonraí a bheadh ag feidhmiú i suíomh sainiúil cosúil le suíomh tumoideachais i gceantar míbhuntáiste.

Sna cásanna ina mbíodh Gaelcholáiste nó Meánscoil lán-Ghaeilge sa cheantar, bhíodh tromlach na dtuismitheoirí ag iarraidh go rachadh a gcuid páistí ar aghaidh chuig na scoileanna sin ach ní i gcónaí gur bhain sé seo le rogha teanga ach le leanúnachas, cairde, suíomh agus araile faoi mar a sonraíodh in Ní Thuairisg & Ó Duibhir (2016).

## 5.5 An Suíomh Gaelscoile DEIS

Tá sainriachtanais teangeolaíocha agus socheacnamaíocha ar leith ag SLG atá lonnaithe i gceantair mhíbhuntáiste. Ní hionann iad agus aon SLG eile nó aon scoil DEIS eile ó thaobh riachtanas na ndaltaí agus próifíl na scoile. Rinneadh roinnt plé ar stádas DEIS na scoile sna grúpaí fócais, ar athrú stádais ó DEIS Banda 2 go Banda 1 agus athrú ar na tacaíochtaí a cuireadh ar fáil dá bharr agus an ról a bhí i scóir na dtrialach caighdeánaí i mbronnadh stádais. Sé sin go mbítear ag brath ar thorthaí na dtrialach chun tacaíochtaí a dháileadh.

Léiríodh feasacht an-ard ar an gcomhthéacs i measc mhúinteoirí na ngrúpaí fócais. Pléadh an deacracht a bhain le múinteoirí a earcú a raibh spéis acu a bheith ag obair i SLG DEIS agus múinteoirí oiriúnacha a fháil don suíomh:

> Ag múineadh i nGaelscoil DEIS tá sé iomlán difriúil ó a bheith ag múineadh i scoil thíos faoin tuath, ní thuigeann daoine é sin agus ní cheapaim go bhfuil gach duine in ann múineadh anseo freisin. Tógann sé tamaillín, an bhfuil a fhios agat go bhfuil siad níos laige uaireanta ná páistí in áiteanna eile … agus freisin nuair a théann siad abhaile ní bhíonn an suíomh céanna sa bhaile is a bhíonn an do pháistí eile (GFA M3.1).

Moladh go láidir chomh maith go mbeadh cúrsaí oiliúna a chuirtear ar fáil do mhúinteoirí i SLG DEIS dírithe ar an spriocghrúpa agus ar na riachtanais a bhaineann leo seachas ar chomhthéacs scoileanna Béarla. Cé nach raibh i gceist ach trí scoil déag sa tír, rinne siad suas 8% de SLG na tíre agus de réir ceistneoirí na bpríomhoidí bhí os cionn 2,200 dalta ag freastal ar SLG DEIS na tíre. Is líon suntasach de scoileanna agus de dhaltaí é sin le go bhféadfaí freastal níos sainiúla a dhéanamh ar a gcuid riachtanas. Mhothaigh múinteoirí áirithe sa staidéar nach raibh an tacaíocht chuí á chur ar fáil do SLG DEIS fós agus go raibh mórcheisteanna fós gan fhreagraí. Ba léir go raibh frustrachas ag baint leis seo:

> Ceapaim dá mbeadh níos mó rudaí dáiríre faoin rud atá ar siúl againn i nGaelscoileanna DEIS, tacú linn níos mó *because* caillimid muinín nuair nach féidir linn teacht ar eolas, *like* tá sé uafásach go gcaithfidh mé dul agus an t-eolas a fháil … *like* tá curaclam nua tar éis teacht amach do Ghaeilge agus mothaím fós nach bhfuiltear ag dul i ngleic leis na buairt atá againn. Dheineamar píosa beag taighde anuraidh agus an rud a tháinig chun cinn ná easpa feasachta agus go bhfuil eagla ar mhúinteoirí a rá, níl a fhios agam (GFB MOS).

Léiríodh feasacht chomh maith ar phróiseas an tsealbhaithe teanga agus a fhada is a chrua is a bhí cúrsaí foghlama do dhaltaí áirithe, ach go háirithe iad siúd a raibh deacrachtaí foghlama acu. Thuig múinteoirí a bhí ag feidhmiú i SLG DEIS na dúshláin seo ach thuig siad chomh maith go bhféadfadh na fadhbanna céanna a bheith ag an dalta i suíomh eile nach SLG í:

> Beidh deacrachtaí is cuma cén scoil ina dtéann siad chuige, tá go leor rudaí eile atá tábhachtach chomh maith … Is tuiscint níos mó ná tacaíocht a bhíonn ann go minic. Má tá an tuiscint agat, an rud is tábhachtaí ná go mbíonn an páiste sona sásta san áit ina bhfuil siad … go minic tógann sé suas go dtí rang 1 nó 2, go háirithe le ábhar ar nós matamaitice, tógfaidh sé chomh fada sin. *Don't panic*! (GFC MOS.1)

Tá sé aitheanta cheana sa tuairisc seo gurb é ceann de na dúshláin is mó a bhaineann le SLG DEIS ná an caighdeán íseal Béarla a mheastar a bheith ag daltaí ag teacht isteach sa scoil sna Naíonáin. Ciallaíonn sé sin go mbíonn múinteoirí i SLG DEIS ag iarraidh freastal ar an nGaeilge sa chóras tumoideachais agus an Béarla a mhúineadh do na daltaí ag an am céanna. Aithníodh go leor deacrachtaí agus dúshláin leis seo nuair a bhí múinteoirí ag iarraidh tumoideachas a chur i bhfeidhm, bhí orthu go minic filleadh ar bhunstruchtúir, ar fhoghraíocht agus ar na focail ardmhinicíochta sa Bhéarla toisc nach mbíodh siad sealbhaithe ag na daltaí. Seo a leanas cuntas ó mhúinteoir amháin i nGaelscoil DEIS Banda 1 ar na deacrachtaí ar bhuail sí leo ar thosú ag múineadh sa scoil:

> Fuair mise an-deacair é nuair a tháinig mé anseo ar dtús mar tháinig mise ó scoil i gceantar meánaicmeach agus bhí na naíonáin agam ar dtús agus dár ndóigh ní raibh focal Gaeilge acu agus ní bheadh agus iad ag tosú ar scoil so bhí siad ag caint liom i mBéarla agus ní raibh bun nó barr ag an teanga Béarla a bhí acu agus mar gheall ar gur tumoideachas a bhí ann bhí orm é a thabhairt dóibh i nGaeilge ach bhí mé ag breathnú orthu agus á rá *gosh* níl sé acu i mBéarla fiú amháin agus bhí orm é a thabhairt dóibh i nGaeilge agus cineál, beagnach neamhaird a thabhairt ar an drochtheanga Béarla a bhí acu … Sin an fhadhb is mó nach bhfuil sé acu i mBéarla ar dtús agus go gcuirimid an bhéim ar an nGaeilge dár ndóigh ach nuair nach bhfuil sé acu sa Bhéarla, tá sé sin deacair (GFA M3.2).

Tá an sprioc céanna ag SLG DEIS is atá ag aon SLG, sé sin oideachas a chur ar fáil do pháiste trí mheán na Gaeilge agus cur le cumas gach páiste dul i ngleic leis an gcuraclam trí mheán na Gaeilge. Cé go mbíonn deacrachtaí i SLG DEIS ach go háirithe maidir le hinniúlacht sa chéad teanga a chuireann srian ar an lántumadh a chur i bhfeidhm, bíonn sé mar aidhm ag na scoileanna go mbeadh páistí na scoile dátheangach ag deireadh an lae agus déantar é sin trí freastal ar an nGaeilge agus ar an mBéarla:

> Ní chuireann tú rud amháin os comhair rud eile (Béarla thar Ghaeilge nó Gaeilge thar Bhéarla), nuair a thagann siad ar scoil Gaeilge, déantar cinneadh ansin ach ag deireadh na dála nuair a bheidh siad críochnaithe, tá páiste ann a bheith dátheangach. (GFC MOS.1)

Sonraíodh na tuairimí céanna maidir leis na deacrachtaí a bhaineann le lántumadh sna grúpaí fócais ach rinne scoil amháin plé ar na tréaniarrachtaí a bhí a ndéanamh acu leis an lántumadh a chur i bhfeidhm sna Naíonáin agus ar na buntáistí a chonaic siad sa chur chuige maidir le hinniúlacht na bpáistí sa Ghaeilge a bhí á traschur go dtí an chéad teanga (Béarla). Bhí sé feicthe acu thar na blianta sa scoil nach sealbhaítear an Ghaeilge go héifeachtach i measc dhaltaí nuair nár cuireadh an lántumadh i bhfeidhm agus fós lean an greim lag a bhíodh acu ar an gcéad teanga. Bhí aisghabháil na litearthachta ar siúl sa Ghaeilge sna Naíonáin Bheaga agus dhírigh siad ar an mBéarla sna Naíonáin Mhóra ach bhí sé ar intinn ag foireann na scoile tús an Bhéarla a chur siar go dtí rang a haon toisc na mbuntáistí a chonaic siad leis an lántumadh. Cé nach mbeadh sé seo praiticiúil do gach scoil a bhí ina SLG DEIS, dar le foireann na scoileanna iad féin, bhí eiseamláir ansin den chur chuige lántumadh a raibh ag éirí leis i SLG DEIS Banda 2.

## 5.6 Trialacha Caighdeánacha agus Cúrsaí Measúnaithe

Dúirt múinteoirí na ngrúpaí fócais gur chuir na trialacha caighdeánacha pictiúr maith ar fáil de na páistí sa rang a bhí láidir agus de na daltaí a bhí ag streachailt. Léirigh siad díomá áfach mar gheall ar na scóranna a bhíodh níos ísle ná mar a bhídís ag súil leo agus a chuir lagmhisneach orthu agus ar na páistí. Thug na scóir chaighdeánacha eolas dóibh go raibh a gcuid daltaí níos ísle ná an meán, áit ina mbíodh an gnáthpháiste ar STen 4, níos ísle ná an gnáthpháiste i scoileanna eile. Sonraíodh i scoil amháin nach raibh mórán daltaí ar STen 7 nó 8 agus go mbíodh bearnaí móra ann idir iad siúd a bhí eisceachtúil ar STen 9 nó 10, eisceachtúil ar STen 1 nó 2 agus an gnáthpháiste ag STen 4 (GFA). Bhíodh fachtóirí ar nós easpa tacaíochta ón mbaile le sonrú sna scóir dar le múinteoir i scoil eile (GFC). Luadh an difríocht ó thaobh caighdeáin de a bhíodh le sonrú i dtrialacha éagsúla agus gur roghnaigh múinteoirí áirithe trialacha áirithe ag brath ar chumas na ndaltaí.

Rinneadh plé i scoil DEIS Banda 1 ar an obair dhian a bhí déanta acu ó thaobh idirghabháil na matamaitice agus an t-ardú i dtorthaí na dtrialach caighdeánaí a bhí le feiscint mar thoradh ar na hiarrachtaí. Bhí an scoil an-chóngarach don noirm náisiúnta, rud a bhí neamhchoitianta do scoil faoi mhíbhuntáiste. Léirigh sé don scoil an difríocht a rinneadh i gcás ábhar nuair a cuireadh na tacaíochtaí cuí ar fáil don fhoghlaim, mar shampla, múinteoir oideachais speisialta sa seomra ranga agus ionad teagaisc a chur ar bun. Pléadh an fhéidearthacht sa ghrúpa fócais an iarracht chéanna a dhéanamh leis an nGaeilge agus leis an mBéarla ach ní bheadh sé indéanta díriú ar an dá ábhar ag an am céanna mar gheall ar easpa foirne, dar le múinteoirí an ghrúpa. Uair amháin, is ar an mBéarla a bhíodh an scoil ag díriú agus bhí torthaí a gcuid oibre le feiscint i scóir na dtrialach ach shleamhnaigh siad arís nuair a tosaíodh ar níos mó airde a thabhairt ar an mata.

Bhí éagsúlacht sna torthaí a baineadh amach sna scileanna éagsúla a rinne tástáil orthu sna trialacha. Dúirt múinteoir amháin go mbriseadh sé a croí go mbeadh páiste ar STen 8/9 don mhír éisteachta ach d'fhéadfaidís a bheith thíos ag STen 2/3 don chuid eile. Léirigh siad feasacht sa scoil seo gurb amhlaidh a bhíodh i mórán scoileanna, scoileanna Gaeltachta san áireamh. Bhí an-chuid iarrachtaí déanta sa scoil áirithe seo ó thaobh tacaíocht don Bhéarla agus chonacthas dóibh go raibh siad ag bogadh sa treo ceart ar an gcuar ach leis an mata bhíodh siad siar is aniar, a shonraigh siad. Pléadh an bhaint a bhí idir na scóir agus tacaíochtaí a fháil nó a chailliúint agus an imní a bhíodh ar scoileanna mar sin na scóir a nochtadh má bhí siad ró-ard. Is é sin go mbeadh cailliúint tacaíochta ann dá mbeadh na torthaí níos airde.

## 5.7 Oiliúint Mhúinteoirí

> Ní raibh aon réiteach le bheith ag múineadh i nGaelscoil nuair a bhí mise sa choláiste, seachas dul amach ar TP (*Teaching Practice)* i nGaelscoil. Gabh amach agus déan tú féin é. (GFA M6)

B'in thuas tuairim choitianta na múinteoirí maidir lena dtaithí san oiliúint bhunmhúinteoireachta a cuireadh orthu. Braitheadh chomh maith nár cuireadh oiliúint orthu a bheith ag plé le scoileanna i gceantair a bhí faoi mhíbhuntáiste. Bhraith sé ar an gcoláiste dár ndóigh agus

luaigh múinteoir a cáilíodh le déanaí modúl roghnach ar an ngaeloideachas a cuireadh ar fáil mar chuid dá hoiliúint. Seachas sin, áfach, níor luadh aon oiliúint eile nó aon fhorbairt ghairmiúil a cuireadh ar mhúinteoirí chun a bheith ag plé le daltaí i SLG nó i SLG DEIS. Pléadh an ualach a thit ar an múinteoir dul i dtaithí ar an gcóras agus leis an gcomhthéacs as a stuaim féin agus an obair dhian a bhain le hábhair a dhearadh as an nua toisc nach raibh siad ar fáil as Gaeilge. Phléigh múinteoir oideachais speisialta a bhí ar tí dul ar scoir na hiarrachtaí a rinneadh sa scoil thar na mblianta múinteoirí nuacháilithe a mhealladh chun cúrsaí ar riachtanais speisialta oideachais a dhéanamh chun cur lena gcuid feasachta a bheith ag plé le daltaí sa suíomh DEIS. Seo an méid a dúirt sí mar gheall ar phróifíl an mhúinteora a thagtaí chun na scoile:

> Is duine meánaicmeach an duine atá ag foghlaim, formhór den am is daoine meánaicmeacha iad … *so* cuid acu is beag tuiscint atá acu ar saol ár bpáistí ach tagann siad isteach air tapaidh go leor má bhíonn bá acu. (GFA MOS.1)

Tá sé riachtanach don mhúinteoir oideachais speisialta freastal ar chúrsa don fhorbairt ghairmiúil, dar leis an múinteoir céanna a dúirt "Tá géarghá ag teastáil leo san. Is dóigh liom gur bhfiú go mór cúrsa fairsing a bheith ar fáil don mhúinteoir tacaíochta foghlama atá ag tosnú air" (GFA MOS.1).

Chuir múinteoirí áirithe a gcuid díomá agus frustrachas in iúl go raibh easpa treorach ann dóibh siúd a bhí ag plé leis an tumoideachas agus go raibh ceisteanna acu faoin ndea-chleachtais:

> Tá saineolaithe uainn chomh maith, saineolaithe nach bhfuil ann chomh fada agus is eol domsa … ceapaim go bhfuil cur agus cúiteamh mar gheall air seo, cuirim ceist ar an-chuid daoine agus níl cur amach acu, níl siad róchinnte, níl cinnteacht ann, i dtaobh dea-chleachtas sa tumoideachas. (GFB MOS)

Cé gur léirigh na múinteoirí a ghlac páirt sa ghrúpa fócais a gcuid sástachta mar gheall ar Curaclam Teanga na Bunscoile (ROS, 2019), ní raibh aon taithí acu go fóill ar chur i bhfeidhm an churaclaim agus bhí cuid acu in amhras faoin bhfreastal a dhéanfadh an curaclam ar na SLG DEIS. Fuair cuid de na múinteoirí oiliúint ar an gCuraclam ach cuirfidís mórfháilte roimh tuilleadh oiliúna ar chur i bhfeidhm an churaclaim i suíomh Gaelscoile DEIS.

## 5.8 Dearcadh agus Nósanna na nDaltaí maidir le Labhairt na Gaeilge

Sonraíodh sna grúpaí fócais ar an iomlán go raibh dearcadh dearfach ag daltaí i leith na Gaeilge, a bheith ag foghlaim trí Ghaeilge agus í a labhairt, dar lena gcuid múinteoirí. Rinne scoil amháin plé ar an dinimic a bhí idir an scoil agus an baile ina raibh sí suite. Mhínigh na múinteoirí gurb iad na tuismitheoirí a bhunaigh an scoil sa chéad áit, faoi mar a tharla i gcás an-chuid SLG timpeall na tíre, agus go raibh dearcadh dearfach sa cheantar go traidisiúnta mar sin. "Tá cáil ar an scoil go dtugaimid cúram iomlán don dalta", a dúirt múinteoir oideachas speisialta amháin sa scoil agus ba léir ón gcuntas sa scoil ar an iomlán gur léirigh tuismitheoirí an bhaile meas ar an scoil tríd an teanga a úsáid le foireann na scoile nuair ab'fhéidir:

> Tá dearcadh maith i X, fiú siúl suas na sráide ansin, níl mórán áiteanna gur féidir siúl suas na sráide agus 'conas atá tú' a chloisteáil … úsáideann siad é i gcónaí má aithníonn siad gur as an scoil tú, beannaíonn siad duit i gcónaí trí Ghaeilge. Is áit beag go leor í … buaileann tú le tuismitheoirí i gcónaí agus beannaíonn siad as Gaeilge i gcónaí. (GFC MOS.1)

Pléadh chomh maith dár ndóigh na deacrachtaí comhréire agus foclóra a bhíodh ag daltaí i mbun labhairt na Gaeilge ach laghdaíodh ar na fadhbanna seo de réir mar a chuaigh siad ar aghaidh sa chóras tumoideachais, dar le múinteoirí an ghrúpa, agus níor chuir sé isteach mórán ar an dearcadh a bhí acu i leith úsáid na teanga.

Théadh formhór na ndaltaí ó scoileanna a ghlac páirt sna grúpaí fócais ar aghaidh chuig Gaelcholáiste nó Meánscoil lán-Ghaeilge. Bhí cás eisceachtúil ann i gcás scoil amháin

nach raibh aon Ghaelcholáiste sa cheantar agus fágadh an-chuid daltaí gan an rogha dul ar aghaidh chuig meánscoil lán-Ghaeilge. Dar leis na múinteoirí, bhraith daltaí go raibh rud éigin 'sa bhreis' acu má bhí siad ag foghlaim trí mheán na Gaeilge rud a spreag iad chun leanúint ar aghaidh sa chóras dá mb'fhéidir. Chuir sé ionadh orthu an dul chun cinn sa teanga cumarsáide a rinne na daltaí nuair a bhídís ag freastal ar Ghaelcholáiste tar éis na Gaelscoile.

> Ach an rud a chuireann ionadh orm i gcónaí ná nuair a thagann siad ar ais chuig an scoil agus tar éis a bheith sa mheánscoil ar feadh cúpla bliain ní aithneofá iad *you know* agus an Ghaeilge. *You know* fágann siad agus ceapann tú go bhfuil a cuid Gaeilge réasúnta agus iad ag fágáil *but* nuair a thagann siad ar ais bíonn siad go maith. (GFC MOS.1)

Chonacthas sna scoileanna seo gur chuir iarscoláirí na scoileanna a gcuid páistí chuig an SLG inar fhreastal siad féin agus ba léiriú é sin ar an meon seasmhach a mhair sna ceantair i leith na Gaelscolaíochta agus foghlaim trí Ghaeilge.

## 5.9 Caighdeán Teanga na nDaltaí

Tá sé pléite thuas agus tríd na tuairisce gur mórdhúshlán ab ea caighdeán lag na ndaltaí a bhíonn ag freastal ar SLG DEIS sa chéad teanga, sé sin an Béarla. De réir múinteoirí uile an taighde, bhíodh fadhbanna móra ag daltaí ar thosú sa scoil le bunstruchtúir na teanga agus go mbíodh "ganntanas nó bochtanas foclóra" ina ollfhadhb chomh maith (GFA). "Is dúshlán mór millteanach í an léitheoireacht" do dhaltaí i gceantar míbhuntáiste amháin, dar le taithí múinteoir oideachais speisialta a bhí ag plé leis na fadhbanna seo go fadtéarmach (GFA). "Ní léann tuistí leis na páistí sa bhaile agus tosaíonn an fhadhb ansin … ní bhíonn aon leabhair acu sa bhaile", a dúirt sí (GFA). Easpa tacaíochta ón mbaile ba chúis le han-chuid fadhbanna dar le múinteoir eile Gaelscoil DEIS Banda 1 a dúirt:

> Níl siad ag fáil an tacaíocht sa bhaile, ceapaim gur sin an rud is tábhachtaí. Gaeilge nó Béarla, níl siad ag fáil an tacaíocht. An t-aon cabhair atá siad ag?? fáil ná ar scoil. Níl aon dul chun cinn sa bhaile. Téann siad abhaile agus tagann siad ar ais *and it's like reset*! (GFD M3)

Tosaídís i scoil amháin ar rannta Béarla píosa beag sna Naíonáin Bheaga agus tagadh bearnaí eile chun solais nuair a tuigeadh i measc na múinteoirí nach raibh cur amach ag na daltaí ar na rannta ón mbaile:

> Sin dúshlán uafásach deacair dúinn nach gcloiseann siad na rannta sa Béarla, ní chloiseann siad sa bhaile is féidir leat a bheith cinnte faoi sin agus ní féidir linn iad a chur san áireamh *Hickory Dickory Doc* nó aon rud mar sin, níl siad cloiste acu … 90% acu níl *Hickory Dickory Doc* cloiste acu agus ní féidir leat mar sin a bheith ag brath ar *phonological awareness*. Dúshlán dúinn agus bímid i gcónaí ag cur agus ag cúiteamh, cad is féidir linn a dhéanamh, conas gur féidir linn an bearna a líonadh? (GFA MOS)

Faoi mar a pléadh thuas maidir le tacaíocht teanga, cuireadh an chuid is mó den tacaíocht ar fáil don Bhéarla a neartú toisc mórfhadhbanna a bheith aitheanta sa Bhéarla. Thug múinteoirí oideachais speisialta samplaí den chineál easpa teanga a bhíodh le sonrú i measc a gcuid daltaí ar scoil:

> Feicim os rud é go bhfuil naíonáin shinsear againn faoi láthair, níl siad in ann rud as Béarla a rá, *like* tá páiste amháin agam agus deireann sí '*her is this…'*, *she doesn't know how to say'she is this…'*, *so* tá mé ag iarraidh é sin a mhúineadh di (GFA MOS.2).
>
> Bhí cás amháin agam ina raibh dalta ag caint faoi 3 '*thing*' in aon abairt amháin, *'She put the thing in the thing on the thing'* agus bhí mé á rá *you know* 'cén '*thing*'? *What are you talking about?*'. Bhí siad ag iarraidh caint mar gheall ar scannán nó rud éigin agus ní raibh na focail acu *you know*. (GFC MOS.2)

Mhínigh na múinteoirí oideachais speisialta na dúshláin a cuireadh ós a gcomhair nuair a bhídís ag iarraidh freastal a dhéanamh ar na daltaí seo. Cuir i gcás roghnú leabhar nach mbeadh in oiriúint dóibh ó thaobh aoise de ach a roghnófaí dóibh bunaithe ar chaighdeán a gcuid teanga ach gan é sin a chur in iúl dóibh ar eagla go gcuirfeadh sé lagmhisneach orthu. Mar a chéile leis an triail a úsáidtí le leanaí mar seo, ní i gcónaí go mb'fhéidir triail ar nós MIST (*Middle Infant Screening Test*) a dhéanamh ag an leibhéal ina raibh an dalta ag feidhmiú ach ag an leibhéal inar aithin an múinteoir oideachais speisialta é/í. "Bíonn orainn a bheith solúbtha le rudaí mar sin an t-am ar fad", a deir duine de na múinteoirí oideachais speisialta. Éilíodh sa ghrúpa seo i gcomhair tuilleadh tacaíochta sa réimse seo chun an freastal cuí a dhéanamh ar dhaltaí a raibh easnaimh acu sa chéad teanga, cuir i gcás go mbeadh triail ar nós MIST nó fiú treoracha ar conas triail a chur in oiriúint do ghrúpaí nár thosaigh ar fhoghlaim fhoirmiúil an Bhéarla go dtí aois áirithe ar fáil do na múinteoirí agus do na daltaí seo (GFA).

Bhí an fhadhb seo níos measa i scoileanna áirithe ná a chéile ach ar an iomlán bhí sé ann go leibhéal áirithe i ngach aon scoil a ghlac páirt sna grúpaí fócais. I scoileanna nach raibh na fadhbanna chomh leathan céanna fós bhí daltaí aitheanta ann a bhí ag streachailt leis an gcéad teanga:

> Ní i gcónaí go mbíonn smacht acu ar an máthairtheanga, ní iad go léir ach cuid acu. *So,* cad a dhéanann tú, sin iad na daoine a bhíonn againn mar iarratasóirí do aisghabháil na litearthachta. Sin iad na daoine nach n-éiríonn sa chóras leo *even* leis an aisghabháil dul go dtí an spriocphointe, tá an-chuid teanga de bhéal de dhíth orthu fós sa mháthairtheanga… (GFB MOS)

Ba léir ó chaint na múinteoirí go mbíonn buairt orthu mar gheall ar inniúlacht lag sa mháthairtheanga atá an-choitianta i scoileanna atá lonnaithe i gceantair mhíbhuntáiste agus arís nach raibh aon chóras rialaithe curtha i bhfeidhm chun dul i ngleic leis na fadhbanna seo, rud a chothaigh an-chuid dúshlán do mhúinteoirí. Sheas na dúshláin seo iontu féin gan fiú trácht a dhéanamh ar a chasta is ar éirigh an scéal nuair a cuireadh caighdeán Gaeilge na ndaltaí san áireamh.

Ar an iomlán, tuairiscíodh i measc mhúinteoirí caighdeán Gaeilge na ndaltaí a bheith ceart go leor i SLG DEIS agus é a bheith níos fearr ná an meán go náisiúnta. Pléadh na deacrachtaí a bheifí ag súil leo i gcás sealbhú an dara teanga ar nós idirtheanga, comhréir na céad teanga a chur i bhfeidhm ar úsáid an dara teanga agus códmheascadh. Luadh i scoil amháin áfach go mbíodh dátheangachas dealaitheach i gceist uaireanta i gcás cúrsaí foclóra ina mbíodh an foclóir ag an dalta sa dara teanga ach nach mbíodh sé aige sa chéad teanga – nó nach gcuimhníodh sé air. Gach seans go dtrasnóidh an foclóir sin ar ball de réir a bhí breis teagmhála ag an dalta sin leis an mBéarla.

## 5.10 Conclúid

Cuireadh próifíl na múinteoirí i láthair ag tús na caibidle seo. Léiríodh go raibh ar an meán níos lú blianta de thaithí ag múinteoirí SLG DEIS ná mar a bhí ag múinteoirí i SLG go ginearálta. Sonraíodh ráta ard buaine i measc múinteoirí an staidéir (os cionn 80%). Ba é teastas (anuas ar an mbunchálíocht mhúinteoireachta) an cháilíocht ba mhó a bhí bainte amach ag múinteoirí (35% acu) agus bhí M.Oid./M.A. (Oid.) bainte amach ag 20%. Sonraíodh an ráta ab'ísle de mhuinín i leith daltaí le deacrachtaí foghlama i léamh an Bhéarla a aithint agus a bheith ag plé le daltaí le riachtanais speisialta don mhatamaitic.

Sonraíodh deacrachtaí le múineadh na matamaitice ar nós easpa teanga na ndaltaí, teanga casta na leabhar, cúrsaí téarmaíochta agus easpa acmhainní as Gaeilge. Níor thuairiscigh aon mhúinteoir rang a Trí an mata a mhúineadh trí mheán an Bhéarla amháin agus chuir líon beag mhúinteoirí (9.1%) in iúl go n-úsáidtear an Béarla amháin do mhúineadh na matamaitice ag leibhéal rang a Sé. Thuairiscigh múinteoirí go leor ama a chaitheamh ar ábhar a dhearadh iad féin toisc líon na n-acmhainní Gaeilge a bhí ar fáil agus oiriúnach do leibhéal cumais agus spéiseanna na ndaltaí i SLG DEIS a bheith teoranta agus caighdeán na Gaeilge sna téacsleabhair a bheith róchasta.

Pléadh sa chaibidil seo na téamaí is mó a aithníodh i gcuntais na múinteoirí de réir na hanailíse cháilíochtúil a rinneadh orthu. Aithníodh 'Tacaíocht Foghlama agus Teanga' ar an téama ba mhó a rinne múinteoirí plé air le linn an taighde.

Bhíothas ag brath go láidir ar na trialacha caighdeánacha chun daltaí le deacrachtaí foghlama a aithint ach ní raibh múinteoirí iomlán sásta maidir lena n-úsáid chun forbairt an pháiste a thomhas in-ranga go leanúnach. Tar éis do pháistí le deacrachtaí foghlama tacaíocht teanga/ foghlama a fháil, chonacthas gur tharla forbairt go mall i gcás páistí a raibh diandheacrachtaí acu ach go mbíodh ardú féinmhuiníne agus tuiscint ar ábhar le tabhairt faoi deara i measc na bpáistí.

Ba fhíorbheag é céatadán na ndaltaí a bhí ag fáil tacaíochta teanga don Ghaeilge (0.5%) i SLG DEIS Banda 1 agus ní raibh aon dalta i SLG DEIS Banda 2 ag fáil tacaíochta teanga don Ghaeilge. Ba mhinic a cuireadh tacaíocht ar fáil trí Ghaeilge don mhata agus ba é cinneadh na scoile í seo ach ba mhór idir tacaíocht don Ghaeilge agus tacaíocht trí Ghaeilge. Ba go dátheangach a cuireadh tacaíocht don léitheoireacht ar fáil don chuid is mó (57.9%). Ba bheag tacaíochta don léitheoireacht (5.3%) a cuireadh ar fáil trí mheán na Gaeilge amháin.

Ba líonmhaire i bhfad iad líon na ndaltaí a bhí ag fáil tacaíochta foghlama don Bhéarla (15.8%) agus don Mhata (15.9%) i SLG DEIS i gcomparáid le líon beag na ndaltaí a bhí ag fáil tacaíochta foghlama don Ghaeilge (1.7%). Bhí céatadáin níos airde de bhuachaillí ag fáil tacaíochta foghlama don Bhéarla agus don Mhata ná mar a bhí cailíní.

Ba chosúil gur cuireadh tacaíocht trí mheán an Bhéarla ar fáil toisc na ndeacrachtaí a aithníodh le caighdeán Béarla na ndaltaí i gceantair mhíbhuntáiste agus iad ag tosú ar scoil. Chuir múinteoirí fáilte roimh Curaclam Teanga na Bunscoile (ROS, 2019) a chur i bhfeidhm agus na buntáistí a bhainfeadh le freastal ar an dá theanga go comhtháite ach bhí roinnt amhras fós ar mhúinteoirí maidir le praiticiúlacht an chur chuige seo i SLG DEIS. Úsáideadh go leor scéimeanna agus idirghabhálacha chun treisiú a dhéanamh ar an litearthacht i SLG DEIS: *Literacy Leap, Oxford Reading Tree, Toe by Toe, Reading Recovery, First Steps.*

Dúirt 80% de mhúinteoirí gurb é an aistarraingt ón rang mar ghrúpa an cur chuige ba mhó a úsáideadh i SLG DEIS i rang a Trí agus a Sé don mhata agus don Bhéarla.

Ba é an dúshlán ba mhó do mhúinteoirí ó thaobh tacaíochta a thabhairt do dhaltaí le deacrachtaí foghlama ná easpa ama ach chuir sé isteach 'go mór' ar mhúinteoirí 'gan an chomhairle sna tuairiscí ó ghníomhaireachtaí mar NEPS a bheith oiriúnach do chomhthéacs an ranga dhátheangaigh' agus chuir 'ísealchumas ag daltaí sa teanga labhartha – Gaeilge' isteach 'go mór' ar 31.6% de mhúinteoirí.

Ba mhór an dúshlán é do mhúinteoirí i SLG DEIS tuismitheoirí a chur ar a suaimhneas agus a chur in luí orthu go raibh an suíomh oiriúnach dá bpáistí, ach go háirithe iad siúd a raibh deacrachtaí foghlama acu. Ba mhinic an gnáth-thuismitheoir a bheith ar bheagán Gaeilge agus easpa tacaíochta do chúrsaí oideachais a bheith ag teacht ón mbaile ach bhí scoileanna ag déanamh iarrachta feasacht a ardú i measc tuismitheoirí agus bhí ardú muiníne i measc mhúinteoirí maidir le mórcheisteanna tuismitheoirí a fhreagairt, ach go háirithe aon mhúinteoir a raibh oiliúint bhreise curtha orthu.

Maidir le hoiliúint, bhraith an-chuid múinteoirí go raibh bearnaí sa bhunoiliúint a cuireadh ar mhúinteoirí sa chaoi is nár ullmhaíodh ábhar múinteoirí chun a bheith ag feidhmiú i suíomh lán-Ghaeilge nó i scoil DEIS. Mhol siad tuilleadh béime ar an gcomhthéacs le linn oiliúna. Dar leis na múinteoirí, níorbh ionann an comhthéacs Gaelscoil DEIS agus aon chomhthéacs eile toisc na ndeacrachtaí saoil, bearnaí i sealbhú na máthairtheanga agus líon na ndaltaí a mbíodh deacrachtaí foghlama acu – thart ar duine as gach cúigear – i SLG DEIS.

# 6 TORTHAÍ GNÓTHACHTÁLA

## 6.1 Réamhrá

Nochtar sa chaibidil seo gnóthachtáil dhaltaí rang a Trí agus a Sé i SLG DEIS a ghlac páirt sa staidéar reatha. Déantar comparáid idir a éiríonn leis na daltaí seo agus a gcomhpháirtithe i scoileanna náisiúnta DEIS ar na trialacha céanna a riaradh i scoileanna DEIS go náisiúnta i 2016. Déantar plé sa chéad áit ar ghnóthachtáil i léamh an Bhéarla ina dtabharfar sonraí de réir leibhéal ranga agus de réir Banda DEIS. Ina dhiaidh sin, pléitear gnóthachtáil sa mhatamaitic agus a léiríonn na torthaí faoi léiriú foghlama dhaltaí i SLG DEIS san ábhar seo. Ina dhiaidh sin, dírítear ar an nGaeilge.

## 6.2 Gnóthachtáil i Léamh an Bhéarla

Nuair a rinneadh anailís ar na meánscóir do léamh an Bhéarla de réir ranga agus cineál scoile chun léargas a fháil ar conas a bhí ag éirí le daltaí i SLG DEIS i gcomparáid lena bpiaraí i scoileanna DEIS go náisiúnta, cuireadh pictiúr fíorspéisiúil in iúl. I scoileanna Banda 2, bhí meánscóir níos airde go suntasach ag SLG DEIS ná mar a bhí ag DEIS go náisiúnta ag leibhéal rang a Trí a fhanann seasmhach go dtí rang a Sé, cé nach raibh an difríocht suntasach ag leibhéal rang a Sé. Léirigh na meánscóir ar an iomlán do Bhanda 1 scéal dearfach go raibh ag éirí níos fearr le daltaí i SLG DEIS ó thaobh léamh an Bhéarla de faoi dheireadh na bunscolaíochta. Ní raibh an scéal chomh dearfach céanna ag leibhéal rang a Trí ina raibh SLG DEIS ar chúl ar DEIS go náisiúnta go suntasach ó thaobh meánscóir de.

**Tábla 6.1:** Meánscóir dhaltaí i Léamh an Bhéarla, de réir banda DEIS agus rang leibhéal – Measúnú DEIS 2016 go náisiúnta agus SLG DEIS 2017

| | Banda 1 | | Banda 2 | |
|---|---|---|---|---|
| | Rang a Trí | Rang a Sé | Rang a Trí | Rang a Sé |
| SLG DEIS 2017 | 93 | **95** | **101** | 99 |
| DEIS 2016 | 94 | **92** | **98** | 97 |

Tá **cló trom** ar na meánscóir a bhfuil difíocht suntasach staitistiúil eatarthu. Féach Aguisín B, Táblaí A6.1, A6.2, A6.3


Insítear scéal sna torthaí seo, áfach, go bhfuil impleacht ag cúinsí an tumoideachais ar ghnóthachtáil na ndaltaí i SLG DEIS Banda 1, sa chaoi is go bhfuil moill forbartha ann fhad is atá daltaí sna SLG DEIS ag dul i ngleic le foghlaim trí mheán na Gaeilge agus go bhfuil deacrachtaí suntasacha acu sa Bhéarla sna ranganna sa tsraith shóisearach den bhunscoil. Laghdaítear go mór ar an mbearna seo faoi rang a Sé, áfach, nuair a théitear i dtaithí ar a bheith ag foghlaim trí mheán an dara teanga agus ar an déliteartacht.

Caithfear tabhairt faoi deara chomh maith go bhfuil na meánscóir a ghnóthaigh daltaí i scoileanna DEIS go náisiúnta (DEIS 2016) agus Scoileanna Lán-Ghaeilge DEIS (2017) lag go leor – iad go léir faoin meánscór náisiúnta ar an trial (100 pointe) ach amháin SLG DEIS i mBanda 2. Léiríonn sé seo an dúshlán maidir leis an mBéarla i scoileanna DEIS go ginearálta agus scoileanna i mBanda 1 ach go háirithe.

Nuair a rinneadh anailís ar chéatadán na ndaltaí a bhí ag nó faoi bhun an 10ú peircintíl, léiríodh scéal ar an nós céanna leis an gceann thuas. Cé go raibh níos mó daltaí laga a bhí ag nó faoi bhun an 10ú peircintíl i rang a Trí SLG DEIS Banda 1 ná mar a bhí sa sampla DEIS go náisiúnta, laghdaíodh go mór ar an mbearna faoi rang a Sé ina raibh leath an chéatadáin de dhaltaí ag nó faoi bhun an 10ú peircintíl (10.1%) is a bhí ag leibhéal rang a Trí (20.2%). Cé go raibh laghdú mór le sonrú anseo faoi rang a Sé, caithfear mar sin féin aird a thabhairt ar

líon ard na ndaltaí laga ag leibhéal rang a Trí i SLG DEIS i léamh an Bhéarla. I mBanda 2, bhí níos lú daltaí ag nó faoi bhun an 10ú peircintíl ag an dá rang leibhéal ná mar a bhí sa sampla náisiúnta DEIS.


**Figiúr 6.1:** Céatadán na nDaltaí ag nó faoi bhun an 10ú Peircintíl i léamh an Bhéarla, de réir leibhéal ranga agus Banda DEIS – Measúnú DEIS 2016 agus SLG DEIS 2017 (Féach Aguisín B Tábla A6.4)




Léirigh sonraí maidir le céatadán na ndaltaí a bhí ag nó os cionn an 90ú peircintíl scéal dearfach go raibh céatadán níos airde de dhaltaí ag an dá rang leibhéal agus ag an dá bhanda i SLG DEIS ná mar a bhí ag scoileanna DEIS go náisiúnta ó thaobh léamh an Bhéarla de. I bhfocal eile, bhí níos mó daltaí i SLG DEIS go ginearálta a bhí ag baint na scóir is airde amach i dtrialacha caighdeánaithe do léamh an Bhéarla ná mar a bhí i scoileanna DEIS go náisiúnta. Is toradh suntasach é seo i gcomhthéacs an tumoideachais i gceantair mhíbhuntáiste ina bhfuil daltaí SSE íseal le deacrachtaí móra sa Bhéarla ag foghlaim go dátheangach agus i gcásanna áirithe ag tosú níos déanaí ar léamh an Bhéarla. Tá léiriú sna torthaí go raibh ag éirí leis na daltaí sna SLG DEIS sa taighde seo in ainneoin na ndúshlán a bhain leis an gcomhthéacs agus go raibh siad ag baint tairbhe as deiseanna an tumoideachais.


Ag an am céanna, caithfear a bheith buartha nach bhfuil ach 1.6% de dhaltaí i scoileanna DEIS Banda 1 ag feidhmiú ar leibhéal ard ag deireadh Rang a Trí, i comparáid le 10% de dhaltaí go náisiúnta nuair a rinneadh an triail a chaighdeánú.

**Figiúr 6.2:** Céatadán na nDaltaí ag nó os cionn an 90ú Peircintíl i léamh an Bhéarla, de réir leibhéal ranga agus Banda DEIS – Measúnú DEIS 2016 agus Gaelscoileanna faoi Mhíbhuntáiste (SLG DEIS) 2017 (Féach Aguisín B, Tábla A6.4 le haghaidh tuilleadh eolais)



Cé go raibh na cailíní i Rang a 3 i mBanda 1 beagáinín chun tosaigh sa léitheoireacht, agus na buachaillí i Ranganna 3 agus 6 i mBanda 2 beagáinín chun tosaigh chomh maith, ní raibh aon cheann de na difríochtaí suntasach (féach Tábla A6.6, Aguisín B). Tá na torthaí seo ag teacht le torthaí na measúnachtaí DEIS go náisiúnta – mar shampla, ní raibh aon difríochtaí suntasacha idir cailíní agus buachaillí in aon cheann de na rang leibhéil a scrúdaíodh in 2016 (sin, ranganna 2, 3, 5 agus 6, féach Kavanagh & Weir, 2018).

**Figiúr 6.3:** Meánscóir na gcailíní agus na mbuachaillí – Measúnú DEIS 2016 agus SLG DEIS 2017 (Féach Aguisín B, Táblaí A6.5, A6.6)




Chomh maith le torthaí ar Thriail DEIS sa léamh Béarla, bhí teacht ar thorthaí na scoileanna ar na trialacha a dhéantar ó bhliain go bliain (m.sh., Micra-T, Drumcondra Primary Reading Test). Feictear na meánscóir a ghnóthaigh daltaí Rang a Trí (nuair a bhí siad ag deireadh Rang a Dó i 2016), agus daltaí Rang a Sé (nuair a bhí siad ag deireadh Rang a Cúig i 2016).

Tá sé le tabhairt faoi ndeara nach raibh ag éirí chomh maith le daltaí Rang a Trí sna scoileanna lán-Ghaeilge DEIS i mBanda 1 (meánscór = 93), i gcomparáid leis an rangleibhéal céanna i scoileanna i mBanda 2 (105). Tá bearna mhór chomh maith idir meánscóir dhaltaí Rang a Sé i mBanda 1 (91) agus Band 2 (100).

Tá sé suimiúil go bhfuil na meánscóir a ghnóthaigh daltaí sna scoileanna lán-Ghaeilge DEIS sna gnáth-thrialacha scoile cóngarach go leor dá scóir ar an trial a úsáideadh mar chuid den taighde seo (sé sin, The Drumcondra Sentence Test) (féach Tábla 5.1 thuas). Ach caithfear tabhairt faoi ndeara go bhfuil na noirm dos na gnáth-thrialacha agus an Drumcondra Sentence Test as dáta faoin am seo, agus tá an chaighdeán náisiúnta níos airde ná mar a bhí sé deich mbliana ó shin (féach DES, 2016). Mar sin, seans go bhfuil meánscóir dhaltaí i nGaelscoileanna faoi míbhuntáiste níos ísle ná mar a léirítear i dTábla 6.2 i gcomparáid le daltaí go náisiúnta.

**Tábla 6.2:** Meánscóir dhaltaí i Léamh an Bhéarla i SLG DEIS, de réir banda DEIS agus rang leibhéal ar Ghnáth-thrialacha na Scoile – 2016

| | Rang a Trí | Rang a Sé |
|---|---|---|
| Banda 1 | 93 | 91 |
| Banda 2 | 105 | 100 |
| Iomlán | 102 | 98 |

(Féach Aguisín B, Tábla A6.7)

## 6.3 Gnóthachtáil sa Mhatamaitic

San anailís a rinneadh ar mheánscóir don mhata i SLG DEIS, bhíothas in ann comparáid a dhéanamh idir a raibh ag éirí le daltaí i SLG DEIS sa mhatamaitic, de réir mar a léirigh meánscóir sna trialacha caighdeánaithe é i 2017, i gcomparáid le daltaí a bhí ag freastal ar

scoileanna DEIS go náisiúnta agus a rinne na trialacha céanna i 2016. Arís nuair a rinneadh comparáid de réir rang leibhéil agus cineál scoile, chonacthas go raibh bearna suntasach le tabhairt faoi deara idir a ghnóthaigh daltaí SLG DEIS i Rang a Trí Banda 1 (meánscór = 90) agus daltaí i scoileanna DEIS go náisiúnta i Rang a Trí (97). Mar a léiríonn Tábla 6.3 thíos, bhí na difríochtaí eile (Rang a Trí, Band 1, Rang a Sé, Bandaí 1 agus 2) an-bheag agus gan aon cheann díobh suntasach go staitistiúil ach amháin an difríocht i rang a Trí Banda 1.


**Tábla 6.3:** Meánscóir dhaltaí sa mhatamaitic, de réir banda DEIS agus rang leibhéal - Measúnú DEIS 2016 agus SLG DEIS 2017

| | Banda 1 | | Banda 2 | |
|---|---|---|---|---|
| | Rang a Trí | Rang a Sé | Rang a Trí | Rang a Sé |
| SLG DEIS 2017 | **90** | 94 | 98 | 98 |
| DEIS 2016 | **97** | 93 | 100 | 99 |

Tá **cló trom** ar na difríochtaí sna torthaí gnóthachtála atá suntasach go staitistiúil. (Féach Aguisín B, Táblaí A6.8, A6.9 agus A6.10.)

Arís, d'fhéadfaí a rá go mbaineann an bhearna shuntasach i rang a Trí Banda 1 agus an laghdú air faoi dheireadh na bunscoile le moill forbartha sa chóras tumoideachais ach ar anailís níos doimhne ar chéatadán na ndaltaí atá ag nó faoi bhun an 10ú peircintíl feictear go soiléir go raibh céatadán níos airde de dhaltaí laga sa mhatamaitic ag an dá rang leibhéal sa dá bhanda. B'fhíor seo ach go háirithe arís ag leibhéal rang a Trí Banda 1 ina raibh dhá oiread an chéatadáin de dhaltaí ag nó faoi bhun an 10ú peircintíl ná daltaí i scoileanna DEIS go ginearálta. Ba chéatadán thar a bheith ard é seo de dhaltaí a bhí ag nó faoi bhun an 10ú peircintíl, sé sin 32.5% de dhaltaí i rang a Trí SLG DEIS Banda 1 i gcomparáid le 15.7% de dhaltaí a bhí ag nó faoi bhun an 10ú peircintíl i scoileanna DEIS go náisiúnta.


**Figiúr 6.4:** Céatadán na nDaltaí ag nó faoi bhun an 10ú Peircintíl sa mhatamaitic, de réir leibhéal ranga agus Banda DEIS– Measúnú DEIS 2016 agus SLG DEIS 2017 (Féach Aguisín B, Tábla A6.11)




Tá an figiúr seo an-ard agus is léiriú é ar na deacrachtaí a bhaineann le gnóthachtáil sa mhatamaitic i SLG DEIS. D'fhéadfadh na torthaí laga a bheith bainteach le foghlaim na matamaitice trí mheán an dara teanga nó d'fhéadfaidís a bheith mar thoradh ar an mbéim a chuirtear ar chúrsaí litearthachta thar uimhearthacht sna scoileanna. Ní mór a mheabhrú chomh maith anseo, áfach, go raibh an scéal níos measa i scoileanna áirithe ná a chéile agus go bhféadfadh sé sin na meánscóir ar an iomlán a tharraingt anuas. Bheadh idirghabháil indibhidiúil inmholta mar sin chun freastal ar na deacrachtaí móra agus ar an ngéarghá le tacaíocht agus idirghabháil don uimhearthacht i scoileanna indibhidiúla anuas ar na riachtanais i SLG DEIS ar an iomlán.

Maidir le céatadán na ndaltaí atá ag ná ós cionn an 90ú peircintíl, léiríonn sonraí go raibh céatadán níos ísle de dhaltaí go suntasach i SLG DEIS ná mar a bhí i scoileanna DEIS go náisiúnta. B'fhíor é seo sa dá bhanda, ach níos feiceálaí fós i mBanda 1 ina raibh 0.8% de dhaltaí i rang a Trí Banda 1 ag nó os cionn an 90ú peircintíl i gcomparáid le 11.1% de dhaltaí sa sampla DEIS go náisiúnta. B'ionann an scéal ag leibhéal rang a Sé, cé nach raibh sé chomh láidir céanna, ina raibh 2.3% de dhaltaí i SLG DEIS ag nó os cionn an 90ú peircintíl i gcomparáid le 7.2% de dhaltaí i scoileanna DEIS go náisiúnta.

**Figiúr 6.5:** Céatadán na nDaltaí ag nó os cionn an 90ú Peircintíl sa mhatamaitic, de réir leibhéal ranga agus Banda DEIS– Measúnú DEIS 2016 agus SLG DEIS 2017 (Féach Aguisín B, Tábla A6.11 le haghaidh tuilleadh eolais)





I staidéar NAIMS '10 (Gilleece et al., 2012), tuairiscíodh fianaise go raibh an mhatamaitic níos ísle i SLG go ginearálta ná mar a bheifí ag súil leis nuair a cuireadh SSE ard na ndaltaí san áireamh. Mar an gcéanna leis sin, bhí deacrachtaí sa mhatamaitic le sonrú sa staidéar reatha i SLG DEIS nuair a cuireadh SSE íseal na ndaltaí san áireamh. Tá léiriú agus fianaise an-soiléir sna torthaí seo go bhfuil géar-riachtanais le tacaíocht agus idirghabhálacha don mhatamaitic chun freastal ar an uimhearthacht ar an mbonn céanna le litearthacht. Tá géarghá chomh maith le freastal a dhéanamh ar dhaltaí cumasacha i SLG DEIS uaschumas a bhaint amach sa mhatamaitic.

I gcás na matamaitice, ghnóthaigh buachaillí meánscóir ní ba airde ag leibhéal rang a Trí sa dá Bhanda agus ag leibhéal rang a Sé Banda 2 (cé nach bhfuil an difríocht chomh mór céanna anseo). Murab ionann leis an léitheoireacht, ní raibh aon difríochtaí suntasacha idir cailíní agus buachaillí ag ceachtar rang leibhéil nó banda (féach Aguisín B, Tábla A6.13). Luíonn an toradh seo le measúnachtaí DEIS go náisiúnta i 2016 (féach Kavanagh & Weir, 2018, Tábla 4.1).

Chomh maith le torthaí ar Thriail DEIS sa mhatamaitic, bhí teacht ar thorthaí na scoileanna ar na trialacha a dhéantar ó bhliain go bliain (m.sh., SIGMA-T, Drumcondra Primary Mathematics Test). Feictear na meánscóir a ghnóthaigh daltaí Rang a Trí (nuair a bhí siad ag deireadh Rang a Dó i 2016), agus daltaí Rang a Sé (nuair a bhí siad ag deireadh Rang a Cúig i 2016) ar na trialacha seo (Tábla 6.4). Caithfear a bheith cúramach agus na meánscóir le haghaidh DEIS Banda 1 á mheas mar ní raibh torthaí ar fáil ach do 26 dalta i Rang a Trí agus 48 dalta i Rang a Sé. De bharr seo, ní raibh mórán tionchar ag daltaí i scoileanna i mBanda 1 ar na scóir iomlána.

**Figiúr 6.6:** Meánscóir don Mhatamaitic i SLG DEIS de réir inscne




Féach Aguisín B, Tábla A6.12, A5.13

Mar sin féin, tá sé le tabhairt faoi deara nach bhfuil ag éirí chomh maith le daltaí Rang a Trí sna scoileanna lán-Ghaeilge DEIS i mBanda 1 (meánscór = 93), i gcomparáid leis an rangleibhéal céanna i scoileanna i mBanda 2 (103). Tá bearna mhór chomh maith idir meánscóir dhaltaí Rang a Sé i mBanda 1 (95) agus Band 2 (100). Tá na torthaí seo cóngarach go leor do na torthaí ar thrialacha DEIS (féach Tábla 5.3 thuas), le bearnaí móra idir daltai ag freastal ar scoileanna i mBanda 1 agus 2.

**Tábla 6.4:** Meánscóir Dhaltaí sa Mhatamaitic, de réir Banda DEIS agus Rang Leibhéal ar Ghnáth-thrialacha na Scoile – 2016

| | Rang a Trí | Rang a Sé |
|---|---|---|
| Banda 1 | 93 | 95 |
| Banda 2 | 103 | 100 |
| Iomlán | 102 | 99 |

Féach Aguisín B, Tábla A6.14

## 6.4 Meánscóir de réir Innéacs Míbhuntáiste DEIS

Tugann an t-innéacs míbhuntáiste eolas dúinn an bhfuil scoil os cionn nó faoi an meánscór náisiúnta DEIS. Tá na meánscóir DEIS bunaithe ar shonraí a bailíodh i 2014 ó scoileanna DEIS go náisiúnta maidir le fostaíocht, cártaí leighis srl. Dá airde is atá an meánscór DEIS ag an scoil is ea is mó míbhuntáiste atá bainteach leis an scoil de réir an innéacs (Féach Weir & Denner, 2015). An meánscór atá ann do Bhanda 2 ná 196.7 (féach an líne dearg i bhFigiúirí 6.7 go 6.10 thíos[14]) agus an meánscór atá ann do Bhanda 1 ná 271.0 (féach an líne gorm i bhFigiúirí 6.7 go 6.10). Má tá scóir níos airde ag scoil, ag brath ar bhanda na scoile, ciallaíonn sé sin go bhfuil leibhéal níos airde de mhíbhuntáiste bainteach leis an scoil áirithe sin. Glactar leis an meánscór DEIS ar an innéacs míbhuntáiste mar athróg ionadaíoch míbhuntáiste sa staidéar reatha. Tabhair faoi deara i bhFigiúirí 6.7 go 6.10 thíos go seasann an spota dearg/gorm don mheánscór míbhuntáiste DEIS na scoile agus go seasann an uimhir atá tugtha in aice leis do mheánscóir na scoile do léamh an Bhéarla nó don mhatamaitic.


Nuair a chuirtear scóir DEIS na scoileanna i gcomparáid leis na meánscóir a ghnóthaíonn siad sna trialacha caighdeánaithe, tugtar léargas luachmhar ar conas atá ag éirí le gach scoil go hindibhidiúil, ag tabhairt aird ar leibhéal míbhuntáiste na scoile. Bheifí ag súil le meánscóir níos ísle i gcás scoileanna le meánscóir DEIS níos airde ná an meán náisiúnta.

14 Tabhair faoi deara nach dtugann na meánscóir ar an Innéacs Míbhuntáiste líon na ndaltaí sna scoileanna faoi leith atá i gceist.

Léirítear go bhfuil dhá scoil ach go háirithe a bhfuil meánscóir DEIS ard acu agus meánscóir i léamh an Bhéarla íseal acu. Tóg mar shampla an scoil i bhFigiúr 6.7 thíos a bhain meánscór de 92.3 pointe amach sa triail chaighdeánaithe i léamh an Bhéarla agus a bhfuil meánscór DEIS de 326.6 ag an scoil – i bhfad ar dheis den líne gorm a sheasann ag 273.1 do DEIS Banda 1. Níos tromchúisí fós ná an scoil atá níos faide ar dheis arís agus a bhfuil meánscór DEIS de 350 acu agus a bhain amach meánscóir de 87.2 pointe sa triail chaighdeánaithe do léamh an Bhéarla. Tá meánscóir ísle le sonrú chomh maith sna scoileanna eile i nDEIS Banda 1 atá níos cóngaraí don mheánscóir ar innéacs DEIS – na scoileanna úd a bhain amach meánscóir de 86.7 agus 93.4 pointe. Feictear i gcás an dá scoil eile i mBanda 1 go bhfuil siad ar thaobh na láimhe clé den líne gorm – sé sin go bhfuil leibhéal míbhuntáiste níos ísle acu – agus gur ghnóthaigh siad meánscóir níos airde do léamh an Bhéarla (101.3 agus 100.3). Tá sé an-tábhachtach a mheabhrú áfach, cé go bhfuil na meánscóir seo níos airde ná mar a ghnóthaigh scoileanna eile agus tá siad os cionn 100, tá scóir faoi 100 ag thart ar leath na scoileanna go naisiúnta.

Feictear i gcás Banda 2 (líne dearg) go bhfuil na scoileanna go léir níos cóngaraí don mheánscóir ar an innéacs DEIS agus go bhfuil na scóir don léitheoireacht níos airde ar an iomlán. Léirítear i gcás dhá scoil atá ar chlé den líne dearg (SSE níos airde acu) gur bhain siad amach meánscóir 103.7 agus 108.6 pointe.


**Figiúr 6.7:** Gaol idir scór na scoile ar Innéacs Míbhuntáiste DEIS agus meánscór na scoile i Léamh an Bhéarla – Rang a Trí – SLG DEIS 2017




Feictear chomh maith, áfach, go bhfuil scór níos airde ar innéacs DEIS ag an scoil a ghnóthaigh meánscór 106.6 ná mar atá ag an scoil a ghnóthaigh meánscór 103.7.


Feictear an gaol céanna idir scór na scoile ar innéacs DEIS agus meánscór na scoile sa léitheoireacht i Rang a Sé (Figiúr 6.8). Is í an comhéifeacht chomhchoibhnis sa chás seo ná -0.71.

**Figiúr 6.8:** Gaol idir scór an scoile ar Innéacs Míbhuntáiste DEIS agus meánscór na scoile i Léamh an Bhéarla – Rang a Sé – SLG DEIS 2017





Léiríonn Figiúr 6.9 an réimse leathan sa mhatamaitic ag rang a Trí. Feictear go leathnaíonn meánscóir na scoileanna i mBanda 1 ó 78.8 go 100.1, agus ó 93.5 go 108.2 i mBanda 2. Tá scór níos ísle ar innéacs DEIS ag an scoil le meánscóir 78.8 sa mhatamaitic ná mar atá ag trí scoil le meánscóir níos airde sa mhatamaitic. Is í an comhéifeacht chomhchoibhnis sa chás seo ná -0.56. Léiríonn sé seo go mb'fhéidir go bhfuil gnéithe eile bainteach le gnóthachtáil sa mhatamaitic chomh maith le meán-socheacnamaíochta na scoile ag an rangleibhéal seo

**Figiúr 6.9:** Gaol idir scór na scoile ar Innéasc Míbhuntáiste DEIS agus meánscór na scoile sa Mhatamaitic – Rang a Trí – SLD DEIS 2017




Feictear i bhFigiúr 6.10 go bhfuil gaol láidir idir innéacs DEIS na scoile agus an meánscór sa mhatamaitic i Rang 6. Tá na meánscóir sa mhatamaitic cóngarach go leor (idir 91.1 agus 99.2). The réimse níos leithne i mBanda 2 (idir 91.6 agus 109.2). Tá na meánscóir sa mhatamaitic cóngarach go leor don líne cúlchéimnithe. Is í an comhéifeacht chomhchoibhnis sa chás seo ná -0.70 (mar an gcéanna le Ranganna 2 agus 6 sa léitheoireacht, agus níos airde ná Rang 3 sa mhatamaitic (-0.56).

**Figiúr 6.10:** Gaol idir scór na scoile ar Innéasc Míbhuntáiste DEIS agus meánscór na scoile sa Matamaitic – Rang a Sé – SLD DEIS 2017




Léiríonn Tábla 6.5 thíos go bhfuil meánscór na matamaitice i scoileanna Banda 1 thíos leis go mór i gcomparáid le léamh an Bhéarla (88.9 vs. 93.5). Tá diall caighdeánach 8.11 ann don mhata i mBanda 1 a chiallaíonn go bhfuil raon leathan de mheánscóir ag na scoileanna éagsúla thar an mbanda – cuid acu a bhfuil caighdeán ard iontu agus cuid acu a bhfuil caighdeán íseal iontu. Ag Banda 2, tá meánscór níos airde ag na scoileanna do léamh an Bhéarla (102.0) agus don mhata (99.6) agus feictear go bhfuil an mata fós taobh thiar i gcomparáid le léamh an Bhéarla.

**Tábla 6.5:** Meánscór na scoileanna ag rang a Trí de réir Banda DEIS agus ar an iomlán (SLG DEIS 2017)

| Rang a Trí | Léamh an Bhéarla | Matamaitic |
|---|---|---|
| Banda 1 | | |
| Meánscór | 93.5 | 88.9 |
| Diall Caighdeánach | 6.24 | 8.11 |
| Banda 2 | | |
| Meánscór | 102.0 | 99.6 |
| Diall Caighdeánach | 4.30 | 5.09 |
| Iomlán | | |
| Meánscór | 98.1 | 94.7 |
| Diall Caighdeánach | 6.7 | 8.44 |

I gcás rang a Sé, feictear i dTábla 6.6 go bhfuil laghdú ar an mbearna ghnóthachtála idir léamh an Bhéarla agus an mhata i mBanda 1 ach go bhfuil an mata fós dhá phointe taobh thiar ó thaobh meánscór de i gcomparáid le léamh an Bhéarla. Níl mórán de dhifríocht le sonrú idir ghnóthachtáil sa mhata agus i léamh an Bhéarla i mBanda 2 a léiríonn go bhfuil na difríochtaí a aithníodh ag leibhéal rang a Trí sáraithe faoi rang a Sé. Cuireann an diall caighdeánach atá níos airde i mBanda 2 ná i mBanda 1 in iúl go bhfuil na meánscór níos scaipthe i mBanda 2 ag leibhéal na scoile i gcomparáid le Banda 1 agus go bhfuil cruthú coibhneasta níos laige sa mhatamaitic ná mar atá i léamh an Bhéarla ag leibhéal na scoile, chomh maith le leibhéal an dalta indibhidiúil.

**Tábla 6.6:** Meánscór na scoileanna ag rang a Sé de réir Banda DEIS agus ar an iomlán (SLG DEIS 2017)

| Rang a Sé | Léamh an Bhéarla | Matamaitic |
|---|---|---|
| Banda 1 | | |
| Meánscór | 95.8 | 93.8 |
| Diall Caighdéanach | 2.93 | 2.84 |
| Banda 2 | | |
| Meánscór | 99.9 | 99.1 |
| Diall Caighdéanach | 5.21 | 6.21 |
| Iomlán | | |
| Meánscór | 98.0 | 96.6 |
| Diall Caighdéanach | 4.65 | 5.5 |


## 6.5 Gnóthachtáil i Léamh na Gaeilge

D'aontaigh roinnt de na scoileanna sa staidéar torthaí Thrialacha Ghaeilge Dhroim Conrach a chur ar fáil.[15] Baineann na torthaí seo le daltaí Rang a Trí nuair a bhí siad i Rang a Dó ag deireadh na scoilbhliana 2015-16, agus daltaí Rang a Sé nuair a bhí siad I Rang a Cúig ag deireadh na scoilbhliana 2015-16.

Feictear i bhFigiúr 6.11 go bhfuil meánscór dhaltaí Rang a Trí i scoileanna i mBanda 1 (96.9) níos lú ná meánscór dhaltaí i mBanda 2 (102.1). Níl an difríocht seo (5.2 pointe) suntasach (féach Aguisín B, Tábla A6.). Caithfear tabhairt faoi deara anseo nach raibh scóir againn ach le haghaidh 27 dalta (scoil amháin) i mBanda 1 i gcomparáid le 105 dalta i mBanda 2.

Léiríonn Figiúr 6.11 go raibh daltaí Rang 6 i mBanda 2 chun tosaigh chomh maith i gcomparáid le daltaí i mBanda 1. Tá an difríocht seo (7.5 pointe) suntasach (féach Aguisín B, Tábla A6.).

**Figiúr 6.11:** Meánscóir do Léamh na Gaeilge de réir Banda DEIS, Ranganna 3 agus 6 i SLG DEIS (2016)





15 Cuireadh na trialacha seo ar dhaltaí nuair a bhí siad ag deireadh Rang a Dó agus Rang a Cúig i 2016. Is iad na daltaí céanna a ghlac páirt sna trialacha do Léamh an Bhéarla agus don Mhatamaitic nuair a bhí siad i Ranganna 3 agus 6 in 2017. Mar sin, déantar tagairt do Ranganna 3 agus 6 sa téasc agus sna figiúirí.

Tá sé suimiúil go raibh meánscóir dhaltaí Rang a Trí i mBanda 2 (102.1) níos airde ná meánscór dhaltaí Rang a Sé sna scoileanna céanna (96.2).

Ba é an meánscór náisiúnta i Scoileanna lán-Ghaeilge agus Scoileanna Gaeltachta (le chéile) ná 100.0 ag an dá rang leibhéal i 2007 nuair a rinneadh na trialacha a chaighdeánú. Ach de réir taighde na Roinne Oideachais (2016), is cosúil go bhfuil siad níos airde ná sin anois.


Feictear i bhFigiúr 6.12 go raibh 18.2% de dhaltaí i Rang 3 agus 24% i Rang 6 i SLG DEIS Banda 1 ag feidhmiú ag nó faoin 10ú peircintíl (sé sin, bhí scóir an-íseal acu i léamh na Gaeilge). Ní raibh ach 6.7% (Rang 3) agus 12.9% (Rang 6) i mBanda 2 ag feidhmiú ag an leibhéal seo.

**Figiúr 6.12:** Céatadán na nDaltaí ag nó faoi bhun an 10ú Peircintíl i Léamh na Gaeilge, de réir Leibhéal Ranga agus Banda DEIS i SLG DEIS (2016)




Léiríonn Figiúr 6.13 nach raibh aon dalta ag Ranganna 3 nó 6 i scoileanna i mBanda 1 ag feidhmiú ag an 90ú peircintíle nó níos airde. Bhí 9.5% (Rang 3) agus 7.3% (Rang 6) ag feidhmiú ag an leibhéal seo i mBanda 2.

**Figiúr 6.13:** Céatadán na nDaltaí ag nó os cionn an 90ú Peircintíl i Léamh na Gaeilge, de réir Leibhéal Ranga agus Banda DEIS, SLG DEIS (2016)



# 7 CONCLÚIDÍ AGUS MOLTAÍ

## 7.1 Réamhrá

Sa chaibidil seo cuirtear conclúidí an staidéir i láthair agus déantar moltaí atá ag eascairt as na conclúidí sin i gcás roinnt mórthéamaí an staidéir – gnóthachtáil i léamh an Bhéarla agus sa mhatamaitic, tionchar stádas socheacnamaíoch ar ghnóthachtáil, tacaíocht foghlama don dalta atá i mbaol, measúnú síceolaíochta, oiliúint mhúinteoirí, rannpháirtíocht an tuismitheora, acmhainní, idirghabhálacha agus scéimeanna. Táthar ag súil leis go gcuirfidh na conclúidí agus moltaí a chuirtear i láthair anseo léargas ar fáil ar na dúshláin is mó a mhair i scoileanna lán-Ghaeilge (SLG) DEIS agus go dtacófar leis na scoileanna dul i ngleic leo.

## 7.2 Gnóthachtáil na ndaltaí

### 7.2.1 Gnóthachtáil i Léitheoireacht an Bhéarla

Ceann de mhóraidhmeanna an staidéir reatha ná chun léargas a fháil ar conas a bhí ag éirí le daltaí i SLG DEIS i gcomparáid lena bpiaraí i scoileanna DEIS go náisiúnta nach SLG iad. D'eascair an phríomhaidhm seo as an bpeirspictíocht choitianta a mhaireann sa tsochaí gur ualach breise é don páiste ó chúlra socheacnamaíoch íseal a bheith ag freastal ar an gcóras tumoideachais. Tá peirspictíocht eile ann áfach atá leabaithe sa litríocht agus a deir nach mbeadh sé cóir cead rochtana ar an tumoideachas a cheilt ar dhaltaí toisc a gcomhdhéanamh socheacnamaíoch agus go mbeadh na deacrachtaí céanna ag páistí beag beann ar an gcóras oideachais ar a bhfuil siad ag freastal (Bruck 1978, 1982; Genesee 2004). Anuas air sin, maireann tuiscint i gcultúr oideachais na hÉireann gur ar mhuintir mheánaicmeacha is mó a bhíodh an Gaeloideachas ag freastal (Ó Riagáin agus Ó Gliasáin 1979) ach theastaigh ón staidéar seo féachaint ar a raibh ag éirí le daltaí sa 13 scoil lán-Ghaeilge sa tír a bhí ag teacht ó chúlraí socheacnamaíocha ísle.

Léirigh torthaí ar ghnóthachtáil dhaltaí i SLG DEIS ar an iomlán gur éirigh chomh maith céanna nó fiú níos fearr leo ná mar a bhí ag éirí le daltaí ó chúlraí socheacnamaíocha ísle atá ag freastal ar scoileanna Béarla i gceantair mhíbhuntáiste. Ag leibhéal rang a Trí i scoileanna DEIS Banda 1, léiríodh i dtorthaí gnóthachtála i léamh an Bhéarla go raibh bearna shuntasach ann idir a ghnóthaigh daltaí i SLG DEIS agus scoileanna DEIS go náisiúnta ina raibh meánscóir níos airde go suntasach ag scoileanna DEIS go náisiúnta agus SLG DEIS ar chúl. Bheifí ag súil le torthaí mar seo b'fhéidir toisc cúinsí an tumoideachais, sé sin go mbítear ag plé leis an dá theanga (Gaeilge agus Béarla) i SLG agus i scoileanna áirithe cuirtear múineadh fhoirmiúil léitheoireacht an Bhéarla siar ar feadh bliana nó dhá bhliain faoi pholasaí luath-thumoideachais iomlán (cé nach dtarlaíonn sé seo i gcónaí toisc na ndeacrachtaí a n-aithnítear leis an mBéarla ar thosú na scoile do pháistí i gceantair mhíbhuntáiste). Bhain moill forbartha le léamh an Bhéarla sa dá chás, áfach, toisc go mbítear ag plé le dhá theanga (Gaeilge agus Béarla). Faoi rang leibhéal a sé, áfach, léirigh torthaí gnóthachtála gur laghdaíodh ar an mbearna ina raibh SLG DEIS Banda 1 chun tosaigh ar scoileanna DEIS Banda 1 go náisiúnta, áit a raibh an bhearna suntasach. I scoileanna DEIS Banda 2, bhí SLG DEIS chun tosaigh ar scoileanna DEIS go náisiúnta i léamh an Bhéarla, cé nach raibh an bhearna suntasach ach amháin i gcás rang a Trí.

Nuair a féachadh ar chéatadán na ndaltaí a bhí faoi bhun an 10ú peircintíl, sé sin na daltaí a ghnóthaigh na meánscóir ba laige i dtrialacha caighdeánaithe léamh an Bhéarla, léiríodh go raibh níos mó daltaí laga a bhí faoi bhun an 10ú peircintíl i rang a Trí i SLG DEIS Banda 1 ná mar a bhí i scoileanna DEIS go náisiúnta. Léiríodh an treocht céanna arís anseo, áfach, is a léiríodh i gcás na léitheoireachta i gcoitinne, sé sin gur laghdaíodh go mór ar líon na ndaltaí laga i mBanda 1 faoi rang a Sé ina raibh níos lú daltaí faoi bhun an 10ú peircintíl i SLG DEIS Banda 1 ná mar a bhí ann i scoileanna DEIS go náisiúnta. Bhí níos mó dalta faoi bhun an 10ú peircintíl i SLG DEIS Banda 2 ag an dá rang leibhéal ná mar a bhí i scoileanna DEIS Banda 2 go náisiúnta.

Maidir le líon na ndaltaí a bhí thar an 90ú peircintíl, léirigh meánscóir ghnóthachtála go raibh céatadán ní ba airde de dhaltaí i SLG DEIS thar Bhanda 1 agus Bhanda 2 ag an dá rang leibhéal sa 90ú peircintíl do léamh an Bhéarla. Is toradh suntasach é seo i gcomhthéacs an tumoideachais i gceantair mhíbhuntáiste ina mbítear ag foghlaim go dátheangach in ainneoin dúshláin le sealbhú na máthairtheanga agus tús déanach le léamh an Bhéarla i gcásanna áirithe.

Tá gach seans ann i gcomhthéacs SLG DEIS go bhféadfadh daltaí a bheith ag streachailt le léamh an Bhéarla agus gan deacracht foghlama aitheanta a bheith acu. Éireoidh le daltaí áirithe dul chun cinn a dhéanamh idir rang a Trí agus a Sé ach beidh daltaí eile ann a bheidh ag streachailt. Dá fhada is a fhágtar iad agus a ligtear dóibh teacht tríd an gcóras is ea is mó seans nach n-aithneofaí iad agus go gcuirfí leis an dúshlán idirdhealú a dhéanamh idir iad siúd a bhfuil deacracht foghlama acu agus iad siúd atá ag streachailt le léamh an Bhéarla. '*Garden variety poor readers'* is ea an téarma atá tugtha do léitheoirí a bhíonn ag streachailt ina n-aithníonn múnla Stanovich (1988) go mbíonn bearnaí próiseála fóineolaíoch ag daltaí le disléicse agus ag daltaí atá ag streachailt ach go mbíonn sé níos láidre agus coitianta i measc dhaltaí le disléicse. Tugann na meánscóir le fios go raibh léitheoirí laga nó daltaí ag streachailt le léamh an Bhéarla i SLG DEIS nach raibh diagnóis nó tacaíocht oifigiúil faighte acu. Ní mór aitheantas a thabhairt go bhfuil a leithéid de fhoghlaimeoir ann agus conas tacú leo.

Tá na torthaí ag teacht le measúnachtaí náisiúnta eile (NAIMS[16], 2010; MN,[17] 2009, MN, 2014) a léirigh go gnóthaíonn daltaí i SLG go ginearálta torthaí níos suntasaí ná scoileanna go náisiúnta i léamh an Bhéarla. Bhain géarghá le staidéar a chuir stádas socheacnamaíoch (SSE) na ndaltaí san áireamh, áfach, mar nuair a cuireadh SSE san áireamh i staidéar NAIMS (2010), mar shampla, a d'fhiosraigh gnóthachtáil dhaltaí i SLG agus Gaeltachta go náisiúnta, bhí na torthaí mar a bheifí ag súil leo nuair a cuireadh san áireamh SSE ard na ndaltaí.

Bunaithe ar na torthaí seo, ba cheart do SLG DEIS Banda 1 aird a dhíriú ar an treocht a léirítear thuas maidir leis an mbearna shuntasach ag rang a Trí a laghdaíonn i bhfábhar na SLG DEIS faoi rang a Sé. D'fhéadfaidís bealaí a iniúchadh ina bhféadfaí léamh an Bhéarla trí mheán an dá theanga a éascú do dhaltaí i SLG DEIS Banda 1 ach go háirithe. Tá géarghá le hidirghabhálacha luath agus le hidirghabhálacha láidre teanga chun freastal ach go háirithe ar dhaltaí atá ag streachailt le léamh an Bhéarla ach nach bhfuil deacrachtaí foghlama aitheanta acu.

### 7.2.2 Gnóthachtáil sa Mhatamaitic

Ceann de mhóraidhmeanna eile an staidéir reatha ná iniúchadh a dhéanamh ar a raibh ag éirí le daltaí i SLG DEIS i gcomparáid le daltaí ó chúlraí socheacnamaíocha ísle a bhí ag freastal ar scoileanna Béarla. Is minic ceisteanna á n-ardú maidir lena bheith ag foghlaim mata trí mheán na Gaeilge agus buairt ar thuismitheoirí ach go háirithe ina leith. Mar sin, theastaigh ón staidéar eolas a chur ar fáil maidir le tionchar an tumoideachais ar ghnóthachtáil matamaitice dhaltaí i SLG DEIS.

Ar an gcéad fhéachaint, ba chosúil go raibh torthaí gnóthachtála i gcás na matamaitice níos cosúla i SLG DEIS agus scoileanna DEIS go náisiúnta ná mar a bhí i gcás na léitheoireachta. Arís sa chás seo, áfach, léiríodh go raibh bearna shuntasach ann i Rang a Trí Banda 1 a bhí suntasach go staitistiúil. Arís, d'fhéadfaí a rá gur bhain an bhearna seo le cúinsí an tumoideachais agus dúshlán a bheith ag foghlaim na matamaitice trí mheán na Gaeilge a laghdaíonn faoi rang a Sé. Ach ar fhéachaint níos géire ar an scéal dhealraigh sé go raibh níos mó daltaí laga faoi bhun an 10ú peircintíl sa mhata ag an dá rang leibhéal agus sa dá bhanda. B'fhíor seo ach go háirithe i gcás rang a Trí Banda 1 ina raibh dhá oiread an chéatadáin de dhaltaí ag nó faoi bhun an 10ú peircintíl ná daltaí i scoileanna DEIS go ginearálta (31.4% i gcomparáid le 15.7%). D'fhéadfadh na torthaí a bheith lag ar chúiseanna éagsúla a chuimsíonn moill forbartha mar gheall ar a bheith ag foghlaim trí mheán an dara teanga nó go gcuirtear béim ar litearthacht thar uimhearthacht sna hidirghabhálacha a chuirtear i bhfeidhm sna scoileanna toisc na fadhbanna atá aitheanta sna scoileanna maidir le lagchumas sa T1.

16 The 2010 National Assessments of English reading and mathematics in Irish-medium schools
17 Measúnachtaí Náisiúnta

B'amhlaidh an scéal maidir le daltaí a bhí ag nó thar an 90ú peircintíl ina raibh i bhfad níos lú daltaí go suntasach sa 90ú peircintíl i SLG DEIS ná mar a bhí i scoileanna DEIS go náisiúnta. Mar shampla, i rang a Trí Banda 1 ní raibh ach 0.8% de dhaltaí sa 90ú peircintíl i gcomparáid le 11.1% de dhaltaí sa sampla náisiúnta DEIS. Is scéal duairc é seo ar lámh amháin ach ar an lámh eile is cruthúnas é go bhfuil géarghá le tacaíocht agus le hidirghabhálacha don mhata chun freastal ar chur chun cinn na huimhearthachta. Ar shlí ba cheart go mbeifí ag súil le torthaí mar seo go pointe áirithe toisc cruthúnas sa mhata i SLG sna measúnachtaí náisiúnta a bheith níos lú mar a bheifí ag súil leo nuair a chuirtear SSE ard na ndaltaí san áireamh. Sa staidéar seo, táimid ag caint ar dhaltaí atá ag foghlaim mata trí mheán an dara teanga agus atá ag teacht ó chúlraí socheacnamaíocha ísle.

Léirigh meánscóir na scoileanna de réir Banda DEIS ag rang a Trí go raibh meánscóir na matamaitice i mBanda 1 thíos leis go mór i gcomparáid le léamh an Bhéarla agus go raibh bearna fós ann faoi rang a Sé, cé nach raibh sé chomh mór céanna. Feictear i mBanda 2 nach raibh an difríocht chomh mór ach oiread ach go raibh an mata fós taobh thiar ó thaobh meánscóir de i gcomparáid le léamh an Bhéarla.

Ní mór do SLG DEIS béim níos treise a chur ar idirghabhálacha don uimhearthacht tras-scoile amhail is a bhí déanta le cúrsaí litearthachta. Tá sé riachtanach, ach go háirithe i scoileanna DEIS Banda 1 rang a Trí, freastal orthu siúd atá faoi bhun an 10ú peircintíl agus tréaniarrachtaí a dhéanamh líon na ndaltaí sa chás sin a ísliú trí idirghabhálacha ar an uimhearthacht agus tacaíocht don mhata / d'fhoghlaim na matamaitice trí mheán na Gaeilge a chur i bhfeidhm. Le cabhair idirghabhálacha, tá sé ríthábhachtach chomh maith go ndéanfaí freastal ar dhaltaí ar ardchumas, uaschumas a bhaint amach agus go n-ardófaí ar an mbonn sin ar líon na ndaltaí atá sa 90ú peircintíl i SLG DEIS.

### 7.2.3 Gnóthachtáil i Léitheoireacht na Gaeilge

Léirigh meánscóir maidir le Léamh na Gaeilge go raibh meánscóir níos airde i mBanda 2 ná mar a bhí i mBanda 1 ach ní mór a chur san áireamh anseo nach raibh scóir againn ach ó scoil DEIS Banda 1 amháin, sé sin 27 dalta i gcomparáid le 105 dalta i mBanda 2.[18] Chomh maith leis sin, bhí céatadán na ndaltaí a bhí ag nó faoi bhun an 10ú peircintíl i léamh na Gaeilge níos airde i mBanda 1 agus is léiriú é an céatadán sin de dhaltaí i mBanda 1 de na daltaí a bhí ag baint amach scóir an-íseal. Ní raibh oiread is dalta amháin i mBanda 1 a raibh ag nó os cionn an 90ú peircintíl. Bhí ag éirí níos fearr le daltaí rang a Trí Banda 2 ná mar a bhí ag éirí le haon rang leibhéal eile i mBanda 1 agus 2.

Moltar go ndéanfaí athbhreithniú ar a bhfuil ar siúl i SLG DEIS maidir le tacaíocht teanga don Ghaeilge agus leithdháileadh tacaíochtaí agus acmhainní don Ghaeilge ag leibhéal polasaí. Mar a léirigh torthaí an staidéir, ba bheag tacaíochta teanga nó foghlama a cuireadh ar fáil don Ghaeilge i SLG DEIS mar gheall ar na dúshláin a bhain le freastal ar litearthacht an Bhéarla agus laige teanga na ndaltaí sa Bhéarla go minic. Soiléiríodh an easpa tacaíochta a cuireadh ar fáil don Ghaeilge i SLG DEIS in ainneoin gur aithníodh deacrachtaí le daltaí agus ní hamháin daltaí le deacrachtaí foghlama, a bhíodh ag streachailt le hábhair sa rang toisc deacrachtaí tuisceana agus iad féin a chur in iúl trí Ghaeilge. Ba mhór an deacracht í seo, dar le múinteoirí áirithe, toisc gur athraigh gach ceacht ina cheacht teanga. Cé gur cuireadh tacaíocht foghlama don mhatamaitic ar fáil trí mheán na Gaeilge den chuid ba mhó, ba trí mheán an Bhéarla a cuireadh tacaíocht don léitheoireacht ar fáil. Chomh maith leis sin, ní hionann tacaíocht a chur ar fáil trí Ghaeilge agus tacaíocht a chur ar fáil don Ghaeilge chun scileanna teanga na ndaltaí agus an teacht a bhíonn acu ar an gcuraclam ar an iomlán a threisiú. Bhain na deacrachtaí seo níos láidre le scoileanna Banda 1 agus bhí toradh na ndeacrachtaí le sonrú sna torthaí a ghnóthaigh daltaí SLG Banda 1.

Moltar go mbeadh múinteoir tacaíochta teanga ag SLG DEIS chun tacú le scileanna teanga na ndaltaí agus leis an bhfoireann, dea-chleachtais a chur i bhfeidhm maidir le luathshealbhú teanga i gceantar míbhuntáiste agus freastal ar riachtanais teanga na ndaltaí. D'fhéadfadh an ról seo a bheith forbartha sa chaoi céanna lena bhfuil curtha i bhfeidhm i scoileanna Béarla chun tacú le Béarla mar dhara theanga. Aithnítear sa staidéar go mbeadh a leithead de ról ríthábhachtach i gcur chun cinn na teanga agus an churaclaim ar an iomlán i SLG DEIS.

18 Iarradh ar scoileanna torthaí do Thrialacha Ghaeilge Dhroim Conrach a chur ar fáil don staidéar ach níor chuir gach scoil na torthaí ar fáil.

### 7.2.4 Tionchar SSE ar Ghnóthachtáil

Sonraíodh i staidéar NAIMS '10 meán SSE na ndaltaí i SLG a bheith níos airde go suntasach ná an meánráta náisiúnta. Fuarthas meánráta SSE na ndaltaí trí ghairmeacha a dtuismitheoirí a chur ar scála idirnáisiúnta SSE agus scór SSE ag leibhéal na scoile a chur i gcomparáid le meánscór SSE scoileanna go náisiúnta. Tuairiscíodh comhghaolú láidir idir SSE ard na ndaltaí agus léiriú ard sa léitheoireacht. Tugann na húdair suntas do thimpeallacht scoile a chruthaíonn spás níos fabhraí don dul chun cinn sa léitheoireacht agus tacaíocht an tuismitheora ón mbaile mar fhachtóirí a bhaineann le SSE ard na ndaltaí. Aithníodh sa staidéar chomh maith cúinsí eile a mbíonn tionchar láidir acu ar ghnóthachtáil léitheoireachta an dalta; teilifís sa seomra leapa, méid na leabhar sa bhaile agus léitheoireacht mar chaitheamh aimsire. Fuarthas comhghaolú ní bí laige idir SSE agus ghnóthachtáil sa mhatamaitic i SLG ach baineadh tátal amach gur bhain fachtóirí eile seachas SSE le ghnóthachtáil sa mhatamaitic, cuir i gcás, dúshláin choincheapa matamaiticiúla a mhúineadh trí mheán na Gaeilge agus easpa tacaíochta don mhatamaitic trí Ghaeilge sa bhaile. B'ionann a tuairiscíodh i gcomhthéacs SLG mar chuid den chlár tacaíochta scoile faoi DEIS agus a tuairiscíodh i gcomhthéacs DEIS go náisiúnta (Kavanagh et al., 2017), sé sin, gur ghnóthaigh daltaí i scoileanna DEIS le SSE íseal meánscór ní b'ísle i léamh an Bhéarla agus sa mhatamaitic ná mar a ghnóthaigh a macasamhail i scoileanna nach raibh mar chuid den chlár DEIS.

Sa staidéar reatha, féachadh ar SSE ag leibhéal na scoile agus meánscór SSE na scoileanna de réir innéacs míbhuntáiste 2014. Tugann an t-innéacs míbhuntáiste eolas dúinn an bhfuil an scoil os cionn nó faoi bhun an meánscór náisiúnta DEIS atá ag 196.7 do DEIS Banda 2 agus ag 271.0 do DEIS Banda 1. Dá airde an meánscór DEIS ag an scoil is ea is mó míbhuntáiste a bhaineann leis an scoil. Bheifí ag súil le meánscór níos ísle i léamh an Bhéarla agus sa Mhatamaitic ag scoileanna a bhfuil meánscór SSE níos airde acu, rud a léirigh na meánscóir SSE agus na meánscóir i léamh an Bhéarla i dtorthaí gnóthachtála an staidéir reatha. Anuas air sin, léirigh na torthaí eolas faoi scoileanna go hindibhidiúil agus dhá scoil sa sampla ach go háirithe a bhfuil meánscór SSE ard (a chiallaíonn go bhfuil leibhéal míbhuntáiste ard ag an scoil) acu agus meánscór íseal go suntasach i léamh an Bhéarla acu. Chonacthas san anailís i gcás scoileanna DEIS Banda 2 go raibh na scoileanna go léir níos cóngaraí don mheánscór DEIS náisiúnta agus go raibh na scóir don léitheoireacht níos airde den chuid is mó. Léiríodh san anailís seo go raibh scoileanna áirithe sa sampla a bhí thíos leis ó thaobh meánscór SSE ard agus meánscóir gnóthachtála ísle de. D'fhéadfadh na scoileanna seo an-thionchar a bheith acu ar an meánscóir don sampla SLG DEIS i gcoitinne. Léirigh an anailís indibhidiúil ar na scoileanna agus cár sheas siad ó thaobh meánscóir SSE agus meánscóir gnóthachtála go raibh scoileanna áirithe sa sampla ag streachailt níos mó ná a chéile agus go mb'fhéidir go mbeadh idirghabháil indibhidiúil de dhíth i gcás na scoileanna sin.

Moltar do SLG DEIS tógáil ar na hiarrachtaí atá déanta acu cheana féin i gcás forbairt na litearthachta agus SSE na ndaltaí a chur san áireamh ag gach leibhéal den phleanáil agus idirghabháil chun meánscóir i léamh an Bhéarla a ardú. Aithnítear na dúshláin a bhaineann le forbairt na litearthachta sa Ghaeilge agus sa Bhéarla i SLG DEIS agus na deacrachtaí a bhaineann le bearnaí i sealbhú na máthairtheanga i gceantair mhíbhuntáiste. Moltar go n-aithneofaí a bhfuil sa taighde reatha maidir le féidearthachtaí forbartha na litearthachta i suíomh an tumoideachais ach moltar chomh maith go gcuirfí treoir taighdebhunaithe ar fáil do SLG i gceantair mhíbhuntáiste ar na bealaí le dul i ngleic leis na deacrachtaí atá aitheanta sa staidéar seo. Maidir leis na scoileanna sa sampla a léiríodh a bheith ag streachailt ó thaobh meánscóir SSE ard agus meánscóir gnóthachtála íseal de, moltar go ndéanfaí athbhreithniú ar phlean idirghabhála indibhidiúil do na scoileanna sin seachas moltaí don sampla ar an iomlán.

## 7.3 Tacaíocht do Dhaltaí i mBaol

Cé gur léirigh meánscór i léamh an Bhéarla i SLG DEIS go bhfuil ag éirí chomh maith céanna nó níos fearr le daltaí i SLG DEIS faoi dheireadh na scoile is a bhí ag éirí lena bpiaraí i scoileanna DEIS go náisiúnta, tá deacrachtaí suntasacha fós acu – cuid acu a bhaineann leis an gcomhthéacs DEIS agus cuid a bhaineann go sainiúil leis an gcomhthéacs Gaelscoile DEIS nó le scoil áirithe le meánscór SSE ard atá mar chuid den chohórt. Chomh maith leis

sin, cé go raibh níos lú daltaí faoi bhun an 10ú peircintíl i SLG DEIS ná i scoileanna DEIS go náisiúnta ar an mórscála, léirigh sonraí go raibh céatadán ard de 20.2% de dhaltaí Rang a Trí i mBanda 1 faoi bhun an 10ú peircintíl. Mar a pléadh thuas, laghdaíodh go mór ar an mbearna seo faoi rang a Sé i mBanda 1 a thugann le fios go mb'fhéidir go mbaineann na scóir ísle i rang a Trí le cúinsí an tumoideachais, sé sin go mbíonn moill forbartha i gceist sna ranganna sóisearacha ach go laghdaítear air sna ranganna sinsearacha.

Sa mhatamaitic, arís chonacthas bearna shuntasach i gcás Rang a Trí i mBanda 1 agus an meánráta náisiúnta DEIS, ina raibh meánscór níos ísle go suntasach ag SLG DEIS. Arís mar a pléadh thuas, d'fhéadfaí a rá gur bhain an bhearna seo agus an laghdú air faoi dheireadh na bunscoile le moill forbartha sa chóras tumoideachais ach ar fhéachaint níos géire ar an scéal dealraíonn sé go raibh níos mó daltaí laga sa mhata ag an dá rang leibhéal agus banda i SLG DEIS. Ach go háirithe i gcás Rang a Trí Banda 1 arís ina raibh dhá oiread an chéatadáin de dhaltaí SLG DEIS ag nó faoi bhun an 10ú peircintíl ná daltaí i scoileanna DEIS go ginearálta. B'fhéidir gurb í easpa béime ar chúrsaí uimhearthachta is cúis leis na torthaí laga sa mhatamaitic i SLG DEIS ach léiríonn sé an phráinn a bhaineann le béim níos treise a chur ar fhorbairt na huimhearthachta i SLG DEIS. Ní mór cuimhneamh freisin nach raibh ach sé scoil DEIS Banda 1 ina raibh 238 dalta (136 i Rang a Trí agus 102 i Rang a Sé) rannpháirteach sa taighde seo. Cé gurb iad seo iomlán na ndaltaí a bhí sna ranganna sin d'fhéadfadh méid an tsampla tionchar a imirt ar an torthaí.

Spéisiúil go leor i gcomhthéacs torthaí na dtrialacha, léirigh sonraí a bhain le céatadán na ndaltaí a bhí ag fáil tacaíochta foghlama / tacaíochta acmhainne don mhata agus don Bhéarla go raibh céatadán níos airde ar an iomlán don mhata ná mar atá don Bhéarla. Bhí líon na ndaltaí a bhí ag fáil tacaíochta foghlama don mhata ag an bpointe ab airde i gcás rang a Sé. Ba chosúil gurb amhlaidh a bhí toisc na deacrachtaí a aithnítear le foghlaim na matamaitice agus bogadh ar aghaidh go dtí meánscoil Bhéarla. Is díol spéise í, áfach, go raibh torthaí níos fearr ann do léamh an Bhéarla ná mar a bhí don mhata in ainneoin níos mó tacaíochta a bheith curtha ar fáil don mhatamaitic. Pléadh le linn an staidéir na hidirghabhálacha atá curtha i bhfeidhm chun litearthacht a neartú i scoileanna áirithe agus an éifeacht a bhaineann leo.

Baineann bua agus dua le tacaíocht foghlama i SLG DEIS. Nuair atá an tacaíocht chuí curtha ar fáil do dhaltaí, sé sin nuair a bhíonn na hacmhainní daonna ag an scoil, dar le faisnéiseoirí an staidéir, bíonn riaradh idirghabhálacha níos éifeachtaí in-ranga, bíonn torthaí na dTrialacha Caighdeánaí níos cóngaraí don chuar náisiúnta, bítear in ann freastal ar dhaltaí ar ardchumas chomh maith agus bíonn ardú féinmhuiníne i measc na ndaltaí le tabhairt faoi deara. Bíonn dúshláin ag na scoileanna MOS a earcú don suíomh lán-Ghaeilge DEIS, áfach, mar go mbíonn tuiscint ar an suíomh níos mó ná aon ní eile ag teastáil don ról, dar le faisnéiseoirí an taighde.

Ní foláir do SLG DEIS athbhreithniú a dhéanamh ar na tacaíochtaí a chuirtear ar fáil do léamh an Bhéarla agus don mhatamaitic i gcomhthéacs a léiríonn scór na dtrialacha ar a bhfuil ag éirí le SLG DEIS i gcomparáid le scoileanna DEIS go náisiúnta, ach go háirithe sna ranganna sóisearacha i mBanda 1 maidir le léamh an Bhéarla agus trasleibhéil agus trasbhanda don mhatamaitic. Bheadh sé inmholta go láidir do SLG DEIS plean gnímh/idirghabháil a chur i bhfeidhm chun líon na ndaltaí atá ag nó faoi bhun an 10ú peircintíl sa mhatamaitic a laghdú ach go háirithe. Bheadh sé inmholta chomh maith go mbeadh creatlach chun plé le daltaí a bhfuil deacrachtaí foghlama acu cosúil leis an gcreatlach atá curtha ar fáil don phlean DEIS ag An tSeirbhís um fhorbairt ghairmiúil do mhúinteoirí (https://pdst.ie/sites/default/files/4793_DEIS_Plan_Framework.pdf). Ba chóir go gcuirfí oiliúint ar fáil do scoileanna chun cur chuige ionchuimsitheach dílis a chur ar fáil.

## 7.4 Oiliúint ar Mhúinteoirí

Sonraíodh sa staidéar céim mháistreachta bheith ag 20% de mhúinteoirí SLG DEIS agus teastas a bheith bainte amach ag 35% de mhúinteoirí anuas ar an mbuncháilíocht mhúinteoireachta. Tháinig sé chun cinn sna grúpaí fócais, áfach, go raibh níos mó muiníne ag múinteoirí ranga agus múinteoirí oideachas speisialta a raibh cáilíocht bhreise bainte amach acu i gcás cuir i bhfeidhm agus freagairt ceisteanna tuismitheoirí maidir le cur i bhfeidhm an tumoideachais sa scoil. I scoileanna áirithe, bítear ag brath ar an leibhéal

saineolais sin chun cinntí a dhéanamh maidir le cur chuigí an tumoideachais agus seasamh leis na cinntí sin. I scoileanna eile, bítear ag brath níos mó ar thaithí ar an suíomh agus an saineolas a eascraíonn as sin chun cinntí a dhéanamh don scoil agus dá ndaltaí. Bheadh sé inmholta go mbeadh gach scoil eolach agus feasach faoi na dea-chleachtais i réimsí an tumoideachais agus an oideachais i gceantar míbhuntáiste anuas ar an saineolas a eascraíonn ó thaithí, sa treo is go mbeadh cur chuigí taithíbhunaithe agus taighdebhunaithe á gcur i bhfeidhm chun leasa na scoile agus na ndaltaí.

Mhol múinteoirí agus príomhoidí an staidéir go gcuirfí oiliúint ar fhoireann SLG DEIS atá in oiriúint don chomhthéacs, sé sin oiliúint a chuireann cúinsí agus riachtanais na scoile san áireamh. Ní i gcónaí go n-aithníonn an fhorbairt ghairmiúil leanúnach a dhéanann foireann SLG DEIS an comhthéacs ina mbíonn siad ag feidhmiú, a chiallaíonn go mbíonn ar mhúinteoirí an oiliúint a chur in oiriúint iad féin agus ní bhíonn múinteoirí iomlán cinnte nó muiníneach faoi seo cheal treoirlínte cinnte.

Bhraith múinteoirí an staidéir a cuireadh oiliúint orthu go dtí seo, go raibh bearnaí san oiliúint a cuireadh orthu mar chuid den bhunchéim mhúinteoireachta maidir le bheith ag obair i SLG nó i suíomh DEIS. Ag brath ar an gcoláiste oiliúna ar fhreastail siad air, bhí rogha ag cuid acu modúil ar an tumoideachas a dhéanamh mar chuid den chéim sa bhunmhúinteoireacht ach ní gach múinteoir sa staidéar a fuair an deis sin. Táthar ag súil leis go maolófar an fhadhb sin ó Mheán Fómhair 2019 ar aghaidh nuair a sholáthróidh Institiúid Oideachais Marino B.Oid. (Bunmhúinteoireacht) trí mheán na Gaeilge (Clár Oideachas Tosaigh Múinteoirí).

Toisc an comhthéacs a bhaineann le SLG DEIS a bheith chomh sainiúil agus ina nideog, ní bheadh sé praiticiúil a bheith ag súil leis an iomarca béime ar an suíomh in aon chlár oideachais. D’fhéadfaí áfach, cúrsaí oiliúna a chur in oiriúint don chomhthéacs agus líonrú idir na scoileanna féin a neartú chun piarfhoghlaim a chur chun cinn.

Moltar go láidir go gcuirfí treoir agus tacaíocht ar fáil do SLG DEIS maidir le dea-chleachtais an tumoideachais a chuirfeadh san áireamh coinníollacha DEIS na scoileanna, ach go háirithe leibhéal míbhuntáiste an cheantair ina bhfuil an scoil bunaithe. Spreagtar, sa chás ina bhfuil sé indéanta, múinteoirí i SLG DEIS páirt a ghlacadh i gcúrsaí oiliúna/gcomhdhálacha ar an tumoideachas chun a gcuid saineolais ar cheisteanna reatha an tumoideachais a chíoradh agus cur lena gcuid muiníne maidir le cleachtais idirnáisiúnta sa tumoideachas, ach go háirithe mar a bhaineann sé le cláir litearthachta agus uimhearthachta trí mheán na Gaeilge. Moltar go n-aithneofaí sainriachtanais SLG DEIS i gcláir oiliúna agus i gcláir forbartha gairmiúla leanúnacha agus go spreagfaí roinnt saineolais i measc foirne chun bearnaí a líonadh maidir le héiginnteacht agus heasaontú foirne.

Moltar go gcruthófaí líonra do SLG DEIS ina mbeadh deiseanna ag príomhoidí, múinteoirí agus MOS a dtaithí a roinnt ar a chéile, mórcheisteanna a bhaineann go dlúth leis an suíomh a oscailt agus a iniúchadh agus piaroiliúint a chur ar a chéile. D’fhéadfadh an líonra tarlú go sioncronach nó go haisioncronach ar-líne nó ar láthair ag brath ar shuíomh na scoile.

## 7.5 Rannpháirtíocht an Tuismitheora

Is iomaí cúis atá ann go roghnaíonn tuismitheoirí SLG dá bpáiste i gceantar míbhuntáiste a chuimsíonn cúiseanna cultúrtha, teist ar an scoil, deiseanna a bhronnadh ar an bpáiste, cumas sa Ghaeilge a chinntiú do na páistí, buntáistí an dátheangachais, gur fhreastail an tuismitheoir féin ar an scoil agus cúiseanna praiticiúla ar nós suíomh nó áiseanna na scoile srl. Pé cúis a bhaineann leis an rogha a dhéanann tuismitheoirí, tá sé ríthábhachtach go mbíonn an rogha ag teaghlaigh in ainneoin a stádas socheacnamaíoch.

Ceann de na mórcheisteanna a bhíonn ag tuismitheoirí a chuireann a bpáistí chuig SLG ná cé chomh mór is a bhíonn a gcuid rannpháirtíochta in oideachas a bpáiste nuair nach bhfuil príomhtheanga na scoile agus an churaclaim ar a dtoil acu. Is fíor é seo in aon SLG sa tír agus níos mó fós sa suíomh DEIS ina mbíonn níos lú rannpháirtíochta i measc tuismitheoirí go ginearálta agus ina mbítear ag brath go mór ar an scoil, dar le sonraí an staidéir. Is mór an bhaic é seo nuair a aithnítear an ríthábhacht a bhaineann le tacaíocht agus gníomhú an tuismitheora in oideachas a bpáiste agus an maolú gur féidir leis a imirt ar an drochthionchar a d’fhéadfadh a bheith ag SSE íseal ar thorthaí oideachasúla an pháiste (DES 2006; Gilleece 2015).

Is mór an bhuairt é do thuismitheoirí a bhfuil páistí acu le deacrachtaí foghlama an rogha a dhéanamh iad a chur chuig SLG DEIS, de réir sonraí an taighde. Léirigh figiúirí an taighde a chuir tuismitheoirí ar fáil go raibh idir deacracht foghlama amháin agus ilmhíchumas ag 10.2% de dhaltaí Rang a Sé agus ag 16.1% de dhaltaí rang a Trí. Cé gur thuairiscigh tuismitheoirí áirithe a bheith sásta le hiarrachtaí na scoile plé leis an bpáiste le deacracht foghlama, léiríodh roinnt bearnaí sa chóras measúnaithe a chuimsigh liostaí feithimh, moill leis an deacracht a aithint agus iachall íoc as teiripeoir go príobháideach. Dar le sonraí na múinteoirí, a mhalairt a bhíonn fíor i gcásanna nuair nár aithin an tuismitheoir an deacracht nó sa chás ina mbíodh deacrachtaí foghlama ag an tuismitheoir féin. Baineann an-tábhacht go deo mar sin le ról an tuismitheora sa phróiseas measúnaithe ón tús, go gcuirtear an tuismitheoir ar an eolas faoi na deacrachtaí, conas a phléitear leo sa scoil agus go gcumasaítear tuismitheoirí ar na bealaí tacaithe sa bhaile.

Léiríodh comhghaol láidir sa staidéar idir léitheoireacht don pháiste sa bhaile roimh thosú dóibh ar scoil, sé sin le linn na mblianta réamhscoile, agus an ghnóthachtáil a rinne siad i léamh an Bhéarla agus sa mhatamaitic níos faide anonn. Léirigh meánscóir gur thit na scóir de réir mar a thit an mhinicíocht léitheoireachta don pháiste.

Bheadh sé ina bhuntáiste dá dtógfaí ar na hiarrachtaí atá á ndéanamh ag SLG DEIS rannpháirtíocht tuismitheoirí a spreagadh agus iad a chumasú páirt níos mó a ghlacadh in oideachas a bpáiste tré oícheanta eolais agus ceardlanna idirghníomhacha a chur ar fáil do thuismitheoirí. Bheadh tuilleadh taighde inmholta ar na deacrachtaí agus dúshláin is mó a bhíonn ag tuismitheoirí i gceantair mhíbhuntáiste páirt a ghlacadh i saol an pháiste atá ag freastal ar SLG agus seisiúin eolais a bhunú ar thorthaí an taighde. Moltar go gcuirfí bileog eolais ar fáil do thuismitheoirí dhaltaí le deacrachtaí foghlama, ag eascairt as torthaí an taighde reatha, a dhéanfadh freastal ar na ceisteanna is mó a bhíonn ag tuismitheoirí agus a chuirfeadh lena gcuid feasachta i leith na roghanna a dhéanann siad.

## 7.6 Measúnú Síceolaíochta

Ba mhór idir thaithí na scoileanna indibhidiúla sa staidéar maidir leis an bplé a bhíodh acu le síceolaithe. Dar le cuntas scoileanna áirithe, bhí an plé sásúil ach dar le scoileanna eile ní raibh síceolaí acu le fada agus bhain dúshlán le síceolaí le tuiscint agus bá don suíomh DEIS a fháil. Mar a pléadh thuas, dar le cuntas na dtuismitheoirí, bhain an deacracht ba mhó le liostaí feithimh agus treimhsí fada ag fanacht ar dhiagnóis a fháil. Is trí mheán an Bhéarla a rinneadh na measúnaithe síceolaíochta i SLG DEIS. Ardaítear ceisteanna eitice maidir le cearta teanga an pháiste i SLG DEIS sa staidéar agus measúnú a dhéanamh ar na scileanna ar fad atá ag páiste in dhá theanga.

Deacracht mhór a d'aithin roinnt múinteoirí agus príomhoidí ná an moladh a thagann ó shíceolaí páiste le deacracht foghlama a bhoghadh ón SLG in ainneoin taithí agus moladh an phríomhoide agus na múinteoirí an páiste a fhágáil. Bhí ardú feasachta agus muiníne le tuairisciú i measc mhúinteoirí agus phríomhoidí maidir le dul i ngleic leis an moladh seo nuair a bhí an páiste socraithe agus sásta ar scoil. Ní raibh sé coitianta go bhfágadh páiste le deacrachtaí foghlama an SLG DEIS ach mar sin féin, tá an fheasacht maidir le taithí iomlánaíoch an pháiste ar scoil, sástacht an pháiste ar scoil agus bua an tumoideachais do dhaltaí nuair a chuirtear an tacaíocht chuí ar fáil fíor-riachtanach chun tuiscint a fháil ar an gcomhthéacs Gaelscoile DEIS.

Moltar go láidir go ndéanfaí athbhreithniú ar mheasúnaithe síceolaíochta i SLG DEIS, go gcuirfí in oiriúint iad don chomhthéacs agus do riachtanais na ndaltaí agus go mbeadh na measúnaithe dátheangach ar a laghad.

## 7.7 Acmhainní, Idirghabhálacha agus Scéimeanna

Tuairiscíodh níos lú cláracha bána idirghníomhacha in aghaidh an dalta ag SLG DEIS Banda 2 ná mar a bhí ag SLG DEIS Banda 1 agus scoileanna DEIS Banda 2 go náisiúnta.

Léirigh sonraí go raibh fón póca/cliste ag 92.3% de dhaltaí rang a Sé agus ag 49.6% de dhaltaí rang a Trí agus ríomhaire nó taibléid ag 92.7% de dhaltaí rang a Sé agus ag 92.1% de dhaltaí rang a Trí. Níor chuir ach 26.4% de dhaltaí rang a Trí in iúl go mbainidís úsáid

as ríomhaire / acmhainn ríomhchuidithe chun cabhrú leo an obair bhaile a dhéanamh. Tugann sé seo le fios nach feidhm oideachasúil a bhaintí as an teicneolaíocht sa bhaile don mhórchuid i measc dhaltaí SLG DEIS. Phléigh múinteoirí agus príomhoidí na scoileanna na himpleachtaí a bhíodh ag seilbh ar acmhainní cliste ag páistí óga ar chúrsaí litearthachta, ar luathshealbhú agus ar shaibhriú na máthairtheanga agus ar bhunscileanna cumarsáide na bpáistí, mar fhadhb phráinneach.

B'iomaí réamhghabháil agus idirghabháil a bhí curtha i bhfeidhm i SLG DEIS chun litearthacht na ndaltaí sa Bhéarla a fhorbairt agus chun dul i ngleic leis na bearnaí a bhí aitheanta i mbunshealbhú an Bhéarla i measc dhaltaí i gceantair mhíbhuntáiste; bunstruchtúir na teanga, focail ardmhinicíochta, fónaic agus foghraíocht. De réir na sonraí taighde, bhí dul chun cinn le feiscint i gcaighdeán Béarla na ndaltaí agus i dtorthaí na dtrialacha mar gheall ar na hidirghabhálacha ach bhí deacrachtaí móra fós ann ach go háirithe nuair a bhítí ag iarraidh freastal ar chaighdeán Gaeilge na ndaltaí chomh maith leis an mBéarla sna scoileanna. Dhealraigh sé nach raibh aon chur chuige amháin ann sna scoileanna maidir le cur i bhfeidhm an tumoideachais agus níorbh í aidhm an staidéir seo an cheist a chíoradh maidir le pé teanga inar cuireadh tús leis an léitheoireacht i SLG DEIS. Ba léir go ndéantaí cinntí maidir leis seo ag brath ar an gcomhthéacs féin agus leibhéal deacrachtaí na ndaltaí leis an mBéarla ar thosú na scoile dóibh. Fágann an bhéim a cuireadh ar idirghabháil na litearthachta don Bhéarla ar dtús agus don Ghaeilge ina dhiaidh sin i SLG DEIS go mbíodh easpa ama d'idirghabhálacha don mhatamaitic, rud a bhí le feiscint go láidir i dtorthaí na dtrialach do SLG DEIS. Bhí cúpla cás ann i scoileanna an staidéir, inar cuireadh an-bhéim ar chúrsaí uimhearthachta ar bhonn idirghabhála sa scoil agus ina raibh sé le feiscint go soiléir i ngnóthachtáil na ndaltaí sa mhatamaitic.

Cé go raibh feabhas ag teacht ar líon na n-acmhainní a bhí ar fáil trí Ghaeilge, bhí bearnaí fós ann dar le faisnéiseoirí an taighde ach go háirithe mar a bhain siad le scéimeanna léitheoireachta a bheadh in oiriúint do leibhéal cumais agus suim na ndaltaí i SLG DEIS. Chomh maith leis sin, ní raibh na léitheoirí a bhí ar fáil nó an t-ábhar leis na focail ardmhinicíochta ar chomhchaighdeán do léamh na Gaeilge lena raibh ar fáil chun bunchloch a sholáthar do léamh an Bhéarla, dar le faisnéiseoirí an staidéir. Thit an-chuid den fhreagracht ar na múinteoirí féin ábhair a dhearadh a bheadh in oiriúint do dhaltaí i SLG DEIS agus bhíodh an t-uafás ama i gceist leis seo.

Bheadh sé inmholta do SLG DEIS féidearthachtaí a bhaineann le haisghabháil na litearthachta do léitheoireacht na Gaeilge sna naíonáin agus traschur scileanna do léitheoireacht an Bhéarla a fhiosrú ar bhonn píolótach/trialach. Ba mhór an chabhair a bheadh ann sampla den dea-chleachtas nó scéim samplach a úsáid ar conas é seo a chur i bhfeidhm sa suíomh Gaelscoile DEIS (Ní Chatháin Uí Chonchúir, 2018). Ní bheidh an cur chuige seo in oiriúint do gach SLG DEIS ach b'fhiú go mór an triail a dhéanamh i scoileanna go hindibhidiúil nó fiú scoileanna ionadaíocha nó scoileanna le leibhéal míbhuntáiste ní ba ísle.

Moltar athbhreithniú ar an soláthar tacaíochta i SLG DEIS sa treo is go mbeadh níos mó cothromaíochta idir idirghabhálacha do léitheoireacht an Bhéarla agus don mhatamaitic. Moltar go mbeadh ardán ar fáil do mhúinteoirí agus MOS i SLG DEIS chun acmhainní féindeartha a roinnt ar a chéile chun laghdú ar an méid ama a chaitheann múinteoirí ar acmhainní trí Ghaeilge a fhorbairt iad féin.

# TAGAIRTÍ


An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta agus Pobal (2010). Riachtanais Speisialta Oideachais i Scoileanna ina Bhfuil an Ghaeilge mar Mheán. Taighde uile-oileánda ar riachtanais tacaíochta agus traenála na hearnála.

An Phríomh-Oifig Staidrimh (2012). *Census 2011 Small Area Population Statistics (SAPS).* Ar fáil ag: http://www.cso.ie/en/census/census2011smallareapopulationstatisticssaps/

An Roinn Oideachais agus Scileanna (2016). Standardised achievement tests: Analysis of the results at primary level for 2011-12 and 2012-13. BÁC: An tÚdar.

An Roinn Oideachais agus Scileanna (2017). *DEIS Identification Process.* BÁC: ROS. Ar fáil ag: https://www.education.ie/en/Schools-Colleges/Services/DEIS-Delivering-Equality-of-Opportunity-in-Schools-/DEIS-Identification-Process.pdf

An Roinn Oideachais agus Scileanna. (ROS). (2017). *Plean DEIS 2017. Comhionannas deiseanna a sholáthar i scoileanna*. Baile Átha Cliath. Údar.

An Roinn Oideachais agus Scileanna (2017). *DEIS Plan.* BÁC: ROS. Ar fáil ag: https://www.education.ie/en/Publications/Policy-Reports/DEIS-Plan-2017.pdf

An Roinn Oideachais agus Scileanna (2019). *Curaclam Teanga na Bunscoile: Scoileanna Gaeltachta agus lán-Ghaeilge.* BÁC: CNCM. Ar fáil ag: https://curriculumonline.ie/getmedia/fc8c86b9-9c77-46a7-a7d8-a7b9abfb2013/PLC-Document_Irish.pdf

Andrews, S. (2020). *The additional supports required by pupils with special educational in Irish-medium schools.* (PhD), Dublin City University, Ar fáil ag: https://www.cogg.ie/wp-content/uploads/Taighde-le-Dr.Sinéad-Andrews-2.pdf.

Arnett, K. & Fortune, T. (2004, Bealtaine 1-8). The bridge strategies for helping underperforming immersion learners succeed. ACIE Newsletter.

Baker, C. (2006). *Foundations of bilingual education and bilingualism* (ceathrú heagrán). Clevedon: Multilingual Matters.

Baker, C. (2007*). A parents' and teachers' guide to bilingualism* (tríú heagrán). Clevedon: Multilingual Matters.

Banks, J. & McCoy, S. (2011). *A Study on the Prevalence of Special Educational Needs. NCSE Research Reports No. 9.* Co. na Mí: An Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta.

Barrett, M. (2016). Doras Feasa Fiafraí: Exploring Special Educational Needs Provision and Practices across Gaelscoileanna and Gaeltacht Primary Schools in the Republic of Ireland. Tráchtas Máistreachta, UCD.

Berg, B.L. (2001). *Qualitative Research Methods for the Social Sciences. (*ceathrú heagrán). Boston, MA: Allyn and Bacon.

Bernstein, B. (1958). Some sociological determinants of perception: An enquiry into sub-cultural differences. *British Journal of Sociology*, *9*(1), 159–174.

Bernstein, B. (1960). Language and Social Class. *The British Journal of Sociology*, *11*, 271–276.

Bernstein, B. (1996). Pedagogy, Symbolic Control and Identity: Theory, Research and Critique. London: Taylor and Francis.

Bernstein, B. (2000*). Pedagogy, Symbolic Control and Identity* (Revised Edition). New York and Oxford: Rowman & Littlefield Publishers.

Bialystok, E., Craik, F.I.M., & Luk, G. (2008a). Cognitive control and lexical access in younger and older bilinguals. *Journal of Experimental Psychology: Learning, Memory, and Cognition, 34*, 859–873.

Bialystok, E., Craik, F.I.M., & Luk, G. (2008b). Lexical access in bilinguals: Effects of vocabulary size and executive control. *Journal of Neurolinguistics*, *21*, 522–538.

Bloor, M. (2001). *Focus Groups in Social Research*. London: Sage.

Bornstein M.H. & Bradley R.H. (2003). *Socioeconomic Status, Parenting, and Child Development*. New York: Routledge.

Bourdieu, Pierre (1991). *Language and Symbolic Power*. Cambridge: Polity Press.

Brooks-Gunn, J., & Duncan, G. J. (1997). The effects of poverty on children. *Future of Children, 7,* 55–71.

Bruck, M., Tucker, G.R., agus Jakimik, J. (1975). Are French immersion programs suitable for working class children? *Word*, 27, 311-341

Bruck, M., Rabinovitch, M.S., & Oates, M. (1975). The effects of French immersion programs on children with language disabilities. *Working Papers in Bilingualism*, *5*, 47.

Bruck, M. (1978). The suitability of early French immersion programs for the language disabled child. *Canadian Journal of Education*, *3*, 51-72.

Bruck, M. (1979). Switching out of French immersion. *Interchange, 9*(4), 86-94.

Bruck, M. (1982). Language disabled children: Performance in an additive bilingual education program. *Applied Psycholinguistics*, *3*, 45-60.

Bruck, M. (1985a). Predictors of transfer out of early French immersion programs. *Applied Psycholinguistics*, *6*, 39–61.

Bruck, M. (1985b). Consequences of transfer out of early French immersion programs. *Applied Psycholinguistics*, *6*, 101–120.

Bruck, M., Jakimik, J. agus Tucker, R.G. (2015). Are French Immersion Programs Suitable for Working-Class Children? A Follow-up Investigation. *WORD*, 27(1-3), 311-341.

Butler, Y., Sayer P. agus Huang B. (2017). Social Class and Young Language Learners. *SYSTEM 47*.

Caldas, S.J., & Boudreaux, N. (1999). Poverty, race, and foreign language immersion: Predictors of math and English language arts performance. *Learning Languages*, *5*, 4-15.

Cause, L. 2010. Bernstein's Code Theory and the Educational Researcher. *Asian Social Science 6*: 3–9.

Cenoz, J. & Genesee, F. (eag.) (1998). *Beyond Bilingualism: Multilingualism and Multilingual Education*. Clevedon, UK: Multilingual Matters.

Chiu, M.M., agus McBride-Chang, C. (2006). Gender, context and reading: A comparison of students in 43 countries. *Scientific Studies of Reading*, *10*, 331-362.

Clay, M. and Nig Uidhir, G. (2006). Áis Mheasúnaithe sa Luathlitearthacht: Treoir do Mhúinteoirí. BÁC: Carroll Education Ltd.

Coady, M., & Ó Laoire, M. (2002). Mismatches in policy and practice: The case of Gaelscoileanna in the Republic of Ireland. *Language Policy: An International Journal*, *1*(2), 143-158.

Coleman, J. S. (1988). Social Capital in the Creation of Human Capital. *American Journal of Sociology 94.*

Cosgrove, J., McKeown, C., Travers, J., Lysaght, Z., Ní Bhroin, O., & Archer, P. (2014). Educational Experiences and Outcomes for Children with Special Educational Needs: A Secondary Analysis of Data from the Growing Up in Ireland Study, 17. Co. na Mí: An Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta.

Cosgrove, J., McKeown, C., Travers, J., Lysaght, Z., Ní Bhroin, O., & Archer, P. (2018). Educational Experiences and Outcomes for Children with Special Educational Needs: Phase 2 – from age 9 to 13: A Secondary Analysis of Data from the Growing Up in Ireland Study, 25. Co. na Mí: An Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta.

Cregan, A. (2007). From Difference to Disadvantage: 'Talking Posh'. Sociolinguistic Perspectives on the Context of Schooling in Ireland. *Combat Poverty*. Ar fáil ag: http://www. combatpoverty.ie/publications/workingpapers/2007-03_WP_TalkingPosh.pdf.

Cummins, J. (1974). Suirbhé ar mhúinteoirí i scoileanna lán-Ghaelacha lasmuigh den Ghaeltacht/ Survey of teachers of all Irish schools outside the Gaeltacht. Unpublished questionnaire.

Cummins, J. (1984). Bilingual Education and Special Education: Issues in Assessment and Pedagogy. San Diego: College Hill.

Cummins, J. (2000). Language, Power, and Pedagogy: Bilingual Children in the Crossfire. Toronto: Multilingual Matters.

Demie, F. agus K. Lewis. (2011). White Working Class Achievement: An Ethnographic Study of Barriers to Learning in Schools. *Educational Studies 37*: 245–264.

Dörnyei, Z. (2007). *Research methods in applied linguistics*. Oxford: Oxford University Press.

Douglas, G., Travers, J., McLinden, M., Robertson, C., Smith, E., Macnab, N., Powers, S., Guldberg, K., McGough, A., O'Donnell, M., & Lacey, P. (2012). *Measuring Educational Engagement, Progress and Outcomes for Children with Special Educational Needs: A Review*. Co. na Mí: An Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta.

Duncan, G. J., agus Brooks-Gunn, J. (2000). Family Poverty, Welfare Reform and Child Development. *Child Development 71*, 188–196.

Edwards, B., & Foley, M. (1997). Social Capital and the Political Economy of Our Discontent. *American Behavioral Scientist 40*(5), 669-78.

Eivers, E., Close, S., Shiel, G., Millar, M., Clerkin, A., Gilleece, L. & Kiniry, J. (2010). *The 2009 National Assessments of Mathematics and English Reading*. BÁC: An Foras Taighde ar Oideachas. Ar fáil ag http://www.erc.ie/documents/na2009_report.pdf

Genesee, F. (1976). The Suitability of Immersion Programs for all Children. *The Canadian Modern Language Review*, *32*(5), 494-515.

Genesee, F. (1987). Learning through two languages: Studies of immersion and bilingual education. Rowley, MA: Newbury House.

Genesee, F. (1992). Second/foreign language immersion and at-risk English-speaking children. *Foreign Language Annals*, *25*, 199-213.

Genesee, F. (2004). What do we Know About Bilingual Education for Majority-Language Students? In: T.J. Bhatia agus W.C. Ritchie (Eag.) (2004). *The Handbook of Bilingualism* (513-576). Malden, MA, Blackwell Publishing Ltd.

Genesee, F. (2007). French Immersion and At-Risk Students: A Review of Research Evidence. *The Canadian Modern Language Review*, *36*(5), 654-687.

Genesee, F. & Fortune, T. (2014). Bilingual Education and at-risk students. *Journal of Immersion and Content-Based Language Education 2*(2), 196–209.

Gilleece, L., Shiel, G., Clerkin, A. & Millar, D. (2012). Measúnachtaí Náisiúnta 2010 ar Léitheoireacht Bhéarla agus ar Mhatamaitic i Scoileanna a bhíonn ag Teagasc trí mheán na Gaeilge. BÁC: Foras Taighde ar Oideachas.

Ginsborg, J. (2006). The Effects of Socio-Economic Status on Children's Language Acquisition and Use. In Clegg, J., & Ginsborg, J.(2006) *Language and Social Disadvantage: Theory into Practice*, 9–27. West Sussex: John Wiley and Sons.

Greenbaum, T.L. (2000). Moderating focus groups: a practical guide for group facilitation. Thousand Oaks, CA: Sage.

Halsall, N. (1994). *French immersion update*. Nepean, ON: Carleton Board of Education.

Harris, J. Forde, P., Archer, P., Ní Fhearaíle, S. & O'Gorman, M. (2006). *Irish in Primary Schools. Long-Terms National Trends in Achievement*. Baile Átha Cliath: An Roinn Oideachais agus Eolaíochta.

Hart, D. agus Lapkin, S. (1988). Issues of Social-Class Bias in Access to French Immersion Education. In: Lapkin, S. (Eag.) (1988) *French Second-Language Education in Canada: Empirical Studies* 324-350

Hart, D., & Lapkin, S. & Swain, M. (1989*). Evaluation of continuing bilingual and late immersion programs at the secondary level*. (Final report to the Calgary Board of Education.) Toronto: OISE, Modern Language Centre.

Hart, B., & Risley, T.R. (2003). The Early Catastrophe: The 30 Million Word Gap by Age3. *American Educator 27*, 4–9.

Hoff,E. (2003). The Specificity of Environmental Influence: Socioeconomic Status Affects Early Vocabulary Development via Maternal Speech. *Child Development*, 74, 1368–1378.

Hoff, E. (2006). How Social Contexts Support and Shape Language Development. *Developmental Review 26*, 55–88

Holobow, N.E., Genesee, F., & Lambert, W.E. (1991). The effectiveness of a foreign language immersion program for children from different ethnic and social class backgrounds: Report 2. *Applied Psycholinguistics, 12*, 179-198.

Kavanagh, L. (2013). A Mixed Methods Investigation of Parental Involvement in Irish Immersion Primary Education: Integrating Multiple Perspectives. Tráchtas Dochtúireachta, UCD.

Kavanagh, L. & Hickey, T.M. (2013). "You're looking at this different language and it freezes you out straight away": Identifying challenges to parental involvement among immersion parents. *Language and Education*, *27*(5), 432-450.

Kavanagh, L., Shiel, G. & Gilleece, L., with Kiniry, J. (2015) *The 2014 National Assessments of English Reading and Mathematics. Volume II: Context Report*. BÁC: Foras Taighde ar Oideachas.

Kavanagh, L., Weir, S., agus Moran, E. (2017). The evaluation of DEIS: Monitoring achievement and attitudes among urban primary school pupils from 2007 to 2016. BÁC: Foras Taighde ar Oideachas.

Kavanagh, L., & Weir, S. (2018). The evaluation of DEIS: The lives and learning of urban primary school pupils, 2007-2016. Dublin: Educational Research Centre.

Keep, L. (1993). *French immersion attrition: Implications for model building*. Tráchtas Dochtúireachta, The University of Alberta.

Kellaghan, T., Weir, S., Ó hUallacháin, S. & Morgan, M. (1995*). Educational Disadvantage in Ireland.* Dublin: An Roinn Oideachais / An Ghníomhaireacht do Chomhrac na Bochtaine / An Foras Taighde ar Oideachas.

Kellaghan, T. (1977). The evaluation of an intervention programme for disadvantaged children. Windsor Berks: NFER Publishing Co.

Kelly, D., & Kellaghan, T. (1999). The literacy and numeracy achievements of the first cohort of Early Start children (1994/95) when they were in second class (1998/99). BÁC: An Foras Taighde ar Oideachas.

Kinsella, W., Murtagh, L., & Senior, J. (2014). *Review of NCSE Resource Allocation Process and Evaluation of Deployment of Resources in Schools*. Co. na Mí: An Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta.

Lambert, W. E., & Tucker, G. R. (1972). *Bilingual education of children: The St. Lambert experiment.* Rowley. MA: Newbury House.

Lindholm-Leary, K. J., & Howard, E. (2008). Language and academic achievement in two-way immersion programs. In T. Fortune & D. Tedick (Eag.) *Pathways to bilingualism: Evolving perspectives on immersion education.* Avon, England: Multilingual Matters.

Lindholm-Leary, K.J., & Block, N. (2010). Achievement in predominantly low-SES Hispanic dual language schools. *International Journal of Bilingual Education and Bilingualism*, *13*(1), 1-18.

Lowry, L. (2012). Can children with language impairments learn two languages? Hanen Early Language Program, Canada.

Lyster, R., Saito, K., & Sato, M. (2013). Oral corrective feedback in second language classrooms. *Language Teaching*, *46*(1), 1-40.

MacRuairc, G. (2011a). They're my words—I'll talk how I like! Examining social class and linguistic practice among primary-school children. *Language and Education, 25*(6), 535-559.

MacRuairc, G. (2011b). Where worlds collide: social class, schools and linguistic discontinuity. *British Journal of Sociology of Education, 32*(4), 541-561.

McCoy, S., Quail, A., agus Smyth, E. (2012c). Growing Up in Ireland (national longitudinal study of children): Influences on 9-year-olds' learning – Home, school and community. BÁC: Foilseacháin an Rialtais.

McLoyd, V. C. (1998). Socioeconomic disadvantage and child development. *American Psychology 53,* 185.

Molloy, G., Murtagh, L. & McAvinue, L (2016). An examination of the oral language competence of junior infant pupils attending DEIS and Non-DEIS schools. *Irish Educational Studies*, *35*(2), 213-231.

Morrison, F., Pawley, C., & Bonyun, R. (1979). An examination of two cohorts of students who transferred from primary entry immersion programs in Ottawa and Carlton. *French Working Paper, 128.*

Mehisto, P., & March, D. (2011). Approaching the Economic, Cognitive and Health Benefits of Bilingualism: Fuel for CLIL. In Ruiz de Zarobe, Y., Sierra, J.M. & Gallardo del Puerto, F. (Eag.) *Content and Foreign Language Integrated Learning: Contributions to Multilingualism in European Contexts*. Peter Lang: Switzerland.

Myers, M. (2009). *Achievement of children identified with special needs in two-way Spanish immersion programs.* Tráchtas Dochtúireachta Neamhfhoilsithe. The George Washington University: Washington, D.C.

Neuman, S., Kaefer, T. & Pinkman, A. (2017). A Double Dose of Disadvantage: Language Experiences for Low-Income Children in Home and School. *Journal of Educational Psychology 2018, 110*(1), 102–118.

Ní Bhaoill, M. (2004). Tús na Léitheoireachta Foirmiúla Gaeilge agus Béarla i Scoileanna lán-Ghaeilge. Tráchtas neamhfhoilsithe, Coláiste Phádraig.

Ní Bhaoill, M., & Ó Duibhir, P. (2004). *Tús na léitheoireachta i scoileanna Gaeltachta agus lán-Ghaeilge.* An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta (COGG), BÁC.

Ní Chiaruáin, M. (2009). An Examination of How Children with Dyslexia Experience Reading in Two Languages in a Gaelscoil. Tráchtas Máistreachta, Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath.

Nic Gabhann, D. (2008). *Survey of Special Education Needs in Gaelscoileanna, 2006-7*. Tráchtas Máistreachta Neamhfhoilsithe.

Ní Chlochasaigh, K., Ó Duibhir, P., & Shiel, G. (2018). Dearcthaí agus cleachtais ghairmiúla maidir le tionchar an tumoideachais ar dhaltaí i ngaelscoileanna atá lonnaithe i gceantair faoi mhíbhuntáiste: Deiseanna agus dúshláin *Teanga, 25*. doi:https://journal.iraal.ie/index.php/teanga/article/view/50

Nig Uidhir, G., Ó Cathalláin, S., & Ó Duibhir, P. (2016) Tuismitheoirí ina ngníomhairí in earnáil an Ghaeloideachais. *COMHARTaighde, 2*(1), 2-28. doi:10.18669/ct.2016.06

Ní Ríordáin, M., O'Donoghue, J. (2009) The relationship between performance on mathematical word problems and language proficiency for students learning through the medium of Irish. *Educational Studies In Mathematics*, *71*, 43-64

Ní Thuairisg, L., & Ó Duibhir, P. (2016). *An Leanúnachas ón mbunscoil go dtí an iar-bhunscoil lán-Ghaeilge*. Gaelscoileanna Teoranta, Dublin. Ar fáil ag: http://www.gaelscoileanna.ie/files/An-Lean--nachas-on-mbunscoil-go-dt---an-iar-bhunscoil-l--n-Ghaeilge-_MF-2016.pdf

Obadia, A., & Thériault, C.M.L. (1997). Attrition in French immersion programs: Possible solutions. *The Canadian Modern Language Review*, *53*, 506-529.

OECD (Organisation for Economic and Co-operative Development) (2010). PISA 2009 results: Vol. 2. Overcoming social background – Equity in learning opportunities and outcomes. Paris: Author.

Ó hAiniféin, D. (2007). Iniúchadh ar na Múnlaí Tumoideachais Reatha i nGaelscoileanna, i bPoblacht na hÉireann, agus ar na Caighdeáin Ghnóthachtála i Léitheoireacht an Bhéarla iontu (tráchtas neamhfhoilsithe), Gaillimh: Ollscoil na hÉireann.

Ó Ceallaigh, T.J. agus Ní Shéaghdha, A. (2017). I dTreo Barr Feabhais: Dea-chleachtais san Oideachas lán-Ghaeilge, Uirlis mheasúnaithe féinmheastóireachta do bhunscoileanna agus iarbhunscoileanna lán-Ghaeilge ar bhonn uile Éireann. Ar fáil ag: www.gaeloideachas.ie

Ó Duibhir, P. (2018). *Immersion education: Lessons from a minority language context*. Bristol: Multilingual Matters.

Ó Duibhir, P., Nig Uidhir, G., Ó Cathalláin, S., Ní Thuairisg, L. & Cosgrove, J. (2015). *Anailís ar mhúnlaí soláthair Gaelscolaíochta (Tuairisc Taighde).* Béal Feirste: An Coiste Seasta Thuaidh Theas ar Ghaeloideachas. Ar fáil ag: https://www.forasnagaeilge.ie/wp-content/uploads/2018/06/75fc49640fec2d79004076adc9cce098-1.pdf

Ó Riagáin, P. (1979). Language policy and social reproduction: Ireland 1893-1993. Oxford: Clarendon.

Ó Riagáin, P., agus Ó Gliasáin, M. (1979). *All-Irish primary schools in the Dublin area*. Dublin: Institiúid Teangeolaíochta Éireann.

Ó Siaghail, G. agus Déiseach, C. (2004). *Próifílí Measúnachta don Ghaeilge sna Scoileanna Gaeltachta agus Scoileanna LánGhaeilge*. Baile Átha Cliath: An Foras Taighde ar Oideachas.

Parkin, M., Morrison, F., & Watkin, G. (1987). *French Immersion Research Relevant to Decisions in Ontario.* Toronto, ON: Ontario Ministry of Education.

Parsons, C., & Lyddy, F. (2009). Learning to read in Irish and English: A comparison of children in Irish medium, Gaeltacht and English-medium schools in Ireland. BÁC: An Chomhairle Um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscoileanna.

Peers, I. P., P. Lloyd, & C Foster. (2000). *Clinical Evaluation of Language Fundamentals – Preschool.* London: Psychological Corporation.

Rose, R., Shevlin, M., Winter, E., & O'Raw, P. (2015). Project IRIS- Inclusive Research in Irish Schools: A Longitudinal Study of the Experiences of and Outcomes for Pupils with Special Educational Needs (SEN) in Irish Schools, 20. Co. na Mí: An Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta.

Ryan, S. (1999). *The Home-School-Community Liaison scheme. Summary evaluation report*. (Revised edition). BÁC: An Foras Taighde ar Oideachas.

Schleppegrell,M. J. (2004). The language of schooling: A functional linguistics perspective. Mahwah, NJ: Erlbaum.

Simon-Cereijido, G., & Gutiérrez-Clellen, V. F. (2013). Bilingual education for all: Latino dual language learners with language disabilities. *International Journal of Bilingual Education and Bilingualism*, *17*(2), 235–254.

Sirin, S.R. (2005). Socioeconomic Status and Academic Achievement: A Meta-Analytic Review of Research. *Review of Educational Research 75*, 417–453.

Sofroniou, N, Archer, P. & Weir, S. (2004). An Analysis of the Association Between Socioeconomic Context, Gender and Achievement. *The Irish Journal of Education*, 2004, xxxv 58-72.

Stern, M. (1991). The French immersion transfer process: Investigation of children transferring from the French immersion program into the regular English program. Tráchtas Dochtúireachta Neamhfhoilsithe, University of Toronto, Ontario, Canada.

Swain, M., & Lapkin, S. (1982). *Evaluating bilingual education: A Canadian case study.* Clevedon, Eng.: Multilingual Matters.

Thomas, W.P., Collier, V.P., & Collier, K. (2011). *English learners in North Carolina, 2010.*

Raleigh, NC: North Carolina Department of Public Instruction.

Tizard, B. & Hughes, M. (1984). *Young Children learning*. Fontana.

Tough, J. (1977). *The Development of Meaning*. London: Unwin Education Books.

Trites, R. (1976). Children with learning difficulties in primary French immersion. *The Canadian Modern Language Review*, *33*, 193-207.

Trites, R. (1978). Learning disabilities in immersion. *The Canadian Modern Language Review*, *34*, 888-889.

Tucker, G. R., Lambert, W. E., & d'Anglejan, A. (1972). *Are French immersion programs suitable for working class children? A pilot investigation.* Tráchtas Neamhfhoilsithe, McGill University, Montreal, Quebec, Canada.

Walker, D., C. Greenwood, B. Hart, & J. Carta (1994) Prediction of School Outcomes Based on Early Language Production and Socioeconomic Factors. *Child Development 65*, 606–621.

Watson, I., & Nic Ghiolla Phádraig (2011) Linguistic Elitism: the Advantage of Speaking Irish Rather than the Irish-speaker Advantage. *The Economic and Social Review,* 42(4), 437-454.

Weir, S., Milis, L., & Ryan, C. (2002a). *The Breaking the Cycle scheme in urban schools: Final evaluation report*. Report to the Department of Education and Science. BÁC: Foras Taighde ar Oideachas.

Weir, S., Milis, L., & Ryan, C. (2002b). *The Breaking the Cycle scheme in rural schools: Final evaluation report*. Report to the Department of Education and Science. BÁC: Foras Taighde ar Oideachas.

Weir, S. & Denner, S. (2013). The Evaluation of the School Support Programme under DEIS: Changes in pupil achievement in urban primary schools between 2007 and 2013. BÁC: Foras Taighde ar Oideachas.

Weir, S., & Denner, S. (2015). A survey of the socioeconomic profile of all primary schools in 2014 in the context of developing a new resource allocation model to support children with special educational needs: Report to the Department of Education and Skills / National Council for Special Education. Dublin: Educational Research Centre.

Weir, S. & McAvinue, L. (2013*). The achievements and characteristics of pupils attending rural schools participating in DEIS*. Report to the Department of Education and Skills. BÁC: Foras Taighde ar Oideachas.

Weir, S., Kavanagh, L., Kelleher, C. agus Moran, E. (2017). Addressing educational disadvantage. A review of evidence from the international literature and of strategy in Ireland: An update since 2005. BÁC: Foras Taighde ar Oideachas.

White, K. R. (1982). The relation between socioeconomic status and academic achievement. *Psychological Bulletin*, *91*(3), 461-481.

Wiss, C. (1989). Early French Immersion Programs May Not Be Suitable for Every Child. *The Canadian Modern Language Review*, *45*(3), 517-29.

# AGUISÍNÍ

## Aguisín A Próifíl na nDaltaí agus Tréithe na dTeaghlach

**Tábla A3.1:** Meánscóir do Léamh an Bhéarla agus don Mhata– Rang 3, DEIS Banda 1 agus 2, de réir Oideachas na dTuismitheoirí

| | Rang a Trí Léamh an Bhéarla SLG DEIS Banda 1 | Rang a Trí Léamh an Bhéarla SLG DEIS Banda 2 | Rang a Trí Mata SLG DEIS Banda 1 | Rang a Trí Mata SLG DEIS Banda 2% |
|---|---|---|---|---|
| | Meánscór (DC) | Meánscór (DC) | Meánscór (DC) | Meánscór (DC) |
| Céim nó níos airde | 97.5 | 108.9 | 93.1 | 105.1 |
| Teastas/Dioplóma | 95.3 | 101.8 | 90.2 | 102.0 |
| Ardteist | 97.8 | 95.2 | 92.5 | 95.2 |
| Gan Scrúdú/ Idir Theastas/ Teastas Sóisearach | 89.6 | 90.8 | 92.8 | 85.7 |
| Difríochtaí | Difríocht/DF/p | Difríocht/DF/p | Difríocht/DF/p | Difríocht/DF/p |
| Céim/Níos Airde – Teastas/ Dioplóma | 2.2 DF (3, 70), p. = 1.0 | **7.1** DF (3,127) p. = 0.013 | 2.9 DF (3, 70), p. = 1.0 | 3.1 DF (3, 128) p. = 1.0 |
| Céim/Níos Airde –Ardteist | 0.3 DF (3,70); p = 1.0 | **13.7** DF (3, 127) p. = 0.00 | 0.6 DF (3,70), p. = 1.0 | **10.0** DF (3,128) p = .03 |
| Céim/Níos airde – Gan Scrúdú/ Idir Theastas/ Teastas Sóisearach | -7.9 DF (3,70); p = 1.0 | **18.1** DF (3, 127) p. = .00 | .29 DF (3, 70), p. = 1.0 | **19.4** DF (3, 128), p. = .00 |

**Tábla A3.2:** Meánscóir gnóthachtála dhaltaí rang a Sé do léamh an Bhéarla agus don mhata de réir oideachais na dtuismitheoirí agus banda DEIS

| | Rang a Sé Léamh an Bhéarla SLG DEIS Banda 1 | Rang a Sé Léamh an Bhéarla SLG DEIS Banda 2 | Rang a Sé Mata SLG DEIS Banda 1 | Rang a Sé Mata SLG DEIS Banda 2% |
|---|---|---|---|---|
| | Meánscór (DC) | Meánscór (DC) | Meánscór (DC) | Meánscór (DC) |
| Céim nó níos airde | 110.7 | 103.9 | 107.7 | 104.9 |
| Teastas/Dioplóma | 95.2 | 97.9 | 89.4 | 96.9 |
| Ardteist | 97.6 | 90.8 | 100.2 | 93.1 |
| Gan Scrúdú/ Idir Theastas/ Teastas Sóisearach | 87.7 | 97.8 | 90.8 | 94.9 |
| Difríochtaí | Difríocht/DF/p | Difríocht/DF/p | Difríocht/DF/p | Difríocht/DF/p |
| Céim/Níos Airde – Teastas/ Dioplóma | **15.5** DF (3, 46), p. = .00 | 6.0 DF (3, 108) p. = .23 | **18.3** DF (3, 46), p. = .00 | 8.0 DF (3, 109) p. = .07 |
| Céim/Níos Airde –Ardteist | **13.1** DF (3,70); p = .05 | **13.2** DF (3, 127) p. = .00 | 7.5 DF (3,70), p. = .66 | **11.8** DF (3,128) p = .01 |
| Céim/Níos airde – Gan Scrúdú/ Idir Theastas/ Teastas Sóisearach | **23.1** DF (3,70); p = .00 | 6.1 DF (3, 127) p. = .57 | **16** DF (3, 70), p. = .01 | 10 DF (3, 128), p. = .07 |

## Aguisín B Táblaí Gnóthachtála

**Tábla A6.1:** Léamh Béarla – Ranganna 3 agus 6 – Gaelscoileanna faoi Mhíbhuntáiste (SLG-DEIS) 2017 – Scóir Chaighdeánacha, Dialltaí Caighdeánacha agus Líonta na nDaltaí

| | Iomlán | | |
|---|---|---|---|
| | Meánscór | Diall Caighdeánach | Líon na nDaltaí |
| Rang a Trí | | | |
| Banda 1 | 93.1 | 14.15 | 119 |
| Banda 2 | 101.0 | 13.44 | 164 |
| Iomlán | 97.7 | 14.27 | 283 |
| Rang a Sé | | | |
| Banda 1 | 95.3 | 12.50 | 88 |
| Banda 2 | 98.6 | 13.51 | 146 |
| Iomlán | 97.3 | 13.20 | 234 |

**Tábla A6.2:** Léamh Béarla—Measúnú DEIS 2016 – Ranganna 3 agus 6 - Scóir Chaighdeánacha, Dialltaí Caighdeánacha agus Líonta na nDaltaí

| | Iomlán | | |
|---|---|---|---|
| | Meánscór | Diall Caighdeánach | Líon na nDaltaí |
| Rang a Trí | | | |
| Banda 1 | 94.3 | 13.19 | 2378 |
| Banda 2 | 97.6 | 12.61 | 1912 |
| Iomlán | 95.7 | 13.04 | 4290 |
| Rang a Sé | | | |
| Banda 1 | 92.5 | 12.97 | 2230 |
| Banda 2 | 96.9 | 13.48 | 1925 |
| Iomlán | 94.6 | 13.39 | 4155 |

Foinse: Kavanagh, Weir & Moran, 2017

**Tábla A6.3:** – Léamh Béarla – Difríochtaí idir Meánscóir na gcailíní agus na mbuachaillí í Measúnú DEIS 2016 agus Gaelscoileanna faoi Míbhuntáiste (SLG-DEIS) 2017 – Ranganna 3 agus 6

| | Difríocht idir na Meánscóir | Diall Caighdeánach | t | df | p. |
|---|---|---|---|---|---|
| Rang a Trí | | | | | |
| Banda 1: SLD DEIS 2017 – DEIS 2016 | 1.2 | 1.24 | 0.97 | 2495 | 0.33 |
| Banda 2: SLD DEIS 2017 – DEIS 2016 | 3.4 | 1.03 | 3.29 | 2074 | 0.00 |
| Iomlán: SLD DEIS 2017 – DEIS 2016 | 2.0 | 0.81 | 2.84 | 4571 | 0.01 |
| Rang a Sé | | | | | |
| Banda 1: SLD DEIS 2017 – DEIS 2016 | 2.8 | 1.41 | 1.99 | 2316 | 0.05 |
| Banda 2: SLD DEIS 2017 – DEIS 2016 | 1.7 | 1.16 | 1.47 | 2069 | 0.14 |
| Iomlán: SLD DEIS 2017 – DEIS 2016 | -2.7 | 0.89 | 3.00 | 4387 | 0.00 |

**Tábla A6.4:** – Léamh Béarla – Líon na nDaltaí ag nó faoin 10ú peircintíl, agus ag nó os cionn an 90ú peircintíl - Scoileanna Lán-Ghaeilge DEIS 2017 – Ranganna 3 agus 6

| | Banda 1 | | Banda 2 | | Iomlán | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | % | N | % | N | % | N |
| Rang 3 | | | | | | |
| Ag nó faoin 10ú peircintíl | 20.2 | 24 | 7.9 | 13 | 13.1 | 37 |
| Ag nó os cionn an 90ú peircintíl | 2.5 | 3 | 7.3 | 12 | 5.3 | 15 |
| Rang 6 | | | | | | |
| Ag nó faoin 10ú peircintíl | 10.2 | 9 | 10.2 | 15 | 10.2 | 24 |
| Ag nó os cionn an 90ú peircintíl | 4.5 | 4 | 7.5 | 11 | 6.4 | 15 |

N = Líon na nDaltaí

**Tábla A6.5:** Léamh Béarla – Ranganna 3 agus 6 – Gaelscoileanna faoi Mhíbhuntáiste (SLG-DEIS) 2017 Scóir Chaighdeánacha, Dialltaí Chaighdeánacha agus Líonta na nDaltaí – Buachaillí agus Cailíní

| | Iomlán | | |
|---|---|---|---|
| | Meánscór | Diall Caighdeánach | Líon na nDaltaí |
| Rang a Trí | | | |
| Cailíní | | | |
| Banda 1 | 94.8 | 12.32 | 61 |
| Banda 2 | 100.5 | 13.46 | 100 |
| Iomlán | 98.3 | 13.30 | 161 |
| Buachaillí | | | |
| Banda 1 | 91.3 | 15.77 | 58 |
| Banda 2 | 101.8 | 13.48 | 64 |
| Iomlán | 96.8 | 15.47 | 122 |
| Rang a Sé | | | |
| Cailíní | | | |
| Banda 1 | 95.2 | 12.53 | 46 |
| Banda 2 | 97.8 | 12.72 | 83 |
| Iomlán | 96.8 | 12.66 | 129 |
| Buachaillí | | | |
| Banda 1 | 95.5 | 12.62 | 42 |
| Banda 2 | 99.6 | 14.41 | 64 |
| Iomlán | 98.0 | 13.81 | 106 |

**Tábla A6.6:** – Léamh Béarla – Difríochtaí idir Cailíní agus Buachaillí - SLG-DEIS 2017 – Ranganna 3 agus 6

| | Difríocht idir na Meánscóir | Diall Caighdeánach | t | df | p. |
|---|---|---|---|---|---|
| Rang a Trí | | | | | |
| Banda 1: Cailíní - Buachaillí | 3.4 | 2.59 | 1.33 | 117 | .186 |
| Banda 2: Cailíní - Buachaillí | -1.3 | 2.16 | -0.59 | 162 | .556 |
| Iomlán: Cailíní - Buachaillí | 1.5 | 1.71 | 0.89 | 281 | .374 |
| Rang a Sé | | | | | |
| Banda 1: Cailíní - Buachaillí | -0.3 | 2.68 | -0.13 | 86 | .90 |
| Banda 2: Cailíní - Buachaillí | -1.9 | 2.42 | -0.83 | 145 | .41 |
| Iomlán: Cailíní - Buachaillí | -1.2 | 1.73 | -0.67 | 233 | .50 |

**Tábla A6.7:** Meánscóir dhaltaí i Léamh an Bhéarla, de réir banda DEIS agus rang leibhéal ar Ghnáth-thrialacha na Scoile – 2016

| | Meánscór | Diall Caighdeánach | Líon na nDaltaí |
|---|---|---|---|
| Rang a Trí* | | | |
| Banda 1 | 93.1 | 12.20 | 60 |
| Banda 2 | 105.4 | 13.50 | 129 |
| Iomlán | 101.5 | 14.29 | 189 |
| Rang a Sé** | | | |
| Banda 1 | 90.9 | 10.39 | 50 |
| Banda 2 | 100.2 | 13.52 | 125 |
| Iomlán | 97.6 | 13.36 | 175 |

*Rang a Dó ag deireadh na scoilbhliana 2015-16; **Rang a Cúig ag deireadh na scoilbhliana 2015-16

**Tábla A6.8:** Léamh an Bhéarla – Ranganna 3 agus 6 – Gaelscoileanna faoi Mhíbhuntáiste (SLG-DEIS) 2017 – Scóir Chaighdeánacha, Dialltaí Caighdeánacha agus Líonta na nDaltaí

| | Iomlán | | |
|---|---|---|---|
| | Meánscór | Diall Caighdeánach | Líon na nDaltaí |
| Rang a Trí | | | |
| Banda 1 | 89.6 | 15.51 | 120 |
| Banda 2 | 98.5 | 15.84 | 165 |
| Iomlán | 94.8 | 16.28 | 285 |
| Rang a Sé | | | |
| Banda 1 | 94.0 | 13.40 | 88 |
| Banda 2 | 98.2 | 13.75 | 147 |
| Iomlán | 96.6 | 13.74 | 235 |

**Tábla A6.9:** – Matamaitic – Measúnú SLG DEIS 2016 – Ranganna 3 agus 6 - Scóir Chaighdeánacha, Dialltaí Caighdeánacha agus Líonta na nDaltaí

| | Meánscór | Diall Caighdeánach | Líon na nDaltaí |
|---|---|---|---|
| Rang a Trí | | | |
| Banda 1 | 96.9 | 15.91 | 2376 |
| Banda 2 | 100.4 | 15.55 | 1909 |
| Iomlán | 98.8 | 15.76 | 4285 |
| Rang a Sé | | | |
| Banda 1 | 93.5 | 15.05 | 2241 |
| Banda 2 | 98.7 | 15.43 | 1913 |
| Iomlán | 96.6 | 15.33 | 4154 |

Foinse: Kavanagh, Weir & Moran, 2017

**Tábla A6.10:** – Matamaitic – Difríochtaí idir Meánscóir na nDaltaí í nGaelscoileanna faoi Mhíbhuntáiste agus i Measúnú SLG DEIS 2016– Ranganna 3 agus 6

| | Difríocht idir na Meánscóir | Diall Caighdeánach | t | df | p. |
|---|---|---|---|---|---|
| Rang a Trí | | | | | |
| Banda 1: SLD DEIS 2017 - DEIS 2016 | -6.5 | 1.49 | -4.37 | 2494 | 0.00 |
| Banda 2: SLD DEIS 2017 - DEIS 2016 | -1.90 | 1.29 | -1.48 | 2072 | 0.14 |
| Iomlán: SLD DEIS 2017 - DEIS 2016 | -4.0 | 1.69 | -2.36 | 4371 | 0.02 |
| Rang a Sé | | | | | |
| Banda 1: SLD DEIS 2017 - DEIS 2016 | 0.50 | 1.63 | 0.31 | 2327 | 0.76 |
| Banda 2: SLD DEIS 2017 - DEIS 2016 | -0.50 | 1.31 | -0.38 | 2058 | 0.70 |
| Iomlán: SLD DEIS 2017 - DEIS 2016 | 0.00 | 1.02 | -0.00 | 4387 | 1.00 |

Iomlán = DEIS Banda 1 agus 2; df = Céimeanna Saoirse; Tá dath trom ar luach ‘p’ má tá sé suntasach.

**Tábla A6.11:** – Matamaitic – Líon na nDaltaí ag nó faoin 10ú peircintíl, agus ag nó os cionn an 90ú peircintíl - Gaelscoileanna faoi Mhíbhuntáiste (SLG-DEIS) 2017 – Ranganna 3 agus 6

| | Banda 1 | | Banda 2 | | Iomlán | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | % | N | % | N | % | N |
| Rang 3 | | | | | | |
| Ag nó faoin 10ú peircintíl | 32.5 | 39 | 15.2 | 26 | 22.8 | 65 |
| Ag nó os cionn an 90ú peircintíl | 0.8 | 1 | 11.0 | 18 | 5.3 | 19 |
| Rang 6 | | | | | | |
| Ag nó faoin 10ú peircintíl | 21.6 | 19 | 11.5 | 17 | 15.3 | 36 |
| Ag nó os cionn an 90ú peircintíl | 2.3 | 3 | 7.4 | 11 | 5.5 | 14 |

N = Líon na nDaltaí

**Tábla A6.12:** – Matamaitic – Ranganna 3 agus 6 – Gaelscoileanna faoi Mhíbhuntáiste (SLG-DEIS) 2017 Scóir Chaighdeánacha, Dialltaí Chaighdeánacha agus Líonta na nDaltaí – Buachaillí agus Cailíní

| | Iomlán | | |
|---|---|---|---|
| | Meánscór | Diall Caighdeánach | Líon na nDaltaí |
| Rang a Trí | | | |
| Cailíní | | | |
| Banda 1 | 88.3 | 14.81 | 61 |
| Banda 2 | 97.6 | 16.04 | 101 |
| Iomlán | 94.1 | 16.18 | 162 |
| Buachaillí | | | |
| Banda 1 | 91.0 | 16.21 | 59 |
| Banda 2 | 100.0 | 15.52 | 64 |
| Iomlán | 95.7 | 16.43 | 124 |
| Rang a Sé | | | |
| Cailíní | | | |
| Banda 1 | 94.4 | 14.76 | 46 |
| Banda 2 | 97.6 | 12.78 | 83 |
| Iomlán | 96.5 | 13.55 | 129 |
| Buachaillí | | | |
| Banda 1 | 93.5 | 11.89 | 42 |
| Banda 2 | 98.8 | 14.88 | 65 |
| Iomlán | 96.8 | 13.98 | 107 |

Iomlán = DEIS Banda 1 agus 2

**Tábla A6.13:** – Matamaitic –Difríochtaí idir Cailíní agus Buachaillí – Gaelscoileanna faoi Míbhuntáiste (SLG-DEIS) 2017 – Ranganna 3 agus 6


| | Difríocht idir na Meánscóir | Diall Caighdeánach | t | df | p. |
|---|---|---|---|---|---|
| Rang a Trí | | | | | |
| Banda 1: Cailíní - Buachaillí | -2.6 | 2.83 | -0.93 | 118 | 0.38 |
| Banda 2: Cailíní - Buachaillí | -2.4 | 2.53 | -0.94 | 163 | 0.35 |
| Iomlán: Cailíní - Buachaillí | -1.5 | 1.95 | -0.79 | 283 | 0.43 |
| Rang a Sé | | | | | |
| Banda 1: Cailíní - Buachaillí | 0.9 | 2.87 | 0.30 | 86 | 0.76 |
| Banda 2: Cailíní - Buachaillí | -1.3 | 2.28 | -0.59 | 146 | 0.56 |
| Iomlán: Cailíní - Buachaillí | -0.4 | 1.79 | -0.20 | 234 | 0.84 |

Iomlán = DEIS Banda 1 agus 2. Tá dath trom ar luach ‘p’ má tá sé suntasach.

**Tábla A6.14:** Meánscóir dhaltaí sa Mhatamaitic, de réir banda DEIS agus rang leibhéal ar Ghnáth-thrialacha na Scoile – 2016

| | Meánscór | Diall Caighdeánach | Líon na nDaltaí |
|---|---|---|---|
| Rang a Trí | | | |
| Banda 1 | 93.1 | 12.20 | 26 |
| Banda 2 | 102.7 | 14.41 | 135 |
| Iomlán | 101.7 | 14.06 | 161 |
| Rang a Sé | | | |
| Banda 1 | 94.9 | 13.02 | 48 |
| Banda 2 | 99.8 | 13.46 | 133 |
| Iomlán | 98.5 | 13.48 | 181 |

# Iniúchadh ar an Tumoideachas do Dhaltaí i Scoileanna Lán-Ghaeilge i gCeantair Mhíbhuntáiste




An Dr. Karen Ní Chlochasaigh
An Dr. Gerry Shiel
agus
An tOllamh Pádraig Ó Duibhir



2020



Institiúid Oideachais,
Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath
agus
an Foras Taighde ar Oideachas



An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolaíochta
DCU Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath Dublin City University
Educational Research Centre
Foras Taighde ar Oideachas